ISSN 1977-0839

Eagrán Speisialta *

10 Deireadh Fómhair 2013

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais** ........................................ 1

**Praghas: EUR 7**

GA

* Faoin tagairt L 269 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) Uimh. 952/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 9 Deireadh Fómhair 2013**

**lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais**

**(athmhúnlú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 33, Airteagal 114 agus Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [2],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá roinnt leasuithe le déanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) [3]. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán sin a athmhúnlú.

(2) Is iomchuí a áirithiú go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 comhsheasmhach leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go háirithe Airteagal 290 agus Airteagal 291 de. Is iomchuí freisin go gcuirtear san áireamh leis an Rialachán forbairt dhlí an Aontais a chur agus go ndéantar roinnt dá fhorálacha a oiriúnú d'fhonn a gcur i bhfeidhm a éascú.

(3) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a chomhlánú nó a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(4) Go háirithe, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á ndréachtú, ba cheart don Choimisiún comhairliúchán trédhearcach a áirithiú le saineolaithe na mBallstát agus leis an gcomhphobal gnó, tamall maith roimh ré.

(5) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart gníomhartha cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an méid seo a leanas a bhaint amach: formáid agus cód na gceanglas coitianta maidir le sonraí chun faisnéis a mhalartú idir údaráis chustaim agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim a shonrú agus faisnéis den sórt sin a stóráil agus na rialacha nós imeachta maidir le malartú agus stóráil faisnéise a dhéanamh ar bhealach eile seachas trí theicnící leictreonacha maidir le próiseáil sonraí a shonrú; cinntí a ghlacadh lena gceadaítear do Bhallstát amháin nó do roinnt Ballstát modhanna malartaithe agus stórála faisnéise a úsáid nach teicnící próiseála sonraí leictreonacha iad; an t-údarás custaim atá freagrach as clárú oibreoirí eacnamaíocha agus daoine eile a shonrú; na socruithe teicniúla chun forbairt, cothabháil agus leas a bhaint as córais leictreonacha a shonrú; na rialacha nós imeachta maidir le teidlíocht a thabhairt agus a chruthú chun go bhféadfaí ionadaí custaim seirbhísí a chur ar fáil i mBallstát seachas an ceann ina bhfuil sé nó sí bunaithe a shonrú; na rialacha nós imeachta maidir le hiarratas ar chinneadh maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim a chur isteach agus a ghlacadh agus maidir le cinneadh den sórt sin a ghlacadhagus faireachán a dhéanamh air; na rialacha nós imeachta maidir le neamhniú, cúlghairm agus leasú ar chinntí fabhracha;

[1] IO C 229, 31.7.2012, lch. 68.
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Meán Fómhair 2013 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2013.
[3] IO L 145, 4.6.2008, lch. 1.

na rialacha nós imeachta maidir le leas a bhaint as cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach nuair nach bhfuil sé bailí níos mó nó nuair a dhéantar é a chúlghairm, na rialacha nós imeachta maidir le fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim go gcuirtear glacadh cinntí den sórt sin ar fionraí agus maidir le fionraí den sórt sin a tharraingt siar; cinntí lena n-iarrtar ar Bhallstáit cinneadh a bhaineann le faisnéis cheangailteach a chúlghairm; na rialacha mionsonraithe a ghlacadh maidir le feidhmiú na gcritéar maidir le stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe a dheonú; bearta a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear na rialuithe custaim chun feidhme go haonfhoirmeach, lena n-áirítear faisnéis agus anailís riosca a mhalartú,

na critéir agus caighdeáin choiteanna riosca, bearta rialaithe agus réimsí rialaithe tosaíochta; an liosta de na calafoirt nó na haerfoirt a leagan síos ina bhfuil na rialuithe agus na foirmiúlachtaí custaim le déanamh ar bhagáiste cábáin agus ar bhagáiste boilg; na rialacha maidir le comhshó airgeadra a leagan síos; bearta a ghlacadh maidir le bainistiú aonfhoirmeach an taraif-chuóta agus na n-uasteorainneacha taraife agus bainistiú an fhaireachais ar scaoileadh earraí i gcomhair saorchúr-saíochta nó onnmhairithe; bearta a ghlacadh chun rangú taraife earraí a chinneadh; maolú sealadach a dheonú ar rialacha maidir le tionscnamh fabhrach earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha a ghlac an tAontas go haontaobhach; cinneadh maidir le tionscnamh earraí sonracha;

na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le cruthúnas ar thionscnamh neamhfhabhrach a sholáthar agus a fhíorú; na rialacha nós imeachta maidir le bunú thionscnamh neamhfhabhrach earraí san Aontas a éascú; bearta a ghlacadh chun tionscnamh earraí sonracha a chinneadh; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le luach custaim na n-earraí a chinneadh; na nósanna imeachta maidir le soláthar ráthaíochta, méid na ráthaíochta a chinneadh, faireachán a dhéanamh air sin, agus scaoileadh, cúlghairm agus cealú gealltanais arna thabhairt ag ráthóir; na rialacha nós imeachta lena gcuirtear toirmeasc ar bhonn sealadach ar an úsáid a bhaintear as ráthaíochtaí cuimsitheacha; bearta a ghlacadh chun cúnamh frithpháirteach idir údaráis chustaim i gcás ina dtabhófar fiach custaim a áirithiú; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le haisíocaíocht agus loghadh mhéid na dleachta ar allmhairí agus ar onnmhairí, agus an fhaisnéis atá le tabhairt don Choimisiún; cinntí a ghlacadh maidir le méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a aisíoc nó a loghadh; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú iontrála achomair a thaisceadh, a leasú agus a neamhbhailiú; an teorainn ama a shonrú ina ndéanfar anailís riosca ar bhonn an dearbhaithe iontrála achomair; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le fógra a thabhairt i ndáil le teacht soitheach farraige agus aerárthaí agus maidir le hiompar na n-earraí go dtí a n-ionad cuí; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir leis na hearraí a thíolacadh don lucht custaim; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú stórála sealadaí agus aistriú na n-earraí atá i stóráil sealadach a thaisceadh, a leasú agus a neamhbhailiú; na rialacha nós imeachta chun cruthúnas stádais chustaim earraí de chuid an Aontais a sholáthar agus a fhíorú; na rialacha nós imeachta maidir le hoifigí custaim inniúla a chinneadh agus maidir le taisceadh an dearbhaithe custaim i gcás ina mbaintear leas as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú caighdeánach custaim a thaisceadh agus an fáil atá ar na doiciméid tacaíochta; na rialacha nós imeachta maidir leis an dearbhú simplithe agus an dearbhú forlíontach a thaisceadh; na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú custaim a thaisceadh sula dtíolacfar na hearraí do na custaim, sula nglacfar an dearbhú custaim agus sula ndéanfar leasú ar an dearbhú custaim tar éis na hearraí a scaoileadh; bearta a ghlacadh le go gcinneofar fo-cheannteideal na n-earraí; na rialacha nós imeachta a shonrú maidir le himréiteach láraithe agus an tarscaoileadh ón oibleagáid earraí a tharscaoileadh sa chomhthéacs sin; na rialacha nós imeachta maidir le hiontráil i dtaifid an dearbhóra; na rialacha nós imeachta maidir leis na foirmiúlachtaí custaim agus na rialuithe custaim atá le comhlíonadh ag sealbhóir an údarúcháin i gcomhthéacs féinmheasúnaithe; bearta a ghlacadh maidir le fíorú an dearbhaithe custaim, maidir le hearraí a scrúdú agus a shampláil agus maidir le torthaí an fhíoraithe.

na rialacha nós imeachta maidir le diúscairt earraí; na rialacha nós imeachta maidir le foráil na faisnéise lena mbunaítear gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh faoisimh ó dhleachtanna ar allmhairí d'earraí a thugtar ar ais agus maidir le fianaise a chur ar fáil gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh faoisimh ó dhleachtanna ar allmhairí i gcás táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a thógtar as an bhfarraige; na rialacha nós imeachta maidir le scrúdú ar na dálaí eacnamaíocha i gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta; na rialacha nós imeachta maidir le hurscaoileadh nós imeachta; na rialacha nós imeachta maidir le cearta agus oibleagáidí a aistriú agus le gluaiseacht earraí i gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí coibhéiseacha a úsáid i gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta; na rialacha nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha na n-ionstraimí idirnáisiúnta idirthurais i gcríoch chustaim an Aontais; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais agus maidir le deireadh an nós imeachta sin, oibriú shimpliúcháin an nós imeachta sin agus maoirseacht chustaim na n-earraí atá ag taisteal trí thír nó chríoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais; na rialacha nós imeachta maidir le hearraí a chur faoi stórasú custaim nó faoin nós imeachta saorchreasa; an teorainn ama a leagan síos ina ndéanfar anailís riosca ar bhonn an dearbhaithe réamhimeachta; na rialacha nós imeachta maidir le himeacht earraí a shonrú;

na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú imeachta a thaisceadh, a leasú agus a neamhbhailiú; na rialacha nós imeachta maidir le fógra ath-onnmhairithe a thaisceadh, a leasú agus a neamhbhailiú; cláir oibre a ghlacadh lena dtacaítear le forbairt córas leictreonach gaolmhar agus lena rialaítear bunú tréimhsí idirthréimhseacha; cinntí a ghlacadh lena n-údaraítear na Ballstáit le simplithe ar

chur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim a thástáil, go háirithe i gcás ina mbaineann na símplithe sin le teicneolaíocht faisnéis (TF); Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus prionsabail ghinearálta a bhaineann le sásraí le haghaidh rialú na mBallstát ar fheidhmiú a chumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún [1].

(6) Agus measúnú á dhéanamh ar an gcomhar a bhfuil gá leis idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun na córais leictreonacha a bhfuil gá leo le cur chun feidhme Chód Custaim an Aontais (an Cód) a fhorbairt, a chothabháil agus a úsáid, níor cheart don Choimisiún an clár oibre lena dtacaítear leis an bhforbairt sin agus lena rialaítear bunú na dtréimhsí idirthréimhseacha i gcás nach dtugann an coiste aon tuairim a scrúdaíonn an dréachtghníomh cur chun feidhme.

(7) Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun an méid seo a leanas a ghlacadh: cinntí lena gceadaítear do Bhallstát amháin nó do roinnt Ballstát modhanna malartaithe agus stórála faisnéise a úsáid nach teicnící próiseála sonraí leictreonacha iad, ós rud é nach ndéantar difear do na Ballstáit uile leis na cinntí sin; cinntí lena n-iarrtar ar Bhallstáit cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach a chúlghairm, ós rud é nach ndéanfaidh na cinntí sin difear ach d'aon Bhallstát amháin agus ag díriú ar chomhlíonadh na reachtaíochta custaim a áirithiú; cinntí maidir le méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a aisíoc nó a loghadh ós rud é go ndéanfaidh na cinntí sin difear go díreach don iarratasóir i gcás na haisíocaíochta nó an loghtha sin.

(8) I gcásanna a mbeidh call cuí leo agus ina n-éileoidh mórchúiseanna práinne é, ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme a ghlacadh gan mhoill i ndáil leis an méid seo a leanas: bearta chun a áirithiú go gcuirfear na rialuithe custaim chun feidhme go haonfhoirmeach, lena n-áirítear faisnéis agus anailís riosca a mhalartú, na critéir agus caighdeáin choiteanna riosca, bearta rialaithe agus réimsí rialaithe tosaíochta; cinneadh maidir le rangú taraife earraí; cinneadh maidir le tionscnamh earraí sonracha; bearta lena gcuirtear toirmeasc ar bhonn sealadach ar an úsáid a bhaintear as ráthaíochtaí cuimsitheacha.

(9) Is ar chomhaontas custaim atá an tAontas bunaithe. Tá sé inmholta, chun leas oibreoirí eacnamaíocha agus chun leas na n-údarás custaim san Aontas, go gcruinneofaí an reachtaíocht reatha chustaim i gcód. Bunaithe ar choincheap margaidh inmheánaigh, ba cheart go mbeadh na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta sa Chód sin a áirithíonn cur chun feidhme na mbeart taraife agus na mbeart eile comhbheartais a thugtar isteach ar leibhéal an Aontais i dtaca le trádáil in earraí idir an tAontas agus tíortha agus críocha lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, agus riachtanais na gcomhbheartas sin á gcur san áireamh. Ba cheart an reachtaíocht chustaim a ailíniú níos fearr leis na forálacha a bhaineann le bailiú muirear ar allmhairí, gan athrú a dhéanamh ar raon feidhme na bhforálacha cánach atá i bhfeidhm.

(10) D'fhonn simpliú éifeachtach riaracháin a áirithiú, ba cheart barúlacha na n-oibreoirí eacnamaíocha a chur san áireamh le tuilleadh nuachóirithe ar reachtaíocht chustaim an Aontais.

(11) I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Lúnasa 2004 dar teideal "Cosaint leasanna airgeadais an Chomhphobail - an Comhrac i gcoinne na calaoise - Plean Gníomhaíochta do 2004-2005", is iomchuí go ndéanfaí an creat dlíthiúil a oiriúnú chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

(12) Bhí Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail [2] bunaithe ar chomhtháthú a dhéanamh ar na nósanna imeachta custaim a bhí á gcur i bhfeidhm go leithleach sna Ballstáit faoi seach i rith na 1980í. Rinneadh leasuithe substainteacha arís agus arís eile ar an Rialachán sin ó tugadh isteach é, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sonracha ar nós meon macánta a chosaint nó ceanglais slándála a chur san áireamh. Le Rialachán (CE) Uimh. 648/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2005 [3] - agus a áirithíodh i Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ina dhiadh sin - tugadh isteach breis leasuithe de bharr na n-athruithe tábhachtacha dlíthiúla a tharla le blianta beaga anuas, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon, ar nós dul in éag an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus teacht i bhfeidhm Ionstraim Aontachais 2003 agus Ionstraim Aontachais 2005 agus Ionstraim Aontachais 2011, mar aon leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le nósanna imeachta custaim a shimpliú agus a chomhchuibhiú (Coinbhinsiún Athbhreithnithe Kyoto), a ndearnadh aontachas an Aontais leis a fhormheas le cinneadh 2003/231/CE [4] ón gComhairle an 17 Márta 2003.

(13) Is iomchuí creat dlíthiúil a thabhairt isteach sa Chód chun forálacha áirithe den reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm ar thrádáil in earraí de chuid an Aontais idir na codanna den chríoch chustaim ina bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha [5] nó forálacha Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta do dhleacht mháil [6] agus na codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu, nó ar thrádáil idir chodanna nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu. Má áirítear gur earraí de chuid an Aontais na hearraí atá i gceist agus má áirítear cineál fioscach na mbeart atá i gceist sa trádáil seo laistigh den Aontas, tá bonn cirt faoi shimplithe iomchuí a thabhairt isteach ar na foirmiúlachtaí custaim atá le cur i bhfeidhm ar na hearraí sin.

[1] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

[2] IO L 302, 19.10.1992, lch. 1.

[3] IO L 117, 4.5.2005, lch, 13.

[4] IO L 86, 3.4.2003, lch. 21.

[5] IO L 347, 11.12.2006. lch. 1.

[6] IO L 9, 14.1.2009, lch. 12.

(14) Chun an córas fioscach speisialta atá i bhfeidhm i gcodanna áirithe de chríoch chustaim an Aontais a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil leis na foirmiúlachtaí custaim agus na rialuithe custaim atá le cur i bhfeidhm ar an trádáil in earraí de chuid an Aontais idir na limistéir sin agus an chuid eile de chríoch chustaim an Aontais.

(15) Tá gá le nósanna imeachta custaim agus próisis custaim atá simplí, tapa agus caighdeánach chun trádáil dhlisteanach agus an comhrac i gcoinne na calaoise a éascú. Is cuí mar sin, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2003 dar teideal "Timpeallacht shimplí gan pháipéar i ndáil le custaim agus le trádáil", reachtaíocht chustaim a shimpliú chun uirlisí nua-aimseartha agus teicneolaíocht nua-aimseartha a cheadú agus breis oibre a dhéanamh chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na reachtaíochta custaim agus bealaí cur chuige nuachóirithe i leith an rialaithe custaim a chur chun cinn tuilleadh, ag cuidiú ar an dóigh sin le bonn a áirithiú do nósanna imeachta imréitigh atá simplí agus éifeachtach. Ba cheart nósanna imeachta custaim a chumasc nó a ailíniú agus líon na nósanna imeachta a laghdú go dtí na nósanna imeachta a bhfuil bunús leo ó thaobh na heacnamaíochta de d'fhonn iomaíocht gnó a threisiú.

(16) De bhrí go bhfuil an margadh inmheánach tugtha chun críche agus na bacainní ar thrádáil agus ar infheistíocht idirnáisiúnta laghdaithe agus gur mó ná riamh an gá atá le slándáil agus sábháilteacht ag teorainneacha seachtracha an Aontais a áirithiú, tá athrú iomlán tagtha ar ról na n-údarás custaim, rud a fhágann go bhfuil siad ar thús cadhnaíochta laistigh den slabhra soláthair agus ina spreagadh d'iomaíochas tíortha agus cuideachtaí i leith faireachán agus bainistithe trádála idirnáisiúnta. Ba cheart mar sin go léireodh an reachtaíocht chustaim cúrsaí eacnamaíochta mar atá agus ról nua agus misean nua na n-údarás custaim.

(17) Tá úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, amhail a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 70/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le timpeallacht gan pháipéar i ndáil le custaim agus trádáil [1], ina heochairghné le héascú trádála a áirithiú agus, san am céanna, le héifeachtúlacht rialuithe custaim a áirithiú, ag laghdú, dá bharr sin, ar chostais ghnó agus ar an riosca don tsochaí. Is gá dá bhrí sin an creat dlíthiúil faoinar féidir an cinneadh sin a chur chun feidhme a bhunú sa Chód, go háirithe an prionsabal dlí go ndéanfar na bearta trádála agus na bearta custaim uile a láimhseáil go leictreonach agus go gcuirfidh na córais faisnéise agus cumarsáide d'oibreoirí custaim na háiseanna céanna ar fáil i ngach Ballstát d'oibreoirí eacnamaíocha.

(18) Chun timpeallacht gan pháipéar a áirithiú maidir le custaim agus le trádáil, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil leis na comhcheanglais maidir le sonraí chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil agus úsáid á baint as teicnící próiseála sonraí leictreonacha, i gcásanna ina bhféadfaí bealaí eile a úsáid le haghaidh malartú agus stórála den chineál sin agus le daoine a chlárú. D'fhéadfaí modhanna seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid ar bhonn idirthréimhseach go háirithe, i gcás nach bhfuil na córais leictreonacha riachtanacha oibríochtúil go fóill, ach ní fhéadfaí iad a úsáid tar éis an 31 Nollaig 2020. A mhéid agus a bhaineann le himréiteach láraithe, is éard a bheadh sna bearta idirthréimhseacha sin cothabháil a dhéanamh ar an nós imeachta dá ngairtear 'údarú amháin do nósanna imeachta simplithe' go dtí go mbeadh na córais leictreonacha riachtanacha oibríochtúil.

(19) Ba cheart, in éineacht le húsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, go mbeadh na Ballstáit ag cur rialuithe custaim i bhfeidhm go comhchuibhithe agus go caighdeánach, chun leibhéal comhionann rialaithe custaim ar fud an Aontais a áirithiú chun nach spreagfaí iompraíocht fhrithiomaíoch ag pointí iontrála nó ag pointí fágála éagsúla an Aontais.

(20) Ar mhaithe le gnó a éascú, agus chun foráil ag an am céanna do na leibhéil chuí maidir le rialú earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó a thugtar amach aisti, is inmhianaithe go ndéanfaí an fhaisnéis a chuireann oibreoirí custaim ar fáil a roinnt idir údaráis chustaim agus le gníomhaireachtaí eile atá bainteach leis an rialú sin agus na forálacha ábhartha maidir le cosaint sonraí á gcur san áireamh. Ba cheart na rialuithe sin a chomhchuibhiú, ionas nár ghá don oibreoir eacnamaíoch an fhaisnéis a thabhairt ach an t-aon uair amháin agus go rialódh na húdaráis sin earraí an tráth céanna agus san áit chéanna.

(21) Ar mhaithe le gnó a éascú, ba cheart go leanfadh sé de bheith de cheart ag gach aon duine ionadaí a ainmniú agus é ag déileáil leis na húdaráis chustaim. Níor cheart, áfach, go bhféadfaí an ceart ionadaíochta sin a fhorchoimeád a thuilleadh faoi dhlí ar leag ceann de na Ballstáit síos é. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh ionadaí custaim a chomhlíonann na critéir maidir le stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim a dheonú i dteideal a sheirbhísí nó a seirbhísí a sholáthar i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch bunaithe. Mar riail ghinearálta, ba cheart go mbeidh ionadaí custaim bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais. Ba cheart an oibleagáid sin a tharscaoileadh i gcás ina mbeidh an t-ionadaí custaim ag gníomhú thar ceann daoine nach bhfuil sé de cheangal orthu bheith bunaithe ar chríoch chustaim an Aontais, seachas má fhoráiltear dá mhalairt.

(22) Ba cheart go gcumhdófaí leis na rialacha céanna na cinntí uile a bhaineann le cur i bhfeidhm reachtaíochta custaim, lena n-áirítear faisnéis cheangailteach. Ba cheart go mbeadh cinntí den sórt sin bailí ar fud an Aontais agus ba cheart go bhféadfaí iad a neamhniú, a leasú mura bhforáiltear a mhalairt, nó a chúlghairm i gcás nach mbeidís ag luí leis an reachtaíocht chustaim nó lena léiriú.

[1] IO L 23, 26.1.2008, lch. 21.

(23) Éilíonn sruthlíniú nósanna imeachta custaim laistigh de thimpeallacht leictreonach go roinnfidh údaráis chustaim de chuid Ballstát éagsúil na freagrachtaí. Is gá leibhéal cuí pionós éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach ar fud an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú.

(24) Ba cheart go mbainfeadh oibreoirí eacnamaíocha atá géilliúil agus iontaofa tairbhe as stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe faoi réir údarú le haghaidh simplithe custaim nó údarú le haghaidh slándála agus sábháilteachta, nó an dá cheann, a dheonú. Ag brath ar chineál an údaraithe a dheonaítear, ba cheart go mbeadh oibreoirí eacnamaíocha údaraithe in ann an leas is fearr a bhaint as úsáid fhorleathan na simplithe custaim nó tairbhe a bhaint as éascuithe a bhaineann le slándáil agus sábháilteacht. Ba cheart freisin go gcaitear leo ar bhealach níos fabhraí i ndáil le rialuithe custaim, amhail níos lú rialuithe fisiciúla, bunaithe ar dhoiciméid.

(25) Ba cheart go mbainfeadh oibreoirí eacnamaíocha atá géilliúil agus iontaofa tairbhe as an aitheantas idirnáisiúnta frithpháirteach a ghabhann le stádas 'oibreoir eacnamaíocha údaraithe'.

(26) Ba cheart go dtabharfaí cumhachtaí forleathana rialaithe d'údaráis chustaim agus ceart achomhairc d'oibreoirí eacnamaíocha chun cóimheá a dhaingniú idir an gá atá ag údaráis chustaim cur i bhfeidhm ceart na reachtaíochta custaim a áirithiú, ar thaobh amháin, agus an ceart atá ag oibreoirí eacnamaíocha go gcuirfí cóir chothrom orthu ar an taobh eile.

(27) De réir Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, is gá, de bhreis ar an gceart achomharc a dhéanamh i leith aon chinnidh a ghlacann na húdaráis chustaim, a fhoráil go mbeidh sé de cheart ag gach duine éisteacht a fháil sula ndéanfar aon chinneadh a dhéanfadh dochar dó nó di. D'fhéadfaí, áfach, go mbeadh bonn cirt le srianta maidir leis an gceart sin má éilítear é mar thoradh ar chineál nó leibhéal na bagartha do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chuid cónaitheoirí, do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí, don chomhshaol nó do thomhaltóirí.

(28) Ba cheart go mbeadh feidhmiú comhchuibhithe na rialuithe custaim ag na Ballstáit bunaithe ar chreat comhchoiteann bainistithe riosca agus ar chóras leictreonach lena chur chun feidhme d'fhonn an riosca don Aontas, dá shaoránaigh agus dá chomhpháirtithe trádála a íoslaghdú. Níor cheart go gcuirfeadh bunú creata bainistithe riosca a bheidh coiteann do na Ballstáit uile cosc orthu earraí a rialú trí sheiceálacha amasacha.

(29) Chun a áirithiú go gcaithfear go comhsheasmhach agus go comhionann le daoine lena mbaineann foirmiúlachtaí agus rialuithe custaim ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil le cásanna eile a chinneadh nach bhfuil oibleagáid ar an ionadaí custaim a bheith bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais agus rialacha a bhaineann le cinntí arna ndéanamh ag na húdaráis chustaim, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le faisnéis cheangailteach, leis an oibreoir eacnamaíoch údaraithe agus le simplithe.

(30) Is gá na tosca a shuíomh ar ar a mbonn a dhéantar dleacht ar onnmhairí agus ar allmhairí agus bearta eile a bhaineann le trádáil earraí a chur i bhfeidhm. Is cuí freisin forálacha níos mionsonraithe a leagan síos i dtaca le heisiúint cruthúnas tionscnaimh sa Chomhphobal, nuair a bheidh gá leis sin de bharr riachtanas trádála.

(31) Chun na tosca a chomhlánú ar bhonn cibé dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí agus bearta eile a chuirfear i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil le rialacha i dtaobh tionscnaimh earraí.

(32) Tá sé inmhianaithe go gcruinneofaí na cásanna uile ina dtabhófar fiach custaim ar allmhairiú seachas cásanna ina gcuirtear isteach dearbhú custaim do scaoileadh i saorchúrsaíocht nó do ligean isteach sealadach lena ngabhann faoiseamh páirteach, chun deacrachtaí a sheachaint agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an mbonn dlíthiúil ar tabhaíodh an fiach custaim. Ba cheart go mbeidh feidhm ag an méid sin i gcásanna ina dtabhófar fiach custaim ar onnmhairithe freisin.

(33) Is iomchuí an áit inar tabhaíodh an fiach custaim a shuíomh mar aon leis an áit inar cheart an dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí a ghnóthú.

(34) Ba cheart go gceadódh na rialacha do nósanna imeachta speisialta maidir le húsáid ráthaíochta aonair le haghaidh gach catagóire nósanna imeachta speisialta a bheadh cuimsitheach agus a chumhdódh líon áirithe beart.

(35) Ba cheart ráthaíocht chuimsitheach a bhfuil a méid laghdaithe i gcás fiach custaim agus muirir eile a taobhaíodh, nó tarscaoileadh ráthaíochta, a údarú faoi dhálaí áirithe. Ba cheart go mbeadh ráthaíocht chuimsitheach a bhfuil a méid laghdaithe i leith fiach custaim agus i leith muirear eile a tabhaíodh coibhéiseach le soláthar ráthaíochta do mhéid iomlán an dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bheidh iníoctha, go háirithe chun na hearraí lena mbaineann a tharscaoileadh agus chun críoch na hiontrála sna cuntais.

(36) Chun cosaint níos fearr a áirithiú do leasanna airgeadais an Aontais agus na mBallstát, ba cheart go gcumhdófaí le ráthaíocht earraí neamhdhearbhaithe nó earraí a dearbhaíodh go mícheart ar cuid de choinsíneacht iad nó a áirítear i ndearbhú ar soláthraíodh ina leith í. Ar an gcúis chéanna, ba cheart go bhfolódh gealltanas an ráthóra freisin méideanna dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bheidh le híoc i ndiaidh rialuithe iarscaoilte.

(37) Chun leasanna airgeadais an Aontais agus na mBallstát a chumhdach agus chun srian a chur le cleachtais chalaoiseacha, is inmholta go mbeadh socruithe ann ina mbeadh bearta grádaithe le haghaidh ráthaíocht chuimsitheach a chur i bhfeidhm. I gcás inar mó an riosca calaoise ba cheart go bhféadfaí cur i bhfeidhm na ráthaíochta cuimsithí a thoirmeasc go sealadach, agus staid shonrach na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann á cur san áireamh.

(38) Is cuí meon macánta an duine lena mbaineann a chur san áireamh i gcásanna ina dtabhófar fiach custaim trí neamhchomhlíonadh na reachtaíochta custaim agus chun tionchar fhaillí an fhéichiúnaí a íoslaghdú.

(39) Chun leasanna airgeadais an Aontais agus na mBallstát a chosaint agus na rialacha maidir leis an bhfiach custaim agus na ráthaíochtaí a chomhlánú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil leis an áit inar tabhaíodh an fiach custaim, ríomh an méid dleachta ar allmhairí agus ar onnmhairí, ráthaíocht an méid sin agus gnóthú, aisíocaíocht, loghadh agus múchadh an fhéich custaim.

(40) Is gá an prionsabal a leagan síos ar dá réir a chinnfear stádas custaim earraí de chuid an Aontais agus na cúinsí a bhaineann le cailliúint an stádais sin, agus is gá bonn a chur ar fáil chun cinneadh cén uair a fhanann an stádas sin gan athrú i gcásanna ina dtabharfar earraí amach as críoch chustaim an Aontais go sealadach.

(41) Chun saorghluaiseacht earraí de chuid an Aontais a áirithiú i gcríoch chustaim an Aontais agus cóireáil chustaim a áirithiú i gcás earraí nach earraí de chuid an Aontais iad atá arna dtabhairt isteach sa chríoch sin, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil le cinneadh a dhéanamh i dtaobh stádais custaim earraí, cailliúint stádais custaim earraí Aontais, chaomhnú an stádais sin i gcás earraí a fhágann críoch chustaim an Aontais go sealadach, agus an faoiseamh ó dhleacht i gcás earraí arna dtabhairt ar ais.

(42) Is cuí, i gcás ina gcuirfidh oibreoir eacnamaíoch an fhaisnéis ar fáil roimh ré atá riachtanach le haghaidh rialuithe rioscabhunaithe chun a chinneadh an bhféadfar cead isteach a thabhairt do na hearraí, a áirithiú gurb é an riail an tráth sin luathscaoileadh na n-earraí. Is í an oifig custaim atá inniúil maidir le háitreabh an oibreora eacnamaíoch go príomha ba cheart na rialuithe fioscacha agus na rialuithe beartais trádála a chur i bhfeidhm.

(43) Ba cheart na rialacha a bhaineann le dearbhuithe custaim agus le hearraí a chur faoi réir nós imeachta custaim a nuachóiriú agus a shruthlíniú, go háirithe trína cheangal gur ar bhonn leictreonach a dhéanfaí dearbhuithe custaim de ghnáth agus trí gan foráil ach d'aon chineál dearbhaithe shimplithe amháin agus don fhéidearthacht dearbhú custaim a thaisceadh i bhfoirm iontrála i dtaifid an dearbhóra.

(44) Tar éis gurb é rogha Choinbhinsiún athbhreithnithe Kyoto taisceadh, clárú agus seiceáil an dearbhaithe custaim a dhéanamh roimh theacht na n-earraí agus, chomh maith leis sin, an áit ina dtaisctear an dearbhú a dhícheangal ón áit a bhfuil na hearraí lonnaithe go fisiciúil, is cuí foráil a dhéanamh d'imréiteach lárnaithe san áit a bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch bunaithe.

(45) Is cuí rialacha a leagan síos ar leibhéal an Aontais lena rialófar díothú earraí nó diúscairt eile earraí ag na húdaráis chustaim, ós rud é gur nithe iad siúd ar theastaigh reachtaíocht náisiúnta roimhe seo lena ndéanamh.

(46) Chun na rialacha maidir le hearraí a chur faoi réir nós imeachta custaim a fhorlíonadh agus chun cóireáil chomhionann a áirithiú i gcomhair na ndaoine lena mbaineann, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil leis na rialacha a bhaineann leis an dearbhú custaim agus leis na hearraí a scaoileadh.

(47) Is cuí rialacha coiteanna simplí a leagan síos le haghaidh na nósanna imeachta speisialta, a fhorlíonfar le sraith bheag rialacha le haghaidh gach catagóire nós imeachta speisialta, chun gur furasta don oibreoir an nós imeachta ceart a roghnú, chun earráidí a sheachaint agus chun líon na n-aisghabhálacha iarscaoilte agus na n-aisíocaíochtaí iarscaoilte a laghdú.

(48) Ba cheart an bealach a réiteach chun údaruithe a dheonú le haghaidh roinnt nósanna imeachta speisialta a mbeadh oifig custaim maoirseachta amháin agus ráthaíocht amháin ag gabháil leo agus ba cheart go mbeadh rialacha simplí ann maidir le fiach custaim a thabhú sna cásanna sin. Ba cheart gurbh é an bunphrionsabal gur tráth a dtabhaítear an fiach custaim a dhéanfaí measúnú ar na hearraí atá curtha faoi réir nós imeachta speisialta, nó ar na táirgí atá déanta astu. Ar a shon sin, ba cheart go mbeadh sé indéanta freisin, i gcás ina mbeidh bonn eacnamaíoch leis, measúnú a dhéanamh ar na hearraí tráth ar cuireadh faoi réir nós imeachta speisialta iad. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na prionsabail chéanna maidir leis na gnáthfhoirmeacha láimhseála.

(49) I bhfianaise na mbeart breise a bhaineann le slándáil, ba cheart nós imeachta custaim a dhéanamh d'earraí a chur isteach i saorchriosanna agus ba cheart go mbeadh na hearraí faoi réir rialuithe custaim ar theacht isteach dóibh agus i dtaca le taifid.

(50) Ós rud é nach gá níos mó é a bheith de rún ath-onnmhairiú a dhéanamh, ba cheart an nós imeachta fionraí próiseála isteach a chumasc leis an bpróiseáil faoi rialú custaim agus ba cheart éirí as an nós imeachta aistarraingte dleachta próiseála isteach. Ba cheart an díothú a chumhdach leis an nós imeachta próiseála isteach aonair sin freisin ach amháin nuair is é an custam a dhéanann an díothú nó nuair is faoina stiúir a dhéantar é.

(51) Chun na rialacha maidir le nósanna imeachta speisialta a chomhlánú agus chun cóireáil chomhionann a áirithiú i gcomhair na ndaoine lena mbaineann, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil leis na rialacha a bhaineann le cásanna ina gcuirtear earraí faoi réir nósanna imeachta speisialta, gluaiseachtaí, gnáthfhoirmeacha láimhseála agus coibhéis na n-earraí sin agus tarscaoileadh na nósanna imeachta sin.

(52) Ba cheart go mbeadh feidhm freisin maidir le hath-onnmhairiú earraí nach earraí de chuid an Aontais iad ag bearta a bhaineann le slándáil i leith earraí de chuid an Aontais a thugtar amach as críoch chustaim an Aontais. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha céanna maidir le gach cineál earra, cé is moite d'eisceachtaí i gcás inar gá, ar nós earraí nach bhfuil ach ar idirthuras trí chríoch chustaim an Aontais.

(53) Chun maoirseacht chustaim a áirithiú i gcás earraí arna dtabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus arna dtabhairt amach aisti agus chun a áirithiú go gcuirfear bearta a bhaineann le slándáil i bhfeidhm, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE i ndáil leis na rialacha a bhaineann dearbhú iontrála achomair agus dearbhuithe réamhimeachta.

(54) Chun tuilleadh scrúdú a dhéanamh ar chustaim agus ar éascú trádála, go háirithe trí leas a bhaint as na huirlisí agus an teicneolaíocht is déanaí, ba cheart go dtabharfaí údarú do na Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe agus ar iarratas a dhéanamh, simplithe ama a thástáil ar feadh tréimhse teoranta ama i bhfeidhmiú na reachtaíochta custaim. Níor cheart feidhmiú na reachtaíochta custaim a chur i mbaol leis an bhféidearthacht sin, nó níor cheart oibleagáidí nua a chruthú léi d'oibreoirí eacnamaíocha, a bhféadfaidh páirt a ghlacadh sna tástálacha sin ar bhonn iomlán deonach.

(55) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), is gá agus is iomchuí, chun na bunchuspóirí a bhaint amach, eadhon an comhaontas custaim a bheith in ann feidhmiú go héifeachtach agus an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme, na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta a leagan síos is infheidhme maidir le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó amach aisti. I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 5(4) CAE, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atáthar a shaothrú a bhaint amach.

(56) Chun an reachtaíocht chustaim a shimpliú agus a réasúnú, rinneadh roinnt forálacha atá faoi láthair i ngníomhartha uathrialacha de chuid an Aontais a ionchorprú sa Chód ar mhaithe leis an trédhearcacht. Rialachán (CEE) Uimh. 3925/91 ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir le díchur rialuithe agus foirmiúlachtaí is infheidhme maidir le bagáiste cábáin agus boilg na ndaoine atá ar eitilt laistigh den Chomhphobal agus bagáiste na ndaoine ar thuras farraige laistigh den Chomhphobal ([1]), Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92, Rialachán (CE) Uimh. 1207/2001 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2001 maidir le nósanna imeachta chun eisiúint nó déanamh amach cruthúnas tionscnaimh sa Chomhphobal agus eisiúint údaruithe onnmhaireora ceadaithe áirithe faoi na forálacha a rialaíonn an trádáil fhabhrach idir an Comhphobal agus tíortha áirithe a éascú ([2]), agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2008, ba cheart iad a aisghairm dá bhrí sin.

(57) Forálacha an Rialacháin seo ina leagtar amach tarmligean cumhachta agus tabhairt cumhachtaí cur chun feidhme agus na forálacha maidir le muirir agus costais, ba cheart feidhm a bheith acu ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha eile ón 1 June 2016.

(58) Níor cheart go ndéanfaí dochar leis an Rialachán seo do rialacha Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo maidir le rochtain ar dhoiciméid a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 15(3) CFAE. Ba cheart, chomh maith, go mbeadh sé gan dochardo na rialacha náisiúnta maidir le rochtain ar dhoiciméid.

(59) Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún gach iarracht chun a áirithiú go dtiocfaidh na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá bhforáiltear sa Rialachán seo i bhfeidhm roimh dháta chur i bhfeidhm an Chóid chun go bhféadfaidh na Ballstáit iad a chur chun feidhme go tráthúil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

([1]) IO L 374, 31.12.1991, lch. 4.
([2]) IO L 165, 21.6.2001, lch. 1.

CLÁR NA nÁBHAR


| | | Leathanach |
|---|---|---|
| TEIDEAL I | **FORÁLACHA GINEARÁLTA** | 11 |
| *AIBIDIL 1* | ***Raon feidhme na reachtaíochta custaim, misean custaim agus sainmhínithe*** | 11 |
| *CAIBIDIL 2* | ***Cearta agus oibleagáidí daoine i dtaca leis an reachtaíocht chustaim*** | 15 |
| Roinn 1 | **Faisnéis a chur ar fáil** | 15 |
| Roinn 2 | **Ionadaíocht chustaim** | 18 |
| Roinn 3 | **Cinntí a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm** | 19 |
| Roinn 4 | **Oibreoir eacnamaíoch údaraithe** | 24 |
| Roinn 5 | **Pionóis** | 25 |
| Roinn 6 | **Achomhairc** | 26 |
| Roinn 7 | **Rialú Earraí** | 26 |
| Roinn 8 | **Coinneáil doiciméad agus faisnéise eile; muirir agus costais** | 28 |
| *CAIBIDIL 3* | ***Comhshó airgeadra agus teorainneacha-ama*** | 29 |
| TEIDEAL II | **TOSCA AR A CHUIRTEAR DLEACHT AR ALLMHAIRÍ AGUS AR ONNMHAIRÍ AGUS BEARTA EILE I nDÁIL LE TRÁDÁIL IN EARRAÍ I bhFEIDHM AR A mBONN.** | 29 |
| *CAIBIDIL 1* | ***Comhtharaif Custaim agus rangú earraí de réir taraife*** | 29 |
| *CAIBIDIL 2* | ***Tionscnamh earraí*** | 31 |
| Roinn 1 | **Tionscnamh neamhfhabhrach** | 31 |
| Roinn 2 | **Tionscnamh fabhrach** | 31 |
| Roinn 3 | **Tionscnamh earraí a chinneadh** | 32 |
| *CAIBIDIL 3* | ***Luach earraí chun críocha custaim*** | 33 |
| TEIDEAL III | **FIACH CUSTAIM AGUS RÁTHAÍOCHTAÍ** | 35 |
| *CAIBIDIL 1* | ***Fiach custaim a thabhú*** | 35 |
| Roinn 1 | **Fiach custaim i dtaca le hallmhairiú** | 35 |
| Roinn 2 | **Fiach custaim i dtaca le honnmhairiú** | 37 |
| Roinn 3 | **Forálacha is coiteann d'fhiacha custaim a thabhaítear i dtaca le hallmhairiú agus le honnmhairiú** | 38 |
| *CAIBIDIL 2* | ***Ráthaíocht i dtaca le fiach poitéinsiúil custaim nó le fiach custaim atá ann*** | 39 |
| *CAIBIDIL 3* | ***Aisghabháil, íocaíocht, aisíocaíocht agus loghadh mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí*** | 42 |

| | | Leathanach |
|---|---|---|
| Roinn 1 | **Méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a chinneadh, fógra a thabhairt faoin bhfiach custaim agus iontráil sna cuntais** | 42 |
| Roinn 2 | **Méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a íoc** | 44 |
| Roinn 3 | **Aisíoc agus loghadh** | 47 |
| *CAIBIDIL 4* | ***Fiach custaim a mhúchadh*** | 50 |
| TEIDEAL IV | **EARRAÍ A THUGTAR ISTEACH I gCRÍOCH CUSTAIM AN AONTAIS** | 51 |
| *CAIBIDIL 1* | ***Dearbhú iontrála achomair*** | 51 |
| *CAIBIDIL 2* | ***Teacht earraí*** | 53 |
| Roinn 1 | **Earraí a theacht isteach i gcríoch custaim an Aontais** | 53 |
| Roinn 2 | **Tíolacadh, díluchtú agus iniúchadh earraí** | 54 |
| Roinn 3 | **Earraí a stóráil go sealadach** | 55 |
| TEIDEAL V | **RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE STÁDAS CUSTAIM, EARRAÍ A CHUR FAOI NÓS IMEACHTA CUSTAIM, FÍORÚ, SCAOILEADH AGUS DIÚSCAIRT EARRAÍ** | 58 |
| *CAIBIDIL 1* | ***Stádas custaim earraí*** | 58 |
| *CAIBIDIL 2* | ***Earraí a chur faoi nós imeachta custaim*** | 59 |
| Roinn 1 | **Forálacha ginearálta** | 59 |
| Roinn 2 | **Dearbhuithe caighdeánacha custaim** | 60 |
| Roinn 3 | **Dearbhuithe custaim simplithe** | 60 |
| Roinn 4 | **Forálacha is infheidhme maidir le gach dearbhú custaim** | 61 |
| Roinn 5 | **Simplithe eile** | 63 |
| *CAIBIDIL 3* | ***Fíorú agus scaoileadh earraí*** | 65 |
| Roinn 1 | **Fíorú** | 65 |
| Roinn 2 | **Scaoileadh** | 66 |
| *CAIBIDIL 4* | ***Diúscairt earraí*** | 66 |
| TEIDEAL VI | **SCAOILEADH I SAORCHÚRSAÍOCHT AGUS FAOISEAMH Ó DHLEACHT AR ALLMHAIRÍ** | 68 |
| *CAIBIDIL 1* | ***Scaoileadh i saorchúrsaíocht*** | 68 |
| *CAIBIDIL 2* | ***Faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí*** | 68 |
| Roinn1 | **Earraí a thugtar ar ais** | 68 |
| Roinn2 | **Iascaireacht mhara agus táirgí a thógtar ón bhfarraige** | 69 |

Leathanach

| | | |
|---|---|---|
| TEIDEAL VII | **NÓSANNA IMEACHTA SPEISIALTA** | 70 |
| *CAIBIDIL 1* | ***Forálacha ginearálta*** | 70 |
| *CAIBIDIL 2* | ***Idirthuras*** | 73 |
| Roinn 1 | **Idirthuras seachtrach agus idirthuras inmheánach** | 73 |
| Roinn 2 | **Idirthuras Aontais** | 75 |
| *CAIBIDIL 3* | ***Stóráil*** | 76 |
| Roinn 1 | **Forálacha Coiteanna** | 76 |
| Roinn 2 | **Stórasú custaim** | 76 |
| Roinn 3 | **Saorchriosanna** | 77 |
| *CAIBIDIL 4* | ***Úsáid shonrach*** | 78 |
| Roinn 1 | **Cead isteach sealadach** | 78 |
| Roinn 2 | **Úsáid deiridh** | 79 |
| *CAIBIDIL 5* | ***Próiseáil*** | 80 |
| Roinn 1 | **Forálacha ginearálta** | 80 |
| Roinn 2 | **Próiseáil isteach** | 80 |
| Roinn 3 | **Próiseáil amach** | 81 |
| TEIDEAL VIII | **EARRAÍ THUGTAR AMACH AS CRÍOCH CUSTAIM AN AONTAIS** | 82 |
| *CAIBIDIL 1* | ***Foirmiúlachtaí sula dtugtar amach na hearraí*** | 82 |
| *CAIBIDIL 2* | ***Foirmiúlachtaí agus earraí á dtabhairt amach*** | 83 |
| *CAIBIDIL 3* | ***Onnmhairiú agus ath-onnmhairiú*** | 83 |
| *CAIBIDIL 4* | ***Dearbhú imeachta achomair*** | 84 |
| *CAIBIDIL 5* | ***Fógra ath-onnmhairíochta*** | 85 |
| *CAIBIDIL 6* | ***Faoiseamh ó dhleachtanna ar onnmhairí*** | 86 |
| TEIDEAL IX | **CÓRAIS LEICTREONACHA, SIMPLITHE,TARMLIGEAN CUMHACHTA,NÓS IMEACHTA COISTE AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA** | 86 |
| *CAIBIDIL 1* | ***Córais leictreonacha a fhorbairt*** | 86 |
| *CAIBIDIL 2* | ***Simplithe ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim*** | 86 |
| *CAIBIDIL 3* | ***Tarmligean cumhachta agus nós imeachta Coiste*** | 87 |
| *CAIBIDIL 4* | ***Forálacha críochnaitheacha*** | 87 |
| *IARSCRÍBHINN* | **TÁBLAÍ COMHGHAOIL** | 89 |

TEIDEAL I

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*CAIBIDIL 1*

***Raon feidhme na reachtaíochta custaim, misean custaim agus sainmhínithe***

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Bunaítear leis an Rialachán seo Cód Custaim an Aontais (an Cód), ina leagtar síos na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta is infheidhme maidir le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus a thugtar amach aisti.

Gan dochar don dlí idirnáisiúnta, do choinbhinsiúin idirnáisiúnta ná do reachtaíocht an Aontais i réimsí eile, beidh feidhm go haonfhoirmeach ag an gCód ar fud chríoch chustaim an Aontais.

2. Féadfaidh feidhm a bheith ag forálacha áirithe den reachtaíocht chustaim lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais faoi chuimsiú na reachtaíochta lena rialaítear réimsí sonracha nó faoi chuimsiú coinbhinsiún idirnáisiúnta.

3. Beidh feidhm ag forálacha áirithe den reachtaíocht chustaim, lena n-áirítear na simplithe dá bhforáiltear léi, maidir leis an trádáil in earraí de chuid an Aontais idir chodanna de chríoch chustaim an Aontais ina bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE nó forálacha Threoir 2008/118/CE agus codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu, nó maidir le trádáil idir chodanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu.

*Airteagal 2*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284 ina sonrófar na forálacha den reachtaíocht chustaim, agus sin a shimpliú, i ndáil leis an dearbhú custaim, cruthúnas an stádais custaim, úsáid nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais sa mhéid agus nach ndéantar dochar leis d'fheidhmiú cuí na mbeart fioscach atá i gceist, a bhfuil feidhm acu maidir leis an trádáil in earraí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(3). Féadfaidh na gníomhartha sin a bheith dírithe ar chúinsí ar leith a bhaineann leis an trádáil in earraí de chuid an Aontais nach mbaineann ach le haon Bhallstát amháin.

*Airteagal 3*

**Misean na n-údarás custaim**

Beidh údaráis chustaim freagrach go príomha as maoirseacht a dhéanamh ar thrádáil idirnáisiúnta an Aontais, ag rannchuidiú dá bharr sin le trádáil chothrom agus oscailte, le cur chun feidhme na ngnéithe seachtracha den mhargadh inmheánach, an chomhbheartais trádála agus na gcomhbheartas eile atá ag an Aontas a bhaineann le trádáil, agus freisin le slándáil an tslabhra sholáthair tríd is tríd. Cuirfidh na húdaráis chustaim bearta i bhfeidhm a bheidh dírithe go sonrach ar na nithe seo a leanas:

(a) leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát a chosaint;

(b) an tAontas a chosaint ar thrádáil éagórach mhídhleathach, agus tacaíocht á tabhairt do ghníomhaíocht dhlisteanach ghnó;

(c) slándáil agus sábháilteacht an Aontais agus a chuid chónaitheoirí a áirithiú, agus an comhshaol a chaomhnú, i ndlúthchomhar le húdaráis eile, i gcás inarb iomchuí; agus

(d) cothromaíocht chuí a choinneáil idir rialuithe custaim agus éascú na trádála dlisteanaí.

*Airteagal 4*

**Críoch chustaim**

1. Is éard é críoch chustaim an Aontais na críocha seo a leanas, lena n-áirítear a n-uiscí teorann, a n-uiscí inmheánacha agus a n-aerspás:

— críoch Ríocht na Beilge,

— críoch Phoblacht na Bulgáire,

— críoch Phoblacht na Seice,

— críoch Ríocht na Danmhairge, cé is moite d'Oileáin Fharó agus den Ghraonlainn,

— críoch Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, cé is moite d'Oileán Heligoland agus de chríoch Büsingen (Conradh an 23 Samhain 1964 idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Cónaidhm na hEilvéise),

— críoch Phoblacht na hEastóine,

— críoch na hÉireann,

— críoch na Poblachta Heilléanaí,

— críoch Ríocht na Spáinne, cé is moite de Ceuta agus de Melilla,

— críoch Phoblacht na Fraince, cé is moite de thíortha agus de chríocha thar lear na Fraince a bhfuil feidhm ag forálacha Chuid a Cheathair CFAE maidir leo,

— críoch Phoblacht na Cróite,

— críoch Phoblacht na hIodáile, cé is moite de bhardasachtaí Livigno agus Campione d'Italia agus na huiscí náisiúnta sin de Loch Lugano atá idir an bruach agus teorainn pholaitiúil an limistéir idir Ponte Tresa agus Porto Ceresio,

— críoch Phoblacht na Cipire, i gcomhréir le forálacha Ionstraim Aontachais 2003,

— críoch Phoblacht na Laitvia,

— críoch Phoblacht na Liotuáine,

— críoch Ard-Diúcacht Lucsamburg,

— críoch na hUngáire,

— críoch Mhálta,

— críoch Ríocht na hÍsiltíre san Eoraip,

— críoch Phoblacht na hOstaire,

— críoch Phoblacht na Polainne,

— críoch Phoblacht na Portaingéile;

— críoch na Rómáine,

— críoch Phoblacht na Slóivéine,

— críoch Phoblacht na Slóvaice,

— críoch Phoblacht na Fionlainne,

— críoch Ríocht na Sualainne, agus

— críoch Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Oileáin Mhuir nIocht agus Oileán Mhanann.

2. Measfar gur cuid de chríoch chustaim an Aontais na críocha a leanas, lena n-áirítear a n-uiscí teorann, a n-uiscí inmheánacha agus a n-aerspás, atá suite taobh amuigh de chríoch na mBallstát, agus na coinbhinsiúin agus na conarthaí is infheidhme maidir leo á gcur san áireamh:

(a) AN FHRAINC

Críoch Mhonacó mar a shainmhínítear í sa Choinbhinsiún Custaim a síníodh i bPáras an 18 Bealtaine 1963 (Journal officiel de la République française (Iris Oifigiúil Phoblacht na Fraince) an 27 Meán Fómhair 1963, Lch. 8679);

(b) AN CHIPIR

Críoch Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Akrotiri agus Dhekelia de chuid na Ríochta Aontaithe mar a shainmhínítear iad sa Chonradh maidir le Bunú Phoblacht na Cipire, a síníodh sa Niocóis an 16 Lúnasa 1960 (Sraith Chonarthaí na Ríochta Aontaithe Uimh. 4 (1961) Cmnd. 1252).

*Airteagal 5*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chóid, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "údaráis chustaim" riaracháin custaim na mBallstát atá freagrach as cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim agus aon údaráis eile a dtugtar de chumhacht dóibh faoin dlí náisiúnta reachtaíocht áirithe chustaim a chur i bhfeidhm;

(2) ciallaíonn "an reachtaíocht chustaim" corpas reachtaíochta atá comhdhéanta de na nithe uile seo leanas:

(a) an Cód agus na forálacha lena bhforlíontar nó lena gcuirtear chun feidhme é, arna nglacadh ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta;

(b) an Chomhtharaif Chustaim;

(c) an reachtaíocht lena mbunaítear córas faoiseamh de chuid an Aontais ó dhleacht custaim;

(d) comhaontuithe idirnáisiúnta ina bhfuil forálacha custaim, a mhéid atá siad infheidhme san Aontas;

(3) ciallaíonn "rialuithe custaim" gníomhartha sainiúla a dhéanann údaráis chustaim chun a áirithiú go ndéanfar an reachtaíocht chustaim agus an reachtaíocht eile a chomhlíonadh, lena rialaítear tabhairt isteach earraí, tabhairt amach earraí, idirthuras earraí, gluaiseacht earraí, stóráil earraí agus úsáid deiridh earraí a ghluaistear idir críoch chustaim an Aontais agus tíortha nó críocha lasmuigh den chríoch sin, agus láithreacht agus gluaiseacht earraí nach earraí de chuid an Aontais iad laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus earraí a chuirtear faoin nós imeachta um úsáid deiridh;

(4) ciallaíonn "duine" duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chumann de dhaoine nach bhfuil ina dhuine dlítheanach ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlíthiúla a dhéanamh;

(5) ciallaíonn "oibreoir eacnamaíoch" duine a ghabhann, le linn a ghnó nó a gnó, do ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht chustaim;

(6) ciallaíonn "ionadaí custaim" aon duine a cheapfaidh duine eile chun na gníomhartha agus na foirmiúlachtaí a cheanglaítear faoin reachtaíocht chustaim a dhéanamh, agus é nó í ag plé le húdaráis chustaim;

(7) ciallaíonn "riosca" dóchúlacht agus tionchar teagmhas a tharlaíonn i dtaca le teacht isteach, le dul amach, le hidirthuras, le gluaiseacht nó le húsáid dheiridh earraí a ghluaistear idir críoch chustaim an Aontais agus tíortha nó críocha lasmuigh den chríoch sin agus le láithreacht laistigh de chríoch chustaim an Aontais d'earraí nach earraí de chuid an Aontais iad, a dhéanfadh an méid seo a leanas:

(a) chuirfeadh sé cosc ar chur i bhfeidhm ceart beart de chuid an Aontais nó beart náisiúnta;

(b) chuirfeadh sé as do leasanna airgeadais an Aontais agus a chuid Ballstát; nó

(c) bheadh sé ina bhagairt do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chuid cónaitheoirí, do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí, don chomhshaol nó do thomhaltóirí;

(8) ciallaíonn "foirmiúlachtaí custaim" na hoibríochtaí uile nach mór do dhuine agus do na húdaráis chustaim a chur i gcrích le go gcomhlíonfar an reachtaíocht chustaim;

(9) ciallaíonn "dearbhú iontrála achomair" an gníomh trína gcuireann duine in iúl do na húdaráis chustaim san fhoirm fhorordaithe agus sa mhodh atá forordaithe agus laistigh de theorainn ama shonrach, go bhfuil earraí le tabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais;

(10) ciallaíonn "dearbhú imeachta achomair" an gníomh trína gcuireann duine in iúl do na húdaráis chustaim san fhoirm fhorordaithe agus sa mhodh atá forordaithe agus laistigh de theorainn ama shonrach, go bhfuil earraí le tabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais;

(11) ciallaíonn "dearbhú stórála sealadaí" an gníomh lena gcuirfidh duine in iúl, san fhoirm agus sa mhodh a bheidh forordaithe, go bhfuil earraí i stóras sealadach;

(12) ciallaíonn "dearbhú custaim" an gníomh trína gcuireann duine a mhian in iúl, san fhoirm fhorordaithe agus sa mhodh forordaithe, earraí a chur faoi nós imeachta custaim áirithe, maille le sonraí, más iomchuí, faoi cibé socruithe faoi leith a bheidh le cur i bhfeidhm;

(13) ciallaíonn "dearbhú ath-onnmhairithe" an gníomh trína léiríonn duine san fhoirm fhorordaithe agus sa mhodh a bheidh forordaithe, gur mian leis earraí nach earraí de chuid an Aontais iad, le heisceacht na hearraí sin atá faoin nós imeachta saorchreasa nó i stóráil shealadach, a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais;

(14) ciallaíonn "fógra ath-onnmhairithe" an gníomh, trína léiríonn duine san fhoirm fhorordaithe agus sa mhodh forordaithe, gur mian leis earraí nach earraí de chuid an Aontais iad atá faoin nós imeachta saorchreasa nó i stóráil shealadach a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais;

(15) ciallaíonn "dearbhóir" an duine a thaisceann dearbhú custaim, dearbhú stórála sealadaí, dearbhú iontrála achomair, dearbhú imeachta achomair, dearbhú ath-onnmhairithe nó fógra ath-onnmhairithe ina ainm nó ina hainm féin nó an duine a ndéantar dearbhú den sórt sin ina ainm, nó ina ndéantar fógra a thaisceadh ina ainm;

(16) ciallaíonn "nós imeachta custaim" aon cheann de na nósanna imeachta seo a leanas faoina bhféadfar earraí a chur i gcomhréir leis an gCód:

(a) scaoileadh i saorchúrsaíocht;

(b) nósanna imeachta speisialta;

(c) onnmhairiú;

(17) ciallaíonn "stóráil shealadach" an cás nuair atá earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a stóráiltear go sealadach faoi mhaoirsiú na gcustam sa tréimhse idir an t-am a chuirfear faoi bhráid na gcustam iad agus iad a chur faoi nós imeachta custaim nó a ath-onnmhairiú;

(18) ciallaíonn "fiach custaim" an oibleagáid atá ar dhuine an dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí a bhaineann le hearraí sonracha a íoc faoin reachtaíocht chustaim atá i bhfeidhm;

(19) ciallaíonn "féichiúnaí" aon duine a dhlíonn fiach custaim a íoc;

(20) ciallaíonn "dleacht ar allmhairí" dleacht custaim is iníoctha ar allmhairiú earraí;

(21) ciallaíonn "dleacht ar onnmhairí" dleacht custaim is iníoctha ar onnmhairiú earraí;

(22) ciallaíonn "stádas custaim" stádas earraí mar earraí de chuid an Aontais nó mar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad;

(23) ciallaíonn "earraí de chuid an Aontais" earraí a thagann faoi aon cheann de na catagóirí a leanas:

(a) earraí a fhaightear go hiomlán i gcríoch chustaim an Aontais agus nach n-ionchorpraítear iontu earraí a allmhairítear ó thíortha nó ó chríocha lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais;

(b) earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais as tíortha nó as críocha lasmuigh den chríoch sin agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht;

(c) earraí a fhaightear nó a tháirgtear i gcríoch chustaim an Aontais ó earraí dá dtagraítear i bpointe (b), agus uathusan amháin, nó ó earraí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b);

(24) ciallaíonn "earraí nach earraí de chuid an Aontais iad" earraí seachas na hearraí dá dtagraítear i bpointe 23 nó earraí a bhfuil a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais caillte acu;

(25) ciallaíonn "bainistiú riosca" riosca a aithint go córasach, lena n-áirítear trí sheiceálacha randamacha, agus cur i bhfeidhm na mbeart uile is gá chun nochtadh do riosca a laghdú;

(26) ciallaíonn "scaoileadh earraí" an gníomh trína gcuireann na húdaráis chustaim earraí ar fáil chun na gcríoch a shonraítear don nós imeachta custaim faoina gcuirtear iad;

(27) ciallaíonn "maoirseacht chustaim" gníomh a dhéanann na húdaráis chustaim go ginearálta d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht chustaim agus, i gcás inarb iomchuí, forálacha eile is infheidhme maidir le hearraí atá faoi réir gnímh den sórt sin;

(28) ciallaíonn "aisíocaíocht" aisíoc méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a íocadh;

(29) ciallaíonn "loghadh" tarscaoileadh na hoibleagáide méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí nach bhfuil íoctha a íoc;

(30) ciallaíonn "táirgí próiseáilte" earraí a chuirtear faoi nós imeachta próiseála agus a bhfuil oibríochtaí próiseála déanta orthu;

(31) ciallaíonn "duine atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais":

(a) i gcás duine nádúrtha, aon duine a bhfuil gnáthchónaí air i gcríoch chustaim an Aontais;

(b) i gcás duine dhlítheanaigh nó comhlachais daoine, aon duine a bhfuil a oifig chláraithe, a cheannáras lárnach nó buanbhunaíocht ghnó aige i gcríoch chustaim an Aontais;

(32) ciallaíonn "buanbhunaíocht ghnó" áit sheasta ghnó, sa chás ina bhfuil na hacmhainní daonna agus na hacmhainní teicniúla riachtanacha i láthair go buan, agus tríd a dhéantar oibríochtaí custaim duine ina n-iomláine nó go páirteach.

(33) ciallaíonn "tíolacadh earraí don chustam" fógra a thabhairt d'údaráis chustaim go bhfuil earraí tagtha go dtí an oifig custaim nó go dtí aon áit eile a ainmníonn nó a fhormheasann na húdaráis chustaim agus go bhfuil na hearraí sin ar fáil le haghaidh rialuithe custaim;

(34) ciallaíonn "sealbhóir na n-earraí" an duine arb é úinéir na n-earraí é nó an duine a bhfuil ceart comhchosúil diúscartha aige ina leith nó a bhfuil smacht fisiciúil aige orthu;

(35) ciallaíonn "sealbhóir an nós imeachta"

(a) an duine a thaisceann an dearbhú custaim, nó an duine a dtaisctear an dearbhú custaim sin thar a cheann; nó

(b) an duine ar aistríodh na cearta agus oibleagáidí sin i dtaca le nós imeachta custaim dó;

(36) ciallaíonn "bearta beartais tráchtála" bearta neamhtharaife a bhunaítear, mar chuid den chomhbheartas tráchtála, i bhfoirm forálacha de chuid an Aontais lena rialaítear an trádáil idirnáisiúnta in earraí;

(37) ciallaíonn "oibríochtaí próiseála" aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) earraí a oibriú, lena n-áirítear earraí a thógáil nó a chóimeáil nó a fheistiú le hearraí eile;

(b) earraí a phróiseáil;

(c) earraí a dhíothú;

(d) earraí a dheisiú, lena n-áirítear earraí a athchóiriú agus ord a chur orthu;

(e) úsáid earraí nach bhfuil le fáil sna táirgí próiseáilte, ach a cheadaíonn nó a éascaíonn táirgeadh na dtáirgí sin fiú má ídítear go hiomlán nó go páirteach iad le linn na próiseála (gabhálais táirgthe);

(38) ciallaíonn "ráta toraidh" méid nó céatadán na dtáirgí próiseáilte a fhaightear de bharr phróiseáil a déanamh ar mhéid áirithe earraí a chuirtear faoi nós imeachta próiseála;

(39) ciallaíonn "cinneadh" aon ghníomh na n-údarás custaim a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a thugann breith ar chás ar leith, agus nuair a bheidh éifeachtaí dlíthiúla ar an duine nó ar na daoine lena mbaineann;

(40) ciallaíonn "iompróir";

(a) i gcomhthéacs iontrála, an duine a thabharfaidh na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, nó a ghlacfaidh freagracht as na hearraí a iompar isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Mar sin féin,

(i) i gcás iompair chomhcheangailte, ciallaíonn 'iompróir' an duine a oibreoidh an modh iompair, a ghluaiseann, agus é tugtha isteach i gcríoch chustaim an Aontais, mar mhodh gníomhach iompair é féin;

(ii) i gcás tráchta muirí nó aertráchta faoi shocrú roinnte soitheach nó faoi shocrú conraitheoireachta soitheach, ciallaíonn 'iompróir' an duine a thugann conradh chun críche agus a eisíonn bille luchta nó bille iompair aeir d'iompar iarbhír na n-earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais;

(b) i gcomhthéacs imeachta, an duine a thabharfaidh na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais, nó a ghlacfaidh freagracht as na hearraí a iompar amach as críoch chustaim an Aontais; Mar sin féin:

(i) i gcás iompair chomhcheangailte, nuair nach bhfuil an modh gníomhach iompair a fhágann críoch chustaim an Aontais ach ag iompar modh eile iompair, a ghluaisfidh é féin mar mhodh gníomhach iompair nuair a bhaineann an modh gníomhach iompair a cheann scríbe amach, ciallaíonn "iompróir" an duine a oibríonn an modh iompair, tar éis dó críoch chustaim an Aontais a fhágáil agus a cheann scríbe a bhaint amach;

(ii) i gcás tráchta muirí nó aertráchta faoi shocrú roinnte soitheach nó faoi shocrú conraitheoireachta soitheach, ciallaíonn "iompróir" an té a thugann conradh chun críche, agus a eisíonn bille luchta nó bille iompair aeir d'iompar iarbhír na n-earraí amach as críoch chustaim an Aontais;

(41) ciallaíonn "coimisiún ceannaigh" táille a d'íoc an t-allmhaireoir le gníomhaí as ionadaíocht a dhéanamh air nó uirthi agus earraí atá á luacháil á gceannach.

*CAIBIDIL 2*

***Cearta agus oibleagáidí daoine i dtaca leis an reachtaíocht chustaim***

Roinn 1

**Faisnéis a chur ar fáil**

*Airteagal 6*

**Bealaí le faisnéis agus comhcheanglais maidir le sonraí a mhalartú agus a stóráil**

1. Is trí úsáid a bhaint as teicnící leictreonacha próiseála sonraí a dhéanfar na malartuithe go léir ar fhaisnéis amhail dearbhuithe, iarratais nó cinntí idir údaráis chustaim agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, agus an stóráil a éilítear i dtaca le faisnéis den sórt sin faoin reachtaíocht chustaim.

2. Dréachtófar comhcheanglais maidir le sonraí leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a mhalartú agus a stóráil.

3. Bealaí le faisnéis a mhalartú agus a stóráil, seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) ar bhonn buan i gcás ina mbeidh bonn cirt leo de bharr chineál an tráchta nó i gcás nach iomchuí úsáid a bhaint as teicnící próiseála sonraí leictreonacha i gcomhar na bhfoirmiúlachtaí custaim lena mbaineann;

(b) ar bhonn sealadach, i gcás ina gclisfeadh córais ríomhairithe na n-údarás custaim nó na n-oibreoirí eacnamaíocha go sealadach;

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an Coimisiún cinntí a ghlacadh i gcásanna eisceachtúla lena gceadaítear do Bhallstát amháin nó do roinnt Ballstát, Bealaí le faisnéis a mhalartú agus a stóráil seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha.

Tabharfar bonn cirt do chinneadh den sórt sin ar mhaolú le cás sonrach an Bhallstáit a bhfuil sé á iarraidh aige agus deonófar an maolú ar feadh tréimhse sonrach ama. Déanfar an maolú a athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil agus féadfar é a fhadú ar feadh níos mó tréimhsí ama sonracha tar éis iarratais eile a fháil ón mBallstát chuig a ndíreofar é. Déanfar an maolú a chúlghairm nuair nach mbeidh bonn cirt leis a thuilleadh.

Ní dhéanfar dochar leis an maolú do mhalartú na faisnéise idir an Ballstát chuig a ndíreofar é agus Ballstáit eile ná do mhalartú agus stóráil faisnéise i mBallstáit eile chun an reachtaíocht custaim a fheidhmiú.

*Airteagal 7*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) na comhcheanglais maidir le sonraí dá dtagraítear in Airteagal 6(2), agus an gá atá ann na foirmiúlachtaí custaim a leagtar síos sa reachtaíocht custaim agus cineál agus cuspóir mhalartú agus stóráil na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 6(1) á chur san áireamh.

(b) na cásanna sonracha ina bhféadfaí na modhanna malartaithe agus stórála faisnéise seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáid i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 6(3);

(c) cineál na faisnéise agus na mionsonraí atá le bheith sna taifid dá dtagraítear in Airteagal 148(4) agus Airteagal 214(1).

*Airteagal 8*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

1. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a shonrú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) i gcás inar gá, formáid agus cód na gcomhcheanglas maidir le sonraí dá dtagraítear in Airteagal 6(2);

(b) na rialacha nós imeachta maidir le faisnéis a mhalartú agus a stóráil ar féidir iad a dhéanamh ar bhealaí seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 6(3).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

2. Glacfaidh an Coimisiún na cinntí maidir le maoluithe, dá dtagraítear in Airteagal 6(4), trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 285(2).

*Airteagal 9*

**Clárú**

1. Cláróidh oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina bhfuil siad bunaithe.

2. I gcásanna sonracha, cláróidh oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina ndéanfaidh siad an dearbhú a thaisceadh nó ina n-iarraidh siad cinneadh den chéad uair.

3. Ní bheidh sé de cheangal ar dhaoine, nach oibreoirí eacnamaíocha iad, clárú leis na húdaráis chustaim mura bhforáiltear lena mhalairt.

Sa chás ina bhfuil sé de cheangale ar dhaoine dá dtagraítear sa chéad fhomhír clárú, beidh feidhm ag na nithe a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh siad bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, cláróidh siad leis na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit ina bhfuil siad bunaithe;

(b) i gcás nach mbeidh siad bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais, cláróidh siad leis na húdaráis chustaim atá freagrach atá freagrach as an áit ina ndéanfaidh siad dearbhú a thaisceadh nó ina n-iarraidh siad cinneadh den chéad uair;

4. I gcásanna sonracha, cuirfidh na húdaráis chustaim an clárú ó bhail.

*Airteagal 10*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 9(2), i gcás ina bhfuil sé de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais clárú;

(b) na cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 9(3), i gcás ina bhfuil sé de cheangal ar dhaoine seachas oibreoirí eacnamaíocha clárú leis na húdaráis chustaim;

(c) na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 9(4) ina gcuirfidh na húdaráis chustaim clárú ó bhail.

*Airteagal 11*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an t-údarás custaim atá freagrach as an gclárú dá dtagraítear in Airteagal 9.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*Airteagal 12*

**Faisnéis a chur in iúl agus cosaint sonraí**

1. Gach faisnéis atá faoi rún óna chineál nó a chuirtear ar fáil ar bhonn rúnda nó a fhaigheann na húdaráis chustaim agus a ndualgas á chomhlíonadh acu, beidh sí faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla. Ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagal 47(2) agus sa dara fomhír den mhír seo, ní nochtfaidh na húdaráis inniúla faisnéis den sórt sin gan chead sainráite an duine nó an údaráis a chuir ar fáil í.

Féadfar faisnéis den sórt sin a nochtadh, áfach, gan chead i gcás ina mbeidh na húdaráis chustaim faoi oibleagáid déanamh amhlaidh, nó ina n-údarófar dóibh déanamh amhlaidh de bhun na bhforálacha atá i bhfeidhm, go háirithe i dtaca le cosaint sonraí nó i dtaca le himeachtaí dlí.

2. Féadfar faisnéis rúnda dá dtagraítear i mír 1 a chur in iúl do na húdaráis chustaim agus d'údaráis inniúla eile na dtíortha nó na gcríoch atá lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais ar mhaithe le comhair custaim leis na tíortha nó leis na críocha sin faoi chuimsiú comhaontaithe idirnáisiúnta nó reachtaíochta Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála.

3. Má dhéantar faisnéis a nochtadh nó a chur in iúl amhail dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, áiritheofar leis go mbeidh leibhéal cuí cosanta sonraí agus ina ndéanfar na forálacha cosanta sonraí a bheidh i bhfeidhm a chomhlíonadh go hiomlán.

*Airteagal 13*

**Malartú faisnéise breise idir údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha**

1. Féadfaidh údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha aon fhaisnéis nach n-éileofar go sonrach faoin reachtaíocht chustaim a mhalartú, go háirithe chun críche comhair fhrithpháirtigh i dtaca le riosca a aithint agus le gníomhú ina aghaidh. Féadfaidh an malartú sin tarlú faoi chomhaontú i scríbhinn agus féadfar a áireamh ann rochtain ag na húdaráis chustaim ar chórais ríomhaire oibreoirí eacnamaíocha.

2. Aon fhaisnéis a chuirfidh comhpháirtí amháin ar fáil don chomhpháirtí eile le linn an chomhair dá dtagraítear i mír 1, beidh sí faoi rún ach amháin má chomhaontaíonn an dá pháirtí a mhalairt.

*Airteagal 14*

**Faisnéis á cur ar fáil ag na húdaráis chustaim**

1. Féadfaidh duine ar bith faisnéis a iarraidh ar na húdaráis chustaim maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim. Féadfar iarraidh den sórt sin a dhiúltú i gcás nach mbainfidh sí le gníomhaíocht a bheartófar iarbhír i leith trádála idirnáisiúnta in earraí.

2. Coimeádfaidh údaráis chustaim agallamh go tráthrialta le hoibreoirí eacnamaíocha agus le húdaráis eile a bheidh bainteach leis an trádáil idirnáisiúnta in earraí. Cuirfidh siad an trédhearcacht chun cinn tríd féachaint chuige go mbeidh an reachtaíocht chustaim, rialuithe ginearálta riaracháin agus foirmeacha iarratais ar fáil gan bhac, saor in aisce i gcás inar féidir, agus tríd an Idirlíon.

*Airteagal 15*

**Faisnéis a chur ar fáil do na húdaráis chustaim**

1. Duine ar bith a ghabhann go díreach nó go hindíreach d'fhoirmiúlachtaí custaim nó rialuithe custaim a thabhairt chun críche, déanfaidh sé, ar iarratas ó na húdaráis chustaim agus laistigh d'aon teorainn ama a shonrófar, na doiciméid agus an fhaisnéis uile a éileofar a chur ar fáil do na húdaráis, i bhfoirm iomchuí, mar aon leis an gcúnamh uile is gá chun na foirmiúlachtaí nó na rialuithe sin a chur i gcrích.

2. Má thaisceann duine dearbhú custaim, dearbhú le haghaidh stórála sealadaí, dearbhú iontrála achomair, dearbhú imeachta achomair, dearbhú ath-onnmhairithe nó fógra ath-onnmhairithe, ó dhuine chuig na húdaráis chustaim, nó má chuireann duine iarratas isteach ar údarú nó ar aon chinneadh eile, beidh an duine lena mbaineann freagrach as na nithe uile a leanas:

(a) cruinneas agus comhláine na faisnéise atá curtha ar fáil sa dearbhú, san fhógra nó san iarratas;

(b) barántúlacht, cruinneas agus bailíocht aon doiciméad tacaíochta a ghabhann leis an dearbhú, leis an bhfógra nó leis an iarratas;

(c) i gcás inarb infheidhme, comhlíonadh na n-oibleagáidí uile a bhaineann leis na hearraí a bheidh i gceist a chur faoin nós imeachta custaim lena mbaineann nó le seoladh na n-oibríochtaí údaraithe.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le haon fhaisnéis a chur ar fáil in aon fhoirm eile a éileoidh na húdaráis chustaim nó a thabharfar dóibh.

I gcás ina ndéanfaidh ionadaí custaim an duine lena mbaineann, amhail dá dtagraítear in Airteagal 18, an dearbhú nó an fógra a thaisceadh, an t-iarratas a chur isteach nó faisnéis a chur ar fáil, beidh an t-ionadaí custaim sin faoi cheangal na n-oibleagáidí a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo freisin.

*Airteagal 16*

**Córais leictreonacha**

1. Beidh na Ballstáit ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún chun córais leictreonacha a fhorbairt, a chothabháil agus a úsáid chun faisnéis a mhalartú idir údaráis chustaim agus leis an gCoimisiún agus chun faisnéis den sórt sin a stóráil, i gcomhréir leis an gCód.

2. Ní bheidh ceanglas ar Bhallstáit ar a deonaíodh maolú i gcomhréir le hAirteagal 6(4) na córais leictreonacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a fhorbairt, a chothabháil ná a úsáid faoi raon feidhme an mhaolaithe sin.

*Airteagal 17*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún na socruithe teicniúla maidir le forbairt, cothabháil agus úsáid na gcóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 16(1), trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

## Roinn 2

## Ionadaíocht chustaim

*Airteagal 18*

**Ionadaíocht chustaim**

1. Féadfaidh duine ar bith ionadaí custaim a ainmniú.

Féadfaidh ionadaíocht den sórt sin a bheith díreach, agus sa chás sin feidhmeoidh an t-ionadaí in ainm agus thar ceann duine eile, nó féadfaidh sí a bheith indíreach agus sa chás sin feidhmeoidh an t-ionadaí custaim ina ainm nó ina hainm féin ach thar ceann duine eile.

2. Beidh ionadaí custaim bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais.

Seachas má fhoráiltear a mhalairt, féadfar an ceanglas sin a tharscaoileadh nuair a ghníomhaíonn an t-ionadaí custaim thar ceann daoine nach bhfuil sé de cheangal orthu bheith bunaithe ar chríoch chustaim an Aontais.

3. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le dlí an Aontais, na coinníollacha a chinneadh faoinar féidir le hionadaí custaim seirbhísí a sholáthar sa Bhallstát ina bhfuil sé nó sí bunaithe. Gan dochar do chur i bhfeidhm critéar nach bhfuil chomh dian sin ag an mBallstát lena mbaineann, áfach, beidh ionadaí custaim a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i bpointe (a) go pointe (d) d'Airteagal 39 i dteideal na seirbhísí sin a sholáthar i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil sé nó sí bunaithe.

4. Féadfaidh na Ballstáit na coinníollacha a cinneadh i gcomhréir leis an gcéad abairt de mhír 3 a chur i bhfeidhm maidir le hionadaithe custaim nach bhfuil bunaithe ar chríoch chustaim an Aontais.

*Airteagal 19*

**Cumhachtú**

1. Agus é ag plé leis na húdaráis chustaim, sonróidh an t-ionadaí go bhfuil sé nó sí ag gníomhú thar ceann an duine a bhfuil sé ag déanamh ionadaíochta air agus sonróidh sé cé acu an bhfuil an ionadaíocht díreach nó indíreach.

Daoine a mhainneoidh a shonrú go bhfuil siad ag gníomhú mar ionadaí custaim nó a shonróidh go bhfuil siad ag gníomhú mar ionadaí custaim gan a bheith cumhachtaithe déanamh amhlaidh, measfar go bhfuil siad ag gníomhú ina n-ainm féin agus thar a gceann féin.

2. Féadfaidh na húdaráis chustaim a chur de cheangal ar daoine a dhearbhóidh go bhfuil siad ag gníomhú mar ionadaí custaim fianaise a sholáthar faoina gcumhachtú ón duine a bhfuil sé ag déanamh ionadaíochta air.

I gcásanna sonracha, ní éileoidh údaráis chustaim go gcuirfí fianaise mar sin ar fáil.

3. Ní chuirfidh na húdaráis chustaim de cheangal ar dhuine ar bith a bheidh ag gníomhú mar ionadaí custaim a mbeidh gníomhartha agus foirmiúlachtaí á gcur i gcrích aige ar bhonn rialta, fianaise a sholáthar faoina chumhachtú ar gach ócáid, ar choinníoll go bhfuil duine den sórt sin in ann an fhianaise sin a sholáthar arna iarraidh sin do na húdaráis chustaim.

*Airteagal 20*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na cásanna nach bhfuil feidhm ag an tarscaoileadh dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 18(2):

(b) na cásanna nach n-éileoidh na húdaráis chustaim fianaise an chumhachtaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 19(2).

*Airteagal 21*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhithín gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le tabhairt agus cruthúnas na teidlíochta dá dtagraítear in Airteagal 18(3).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 3

**Cinntí a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm**

*Airteagal 22*

**Cinntí a dhéantar ar iarratas a fháil**

1. I gcás dá ndéanfaidh duine iarratas ar chinneadh a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm, cuirfidh an duine sin an fhaisnéis uile a theastóidh uathu chun go bhféadfaidís an cinneadh sin a dhéanamh ar fáil do na húdaráis chustaim inniúla.

Féadfaidh líon daoine iarratas a dhéanamh ar chinneadh freisin, agus féadfar cinneadh a dhéanamh i ndáil le líon daoine, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim.

Seachas cásanna dá bhforáiltear ar bhealach eile, is éard a bheidh san údarás custaim inniúil údarás custaim na háite ina bhfuil príomhchuntais an iarratasóra á gcoinneáil nó ar fáil chun críocha custaim, agus ina gcuirfear i gcrích cuid de na gníomhaíochtaí a chumhdóidh an cinneadh, ar a laghad.

2. Fíoróidh na húdaráis chustaim, gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh de 30 lá ón dáta a gheofar an t-iarratas ar chinneadh, cibé an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le glacadh an iarratais sin.

I gcás ina suíonn na húdaráis chustaim go bhfuil an fhaisnéis uile atá riachtanach chun go ndéanfaidh siad an cinneadh san iarratas, féadfaidh siad cur in iúl don iarratasóir gur glacadh leis an iarratas laistigh den tréimhse a sonraíodh sa chéad fhomhír.

3. Déanfaidh na húdaráis chustaim inniúla cinneadh amhail dá dtagraítear i mír 1, agus cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas, gan mhoill, agus ar a laghad laistigh de 120 lá ón dáta a nglactar an t-iarratas, mura bhforáiltear a mhalairt.

I gcás nach mbeidh na húdaráis chustaim in ann cloí leis an teorainn ama le haghaidh cinneadh a dhéanamh, cuirfidh siad an méid sin in iúl don iarratasóir sula rachaidh an teorainn ama sin in éag, ag sonrú na bhfáthanna agus an tréimhse bhreise a mheasfaidh siad a bheith riachtanach chun cinneadh a dhéanamh. Mura bhforáiltear a mhalairt, ní bheidh an tréimhse bhreise sin níos faide ná 30 lá.

Gan dochar don dara fomhír, féadfaidh na húdaráis chustaim an teorainn ama a fhadú le haghaidh cinneadh a ghlacadh, mar a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim, i gcás ina n-iarrann an t-iarratasóir síneadh chun coigeartuithe a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha agus na critéir. Cuirfear na coigeartuithe sin agus an tréimhse ama a bheidh riachtanach lena gcomhlíonadh in iúl do na húdaráis chustaim, a dhéanfaidh cinneadh maidir leis an síneadh.

4. Seachas i gcás ina sonrófar a mhalairt sa chinneadh nó sa reachtaíocht chustaim, beidh éifeacht leis an gcinneadh ón dáta a bhfaighidh an t-iarratasóir é nó ón dáta a measfar go bhfuair sé é. Ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 45(2), beidh cinntí a ghlacfar infhorfheidhmithe ag na húdaráis chustaim ón dáta sin.

5. Seachas má fhoráiltear a mhalairt sa reachtaíocht chustaim, beidh an cinneadh bailí gan teorainn ama.

6. Sula ndéanfar cinneadh a dhéanfadh dochar don iarratasóir, cuirfidh na húdaráis chustaim in iúl don iarratasóir na forais ar a mbeidh sé beartaithe acu a gcinneadh a bhunú, agus beidh deis ag an iarratasóir sin a thuairim nó a tuairim a chur in iúl, laistigh de thréimhse fhorordaithe ón dáta a fuair sé nó sí an teachtaireacht sin nó a mheastar go bhfuair sé nó sí é. Nuair a bheidh an tréimhse sin caite, cuirfear an cinneadh in iúl, san fhoirm iomchuí, don iarratasóir.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le haon cheann de na cásanna a leanas:

(a) nuair a bheidh baint aici le cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 33(1);

(b) má dhiúltaítear leas cuóta taraife nuair a bhaintear an méid sonraithe cuóta taraife amach amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 56(4).

(c) má éilítear é mar thoradh ar chineál nó leibhéal na bagartha do shlándáil agus do shábháilteacht an Aontais agus a chuid cónaitheoirí, do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí, don chomhshaol nó do thomhaltóirí;

(d) má tá sé d'aidhm ag an gcinneadh a áirithiú go gcuirtear fomhír eile chun feidhme ar cuireadh an chéad fhomhír i bhfeidhm ina leith, gan dochar do dhlí an Bhallstáit lena mbaineann;

(e) i gcás ina ndéanfaí dochar leis d'imscrúduithe a tionscnófar chun críche calaois a chomhrac;

(f) i gcásanna sonracha eile.

7. I gcás cinnidh a dhéanfadh dochar don iarratasóir beidh na forais ar a bhfuil sé bunaithe leagtha amach ann agus déanfar tagairt don cheart achomhairc dá bhforáiltear in Airteagal 44.

*Airteagal 23*

**Bainistiú na gcinntí a dhéantar ar iarratas a fháil**

1. Comhlíonfaidh sealbhóir an chinnidh na hoibleagáidí a bheidh mar thoradh ar an gcinneadh.

2. Tabharfaidh sealbhóir an chinnidh fógra do na húdaráis chustaim gan mhoill faoi aon tosca a thiocfaidh chun cinn i ndiaidh an cinneadh a dhéanamh agus a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar leanúint leis an gcinneadh nó ar inneachar an chinnidh.

3. Gan dochar d'fhorálacha a leagtar síos i réimsí eile agus lena sonrófar na cásanna ina mbeidh cinntí neamhbhailí nó ina dtiocfaidh siad chun bheith ar neamhní, féadfaidh na húdaráis chustaim a rinne cinneadh é a neamhniú, a leasú nó a chúlghairm tráth ar bith i gcás nach gcomhlíonfaidh sé an reachtaíocht chustaim.

4. I gcásanna sonracha déanfaidh na húdaráis chustaim an méid seo a leanas:

(a) athmheasúnú ar chinneadh;

(b) cinneadh nach bhfuil le neamhniú, le cúlghairm ná le leasú a chur ar fionraí.

5. Déanfaidh na húdaráis chustaim faireachán ar na coinníollacha agus ar na critéir a bheidh le comhlíonadh ag sealbhóir cinnidh. Déanfaidh siad faireachán freisin ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a thagann ón gcinneadh sin. I gcás ina bhfuil sealbhóir an chinnidh bunaithe ar feadh tréimhse níos lú ná trí bliana, déanfaidh na húdaráis chustaim dlúthfhaireachán air le linn na chéad bliana tar éis an chinneadh a dhéanamh.

*Airteagal 24*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, lena gcinnfear:

(a) na heisceachtaí ón tríú fomhír d'Airteagal 22(1);

(b) na coinníollacha maidir le glacadh le hiarratas dá dtagraítear in Airteagal 22(2);

(c) an teorainn ama le haghaidh cinneadh sonrach a ghlacadh, lena n-áirítear an fhéidearthacht an teorainn ama sin a fhadú, i gcomhréir le hAirteagal 22(3);

(d) na cásanna, dá dtagraítear in Airteagal 22(4), ina mbíonn éifeacht ag an gcinneadh ó dháta éagsúil ón dáta ar a bhfaigheann an t-iarratasóir é nó ar a meastar go bhfuair an t-iarratasóir é;

(e) na cásanna, dá dtagraítear in Airteagal 22(5) nach mbíonn an cinneadh bailí gan teorainn ama;

(f) fad na tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 22(6);

(g) na cásanna sonracha dá dtagraítear i bpointe (f) den dara fomhír d'Airteagal 22(6) nuair nach dtabharfar deis don iarratasóir a dhearcadh nó a dearcadh a chur in iúl;

(h) na cásanna agus na rialacha maidir le cinntí a athmheasúnú agus a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 23(4);

*Airteagal 25*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an méid seo a leanas:

(a) iarratas ar chinneadh a chur isteach agus a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 22(1) agus (2);

(b) cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 22 a ghlacadh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, dul i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann;

(c) faireachán a dhéanamh ar chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 23(5).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*Airteagal 26*

**Bailíocht cinntí ar fud an Aontais**

Seachas i gcás ina mbeidh éifeacht cinnidh teoranta do Bhallstát amháin nó níos mó, cinntí a bhainfidh le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim, beidh siad bailí ar fud chríoch chustaim an Aontais.

*Airteagal 27*

**Neamhniú cinntí fabhracha**

1. Déanfaidh na húdaráis chustaim cinneadh atá fabhrach do shealbhóir an chinnidh a neamhniú má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) rinneadh an cinneadh ar bhonn faisnéise a bhí mícheart nó neamhiomlán;

(b) b'eol do shealbhóir an chinnidh nó ba cheart le réasún gurbh eol dó go raibh an fhaisnéis mícheart nó neamhiomlán;

(c) dá mba rud é go raibh an fhaisnéis ceart nó iomlán, bheadh an cinneadh éagsúil.

2. Tabharfar fógra do shealbhóir an chinnidh go ndearnadh an cinneadh a neamhniú.

3. Beidh éifeacht ag an neamhniú ón dáta ar tháinig an cinneadh tosaigh i bhfeidhm, mura sonrófar a mhalairt sa chinneadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim.

*Airteagal 28*

**Cinntí fabhracha a chúlghairm agus a leasú**

1. Déanfar cinneadh fabhrach a chúlghairm nó a leasú i gcásanna, seachas na cásanna sin dá dtagraítear in Airteagal 27:

(a) nach gcomhlíontar a thuilleadh ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na coinníollacha a bhaineann leis an gcinneadh sin a dhéanamh; nó

(b) arna iarraidh sin do shealbhóir an chinnidh.

2. Seachas i gcás ina bhforálfar a mhalairt, ní fhéadfar cinneadh a dhíreofar chuig líon daoine a chúlghairm ach amháin i leith duine a mhainneoidh oibleagáid a fhorchuirtear faoin gcinneadh sin a chomhlíonadh.

3. Cuirfear in iúl do shealbhóir an chinnidh go bhfuil sé cúlghairthe nó leasaithe.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 22(4) maidir le cúlghairm nó le leasú an chinnidh.

I gcásanna eisceachtúla, áfach, inar gá sin ar mhaithe le leasanna dlisteanacha shealbhóir an chinnidh, féadfaidh na húdaráis chustaim an dáta a dtiocfaidh an chúlghairm nó an leasú i bhfeidhm a chur siar ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin. Léireofar an dáta sin sa chinneadh maidir le cúlghairm nó leasú.

*Airteagal 29*

**Cinntí a dhéanamh gan údarás roimh ré**

Seachas i gcás ina ngníomhóidh údarás custaim mar údarás breithiúnach, beidh feidhm freisin ag Airteagal 22(4), (5), (6) agus (7), Airteagal 23(3) agus Airteagal 26, Airteagal 27 agus Airteagal 28 maidir le cinntí a dhéanfaidh na húdaráis chustaim gan iarratas roimh ré ón duine lena mbaineann.

*Airteagal 30*

**Teorainneacha is infheidhme maidir le cinntí i ndáil le hearraí a chuirtear faoi nós imeachta custaim nó i stóráil shealadach**

Ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh an duine lena mbaineann é, ní dhéanfaidh cúlghairm, leasú ná fionraí cinnidh fhabhraigh difear d'earraí ar earraí iad, tráth a dtiocfaidh an cúlghairm, an leasú nó an fionraí i bhfeidhm, atá curtha faoi nós imeachta custaim cheana agus atá faoin nós imeachta sin i gcónaí nó i stóráil shealadach de bhua an chinnidh arna chúlghairm, arna leasú nó arna chur ar fionraí.

*Airteagal 31*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na cásanna, dá dtagraítear in Airteagal 28(2), nuair a fhéadfar cinneadh fabhrach a dhíreofar chuig líon daoine a chúlghairm freisin i leith daoine seachas an duine a mhainníonn oibleagáid a fhorchuirtear faoin gcinneadh sin chomhlíonadh;

(b) na cásanna eisceachtúla ina bhféadfaidh na húdaráis chustaim an dáta a dtiocfaidh an chúlghairm nó an leasú i bhfeidhm a chur siar i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 28(4).

*Airteagal 32*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta chun cinntí fabhracha a neamhniú, a chúlghairm nó a leasú.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*Airteagal 33*

**Cinntí maidir le faisnéis cheangailteach**

1. Ar iarratas a dhéanamh chucu, déanfaidh na húdaráis chustaim, cinntí a bhaineann le faisnéis taraife cheangailteach, (cinntí FTC), nó cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh, (cinntí FCT).

Ní ghlacfar le hiarratas den sórt sin i gceann ar bith de na cúinsí seo a leanas:

(a) i gcás ina ndéanfaidh sealbhóir cinnidh maidir leis na hearraí céanna an t-iarratas, nó i gcás ina mbeidh an t-iarratas déanta cheana féin aige, ag an oifig custaim chéanna nó ag oifig custaim eile, i gcás ina ndearnadh, nó ina ndéanfar an t-iarratas sin thar a cheann agus, i gcás cinntí FCT, faoi na cúinsí céanna inar cinneadh an éadáil tionscnaimh;

(b) i gcás nach mbainfidh an t-iarratas le haon úsáid a bheartófar a bhaint as an gcinneadh FTC ná as an gcinneadh FCT ná le haon úsáid a bheartófar a bhaint as nós imeachta custaim.

2. Ní bheidh cinntí FTC nó cinntí FCT ceangailteach ach amháin i dtaca le rangú taraife nó le cinneadh tionscnaimh earraí:

(a) ar údaráis chustaim, i leith shealbhóir an chinnidh, ach amháin i dtaca le hearraí a dtabharfar na foirmiúlachtaí custaim ina leith chun críche i ndiaidh an dáta a dtiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm;

(b) ar shealbhóir an chinnidh, i leith na n-údarás custaim, ach amháin le héifeacht ón dáta a bhfaighidh sé nó sí fógra faoin gcinneadh nó an dáta a measfar an fógra sin a bheith faighte aige.

3. Beidh cinntí FTC nó cinntí FCT bailí ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta a dtiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm.

4. D'fhonn cinneadh FTC nó cinneadh FCT a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs nós imeachta custaim faoi leith, beidh an chinnidh in ann a chruthú:

(a) i gcás chinneadh FTC, go mbeidh na hearraí a dhearbhófar ag freagairt ar gach uile bhealach do na hearraí a mbeidh cur síos orthu sa chinneadh;

(b) i gcás chinneadh FCT, go mbeidh na hearraí lena mbaineann agus na himthosca ina gcinnfear an éadáil tionscnaimh ag freagairt ar gach uile bhealach do na hearraí agus do na himthosca a mbeidh cur síos orthu sa chinneadh.

*Airteagal 34*

**Bainistiú cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach**

1. Ní bheidh cinneadh FTC bailí a thuilleadh roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 33(3) i gcás nach mbeidh sé i gcomhréir leis an dlí níos mó, mar thoradh ar aon cheann den mhéid seo a leanas:

(a) leasú a ghlacadh ar na hainmníochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpoint (b) d'Airteagal 56(2);

(b) na bearta dá dtagraítear in Airteagal 57(4) a ghlacadh,

le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm an leasaithe sin nó na mbeart sin.

2. Scoirfidh cinneadh FCT de bheith bailí roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 33(3) in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina nglacfaidh an tAontas rialachán nó ina gcuirfidh sé comhaontú chun críche agus ina mbeidh siad infheidhme, san Aontas, agus nach gcomhlíonfaidh an cinneadh FCT an dlí a leagtar síos leis sin a thuilleadh, le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm an rialacháin nó an chomhaontaithe sin;

(b) i gcás nach mbeidh sé ag luí a thuilleadh leis an gComhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh a bhunaítear san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) nó leis na nótaí míniúcháin nó le tuairim tionscnaimh a ghlacfar chun an Comhaontú sin a léirmhíniú, le héifeacht ó dháta a bhfoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Ní scoirfidh cinneadh FTC nó cinneadh FCT de bheith bailí le héifeacht chúlghabhálach.

4. De mhaolú ar Airteagal 23(3) agus ar Airteagal 27, déanfar cinntí FTC agus cinntí FCT a neamhniú i gcás ina mbeidh siad bunaithe ar fhaisnéis mhíchruinn nó neamhiomlán ó na hiarratasóirí.

5. Cúlghairfear cinntí FTC agus cinntí FCT i gcomhréir le hAirteagal 23(3) agus le hAirteagal 28. Ní dhéanfar cinntí den sórt sin a chúlghairm, áfach, ar iarratas ó shealbhóir an chinnidh.

6. Ní fhéadfar cinntí FTC agus cinntí FCT a leasú.

7. Déanfaidh na húdaráis chustaim cinntí FTC a chúlghairm:

(a) i gcás nach mbeidh siad ag luí a thuilleadh le léiriú aon cheann de na hainmníochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 56(2) atá mar thoradh ar an méid a leanas:

(i) na nótaí míniúcháin dá dtagraítear sa dara fleasc de phointe (a) d'Airteagal 9(1) de Rialachán (CCE) Uimh 2658/87 an 23 Iúil 1987 ón gComhairle an 23 Iúil maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharaif Chustaim [1] le héifeacht ón dáta a bhfoilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

(ii) breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh, le héifeacht ón dáta a bhfoilseofar an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas seo in Irish Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

(iii) cinntí maidir le rangú, tuairimí nó leasuithe maidir le rangú ar na nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht na Tuairisce Comhchuibhithe Tráchtearra agus an Chórais um Chódú, a ghlac an Eagraíocht a bhunaigh an Coinbhinsiún lena mbunaítear Comhairle Comhair Custaim, arna ndéanamh sa Bhruiséil an 15 Nollaig 1950, le héifeacht ón dáta a foilsíodh an Teachtaireacht ón gCoimisiún i sraith 'C' in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*; nó

(b) i gcásanna sonracha eile.

([1]) IO L 256, 27.9.1987, lch. 1.

8. Déanfar cinntí FCT a chúlghairm:

(a) i gcás nach mbeidh siad ag luí a thuilleadh le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh, le héifeacht ón dáta a bhfoilseofar an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas seo in *Irish Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;nó

(b) i gcásanna sonracha eile.

9. I gcás ina mbeidh feidhm ag pointe (b) de mhír 1 nó ag mír 2, mír 7 nó mír 8, féadfar cinneadh FTC nó cinneadh FCT a úsáid fós maidir le conarthaí ceangailteacha a bhí bunaithe ar an gcinneadh sin agus a tugadh i gcrích sula scoirfidh sé de bheith bailí nó sula ndéanfar é a chúlghairm. Ní bheidh feidhm ag an úsáid bhreisithe sin i gcás ina ndéantar cinneadh FCT d'earraí atá le honnmhairiú.

Ní bheidh an úsáid bhreisithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos faide ná sé mhí ón dáta a scoirfidh an cinneadh FTC nó an cinneadh FCT de bheith bailí nó a ndéanfar é a chúlghairm. Mar sin féin, d'fhéadfaí go n-eisiafaí an úsáid bhreisithe sin nó go leagfaí síos tréimhse níos giorra ama le beart dá dtagraítear in Airteagal 57(4) nó in Airteagal 67. I gcás na dtáirgí a gcuirtear deimhniú ar allmhairí nó deimhniú ar onnmhairí isteach ina leith nuair a dhéantar na foirmiúlachtaí custaim, beidh tréimhse bhailíochta an deimhnithe i bhfeidhm in ionad na tréimhse sé mhí.

Chun leas a bhaint as an úsáid bhreisithe a bhaintear as cinneadh FTC nó as cinneadh FCT, déanfaidh sealbhóir an chinnidh sin iarratas a thaisceadh leis an údarás custaim a rinne an cinneadh laistigh de 30 lá ón dáta a scoirfidh an cinneadh de bheith bailí nó a dhéanfar é a chúlghairm, agus na cainníochtaí a n-iarrtar tréimhse úsáide breisithe ina leith agus an Ballstát nó na Ballstáit ina ndéanfar na hearraí a réiteach faoin tréimhse úsáide breisithe á léiriú. Déanfaidh an t-údarás custaim sin cinneadh maidir leis an úsáid bhreisithe agus cuirfidh sé an sealbhóir ar an eolas faoi, gan mhoill, agus ar a dhéanaí laistigh de 30 lá ón dáta a bhfaighidh sé an fhaisnéis uile atá riachtanach chun go mbeidh sé in ann an cinneadh sin a dhéanamh.

10. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na húdaráis chustaim:

(a) nuair atá déanamh cinntí FTC agus FCT curtha ar fionraí, maidir le hearraí nach bhfuil rangú taraife ceart agus aonfhoirmeach ná cinneadh tionscaimh ceart agus aonfhoirmeach áirithithe ina leith; nó

(b) nuair atá an fhionraí dá dtagraítear i bpointe (a) arna aistarraingt.

11. Féadfaidh an Coimisiún cinntí a ghlacadh lena n-iarrfar ar na Ballstáit cinntí FTC nó FCT a chúlghairm chun rangú taraife ceart agus aonfhoirmeach nó cinneadh tionscnaimh ceart agus aonfhoirmeach a áirithiú i leith na n-earraí.

*Airteagal 35*

**Cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach ag féachaint do thosca eile**

I gcásanna sonracha, déanfaidh na húdaráis chustaim, ar iarratas, cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach ag féachaint do thosca eile dá dtagraítear i dTeideal II, ar an mbonn ar a gcuirtear dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí i bhfeidhm.

*Airteagal 36*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na cásanna sonracha dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 34(7) agus i bpointe (d) d'Airteagal 34(8), ina ndéantar cinntí FTC agus cinntí FCT a chúlghairm;

(b) na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 35, ina ndéantar cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach ag féachaint do thosca eile ar an mbonn ar a gcuirtear dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí i bhfeidhm.

*Airteagal 37*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an méid seo leanas:

(a) cinneadh FTC nó cinneadh FCT a úsáid agus é scortha de bheith bailí nó cúlghairthe i gcomhréir leis an dtríú fomhír d'Airteagal 34(9);

(b) fógra a thabhairt ag an gCoimisiún do na húdaráis chustaim i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 34(10);

(c) na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 35 a úsáid agus a chinneadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 36 nuair a scoirfidh siad de bheith bailí;

(d) cinntí a chur ar fionraí dá dtagraítear in Airteagal 35 agus a chinntear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 36 agus fógra a thabhairt do na húdaráis chustaim faoin bhfionraí nó faoi tharraingt siar an fhionraí.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhithín gníomhartha cur chun feidhme, na cinntí lena n-iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a chúlghairm:

(a) cinntí dá dtagraítear in Airteagal 34 (11)

(b) cinntí dá dtagraítear in Airteagal 35 agus a chinntear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 36.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 285(2).

I gcás ina mbeidh tuairim an choiste dá dtagraítear in Airteagal 285(1) le fáil trí nós imeachta scríofa, beidh feidhm ag Airteagal 285(6).

Roinn 4

**Oibreoir eacnamaíoch údaraithe**

*Airteagal 38*

**Feidhmiú agus údarú**

1. Oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe ar chríoch chustaim an Aontais agus a chomhlíonfaidh na critéir a leagtar amach in Airteagal 39 féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe.

Deonóidh na húdaráis chustaim an stádas sin, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis inniúla eile, más gá, agus beidh an stádas sin faoi réir faireacháin leanúnaigh.

2. Beidh na cineálacha údaruithe a leanas i gceist le stádas oibreora eacnamaíoch:

(a) údarú oibreora eacnamaíoch údaraithe i gcás simplithe custaim a chuirfidh ar chumas a sealbhóra tairbhe a bhaint as simplithe áirithe i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim; nó

(b) údarú oibreora eacnamaíoch údaraithe i gcás slándála agus sábháilteachta a dhlífidh éascuithe don sealbhóir a bhaineann le slándáil agus le sábháilteacht.

3. Féadfar an dá chineál údaraithe dá dtagraítear i mír 2 a shealbhú an tráth céanna.

4. Aithneoidh na húdaráis chustaim sna Ballstáit uile, faoi réir Airteagal 39, 40 agus 41, stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe.

5. Ar bhonn stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim a aithint, agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le cineál sonrach simplithe dá bhforáiltear sa reachtaíocht chustaim, údaróidh údaráis chustaim don oibreoir tairbhiú den simpliú sin. Ní dhéanfaidh na húdaráis chustaim ath-scrúdú ar na critéir sin a scrúdaíodh cheana nuair a deonaíodh an stádas oibreora eacnamaíoch údaraithe.

6. Bainfidh an t-oibreoir eacnamaíoch údaraithe dá dtagraítear i mír 2 tairbhe as cóireáil níos fabhraí ná mar a bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha eile i ndáil leis na rialuithe custaim de réir an chineáil údaraithe a dheonaítear, lena n-áirítear níos lú rialuithe fisiciúla, bunaithe ar dhoiciméid.

7. Deonóidh na húdaráis chustaim tairbhí a bheidh mar thoradh ar stádas an oibreora eacnamaíoch údaraithe ar dhaoine atá bunaithe i dtíortha nó i gcríocha atá lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, a chomhlíonann na hoibleagáidí a shainmhínítear le reachtaíocht ábhartha na dtíortha nó na gcríoch sin agus a chloíonn leis na hoibleagáidí sin, a mhéid agus a thugann an tAontas aitheantas do na coinníollacha agus do na hoibleagáidí sin mar a bheith coibhéiseach leis na cinn a fhorchuirtear ar na hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais. Bunófar deonú tairbhí mar sin ar phrionsabal na cómhalartacha mura gcinnfidh an tAontas a mhalairt, agus tacóidh comhaontú idirnáisiúnta nó reachtaíocht Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála leis an deonú sin.

*Airteagal 39*

**Stádas a dheonú**

Is iad seo a leanas na critéir chun stádas 'oibreora eacnamaíoch údaraithe' a dheonú:

(a) easpa sáruithe tromchúiseacha nó sáruithe a ndearnadh an athuair ar reachtaíocht chustaim agus ar rialacha cánachais, lena n-áirítear gan aon taifead a bheidh ann maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch an iarratasóra;

(b) ardleibhéal rialaithe ar a oibríochtaí nó a hoibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí á léiriú ag an iarratasóir, trí bhíthin córas sásúil chun bainistiú a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus ar thaifid iompair, más iomchuí, a cheadaíonn rialuithe iomchuí custaim;

(c) sócmhainneacht airgeadais, a measfar a bheith cruthaithe i gcás ina mbeidh seasamh maith airgeadais ag an iarratasóir, lena gcuirfear ar a chumas nó ar a cumas a ghealltanais nó a gealltanais a chomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréith an chineáil gníomhaíochta ghnó lena mbaineann;

(d) maidir leis an údarú dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(2), caighdeáin phraiticiúla inniúlachta nó cáilíochtaí gairmiúla a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar; agus

(e) maidir leis an údarú dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 34a(2), caighdeáin iomchuí slándála agus sábháilteachta, a measfar a bheith comhlíonta i gcás ina léireoidh an t-iarratasóir go bhfuil na bearta iomchuí á gcothabháil aige nó aici chun slándáil agus sábháilteacht an tslabhra soláthair idirnáisiúnta á áirithiú, lena n-áirítear i réimsí na sláine fisiciúla agus rialuithe rochtana, na bpróiseas lóistíochúil agus láimhseáil na gcineálacha sonracha earraí, pearsanra agus maidir lena chomhpháirtithe nó lena comhpháirtithe gnó a aithint.

*Airteagal 40*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 284, chun an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) na simplithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(2).

(b) na héascuithe dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 38(2).

(c) an láimhseáil níos fabhraí dá dtagraítear in Airteagal 38(6).

*Airteagal 41*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Glacfaidh an Coimisiún, de bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 39.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 5

**Pionóis**

*Airteagal 42*

**Cur i bhfeidhm pionós**

1. Déanfaidh gach Ballstát foráil do phionóis mar gheall ar mhainneachtain an reachtaíocht chustaim a chomhlíonadh. Beidh na pionóis sin éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach.

2. I gcás ina gcuirfear pionóis riaracháin i bhfeidhm, is i bhfoirm amháin díobh seo a leanas, inter alia, a bheidh siad, nó sa dá fhoirm:

(a) muirear airgid a ghearrfaidh na húdaráis chustaim, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, socraíocht a chuirfear i bhfeidhm in áit agus in ionad pionóis choiriúil;

(b) cúlghairm, fionraí nó leasú aon údaraithe a bheidh i seilbh an duine lena mbaineann.

3. Laistigh de 180 lá ó dháta chur i bhfeidhm an Airteagail seo, a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 288(2), tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha náisiúnta a bheidh i bhfeidhm mar a bheartaítear i mír 1 den Airteagal seo iad agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear do na forálacha sin.

Roinn 6

**Achomhairc**

*Airteagal 43*

**Cinntí arna nglacadh ag údarás breithiúnach**

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 44 ná ag Airteagal 45 maidir le hachomhairc a thaiscfear d'fhonn neamhniú, cúlghairm nó leasú cinnidh a bhainfidh le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim agus a dhéanfaidh údarás breithiúnach, nó údaráis chustaim, ag gníomhú dóibh mar údaráis bhreithiúnacha.

*Airteagal 44*

**Ceart achomhairc**

1. Beidh ceart achomhairc ag duine ar bith i gcoinne cinnidh ar bith a dhéanfaidh na húdaráis chustaim maidir le cur i bhfeidhm reachtaíochta custaim a bhaineann go díreach nó ar bhonn aonair leis nó léi.

Duine ar bith a bhfuil iarratas ar chinneadh curtha chuig na húdaráis chustaim aige agus nach mbeidh an cinneadh faoin iarratas sin faighte aige laistigh de na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 22(3), beidh sé i dteideal ceart achomhairc a fheidhmiú freisin.

2. Féadfar ceart achomhairc a fheidhmiú in dhá chéim ar a laghad:

(a) i dtús báire, os comhair an údaráis chustaim nó os comhair údaráis bhreithiúnaigh nó os comhair comhlachta eile a cheapfaidh na Ballstáit chun na críche sin;

(b) ina dhiaidh sin, os comhair comhlachta neamhspleách ar airde é ná sin, a fhéadfaidh a bheith ina údarás breithiúnach nó ina choibhéis de chomhlacht speisialaithe, de réir na bhforálacha a bheidh i bhfeidhm sna Ballstáit.

3. Déanfar an t-achomharc a thaisceadh sa Bhallstát ina ndearnadh an cinneadh nó ina ndearnadh iarratas air.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar dearbhú nó ceartú pras a dhéanamh, leis an nós imeachta achomhairc, ar chinntí arna ndéanamh ag na húdaráis chustaim.

*Airteagal 45*

**Fionraí ar chur chun feidhme**

1. Ní bheidh taisceadh achomhairc ina chúis le fionraí ar chur chun feidhme an chinnidh is ábhar díospóide.

2. Cuirfidh údaráis chustaim, áfach, cur chun feidhme cinnidh den sórt sin go hiomlán nó go páirteach ar fionraí i gcás ina mbeidh cúis mhaith acu le creidiúint nach bhfuil an cinneadh is ábhar díospóide ag luí leis an reachtaíocht chustaim nó go bhfuil an eagla ann go ndéanfar damáiste neamh-indeisithe don duine lena mbaineann.

3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 2, ina bhfuil sé d'éifeacht ag an gcinneadh is ábhar díospóide go mbeadh dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí iníoctha, beidh fionraí chur chun feidhme an chinnidh sin ag brath ar sholáthar ráthaíochta, mura suífear, ar bhonn meastacháin dhoiciméadaithe, gur dóigh do ráthaíocht den sórt sin a bheith ina cúis go mbeadh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta ag an bhféichiúnaí.

Roinn 7

**Rialú earraí**

*Airteagal 46*

**Bainistiú riosca agus rialuithe custaim**

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim aon rialú custaim a dhéanamh a mheasfaidh siad a bheith riachtanach.

D'fhéadfadh sé gurb éard a bheadh sna rialuithe custaim go háirithe, earraí a scrúdú, samplaí a thógáil, cruinneas agus iomláine na faisnéise a thugtar i ndearbhú nó i bhfógra agus sonraí marthana, barántúlacht, cruinneas agus bailíocht doiciméad a fhíorú, cuntais oibreoirí eacnamaíocha agus taifid eile a scrúdú, cigireacht a dhéanamh ar mheáin iompair, ar bhagáiste agus ar earraí eile a bheidh á iompar ag daoine nó orthu agus fiosrúcháin oifigiúla agus gníomhartha eile den sórt sin a dhéanamh.

2. Beidh rialuithe custaim, seachas seiceálacha amasacha, bunaithe go príomha ar anailís riosca ina mbainfear úsáid as teicnící próiseála sonraí leictreonacha arb é is cuspóir di an riosca a aithint agus meastóireacht a dhéanamh air agus na frithbhearta is gá a fhorbairt, ar bhonn critéar a forbraíodh ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais, agus i gcás ina mbeidh fáil orthu, ar an leibhéal idirnáisiúnta.

3. Déanfar rialuithe custaim le creat coitianta bainistithe riosca a bheidh bunaithe ar mhalartú faisnéise faoi riosca agus ar mhalartú na dtorthaí a bheidh ar anailís riosca idir riaracháin chustaim, agus lena mbunófar, critéir chomhchoiteanna riosca agus caighdeáin chomhchoiteanna, bearta rialaithe chomhchoiteanna agus limistéir thosaíochta rialaithe chomhchoiteanna.

Déanfar rialuithe bunaithe ar fhaisnéis agus ar chritéir den sórt sin a chur i gcrích gan dochar do rialuithe eile a chuirfear i gcrích i gcomhréir le mír 1 nó i gcomhréir le forálacha eile a bheidh i bhfeidhm.

4. Déanfaidh údaráis chustaim bainistithe riosca chun idirdhealú a dhéanamh idir na leibhéil riosca a bhaineann le hearraí atá faoi réir rialuithe custaim nó maoirseachta agus chun a chinneadh cibé acu a mbeidh na hearraí faoi réir rialuithe custaim sonracha nó nach mbeidh, agus más amhlaidh go mbeidh, cá háit.

Folaítear leis an mbainistiú riosca gníomhaíochtaí amhail bailiú sonraí agus faisnéise, anailís agus measúnú a dhéanamh ar riosca, gníomh a leagan síos agus a dhéanamh, agus faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar an bpróiseas agus ar thorthaí an phróisis sin, bunaithe ar fhoinsí agus ar straitéisí idirnáisiúnta, de chuid an Aontais agus náisiúnta;

5. Malartóidh údaráis chustaim faisnéis riosca agus torthaí anailíse riosca:

(a) nuair a mheasann údarás custaim go bhfuil na rioscaí suntasach agus go n-éilíonn siad rialú custaim agus go léireoidh torthaí an rialaithe gur tharla an teagmhas ba chúis leis na rioscaí, nó

(b) nuair nach léirítear le torthaí an rialaithe gur tharla an teagmhas ba chúis leis na rioscaí, ach measann an t-údarás custaim lena mbaineann go mbaineann ardriosca leis an mbagairt áit eile san Aontas.

6. Chun na critéir agus caighdeáin choiteanna riosca, na bearta rialaithe agus na réimsí rialaithe tosaíochta amhail dá dtagraítear i mír 3 a bhunú, cuirfear an méid uile seo a leanas san áireamh:

(a) comhréireacht leis an riosca;

(b) práinne an ghá leis na rialuithe a chur i bhfeidhm;

(c) tionchar ionchasach ar shreabhadh trádála, ar Bhallstáit aonair agus ar acmhainní rialaithe.

7. Leis na critéir choiteanna riosca agus caighdeáin choiteanna dá dtagraítear i mír 3 áireofar an méid uile seo a leanas:

(a) tuairisc ar na rioscaí;

(b) na tosca nó na táscairí riosca a úsáidfear chun earraí nó oibreoirí eacnamaíocha a roghnú i gcomhair rialaithe custaim;

(c) an cineál rialuithe custaim atá le cur i gcrích ag na húdaráis chustaim;

(d) fad chur i bhfeidhm na rialuithe custaim dá dtagraítear i bpointe (c).

8. Cumhdóidh réimsí rialaithe tosaíochta nósanna imeachta custaim ar leith, cineálacha earraí, bealaí tráchta, modhanna iompair nó oibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir leibhéil mhéadaithe anailíse riosca agus rialuithe custaim le linn tréimhse áirithe, gan dochar do rialuithe eile a dhéanann na húdaráis chustaim de ghnáth.

*Airteagal 47*

**Comhar idir údaráis**

1. I gcás ina mbeidh rialuithe seachas rialuithe custaim le feidhmiú, i dtaca leis na hearraí céanna, ag údaráis inniúla seachas na húdaráis chustaim, déanfaidh údaráis chustaim a ndícheall, i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile sin, lena áirithiú go bhfeidhmeofar na rialuithe sin, a mhéid is féidir, an tráth céanna agus san áit chéanna le rialuithe custaim (ionad uileghnó), agus beidh an ról comhordaithe ag údaráis chustaim chun é sin a bhaint amach.

2. Faoi chuimsiú na rialuithe dá dtagraítear sa Roinn seo, maidir le sonraí a gheofar i gcomhthéacs teacht isteach, imeacht amach, idirthuras, gluaiseacht, stóráil agus úsáid deiridh earraí a ghluaisfear idir críoch chustaim an Aontais agus tíortha nó críocha lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, agus i gcomhthéacs láithreacht agus ghluaiseacht earraí nach earraí de chuid an Aontais iad agus earraí a chuirtear faoin nós imeachta um úsáid deiridh, lena n-áirítear trácht poist, laistigh den chríoch chustaim an Aontais, agus maidir le torthaí aon rialaithe, féadfaidh údaráis chustaim agus údaráis inniúla eile, i gcás inar gá sin chun críocha riosca a íoslaghdú agus calaois a chomhrac, na sonraí agus na torthaí sin a mhalartú eatarthu féin agus leis an gCoimisiún. Féadfaidh údaráis chustaim agus an Coimisiún sonraí den sórt sin a mhalartú lena chéile freisin chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na reachtaíochta custaim a áirithiú.

*Airteagal 48*

**Rialú iarscaoilte**

Chun críche rialuithe custaim, féadfaidh na húdaráis chustaim cruinneas agus comhláine na faisnéise atá curtha ar fáil i ndearbhú custaim, i ndearbhú le haghaidh stórála sealadaí, i ndearbhú iontrála achomair, i ndearbhú imeachta achomair, i ndearbhú ath-onnmhairithe nó i bhfógra ath-onnmhairithe a fhíorú, agus sonraí marthana, barántúlacht, cruinneas agus bailíocht aon doiciméad tacaíochta a fhíorú agus féadfaidh siad cuntais an dearbhóra agus taifid eile a scrúdú, ar nithe iad a bhfuil baint acu leis na hoibríochtaí i dtaca leis na hearraí lena mbaineann nó le hoibríochtaí tráchtála a rinneadh roimhe sin nó ina dhiaidh sin a bhain leis na hearraí sin tar éis iad a scaoileadh. Féadfaidh na húdaráis sin iniúchadh a dhéanamh freisin ar na hearraí sin agus/nó samplaí a ghlacadh i gcás ina bhféadfaidh siad fós é sin a dhéanamh.

Féadfar na rialuithe sin a dhéanamh ag áitreabh shealbhóir na n-earraí nó ag áitreabh ionadaí an sealbhóra, ag áitreabh duine ar bith eile a bheidh bainteach go díreach nó go hindíreach leis na hoibríochtaí sin i gcáil gnó nó ag áitreabh aon duine eile a mbeidh na doiciméid agus na sonraí ina sheilbh aige chun críocha gnó.

*Airteagal 49*

**Eitiltí agus turais farraige laistigh den Aontas**

1. Ní dhéanfar rialuithe custaim nó foirmiúlachtaí custaim a chur i gcrích i dtaca le bagáiste cábáin nó bagáiste boilg de chuid daoine atá ar eitilt laistigh den Aontas ná i dtaca le bagáiste de chuid daoine ar thuras farraige laistigh den Aontas, ach amháin i gcás ina bhforálfar do rialuithe nó d'fhoirmiúlachtaí den sórt sin sa reachtaíocht chustaim.

2. Beidh feidhm ag mír 1 gan dochar do cheachtar den dá ní seo a leanas:

(a) seiceálacha slándála nó sábháilteachta;

(b) seiceálacha a bhaineann le toirmisc nó le srianta.

*Airteagal 50*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta chun a áirithiú go gcuirfear na rialuithe custaim chun feidhme go haonfhoirmeach, lena n-áirítear faisnéis agus anailís riosca a mhalartú, critéir agus caighdeáin choiteanna riosca, na bearta rialaithe agus na réimsí rialaithe tosaíochta i gcomhréir le hAirteagal 46(3).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Ar mhórchúiseanna práinne i ndáil le bearta den sórt sin, a mbeidh call cuí leo de bharr an ghá an creat comhchoiteann bainistithe riosca a thabhairt cothrom le dáta go mear agus malartú faisnéise agus anailíse riosca, critéir agus caighdeáin choiteanna riosca, bearta rialaithe agus réimsí rialaithe tosaíochta a oiriúnú d'fhorbairt na rioscaí, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 285(5).

I gcás ina mbeidh tuairim an choiste dá dtagraítear in Airteagal 285(1) le fáil trí nós imeachta scríofa, beidh feidhm ag Airteagal 285(6).

2. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta de na calafoirt nó na haerfoirt ina bhfuil rialuithe custaim agus foirmiúlachtaí custaim le cur i bhfeidhm maidir leis an méid a leanas i gcomhréir le hAirteagal 49:

(a) bagáiste cábáin agus bagáiste boilg de chuid daoine:

(i) a bheidh ar eitilt in aerárthach a bheidh ag teacht ó aerfort nach aerfort de chuid an Aontais é agus a leanfaidh lena n-aistear, tar éis agastad a dhéanamh ag aerfort de chuid an Aontais, go dtí aerfort Aontais eile;

(ii) a bheidh ar eitilt in aerárthach a dhéanfaidh agastad ag aerfort de chuid an Aontais sula rachaidh sé ar aghaidh go dtí aerfort nach de chuid an Aontais é;

(iii) daoine a bhainfidh úsáid as seirbhís mhuirí san árthach céanna ach go ndéantar an aistear scríob i ndiaidh a chéile ag imeacht ó chalafort nach de chuid an Aontais é, ag tabhairt cuairt air, nó ag baint ceann scríbe amach ann;

(iv) a bheidh ar bord árthaigh áineasa agus in aerárthach turasóireachta nó gnó

(b) bagáiste cábáin agus bagáiste boilg:

(i) a thiocfaidh go dtí aerfort Aontais ar bord aerárthaigh a thiocfaidh ó aerfort nach ceann de chuid an Aontais é agus a aistreofar ag an aerfort Aontais sin go dtí aerárthach eile a bheidh ag dul ar eitilt laistigh den Aontas;

(ii) a bheidh luchtaithe ag aerfort Aontais ar aerárthach a bheidh ag dul ar eitilt laistigh den Aontas le haghaidh aistrithe ag aerfort Aontais eile go dtí aerárthach ag aerfort nach ceann de chuid an Aontais is ceann scríbe dó.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 8

**Coinneáil doiciméad agus faisnéise eile, agus muirir agus costais**

*Airteagal 51*

**Coinneáil doiciméad agus faisnéise eile**

1. Coinneoidh an duine lena mbaineann, chun críocha rialuithe custaim, na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(1) ar feadh trí bliana ar a laghad, trí aon mheán a mbeidh inrochtana ag na húdaráis chustaim orthu agus a bheidh inghlactha acu.

I gcás earraí a scaoilfear i saorchúrsaíocht in imthosca seachas na himthosca dá dtagraítear sa tríú mír, nó i gcás earraí a dhearbhófar lena n-onnmhairiú, rithfidh an tréimhse sin ó dheireadh na bliana ina nglacfar na dearbhuithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht nó maidir le honnmhairiú.

I gcás earraí a scaoilfear i saorchúrsaíocht saor ó dhleacht nó ag ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí de bharr a n-úsáide deiridh, rithfidh an tréimhse sin ó dheireadh na bliana ina scoirfidh siad de bheith faoi réir maoirseachta custaim.

I gcás earraí a chuirfear faoi nós imeachta custaim eile nó earraí atá á stóráil go sealadach, rithfidh an tréimhse sin ó dheireadh na bliana ina ndéantar an nós imeachta custaim lena mbaineann a urscaoileadh nó ina dtiocfaidh deireadh leis an stóráil sealadach.

2. Gan dochar d'Airteagal 103(4), i gcás ina dtaispeánfaidh rialú custaim i ndáil le fiach custaim go gcaithfear an iontráil ábhartha sna cuntais a cheartú agus ina dtabharfar fógra don duine lena mbaineann ina leith sin, coinneofar na doiciméid agus an fhaisnéis ar feadh trí bliana thar an teorainn ama dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo.

I gcás ina dtaiscfear achomharc, nó ina gcuirfear tús le himeachtaí cúirte, déanfar na doiciméid agus an fhaisnéis a choinneáil ar feadh na tréimhse dá bhforáiltear i mír 1 nó go dtí go gcríochnófar an nós imeachta achomhairc nó na himeachtaí cúirte, cibé acu is déanaí.

*Airteagal 52*

**Muirir agus costais**

1. Ní ghearrfaidh údaráis chustaim muirir ar fheidhmiú rialuithe custaim nó ar aon chur i bhfeidhm eile reachtaíochta custaim le linn uaireanta oifigiúla oscailte a n-oifig inniúla custaim.

2. Féadfaidh na húdaráis chustaim muirear a ghearradh nó costais a aisghabháil i gcás ina bhfeidhmeofar seirbhísí sonracha, go háirithe na nithe a leanas:

(a) tinreamh foirne custaim, ar iarratas, lasmuigh d'uaireanta oifigiúla oscailte oifige nó ag áitreabh seachas áitreabh custaim;

(b) anailísí nó tuarascálacha saineolaíochta ar earraí agus táillí poist chun earraí a thabhairt ar ais d'iarratasóir, go háirithe i ndáil le cinntí a dhéanfar de bhun Airteagal 33 nó i ndáil le faisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 14(1);

(c) iniúchadh nó sampláil earraí chun críocha fíoraithe, nó díothú earraí, i gcás ina mbeidh costais i gceist seachas an costas a bhaineann le leas a bhaint as foireann custaim;

(d) bearta eisceachtúla rialaithe, i gcás ina mbeidh siad riachtanach de bharr chineál na n-earraí nó de bharr riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

*CAIBIDIL 3*

***Comhshó Airgeadra agus teorainneacha ama***

*Airteagal 53*

**Comhshó airgeadra**

1. Foilseoidh na húdaráis inniúla an ráta malairte infheidhme agus/nó cuirfidh siad ar fáil ar an Idirlíon é, i gcás inar gá airgeadra a chomhshó ar cheann de na cúiseanna a leanas:

(a) de bhrí go ndéantar tosca a mbainfear úsáid astu chun luach custaim na n-earraí a chur in iúl in airgeadra seachas airgeadra an Bhallstáit ina gcinntear an luach custaim;

(b) de bhrí go bhfuil luach an euro in airgeadraí náisiúnta ag teastáil chun rangú taraife earraí agus méid na dleachta ar allmhairí agus ar onnmhairí, lena n-áirítear tairseacha luacha sa Chomhtharaif Custaim, a chinneadh.

2. I gcás inar gá airgeadra a chomhshó ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá dtagraítear i mír 1, déanfar luach an euro in airgeadraí náisiúnta a bheidh le cur i bhfeidhm faoi chuimse na reachtaíochta custaim a shocrú uair in aghaidh na bliana ar a laghad.

*Airteagal 54*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Leagfaidh an Coimisiún síos, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le comhshó airgeadra chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 53(1) agus (2).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*Airteagal 55*

**Tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama**

1. Mura bhforáiltear a mhalairt, i gcás ina ndéanfar tréimhse, dáta nó teorainn ama a leagan síos sa reachtaíocht chustaim, ní chuirfear fadú leis an tréimhse sin ná ní laghdófar í ná ní chuirfear siar ná ní chuirfear chun cinn an dáta sin nó an teorainn ama sin.

2. Beidh feidhm ag na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí ama, dátaí agus teorainneacha ama a leagtar amach i Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena chinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, le dátaí agus le teorainneacha ama ([1]), seachas i gcás ina bhforálfar a mhalairt i reachtaíocht chustaim.

TEIDEAL II

**TOSCA AR AR A mBONN A CHUIRTEAR I bhFEIDHM DLEACHT AR ALLMHAIRÍ NÓ AR ONNMHAIRÍ AGUS BEARTA EILE I nDÁIL LE TRÁDÁIL IN EARRAÍ**

*CAIBIDIL I*

***Comhtharaif Custaim agus rangú earraí de réir taraife***

*Airteagal 56*

**Comhtharaif Custaim agus faireachas**

1. Beidh dleacht a dhlitear ar allmhairí agus ar onnmhairí bunaithe ar an gComhtharaif Custaim.

Déanfar bearta eile a fhorordóidh forálacha an Aontais lena rialófar réimsí sonracha i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí sin, i gcomhréir le rangú taraife na n-earraí sin.

([1]) IO L 124, 8.6.1971, lch. 1.

2. Cuimseofar na nithe uile seo a leanas sa Chomhtharaif Custaim:

(a) Ainmníocht Chomhcheangailte na n-earraí mar a leagtar síos í i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;

(b) aon ainmníocht eile bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar an Ainmníocht Chomhcheangailte nó a fhorálann do bhreis foranna léi, agus a bhunaítear le forálacha de chuid an Aontais lena rialaítear réimsí sonracha d'fhonn bearta taraife i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm;

(c) an dleacht uathrialach traidisiúnta nó an gnáthdhleacht uathrialach custaim is infheidhme maidir le hearraí a fholaítear leis an Ainmníocht Chomhcheangailte;

(d) na bearta fabhracha taraife atá i gcomhaontuithe a thug an tAontas i gcrích le tíortha nó le críocha áirithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais nó le grúpaí tíortha den sórt sin nó grúpaí críoch den sórt sin;

(e) na bearta fabhracha taraife a ghlac an tAontas go haontaobhach i ndáil le tíortha áirithe nó le críocha áirithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais nó i ndáil le grúpaí tíortha den sórt sin nó le grúpaí críoch den sórt sin;

(f) bearta uathrialacha lena bhforáiltear do laghdú nó do dhíolúine ó dhleacht custaim i leith earraí áirithe;

(g) cóireáil fhabhrach taraife a shonraítear le haghaidh earraí áirithe mar gheall ar a gcineál nó ar a n-úsáid deiridh, faoi chuimse na mbeart dá dtagraítear faoi phointí (c) go (f) nó (h);

(h) bearta taraife eile dá bhforáiltear sa reachtaíocht talmhaíochta, nó sa reachtaíocht tráchtála nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

3. I gcás ina gcomhlíonfaidh na hearraí a bheidh i dtrácht na coinníollacha a bheidh sna bearta a leagtar síos i bpointí (d) go (g) de mhír 2, beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear sna forálacha sin, ar iarratas ón dearbhóir, in ionad na mbeart dá bhforáiltear i bpointe (c) den mhír sin. Féadfar an cur i bhfeidhm sin a fheidhmiú go cúlghabhálach, ar choinníoll go gcloífear leis na teorainneacha ama agus leis na coinníollacha a leagtar síos sa bheart ábhartha nó sa Chód.

4. I gcás ina ndéanfar cur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear i bpointí (d) go (g) de mhír 2, nó an díolúine ó bhearta dá dtagraítear i bpointe (h) di, a theorannú d'oiread áirithe allmhairí nó onnmhairí, scoirfidh an cur i bhfeidhm sin nó an díolúine sin, i gcás cuótaí taraife, a luaithe a ghnóthófar an méid sonraithe allmhairí nó onnmhairí.

I gcás uasteorainneacha taraife scoirfidh an cur i bhfeidhm sin de bhua gnímh dhlíthiúil ón Aontas.

5. Scaoileadh earraí i saorchúrsaíocht nó onnmhairiú earraí, a bhfuil feidhm ag na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 maidir leo, féadfar iad a dhéanamh faoi réir faireacháin.

*Airteagal 57*

**Rangú earraí de réir taraife**

1. Chun an Chomhtharaif Custaim a chur i bhfeidhm, is éard é rangú taraife earraí ceann d'fho-cheannteidil nó d'fhoranna breise na hAinmníochta Comhcheangailte faoina mbeidh na hearraí sin le rangú a chinneadh.

2. Chun na bearta neamhtharaife a chur i bhfeidhm, is éard é rangú taraife earraí ceann d'fho-cheannteidil nó d'fhoranna breise na hAinmníochta Comhcheangailte faoina mbeidh na hearraí sin le rangú, nó ceann d'fho-cheannteidil nó d'fhoranna breise aon ainmníochta eile a shocrófar le forálacha de chuid an Aontais agus a bhunófar go hiomlán nó go páirteach ar an Ainmníocht Chomhcheangailte nó a fhorálfaidh do bhreis foranna a chur léi, faoina mbeidh na hearraí sin le rangú a chinneadh.

3. Bainfear úsáid as an bhfo-cheannteideal nó as an bhforoinn bhreise a chinnfear i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2 chun na bearta a bhfuil ceangal idir iad agus an fo-cheannteideal sin a chur i bhfeidhm.

4. Féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh chun rangú taraife earraí a chinneadh i gcomhréir le mír 1 agus mír 2.

*Airteagal 58*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta maidir le bainistiú aonfhoirmeach na gcuótaí taraife agus na n-uasteorainneacha taraife dá dtagraítear in Airteagal 56(4) agus bainistiú an fhaireacháin ar scaoileadh earraí i saorchúrsaíocht nó ar onnmhairiú earraí, dá dtagraítear in Airteagal 56(5).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta dá dtagraítear in Airteagal 57(4).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Ar mhórchúiseanna práinne i ndáil le bearta den sórt sin, a mbeidh call cuí leo de bharr an ghá a áirithiú go mear go gcuirfear an Ainmníocht Chomhcheangailte i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 285(5).

I gcás ina mbeidh tuairim an choiste dá dtagraítear in Airteagal 285(1) le fáil trí nós imeachta scríofa, beidh feidhm ag Airteagal 285(6).

*CAIBIDIL 2*

***Tionscnamh earraí***

Roinn 1

**Tionscnamh neamhfhabhrach**

*Airteagal 59*

**Raon feidhme**

Leagfar síos le hAirteagal 60 agus le hAirteagal 61 rialacha d'fhonn tionscnamh neamhfhabhrach earraí a chinneadh chun na nithe a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) an Chomhtharaif Custaim cé is moite de na bearta dá dtagraítear i bpointe (d) agus i bpointe (e) d'Airteagal 56(2);

(b) bearta, seachas bearta taraife, a bhunaítear le forálacha de chuid an Aontais lena rialaítear réimsí sonracha a bhaineann le trádáil in earraí; agus

(c) bearta eile de chuid an Aontais a bhaineann le tionscnamh earraí.

*Airteagal 60*

**Éadáil tionscnaimh**

1. Earraí a fhaightear go hiomlán i dtír amháin nó i gcríoch amháin, measfar go bhfuil a n-áit tionscnaimh sa tír sin nó sa chríoch sin.

2. Earraí a bhfuil níos mó ná tír nó críoch amháin bainteach lena dtáirgeadh, measfar gur de thionscnamh na tíre nó na críche ina ndearnadh an phróiseáil shubstainteach dheireanach nó an t-oibriú substainteach deireanach orthu, a raibh bunús leis an bpróiseáil nó an oibriú sin ó thaobh na heacnamaíochta, i ngnóthas a fheistítear chun na críche sin, a mbeidh monarú táirge nua mar thoradh air nó ar chéim thábhachtach sa mhonarú í.

*Airteagal 61*

**Cruthúnas ar thionscnamh**

1. I gcás ina gcuirfear tionscnamh in iúl sa dearbhú custaim de bhun na reachtaíochta custaim, féadfaidh na húdaráis chustaim a éileamh ar an dearbhóir tionscnamh na n-earraí a chruthú.

2. I gcás ina ndéanfar cruthúnas ar thionscnamh earraí a chur ar fáil de bhun na reachtaíochta custaim nó de bhun reachtaíochta eile de chuid an Aontais lena rialaítear réimsí áirithe, féadfaidh na húdaráis chustaim, i gcás amhrais réasúnaigh, aon fhianaise bhreise a éileamh a theastaíonn lena áirithiú go gcomhlíonfaidh sonrú an tionscnaimh na rialacha a leagfar síos leis an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais.

3. I gcás ina n-éileoidh riachtanais trádála amhlaidh, féadfar doiciméad lena gcruthófar tionscnamh a eisiúint san Aontas, i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh atá i bhfeidhm sa tír nó sa chríoch chinn scríbe nó le haon mhodh eile lena n-aithnítear an tír ina bhfuarthas na hearraí go huile nó ina ndearnadh an claochlú substainteach deireanach orthu.

*Airteagal 62*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284 ina leagtar síos na rialacha faoina measfar go bhfuarthas earraí, a bhfuil cinneadh maidir le tionscnamh neamhfhabhrach ag teastáil ina leith chun bearta an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 59 a chur i bhfeidhm, go huile i dtír nó i gcríoch amháin nó a meastar go ndearnadh an phróiseáil shubstainteach dheireanach nó an t-oibriú substainteach deireanach orthu, a raibh bunús leis an bpróiseáil nó an oibriú sin ó thaobh na heacnamaíochta, i ngnóthas a fheistítear chun na críche sin, a bhfuil monarú táirge nua mar thoradh air nó ar céim thábhachtach sa mhonarú í, i dtír nó i gcríoch, i gcomhréir le hAirteagal 60.

*Airteagal 63*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir cruthúnas ar thionscnamh dá dtagraítear in Airteagal 61 a sholáthar agus a fhíorú.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 2

**Tionscnamh fabhrach**

*Airteagal 64*

**Tionscnamh fabhrach earraí**

1. Le go dtairbheoidh siad de na bearta dá dtagraítear i bpointe (d) nó i bpointe (e) d'Airteagal 56(2) nó de bhearta fabhracha neamhtharaife, comhlíonfaidh earraí na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach dá dtagraítear i mír 2 go mír 5 den Airteagal seo.

2. I gcás earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha atá i gcomhaontuithe a thug an tAontas i gcrích le tíortha áirithe nó le críocha áirithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais nó le grúpaí tíortha den sórt sin nó le grúpaí críoch den sórt sin, leagfar síos na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach sna comhaontuithe sin.

3. I gcás earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha a ghlac an tAontas go haontaobhach i ndáil le tíortha áirithe nó le críocha áirithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais nó le grúpaí tíortha den sórt sin nó grúpaí críoch den sórt sin, seachas na tíortha agus na críocha dá dtagraítear i mír 5, glacfaidh an Coimisiún bearta lena leagfar síos na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach.

Bunófar na rialacha sin ar an gcritéar go bhfaightear na hearraí go huile as próiseáil nó as oibriú leordhóthanach nó ar an gcritéar go bhfuil na hearraí mar thoradh ar phróiseáil nó ar oibriú leordhóthanach.

4. I gcás earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha is infheidhme sa trádáil idir críoch chustaim an Aontais agus Ceuta agus Melilla mar atá i bPrótacal 2 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais 1985, glacfar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach i gcomhréir le hAirteagal 9 den Phrótacal sin.

5. I gcás earraí a thairbhíonn de bhearta fabhracha atá i socruithe fabhracha i bhfabhar na dtíortha agus na gcríocha thar lear atá comhlachaithe leis an Aontas, glacfar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach i gcomhréir le hAirteagal 203 CFAE.

6. Ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do thír thairbhíoch nó do chríoch thairbhíoch, féadfaidh an Coimisiún, le haghaidh earraí áirithe, maolú sealadach ó na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach dá dtagraítear i mír 3 a dheonú ar an tír nó ar an gcríoch sin.

Tabharfar údar leis an maolú sealadach ag féachaint do cheann amháin de na cúiseanna seo a leanas:

(a) le gnéithe inmheánacha nó seachtracha, baintear an cumas na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach a chomhlíonadh den tír thairbhíoch nó den chríoch thairbhíoch go sealadach;

(b) teastaíonn am ón tír thairbhíoch nó ón gcríoch thairbhíoch chun í féin a ullmhú chun na rialacha sin a chomhlíonadh;

Cuirfidh an tír thairbhíoch nó an chríoch thairbhíoch lena mbaineann iarratas i scríbhinn ar mhaolú faoi bhráid an Choimisiúin. Luafear san iarratas, mar a chuirtear in iúl sa dara fhomhír, cén fáth go bhfuil gá leis an maolú agus beidh doiciméid tacaíochta iomchuí ann.

Beidh an maolú sealadach teoranta do thréimhse éifeachtaí na ngnéithe inmheánacha nó seachtracha arbh iad ba chúis leis an maolú nó an tréimhse ama a bheidh ag teastáil ón tír thairbhíoch nó ón gcríoch thairbhíoch chun comhlíonadh na rialacha a bhaint amach.

I gcás ina dheonófar maolú, comhlíonfaidh an tír tairbhíoch nó an chríoch thairbhíoch lena mbaineann aon cheanglas a leagtar síos maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil don Choimisiún i ndáil le húsáid an mhaolaithe agus le bainistiú na gcainníochtaí a dheonaítear an maolú ina leith.

*Airteagal 65*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, lena leagtar síos na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach dá dtagraítear in Airteagal 64(3).

*Airteagal 66*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Glacfaidh an Coimisiún an méid a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme,

(a) na rialacha nós imeachta, dá dtagraítear in Airteagal 64(1), chun bunú tionscnamh fabhrach earraí san Aontas a éascú;

(b) beart lena ndeonaítear an maolú sealadach, dá dtagraítear in Airteagal 64(6), do thír thairbhíoch nó do chríoch thairbhíoch.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 3

**Cinneadh maidir le tionscnamh earraí sonracha**

*Airteagal 67*

**Bearta a ghlac an Coimisiún**

Féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh chun tionscnamh earraí sonracha a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh is infheidhme maidir leis na hearraí sin.

*Airteagal 68*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Glacfaidh an Coimisiún. trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta dá dtagraítear in Airteagal 67. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Ar mhórchúiseanna práinne i ndáil le bearta den sórt sin, a mbeidh call cuí leo de bharr an ghá a áirithiú go mear go gcuirfear rialacha maidir le tionscnamh i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 285(5).

I gcás ina mbeidh tuairim an choiste dá dtagraítear in Airteagal 285(1) le fáil trí nós imeachta scríofa, beidh feidhm ag Airteagal 285(6).

*CAIBIDIL 3*

***Luach earraí chun críocha custaim***

*Airteagal 69*

**Raon feidhme**

Cinnfear, i gcomhréir le hAirteagail 70 agus 74, luach custaim earraí chun críocha chur i bhfeidhm na Comhtharaife Custaim agus na mbeart neamhtharaife a leagfar síos le forálacha de chuid an Aontais lena rialaítear réimsí sonracha a bhaineann le trádáil in earraí.

*Airteagal 70*

**Modh luachála custaim bunaithe ar luach an idirbhirt**

1. Is é príomhbhunús luach custaim earraí luach an idirbhirt, eadhon an praghas iarbhír a íocadh nó a bheidh iníoctha i leith earraí nuair a dhíoltar iad lena n-onnmhairiú go dtí críoch chustaim an Aontais, agus é oiriúnaithe, i gcás inar gá.

2. An praghas a íocadh iarbhír nó atá iníoctha iarbhír, is éard a bheidh ann an íocaíocht iomlán a dhéanann nó a dhéanfaidh an ceannaitheoir leis an díoltóir nó a dhéanann nó a dhéanfaidh an ceannaitheoir le tríú páirtí chun leasa an díoltóra ar na hearraí allmhairithe é agus cuimsíonn sé na híocaíochtaí uile a rinneadh nó a bheidh le déanamh mar choinníoll a ghabhann le díol na n-earraí allmhairithe.

3. Beidh feidhm ag an luach idirbhirt ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) nach mbeidh aon srianta ar an díoltóir maidir le diúscairt nó le húsáid na n-earraí, seachas ceann ar bith de na srianta seo a leanas:

(i) srianta a fhorchuirtear nó a cheanglaítear le dlí nó a fhorchuireann nó a cheanglaíonn údaráis phoiblí san Aontas;

(ii) teorainneacha an limistéir gheografaigh ina bhféadfar na hearraí a dhíol an athuair;

(iii) srianta nach ndéanfaidh difear substainteach do luach custaim na n-earraí;

(b) nach mbeidh an díol nó an praghas faoi réir aon choinníll nó aon toisce nach féidir a luach a chinneadh i ndáil leis na hearraí a bheidh á luacháil;

(c) nach bhfabhróidh aon chuid d'fháltas aon athdhíola, ná aon diúscartha ná aon athúsáide earraí ag an díoltóir ina dhiaidh sin, go díreach nó go hindíreach don díoltóir, murar féidir coigeartú iomchuí a dhéanamh;

(d) nach mbeidh gaol ag an díoltóir leis an gceannaitheoir nó nach mbeidh tionchar ag an ngaol ar an bpraghas.

*Airteagal 71*

**Gnéithe de luach an idirbhirt**

1. Agus an luach custaim á chinneadh faoi Airteagal 70, deanfar an praghas iarbhír a íocadh nó an praghas iarbhír a bheidh le híoc ar na hearraí allmhairithe a fhorlíonadh leis an méid seo a leanas:

(a) na nithe seo a leanas, a mhéid a dtabhaíonn an ceannaitheoir iad ach nach n-áirítear iad sa phraghas iarbhír a íocadh nó sa phraghas iarbhír a bheidh le híoc ar na hearraí:

(i) coimisiún agus bróicéireacht, ach amháin coimisiún ceannaigh;

(ii) costas na ngabhdán a mbreathnaítear orthu, chun críocha custaim, bheith mar chuid de na hearraí atá i dtrácht; agus

(iii) costas an phacáistiú, bíodh le haghaidh saothair nó ábhar;

(b) luach na n-earraí agus na seirbhísí a leanas, cionroinnte de réir mar is iomchuí, i gcás ina soláthraíonn an ceannaitheoir iad go díreach nó go hindíreach saor in aisce nó ar chostas laghdaithe chun leas a bhaint astu i dtaca leis na hearraí allmhairithe a tháirgeadh nó a dhíol le haghaidh onnmhairiú, a mhéid nach n-áiríodh an luach sin sa phraghas iarbhír a íocadh nó sa phraghas iarbhír a bheidh le híoc:

(i) ábhair, comhpháirteanna, codanna agus ítimí comhchosúla a chorpraítear sna hearraí allmhairithe;

(ii) uirlisí, ruaimeanna, múnlaí agus ítimí comhchosúla a úsáidtear chun táirgí allmhairithe a phróiseáil;

(iii) ábhair a caitheadh chun táirgí allmhairithe a phróiseáil; agus

(iv) innealtóireacht, forbairt, obair ealaíne, dearthóireacht, agus bonnchlónna agus sceitsí a rinneadh in áit éigin eile lasmuigh den Aontas agus atá riachtanach chun na táirgí allmhairithe a phróiseáil;

(c) ríchíosanna agus táillí ceadúnais a bhaineann leis na hearraí atá á luacháil a gcaithfidh an ceannaitheoir íoc astu, go díreach nó go hindíreach, mar choinníoll a ghabhann le díol na n-earraí atá á luacháil, a mhéid nach n-áirítear na ríchíosanna ná na táillí sin sa phraghas iarbhír a íocadh nó sa phraghas iarbhír a bheidh le híoc;

(d) luach aon chuid d'fháltas aon athdhíola, aon diúscartha nó aon athúsáide earraí a fhabhróidh go díreach nó go hindíreach don díoltóir, agus

(e) na costais seo a leanas go dtí an áit a dtabharfar na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais:

(i) an costas a ghabhann leis na hearraí allmhairithe a iompar agus a árachú; agus

(ii) muirir luchtaithe agus láimhseála a bhaineann leis na hearraí allmhairithe a iompar.

2. Is ar bhonn sonraí oibiachtúla, inchainníochtaithe amháin a chuirfear leis an bpraghas iarbhír a íocadh nó leis an bpraghas iarbhír a bheidh le híoc de bhun mhír 1.

3. Ní chuirfear suimeanna breise leis an bpraghas iarbhír a íocadh ná leis an bpraghas iarbhír a bheidh le híoc agus an luach custaim á chinneadh ach amháin mar a fhoráiltear san Airteagal seo.

*Airteagal 72*

**Gnéithe nach n-áireofar leis an luach custaim**

Agus an luach custaim á chinneadh faoi Airteagal 70, ní áireofar aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) costas na hearraí allmhairithe a iompar tar éis dóibh iontráil isteach i gcríoch custaim an Aontais;

(b) muirir ar na hearraí allmhairithe amhail gléasra, innealra nó trealamh tionsclaíoch a thógáil, a chur in airde, a chur le chéile, a chothabháil nó cúnamh teicniúil a thabhairt dóibh, agus a dhéanfar tar éis iontráil na n-earraí isteach i gcríoch custaim an Aontais;

(c) muirir ar ús faoi shocrú maoiniúcháin a rinne an ceannaitheoir agus a bhaineann leis na hearraí allmhairithe a cheannach, beag beann ar an é an díoltóir nó duine eile a chuir an maoiniú sin ar fáil, ar choinníoll go ndearnadh an socrú maoiniúcháin i scríbhinn agus má éilítear sin, go bhféadfaidh an díoltóir a léiriú go bhfuil na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh:

(i) gur díoladh na hearraí i ndáiríre ar an bpraghas a dhearbhaítear gurb é an praghas iarbhír é a íocadh nó an praghas iarbhír a bheidh le híoc;

(ii) nach sáraíonn an ráta úis a éilítear an leibhéal a bheidh i réim do na hidirbhearta sin sa tír ina gcuirtear an maoiniú ar fáil, ag an am sin;

(d) muirir ar an gceart na hearraí allmhairithe a atáirgeadh san Aontas;

(e) coimisiún ceannaigh;

(f) dleachta ar allmhairí nó muirir eile atá iníoctha san Aontas mar gheall ar na hearraí a allmhairiú nó a dhíol;

(g) d'ainneoin phointe (c) d'Airteagal 71(1), íocaíochtaí a rinne an ceannaitheoir ionas go mbeadh sé de cheart aige na hearraí allmhairithe a dháileadh nó a dhíol an athuair, murar coinníoll iad na híocaíochtaí sin a ghabhann le díol na n-earraí le haghaidh onnmhairiú leis an Aontas.

*Airteagal 73*

**Simpliú**

Féadfaidh na húdaráis chustaim, ar iarratas a fháil, údarú a thabhairt na méideanna a leanas a chinneadh bunaithe ar chritéir shonracha, i gcás nach mbeidh na méideanna sin inchainníochtaithe an dáta a nglacfar leis an dearbhú custaim:

(a) méideanna a áireofar sa luach custaim i gcomhréir le hAirteagal 70(2); agus

(b) na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 71 agus in Airteagal 72.

*Airteagal 74*

**Modhanna tánaisteacha luachála custaim**

1. I gcás nach bhféadfar luach custaim earraí a chinneadh faoi Airteagal 70, cinnfear é trí dhul go seicheamhach ó phointe (a) go dtí pointe (d) de mhír 2, go dtí go sroichfear an chéad phointe faoinar féidir luach custaim earraí a chinneadh.

Déanfar ord chur i bhfeidhm phointí (c) agus (d) de mhír 2 a mhalartú má éilíonn an dearbhóir é sin.

2. Is éard a bheidh sa luach custaim, de bhun mhír 1:

(a) luach idirbhirt earraí comhionanna a dhíolfar lena n-onnmhairiú go dtí críoch chustaim an Aontais agus a onnmhaireofar an tráth céanna nó thart ar an tráth céanna leis na hearraí a bheidh á luacháil;

(b) luach idirbhirt earraí dá macasamhail a dhíolfar lena n-onnmhairiú go dtí críoch chustaim an Aontais agus a onnmhaireofar an tráth céanna nó thart ar an tráth céanna leis na hearraí a bheidh á luacháil;

(c) an luach a bheidh bunaithe ar an bpraghas aonaid ar a ndéanfar na hearraí allmhairithe, nó earraí is ionann leo nó earraí allmhairithe dá macasamhail a dhíol laistigh de chríoch chustaim an Aontais sa mhéid comhiomlán is mó le daoine nach bhfuil gaol acu leis na díoltóirí; nó

(d) an luach ríofa, ar a mbeidh suim na nithe seo a leanas:

(i) costas nó luach na n-ábhar agus an mhonaraithe nó próiseála eile a mbaintear leas as chun na hearraí allmhairithe a tháirgeadh;

(ii) méid an bhrabúis agus an chostais ghinearálta atá comhionann leis an méid a léirítear de ghnáth i ndíolachán earraí den aicme chéanna nó den chineál céanna is atá na hearraí atá á luacháil agus a tháirgeann táirgeoirí sa tír onnmhairiúcháin lena n-onnmhairiú leis an Aontas;

(iii) costas nó luach na n-ítimí dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 71(1).

3. I gcás nach bhféadfar an luach custaim a chinneadh faoi mhír 1, cinnfear é ar bhonn sonraí a bheidh ar fáil i gcríoch chustaim an Aontais, ag baint úsáide as meáin réasúnacha a bheidh ag luí le prionsabail agus le forálacha ginearálta an méid uile seo a leanas:

(a) an comhaontú maidir le cur chun feidhme Airteagal VII den Chomhaontú Ginearálta ar Tharaifí agus Thrádáil;

(b) Airteagal VII den Chomhaontú Ginearálta ar Tharaifí agus Thrádáil;

(c) an Chaibidil seo.

*Airteagal 75*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú dá dtagraítear in Airteagal 73 a chinneadh.

*Airteagal 76*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta chun:

(a) an luach custaim a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 70(1) agus (2), Airteagal 71 agus Airteagal 72, lena n-áirítear iad siúd chun an praghas a íocadh iarbhír nó an praghas iníoctha iarbhír a choigeartú;

(b) na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 70(3) a chur i bhfeidhm;

(c) an luach custaim dá dtagraítear in Airteagal 74 a chinneadh.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

## TEIDEAL III

## FIACH CUSTAIM AGUS RÁTHAÍOCHTAÍ

### CAIBIDIL 1

### *Fiach custaim a thabhú*

#### Roinn 1

#### Fiach custaim i dtaca le hallmhairiú

*Airteagal 77*

**Scaoileadh i saorchúrsaíocht agus ligean isteach sealadach**

1. Tabhófar fiach custaim i dtaca le hallmhairiú trí earraí nach earraí de chuid an Aontais iad ar a ndlitear dleacht ar allmhairí a chur faoi cheachtar de na nósanna imeachta custaim a leanas:

(a) scaoileadh i saorchúrsaíocht, lena n-áirítear faoi na forálacha úsáide deiridh;

(b) ligean isteach sealadach lena ngabhann faoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí.

2. Tabhófar fiach custaim tráth a nglacfar leis an dearbhú custaim.

3. Is é an dearbhóir a bheidh ina fhéichiúnaí. I gcás ionadaíochta indírí, beidh an duine a ndéanfar an dearbhú custaim thar a cheann ina fhéichiúnaí freisin.

I gcás ina ndéanfar dearbhú custaim i ndáil le haon cheann de na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt suas ar bhonn faisnéise arb é a toradh nár bailíodh an dleacht ar allmhairí go hiomlán nó go páirteach, is féichiúnaí freisin an duine a chuir an fhaisnéis ar fáil a éilítear chun an dearbhú a tharraingt suas agus arbh eol dó nó ar cheart go réasúnach gurbh eol dó, go raibh an fhaisnéis sin bréagach.

*Airteagal 78*

**Forálacha speisialta a bhaineann le hearraí neamhthionscnaimh**

1. I gcás ina mbeidh feidhm ag toirmeasc ar aistarraingt dleacht ar allmhairí, nó ag díolúine ó dhleacht ar allmhairí, maidir le hearraí neamhthionscnaimh a mbainfear úsáid astu i ndéantús táirgí a ndéanfar cruthúnas ar thionscnamh a eisiúint nó a scríobh amach ina leith i gcreat socraithe fhabhraigh idir an tAontas agus tíortha áirithe nó críocha áirithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais nó grúpaí tíortha den sórt sin nó grúpaí críoch den sórt sin, tabhófar fiach custaim i dtaca le hallmhairiú i ndáil leis na hearraí neamhthionscnaimh sin, trí ghlacadh le dearbhú ath-onnmhairithe i ndáil leis na táirgí lena mbaineann.

2. I gcás ina dtabhófar fiach custaim de bhun mhír 1, cinnfear méid na dleachta ar allmhairí a fhreagraíonn don fhiach sin faoi na coinníollacha céanna ar fúthu a chinnfear fiach custaim a d'eascródh ó ghlacadh, ar an dáta céanna, le dearbhú custaim maidir le scaoileadh na n-earraí neamhthionscnaimh i saorchúrsaíocht a mbainfear úsáid astu i ndéantús na dtáirgí atá i gceist chun críche nós imeachta próiseála isteach a thabhairt chun críche.

3. Beidh feidhm ag Airteagal 77(2) agus (3). I gcás earraí nach earraí de chuid an Aontais iad amhail dá dtagraítear in Airteagal 270, áfach, is é an duine a thaiscfidh an dearbhú ath-onnmhairithe a bheidh ina fhéichiúnaí. I gcás ionadaíochta indírí, beidh an duine a dtaiscfear an dearbhú thar a cheann ina fhéichiúnaí freisin.

*Airteagal 79*

**Fiach Custaim a thabhaítear trí neamhchomhlíonadh**

1. Maidir le hearraí ar a ndlitear dleacht ar allmhairí, tabhófar fiach custaim i dtaca le hallmhairiú trí neamhchomhlíonadh aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) ceann de na hoibleagáidí a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim i ndáil le tabhairt isteach earraí nach earraí de chuid an Aontais iad i gcríoch chustaim an Aontais, i ndáil le maoirseacht chustaim a bhaint díobh nó i ndáil le gluaiseacht, próiseáil, stóráil, stóráil shealadach, ligean isteach sealadach nó diúscairt earraí den sórt sin laistigh den chríoch sin;

(b) ceann de na hoibleagáidí a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim i ndáil le húsáid deiridh earraí laistigh de chríoch chustaim an Aontais;

(c) coinníoll a rialaíonn earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a chur faoi nós imeachta custaim nó a rialaíonn deonú, de bhua úsáid deiridh na n-earraí, díolúine ó dhleacht nó ráta laghdaithe dleachta custaim.

2. Is ag ceachtar den dá thráth seo a leanas a thabhófar an fiach custaim:

(a) ag an tráth nach gcomhlíonfar an oibleagáid ar as a neamhchomhlíonadh a eascróidh an fiach custaim nó ag an tráth a scoirfidh sí de bheith comhlíonta;

(b) ag an tráth a nglacfar le dearbhú custaim chun earraí a chur faoi nós imeachta custaim i gcás ina suífear ina dhiaidh sin nár comhlíonadh iarbhír coinníoll lena rialaítear earraí a chur faoin nós imeachta sin nó deonú díolúine ó dhleacht nó ráta laghdaithe dleachta ar allmhairiú de bhua úsáide deiridh earraí.

3. I gcásanna dá dtagraítear faoi phointí (a) agus (b) de mhír 1, is duine díobh seo a leanas a bheidh ina fhéichiúnaí:

(a) aon duine a gceanglófar air na hoibleagáidí lena mbaineann a chomhlíonadh;

(b) aon duine arbh fheasach dó nó ar cheart go réasúnach gurbh fheasach dó go raibh oibleagáid faoin reachtaíocht chustaim gan chomhlíonadh agus a ghníomhaigh thar ceann an duine a raibh sé de cheangal air an oibleagáid a chomhlíonadh, nó a bhí rannpháirteach sa ghníomh a raibh neamhchomhlíonadh na hoibleagáide de thoradh air;

(c) aon duine a fuair nó a choinnigh na hearraí lena mbaineann agus arbh fheasach dó nó ar cheart go réasúnach gurbh fheasach dó tráth a bhfuair sé na hearraí nó tráth ar glacadh iad go raibh oibleagáid faoin reachtaíocht chustaim gan chomhlíonadh.

4. I gcásanna dá dtagraítear faoi phointe (c) de mhír 1, is é an féichiúnaí an duine a gceanglófar air na coinníollacha a chomhlíonadh lena rialaítear na hearraí a chur faoi nós imeachta custaim nó lena rialaítear dearbhú custaim na n-earraí a chuirtear faoin nós imeachta custaim sin nó lena rialaítear díolúine ó dhleacht nó ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí a dheonú de bhua úsáide deiridh na n-earraí.

I gcás ina dtarraingeofar suas dearbhú custaim i ndáil le ceann amháin de na nósanna imeachta custaim dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1, agus i gcás ina dtabharfar do na húdaráis chustaim aon fhaisnéis a éilítear faoin reachtaíocht chustaim a bhaineann leis na coinníollacha lena rialaítear na hearraí a chur faoi nós imeachta custaim sin, agus gurb é an toradh a bheidh ar an dearbhú nó ar an bhfaisnéis nach ndéanfar an dleacht ar allmhairí a bhailiú go hiomlán nó go páirteach, is féichiúnaí freisin a bheidh sa duine a chuir an fhaisnéis ar fáil a éilítear chun an dearbhú custaim a tharraingt suas agus arbh eol dó, nó ar cheart go réasúnach gurbh eol dó, go raibh an fhaisnéis sin bréagach.

*Airteagal 80*

**Méid dleachta ar allmhairí a íocadh cheana féin a asbhaint**

1. I gcás ina dtabhófar fiach custaim de bhun Airteagal 79(1), i ndáil le hearraí a scaoiltear i saorchúrsaíocht ag ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí de bharr a n-úsáide deiridh, déanfar méid na dleachta ar allmhairí a íocadh nuair a scaoileadh na hearraí i saorchúrsaíocht a asbhaint ó mhéid na dleachta ar allmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír i gcás ina dtabhófar fiach custaim i ndáil le fuíoll agus le dramhaíl a bheidh mar thoradh ar dhíothú na n-earraí sin.

2. I gcás ina dtabhófar fiach custaim, de bhun Airteagal 79(1), i ndáil le hearraí a chuirtear faoi ordú ligin isteach shealadaigh le faoiseamh páirteach ó dhleacht custaim, déanfar méid na dleachta ar allmhairí a íocadh faoin bhfaoiseamh páirteach a asbhaint ó mhéid na dleachta ar allmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim.

Roinn 2

**Fiach custaim i dtaca le honnmhairiú**

*Airteagal 81*

**Próiseáil onnmhairithe agus próiseáil amach**

1. Tabhófar fiach custaim i dtaca le honnmhairiú trí earraí ar a ndlitear dleacht ar onnmhairí a chur faoin nós imeachta onnmhairíochta nó faoin nós imeachta próiseála amach.

2. Tabhófar an fiach custaim tráth a nglacfar leis an dearbhú custaim.

3. Is é an dearbhóir a bheidh ina fhéichiúnaí. I gcás ionadaíochta indírí, beidh an duine a ndéanfar an dearbhú custaim thar a cheann ina fhéichiúnaí freisin.

I gcás ina dtarraingeofar suas dearbhú custaim ar bhonn faisnéise arb é an toradh a bheidh uirthi nach mbaileofar an dleacht ar allmhairí go hiomlán nó go páirteach, is féichiúnaí freisin a bheidh sa duine a chuir an fhaisnéis ar fáil a éilítear chun an dearbhú a tharraingt suas agus arbh eol dó, nó ar cheart go réasúnach gurbh eol dó, go raibh an fhaisnéis sin bréagach.

*Airteagal 82*

**Fiach Custaim a thabhaítear trí neamhchomhlíonadh**

1. Maidir le hearraí ar a ndlitear dleacht ar allmhairí, tabhófar fiach custaim ar onnmhairiú i gcás nach gcomhlíonfar ceachtar de na nithe seo a leanas:

(a) ceann de na hoibleagáidí a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim i ndáil le himeacht na n-earraí;

(b) na coinníollacha faoinar ligeadh do na hearraí a bheith tabhartha amach as críoch chustaim an Aontais le faoiseamh iomlán nó le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar onnmhairí.

2. Is tráth de na tráthanna seo a leanas a thabhófar an fiach custaim:

(a) an tráth a thabharfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais iarbhír gan dearbhú custaim;

(b) an tráth a shroichfidh na hearraí ceann scríbe seachas an ceann scríbe a ceadaíodh dóibh tráth ar tugadh amach as críoch chustaim an Aontais iad le faoiseamh iomlán nó le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar onnmhairí;

(c) mura mbeidh na húdaráis chustaim in ann an tráth dá dtagraítear i bpointe (b) a chinneadh, dáta éaga na teorann ama arna leagan síos le haghaidh fianaise a thabhairt ar aird gur comhlíonadh na coinníollacha a chuireann na hearraí i dteideal faoisimh dá leithéid.

3. I gcásanna dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, is duine díobh seo a leanas a bheidh ina fhéichiúnaí:

(a) aon duine ar ceanglaíodh air an oibleagáid lena mbaineann a chomhlíonadh;

(b) aon duine arbh fheasach dó nó ar cheart go réasúnach gurbh fheasach dó go raibh an oibleagáid lena mbaineann gan chomhlíonadh agus a ghníomhaigh thar ceann duine a raibh sé de cheangal air an oibleagáid a chomhlíonadh;

(c) aon duine a bhí rannpháirteach sa ghníomh arbh é an toradh a bhí air neamhchomhlíonadh na hoibleagáide agus arbh fheasach dó nó ar cheart go réasúnach gurbh fheasach dó nár taisceadh dearbhú custaim ba cheart a thaisceadh.

4. I gcásanna dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, is é an féichiúnaí aon duine ar a gceanglaítear na coinníollacha a chomhlíonadh faoinar ceadaíodh na hearraí a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais le faoiseamh iomlán nó páirteach ó dhleacht ar onnmhairí.

Roinn 3

**Forálacha is coiteann d'fhiacha custaim a thabhaítear i dtaca le hallmhairiú agus le honnmhairiú**

*Airteagal 83*

**Toirmisc agus srianta**

1. Tabhófar an fiach custaim i dtaca le hallmhairiú nó le honnmhairiú fiú má bhaineann sé le hearraí atá faoi réir bearta toirmisc nó srianta de chineál ar bith ar allmhairiú nó ar onnmhairiú.

2. Ní thabhófar fiach custaim, áfach, ar cheachtar de na nithe seo a leanas:

(a) airgeadra góchumtha a thabhairt isteach go mídhleathach i gcríoch chustaim an Aontais;

(b) drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais seachas i gcás ina mbeidh siad faoi dhianmhaoirseacht ag na húdaráis inniúla d'fhonn iad a úsáid chun críocha leighis agus eolaíocha.

3. Chun críocha pionós is infheidhme i leith cionta custaim, measfar áfach gur tabhaíodh fiach custaim i gcás ina gcuirfidh dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí, nó ina gcuirfidh marthain féich custaim, an bonn ar fáil ar a gcinnfear pionóis faoi dhlí Ballstáit.

*Airteagal 84*

**Féichiúnaithe leithleacha**

I gcás ina ndlífidh roinnt daoine leithleacha méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn d'fhiach custaim amháin a íoc, beidh siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach an méid sin a íoc.

*Airteagal 85*

**Rialacha ginearálta chun méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a ríomh**

1. Cinnfear an méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí ar bhonn na rialacha sin chun méid na dleachta a ríomh a bhí infheidhme i leith na n-earraí lena mbaineann tráth ar tabhaíodh an fiach custaim maidir leo.

2. I gcás nach féidir tráth tabhaithe an fhéich chustaim a chinneadh go beacht, measfar gurb é an tráth a dtiocfaidh na húdaráis chustaim ar an tuairim go bhfuil na hearraí i staid inar tabhaíodh fiach custaim.

Ar a shon sin, i gcás ina gcuirfidh an fhaisnéis atá ar fáil do na húdaráis chustaim ar a gcumas a dheimhniú gur tabhaíodh an fiach custaim sular tháinig siad ar an tuairim sin, measfar gur tabhaíodh an fiach custaim an tráth is túisce arbh fhéidir an staid sin a shuíomh.

*Airteagal 86*

**Rialacha speisialta chun méid na dleachta ar allmhairí a ríomh**

1. I gcás inar tabhaíodh costais stórála nó costais gnáthfhoirmeacha láimhseála laistigh de chríoch chustaim an Aontais i ndáil le hearraí a cuireadh faoi nós imeachta custaim nó atá á stóráil go sealadach, ní chuirfear na costais sin ná an méadú ar luach san áireamh agus méid na dleachta custaim ar allmhairí á ríomh i gcás ina gcuirfidh an dearfóir cruthúnas sásúil ar na costais sin ar fáil.

Ar a shon sin, cuirfear luach custaim, cainníocht, cineál agus tionscnamh earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a mbaintear úsáid astu sna hoibríochtaí san áireamh agus méid na dleachta ar allmhairí á ríomh.

2. I gcás ina dtiocfaidh athrú ar rangú taraife earraí a cuireadh faoi nós imeachta custaim de bharr na ngnáthfhoirmeacha láimhseála laistigh de chríoch chustaim an Aontais, is é an rangú taraife bunaidh le haghaidh na n-earraí a cuireadh faoin nós imeachta a chuirfear i bhfeidhm arna iarraidh sin don dearfóir.

3. I gcás ina dtabhófar fiach custaim i ndáil le táirgí próiseáilte de thoradh ar an nós imeachta próiseála isteach, is ar bhonn rangú taraife, luach custaim, chainníocht, chineál agus thionscnamh na n-earraí a chuirfear faoin nós imeachta isteach tráth a ghlacfar leis an dearbhú custaim a bhaineann leis na hearraí sin a chinnfear méid na dleachta ar allmhairí a bhaineann leis an bhfiach sin, arna iarraidh sin don dearbhóir.

4. I gcásanna sonracha, cinnfear méid na dleachta ar allmhairí i gcomhréir le mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo gan iarraidh ón dearfóir chun imchéimniú ar na bearta taraife dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 56(2) a sheachaint.

5. I gcás ina dtabhófar fiach custaim le haghaidh táirgí próiseáilte ar toradh an nós imeachta próiseála amach iad nó le haghaidh táirgí athsholáthair amhail dá dtagraítear in Airteagal 261(1), ríomhfar an méid dleachta ar allmhairí ar bhonn chostas na hoibríochta próiseála arna déanamh lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais.

6. I gcás ina bhforálfar sa reachtaíocht chustaim do chóireáil fhabhrach taraife earraí, d'fhaoiseamh nó do dhíolúine iomlán nó do dhíolúine pháirteach ó dhleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí, de bhun phointe (d) go pointe (g) d'Airteagal 56(2), Airteagal 203, Airteagal 204, Airteagal 205 agus Airteagal 208, nó Airteagal 259 go Airteagal 262, nó de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 [1] ag cur córas Comhphobail faoiseamh ó dhleacht chustaim ar bun, beidh feidhm freisin ag an gcóireáil fhabhrach taraife sin, ag an bhfaoiseamh sin nó ag an díolúine sin i gcásanna ina dtabhaítear fiach custaim de bhun Airteagal 79 nó Airteagal 82 den Rialachán seo, ar an gcoinníoll nárbh iarracht ar mheabhlaireacht a bhí sa teip arbh é tabhú fhiach custaim a bhí mar thoradh air.

*Airteagal 87*

**An áit a dtabhaítear an fiach custaim**

1. Tabhófar fiach custaim san áit a dtaiscfear an dearbhú custaim nó an dearbhú ath-onnmhairithe dá dtagraítear in Airteagal 77, in Airteagal 78 agus in Airteagal 81.

I ngach cás eile, is ag an áit a tharlóidh na teagmhais as a n-eascróidh an fiach custaim a thabhófar é.

I gcás nach féidir an áit sin a chinneadh, tabhófar an fiach custaim ag an áit a dtiocfaidh na húdaráis chustaim ar an tuairim maidir léi go bhfuil na hearraí i staid inar tabhaíodh fiach custaim.

2. Más rud é gur cuireadh na hearraí faoi nós imeachta custaim nár urscaoileadh nó i gcás nach raibh deireadh mar is ceart ar stóráil shealadach, agus mura féidir an áit ina dtabhaítear an fiachas custaim a chinneadh de bhun na dara fomhíre agus na tríú fomhíre de mhír 1, laistigh de theorainn ama shonrach, tabhófar an fiach custaim ag an áit ar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta lena mbaineann nó ag an áit ar tugadh isteach i gcríoch chustaim an Aontais iad faoin nós imeachta sin nó ag an áit a raibh siad á stóráil go sealadach.

3. I gcás ina gcuirfidh an fhaisnéis atá ar fáil do na húdaráis chustaim ar a gcumas a shuíomh go bhféadfaí an fiach custaim a thabhú in áiteanna leithleacha, measfar an fiach custaim a bheith tabhaithe ag an áit ar tabhaíodh den chéad uair é.

4. Má shuíonn údarás custaim gur tabhaíodh fiach custaim faoi Airteagal 67 nó faoi Airteagal 70 i mBallstát eile agus más lú méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach sin ná EUR 10 000, measfar an fiach custaim a bheith tabhaithe sa Bhallstát inar suíodh amhlaidh.

*Airteagal 88*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na rialacha maidir leis an méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is infheidhme ar earraí a ríomh, ar earraí iad a bhfuil fiach custaim arna thabhú ina leith i gcomhthéacs nós imeachta speisialta, ag forlíonadh na rialacha atá leagtha síos in Airteagal 85 agus in Airteagal 86;

(b) na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 86(4);

(c) an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 87(2).

*CAIBIDIL 2*

***Ráthaíocht i dtaca le fiach poitéinsiúil custaim nó le fiach custaim atá ann***

*Airteagal 89*

**Forálacha ginearálta**

1. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo i ndáil le ráthaíochtaí i leith fiach custaim arna dtabhú agus i leith fiach custaim a fhéadfar a thabhú, mura sonraítear a mhalairt.

2. I gcás ina n-éileoidh na húdaráis chustaim ráthaíocht i dtaca le fiach poitéinsiúil custaim nó le fiach custaim atá ann, cumhdófar leis an ráthaíocht sin méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí agus na muirir eile atá dlite i dtaca leis na hearraí a allmhairiú nó a onnmhairiú i gcás:

(a) ina n-úsáidtear an ráthaíocht chun na hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais; nó

(b) ina bhféadtar an ráthaíocht a úsáid i níos mó ná Ballstát amháin.

Maidir le ráthaíocht nach féidir a úsáid lasmuigh den Bhallstáit ina n-éilítear é, ní bheidh sé bailí ach amháin sa Bhallstáit sin agus cumhdófar leis ar a laghad méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí.

3. I gcás ina n-éileoidh na húdaráis chustaim go gcuirfear ráthaíocht ar fáil, is ar an bhféichiúnaí nó ar an duine a fhéadfaidh a bheith ina fhéichiúnaí a éileofar sin. Féadfaidh siad a cheadú freisin do dhuine eile seachas an duine ar a n-éileofar í an ráthaíocht a chur ar fáil.

4. Gan dochar d'Airteagal 97, ní éileoidh na húdaráis chustaim go gcuirfear ach ráthaíocht amháin ar fáil i ndáil le hearraí sonracha nó i ndáil le dearbhú sonrach.

Beidh feidhm ag an ráthaíocht a sholáthraítear do dhearbhú sonrach maidir le méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim agus do mhuirir eile i ndáil leis na hearraí uile a fholaítear leis an dearbhú sin nó a scaoiltear mar gheall air, cibé acu an ceart nó mícheart an dearbhú sin.

[1] IO L 324, 10.12.2009, lch. 23.

Murar scaoileadh an ráthaíocht, féadfar í a úsáid chomh maith, laistigh de theorainneacha na méide atá urraithe, chun méideanna dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí agus muirir eile atá iníoctha i ndiaidh rialú iarscaoilte na n-earraí sin a aisghabháil.

5. Ar iarratas ón duine dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis chustaim, i gcomhréir le hAirteagal 95(1), (2) agus (3), soláthar ráthaíochta cuimsithí a údarú a chlúdóidh méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim i ndáil le dhá cheann nó níos mó d'oibríochtaí, de dhearbhuithe nó de nósanna imeachta custaim.

6. Déanfaidh na húdaráis chustaim faireachán ar an ráthaíocht.

7. Ní éileofar aon ráthaíocht ó Stáit, ó údaráis réigiúnacha ná ó údaráis rialtas áitiúla ná ó chomhlachtaí eile atá rialaithe ag dlí poiblí, i ndáil le gníomhaíochtaí lena ngabhann siad mar údaráis phoiblí.

8. Ní éileofar aon ráthaíocht in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) earraí a iompraítear ar an Réin agus ar uiscebhealaí na Réine agus ar an Danóib agus ar uiscebhealaí na Danóibe;

(b) earraí a iompraítear le suiteáil seasta iompair;

(c) i gcásanna sonracha ina gcuirtear earraí faoin nós imeachta cead isteach sealadach;

(d) earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais an Aontais agus leas á bhaint as an simpliú dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 233(4) agus a iompraítear ar muir nó san aer idir calafoirt an Aontais nó idir aerfoirt an Aontais.

9. Féadfaidh na húdaráis chustaim an ceangal maidir le soláthar ráthaíochta a tharscaoileadh i gcás nach rachaidh méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bheidh le hurrú thar an luach staidrimh le haghaidh dearbhuithe a leagtar síos in Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil eachtrach le tíortha nach Ballstáit iad ([1]).

*Airteagal 90*

**Ráthaíocht éigeantach**

1. I gcás ina mbeidh sé éigeantach ráthaíocht a chur ar fáil, socróidh na húdaráis méid na ráthaíochta sin ar leibhéal is ionann agus méid beacht na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn do na fiacha custaim agus do na muirir eile i gcás inar féidir an méid sin a shuíomh go cinnte an tráth a n-éilítear an ráthaíocht.

I gcás nach féidir an méid beacht a shuíomh, socrófar an ráthaíocht ag méid uasta na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim agus do na muirear eile a thabhófar nó a fhéadfar a thabhú, is méid a mheasfaidh na húdaráis chustaim.

2. Gan dochar d'Airteagal 95, i gcás ina gcuirfear ráthaíocht chuimsitheach ar fáil le haghaidh na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn d'fhiacha custaim agus do mhuirir eile a n-athróidh a méid thar am, socrófar méid na ráthaíochta sin ar leibhéal a chumasóidh méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn d'fhiacha custaim agus do mhuirir eile a chumhdach tráth ar bith.

*Airteagal 91*

**Ráthaíocht roghnach**

I gcás ina mbeidh soláthar ráthaíochta roghnach, éileoidh na húdaráis chustaim ráthaíocht den sórt sin ar aon chuma má mheasann siad nach bhfuil sé cinnte go n-íocfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn d'fhiach custaim agus do mhuirir eile laistigh den tréimhse a leagtar síos. Socróidh na húdaráis sin a méid, is méid nach rachaidh thar an leibhéal dá dtagraítear in Airteagal 90.

*Airteagal 92*

**Ráthaíocht a chur ar fáil**

1. Féadfar ráthaíocht a chur ar fáil i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

(a) trí éarlais in airgead tirim nó trí aon chineál íocaíochta a mheasfaidh na húdaráis chustaim a bheith coibhéiseach le héarlais in airgead tirim, a íocfar in euro nó in airgeadra an Bhallstáit ina n-éilítear an ráthaíocht;

(b) trí ghealltanas a thabharfaidh ráthóir;

(c) trí aon fhoirm eile ráthaíochta a chuireann áirithiú coibhéiseach ar fáil go n-íocfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim agus do mhuirir eile.

2. Tabharfar ráthaíocht i bhfoirm éarlaise in airgead tirim nó aon mhodh eile íocaíochta, de réir na bhforálacha a bheidh i bhfeidhm sa Bhallstát ina n-éilítear an ráthaíocht.

I gcás ina dtabharfar ráthaíocht trí éarlais in airgead tirim nó aon mhodh eile íocaíochta a bheidh coibhéiseach, ní bheidh aon ús air sin iníoctha ag na húdaráis chustaim.

([1]) IO L 152, 16.6.2009, lch. 23.

*Airteagal 93*

**Rogha ráthaíochta**

Féadfaidh an duine ar a n-éilítear ráthaíocht a chur ar fáil roghnú idir na foirmeacha ráthaíochta a leagtar síos in Airteagal 92(1).

Féadfaidh na húdaráis chustaim, áfach, diúltú don fhoirm ráthaíochta a roghnaítear i gcás ina mbeidh sí ar neamhréir le feidhmiú cuí an nós imeachta custaim lena mbaineann.

Féadfaidh na húdaráis a éileamh go gcoinneofar le foirm na ráthaíochta a roghnaítear ar feadh tréimhse sonraí.

*Airteagal 94*

**Ráthóir**

1. Beidh an ráthóir dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 92(1) ina thríú duine a bhunaítear i gcríoch chustaim an Aontais. Beidh an ráthóir formheasta ag na húdaráis chustaim a éilíonn an ráthaíocht mura foras creidmheasa nó airgeadais nó cuideachta árachais é atá creidiúnaithe san Aontas i gcomhréir leis na forálacha de chuid an Aontais atá i bhfeidhm.

2. Geallfaidh an ráthóir i scríbhinn méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí atá urraithe agus a fhreagraíonn d'fhiach custaim agus do mhuirir eile a íoc.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim diúltú an ráthóir nó an cineál ráthaíochta a thairgtear a fhormheas i gcás nach deimhin gur léir go n-áiritheoidh ceachtar acu go n-íocfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim agus na muirir eile laistigh den tréimhse fhorordaithe.

*Airteagal 95*

**Ráthaíocht chuimsitheach**

1. Ní thabharfar an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 89(5) ach do dhaoine a shásaíonn na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá siad bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;

(b) go gcomhlíonann siad na critéir atá leagtha síos i bpointe (a) d'Airteagal 39;

(c) go n-úsáideann siad na nósanna imeachta custaim atá i gceist go rialta nó oibreoirí saoráidí stórála sealadaí nó go gcomhlíonann siad na critéir atá leagtha síos in Airteagal 39(d).

2. I gcás ina mbeidh ráthaíocht chuimsitheach le cur ar fáil i leith fiach custaim agus muirear eile a d'fhéadfaí a thabhú, féadfar a údarú d'oibreoir eacnamaíoch ráthaíocht chuimsitheach a úsáid a bhfuil a méid laghdaithe nó tarscaoileadh ráthaíochta a thabhairt dó ar choinníoll go gcomhlíonfaidh sé nó sí na critéir atá leagtha síos i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 39.

3. I gcás ina dtabharfar ráthaíocht chuimsitheach le haghaidh fiach custaim agus muirear eile a tabhaíodh, beidh ag oibreoir eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim, ar iarratas a dhéanamh, údarú leas a bhaint as an ráthaíocht chuimsitheach a bhfuil a méid laghdaithe.

4. Is ionann an ráthaíocht chuimsitheach a bhfuil a méid laghdaithe dá dtagraítear i mír 3 agus ráthaíocht a chur ar fáil.

*Airteagal 96*

**Toirmisc shealadacha a bhaineann le húsáid ráthaíochtaí cuimsitheacha**

1. I gcomhthéacs nósanna imeachta speisialta nó stórála sealadaí, féadfaidh an Coimisiún toirmeasc ar bhonn sealadach a chur ar úsáid aon cheann daoibh seo a leanas:

(a) an ráthaíocht chuimsitheach i gcomhair méid laghdaithe nó tarscaoilte ráthaíochta dá dtagraítear in Airteagal 95(2);

(b) an ráthaíocht chuimsitheach dá dtagraítear in Airteagal 95, i ndáil le hearraí a bheidh sainithe mar nithe atá ina n-ábhar do chalaois ar mhórscála.

2. I gcás ina bhfuil feidhm ag pointe (a) nó (b) de mhír 1 den Airteagal seo, féadfar a cheadú leas a bhaint as an ráthaíocht chuimsitheach i gcomhair méid laghdaithe nó tarscaoilte ráthaíochta nó leas a bhaint as an ráthaíocht chuimsitheach dá dtagraítear in Airteagal 95, i gcás ina gcomhlíonann an duine lena mbaineann ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur féidir leis an duine sin a thaispeáint nár tháinig aon fhiach custaim aníos i ndáil leis na hearraí a bhí i gceist le linn na n-oibríochtaí a thug an duine sin fúthu sa 2 bhliain roimh an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1;

(b) i gcás inar eascraíodh fiachais chustaim sa dá bhliain roimh an cinneadh dá dtagraítear i mír 1, gur féidir leis an duine lena mbaineann a thaispeáint gur íoc an féichiúnaí nó na féichiúnaithe nó an ráthóir na fiachais sin ina n-iomlán laistigh den teorainn ama forordaithe.

D'fhonn údarú a fháil úsáid a bhaint as ráthaíocht chuimsitheach atá toirmiscthe go sealadach, ní mór don duine lena mbaineann na critéir atá leagtha síos bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 39.

*Airteagal 97*

**Ráthaíocht bhreise nó ráthaíocht athsholáthair**

I gcás ina ndeimhneoidh na húdaráis chustaim nach n-áiritheoidh an ráthaíocht a bheidh curtha ar fáil, nó nach bhfuil sé cinnte go n-áiritheoidh sí a thuilleadh, go n-íocfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim agus do na muirir eile laistigh den tréimhse fhorordaithe, nó nach leor í lena áirithiú amhlaidh, éileoidh siad ar dhuine de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 89(3) ráthaíocht bhreise a chur ar fáil nó ráthaíocht nua a chur in ionad na ráthaíochta bunaidh, de réir a rogha.

*Airteagal 98*

**An ráthaíocht a scaoileadh**

1. Scaoilfidh na húdaráis chustaim an ráthaíocht láithreach nuair a mhúchfar an fiach custaim nó an dliteanas i leith muirear eile nó nuair nach féidir go n-eascróidh sé a thuilleadh.

2. I gcás ina múchfar an fiach custaim nó an dliteanas i leith muirear eile go páirteach nó i gcás nach féidir go n-eascróidh sé ach amháin i ndáil le páirt den mhéid atá urraithe, scaoilfear páirt chomhfhreagrach den ráthaíocht dá réir sin ar iarraidh ón duine lena mbaineann ach amháin sa chás nach mbeidh bonn cirt faoi dhéanamh amhlaidh mar gheall ar an méid atá i gceist.

*Airteagal 99*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na cásanna sonracha, dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 89(8), nach gceanglaítear ráthaíocht iontu i leith earraí a chuirtear faoin nós imeachta um chead isteach;

(b) i bhfoirm ráthaíochta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) agus leis na rialacha maidir leis an ráthóir dá dtagraítear in Airteagal 94;

(c) na coinníollacha chun údarú a dheonú le ráthaíocht chuimsitheach de mhéid laghdaithe a úsáid nó le tarscaoileadh ráthaíochta a fháil dá dtagraítear in Airteagal 95(2);

(d) teorainneacha ama chun ráthaíocht a scaoileadh.

*Airteagal 100*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

1. Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta:

(a) chun méid na ráthaíochta a chinneadh, lena n-áirítear an méid laghdaithe dá dtagraítear in Airteagal 95(2) agus (3);

(b) maidir le soláthar na ráthaíochta dá dtagraítear in Airteagal 89 agus faireachán a dhéanamh air, maidir le cúlghairm agus cealú an ghealltanais arna thabhairt ag an ráthóir dá dtagraítear in Airteagal 94, agus maidir le scaoileadh na ráthaíochta dá dtagraítear in Airteagal 98;

(c) maidir leis na toirmisc shealadacha dá dtagraítear in Airteagal 96.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

2. Glacfaidh an Coimisiún na bearta dá dtagraítear in Airteagal 96, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Ar mhórchúiseanna práinne i ndáil le bearta den sórt sin, a mbeidh call cuí leo de bharr an ghá feabhas mear a dhéanamh ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme gan mhoill i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 285(5).

I gcás ina mbeidh tuairim an choiste dá dtagraítear in Airteagal 285(1) le fáil trí nós imeachta scríofa, beidh feidhm ag Airteagal 285(6).

*CAIBIDIL 3*

***Aisghabháil, íocaíocht, aisíocaíocht agus loghadh mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí***

Roinn 1

**Méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a chinneadh, fógra a thabhairt faoin bhfiach custaim agus iontráil sna cuntais**

*Airteagal 101*

**Méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a chinneadh**

1. Is iad na húdaráis chustaim atá freagrach as an áit a dtabhaítear an fiach custaim, nó a mheasfar é a bheith tabhaithe i gcomhréir le hAirteagal 87 inti, a chinnfidh méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha, a luaithe is a bheidh an fhaisnéis riachtanach acu.

2. Gan dochar d'Airteagal 48, féadfaidh na húdaráis chustaim glacadh le méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha a chinnfidh an dearbhóir.

3. Sa chás nach mbeidh uimhir iomlán mar thoradh ar mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha, féadfar an méid sin a shlánú.

I gcás ina léirítear an méid dá dtagraítear sa chéad fomhír i euro, ní fhéadfadh slánú na huimhreach a bheith níos mó ná slánú aníos nó anuas go dtí an uimhir iomlán is gaire.

Féadfaidh Ballstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige forálacha an dara fomhír a chur i bhfeidhm mutatis mutandis nó féadfaidh sé maolú ón bhfomhír sin, ar an gcoinníoll nach bhfuil tionchar airgeadais níos mó ag na rialacha atá leagtha amach sa dara fomhír.

*Airteagal 102*

**Fógra a thabhairt maidir leis an bhfiach custaim**

1. Tabharfar fógra don fhéichiúnaí maidir leis an bhfiach custaim san fhoirm a leagtar síos ag an áit a dtabhófar an fiach custaim, nó a meastar é a bheith tabhaithe i gcomhréir le hAirteagal 87 inti.

Ní thabharfar an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhforchuirfear beart sealadach beartais tráchtála i bhfoirm dleachta, go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir le méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí;

(b) i gcás ina rachaidh méid na dleachta is iníoctha ar allmhairí nó ar onnmhairí thar an méid a cinneadh ar bhonn cinnidh a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 33;

(c) i gcás inarb ar bhonn forálacha ginearálta a neamhbhailíodh ag dáta níos deireanaí le cinneadh cúirte, a rinneadh an cinneadh bunaidh nach dtabharfaí fógra faoin bhfiach custaim nó go dtabharfaí fógra faoi mhéid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí ba lú ná an méid ab iníoctha;

(d) i gcás ina ndíolmhaítear na húdaráis chustaim ó fhógra a thabhairt faoin bhfiach custaim faoin reachtaíocht chustaim.

2. I gcás inarb ionann méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha agus an méid atá iontráilte sa dearbhú custaim, is ionann scaoileadh na n-earraí ag na húdaráis chustaim agus fógra faoin bhfiach custaim a thabhairt don fhéichiúnaí.

3. I gcás nach mbeidh feidhm ag mír 2, tabharfaidh na húdaráis chustaim fógra faoin bhfiach custaim don fhéichiúnaí nuair a bheidh siad in ann méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha a chinneadh agus cinneadh a ghlacadh faoi sin.

I gcás ina bhféadfaí dochar a dhéanamh don imscrúdú coiriúil leis an bhfógra maidir leis an bhfiach custaim, féadfaidh na húdaráis chustaim an fógra sin a chur siar go dtí nach ndéanfar dochar d'imscrúduithe coiriúla leis a thuilleadh.

4. I gcás fiach custaim a fhreagraíonn do mhéid iomlán na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bhaineann leis na hearraí uile a scaoiltear d'aon duine amháin le linn tréimhse a shocróidh na húdaráis chustaim, féadfar fógra a thabhairt ina leith ag deireadh na tréimhse sin ar choinníoll go mbeidh íocaíocht ráthaithe. Ní bheidh an tréimhse a shocróidh na húdaráis chustaim níos faide ná 31 lá.

*Airteagal 103*

**Tréimhse teorann maidir leis an bhfiach custaim**

1. Ní fhéadfar fógra a thabhairt don fhéichiúnaí maidir le fiach custaim tar éis dul in éag do thréimhse trí bliana ón dáta ar tabhaíodh an fiach custaim.

2. I gcás ina dtabhófar an fiach custaim de bharr gnímh a d'fhéadfadh a bheith, tráth a ndearnadh é, ina chúis d'imeachtaí coiriúla cúirte a thionscnamh, déanfar an tréimhse trí bliana atá leagtha síos i mír 1 a fhadú go tréimhse cúig bliana ar a laghad agus tréimhse 10 mbliana ar a mhéid i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

3. Déanfar na tréimhsí a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2 a fhionraí sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair a thaiscfear achomharc i gcomhréir le hAirteagal 44, beidh feidhm ag fionraí den sórt sin ón dáta a thaiscfear an t-achomharc agus mairfidh sé ar feadh ré na n-imeachtaí achomhairc; nó

(b) chuir na húdaráis chustaim na forais ar a mbeidh sé beartaithe acu fógra a thabhairt faoin bhfiach custaim in iúl don fhéichiúnaí, i gcomhréir le hAirteagal 22(6), beidh feidhm ag fionraí den sórt sin ón dáta ar cuireadh na forais sin in iúl go dtí deireadh na tréimhse ina dtugtar deis don fhéichiúnaí a thuairim nó a tuairim a chur in iúl.

4. I gcás ina n-aischuirfear fiach custaim de bhun Airteagal 116(7), measfar na tréimhsí a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2 a bheith curtha ar fionraí ón dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar aisíocaíocht nó ar loghadh i gcomhréir le hAirteagal 121, go dtí an dáta a glacadh an cinneadh maidir le haisíocaíocht nó le loghadh.

*Airteagal 104*

**Iontráil sna cuntais**

1. Iontrálfaidh na húdaráis chustaim dá dtagraítear in Airteagal 101 ina gcuntais, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha agus a chinnfear i gcomhréir leis an Airteagal sin.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír i gcásanna dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 102(1).

2. Ní gá go n-iontrálfadh na húdaráis chustaim sna cuntais méideanna dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí, de bhun Airteagal 103, a fhreastalaíonn d'fhiach custaim nárbh fhéidir a thuilleadh fógra ina leith a thabhairt don fhéichiúnaí.

3. Cinnfidh Ballstáit na nósanna imeachta praiticiúla chun méideanna na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a iontráil sna cuntais. Féadfaidh difríocht a bheith idir na nósanna imeachta sin, ag brath ar cibé an mbeidh na húdaráis chustaim sásta, i bhfianaise na gcúinsí inar tabhaíodh an fiach, go n-íocfar na méideanna sin.

*Airteagal 105*

**Tráth iontrála sna cuntais**

1. I gcás ina dtabhófar fiach custaim de bharr gur glacadh le dearbhú custaim i leith earraí le haghaidh nós imeachta custaim, seachas ligean isteach sealadach le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí, nó de bharr aon ghnímh eile a bhfuil an éifeacht dlí chéanna aige agus glacadh den sórt sin, iontrálfaidh na húdaráis chustaim méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha sna cuntais laistigh de cheithre lá dhéag ó thráth scaoilte na n-earraí.

I gcás ina mbeidh íocaíocht ráthaithe, áfach, féadfar méid iomlán na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bhaineann leis na hearraí uile a scaoiltear d'aon duine amháin le linn tréimhse a socróidh na húdaráis chustaim agus nach rachaidh thar 31 lá, a chuimsiú in aon iontráil amháin sna cuntais ag deireadh na tréimhse sin. Déanfar iontráil den sórt sin laistigh de cheithre lá dhéag ó dháta éaga na tréimhse lena mbaineann.

2. I gcás inar féidir earraí a scaoileadh faoi réir coinníollacha áirithe a rialaíonn méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha a chinneadh nó a bhailiú, déanfar an iontráil sna cuntais laistigh de cheithre lá dhéag ón lá a gcinnfear méid na dleachta is iníoctha ar allmhairí nó ar onnmhairí nó laistigh de cheithre lá dhéag ón lá a shocrófar an oibleagáid maidir leis an dleacht sin a íoc.

I gcás ina mbainfidh an fiach custaim, áfach, le beart sealadach beartais tráchtála i bhfoirm dleachta, iontrálfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha sna cuntais laistigh de dhá mhí ón dáta a bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an Rialachán lena mbunaítear an beart críochnaitheach beartais tráchtála.

3. I gcás ina dtabhófar fiach custaim i gcúinsí nach bhfolaítear le mír 1, iontrálfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha sna cuntais laistigh de cheithre lá dhéag ón dáta a mbeidh na húdaráis chustaim in ann méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí atá i gceist a chinneadh agus cinneadh a dhéanamh.

4. Beidh feidhm ag mír 3 i ndáil le méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bheidh le haisghabháil nó a bheidh fós le haisghabháil i gcás nach n-iontrálfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha sna cuntais i gcomhréir le mír 1, le mír 2 agus le mír 3 nó i gcás ina gcinnfear agus ina n-iontrálfar í sna cuntais ar leibhéal níos ísle ná an méid is iníoctha.

5. Ní bheidh feidhm ag na teorainneacha ama le haghaidh iontrála sna cuntais a leagtar síos i mír 1, i mír 2 agus i mír 3 i gcúinsí neamh-intuartha nó i gcásanna force majeure.

6. Féadfar an iontráil sna cuntais a chur siar sa chás dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 102(3), go dtí nach ndéanfar dochar a thuilleadh d'imscrúdú coiriúil leis an bhfógra sin faoin bhfiach custaim.

*Airteagal 106*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun na cásanna dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 102(1) ina ndíolmhaítear na húdaráis chustaim ó fhógra a thabhairt faoin bhfiach custaim a chinneadh;

*Airteagal 107*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Glacfaidh an Coimisiún bearta, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, chun cúnamh frithpháirteach idir na húdaráis chustaim a áirithiú i gcás ina dtabhófar fiach custaim.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 2

**méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a íoc**

*Airteagal 108*

**Teorainneacha ama ginearálta le haghaidh íocaíochta agus an teorainn ama le haghaidh íocaíochta a chur ar fionraí**

1. Íocfaidh an féichiúnaí méideanna na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim ar tugadh fógra dó ina leith i gcomhréir le hAirteagal 102 laistigh den tréimhse a fhorordóidh na húdaráis chustaim.

Gan dochar d'Airteagal 45(2), ní rachaidh an tréimhse sin thar dheich lá tar éis fógra maidir leis an bhfiach custaim a bheith tugtha don fhéichiúnaí. I gcás chomhshuimiú na n-iontrálacha sna cuntais faoi na coinníollacha a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 105(1), socrófar í amhail is nach mbeidh sé de chumas ag an bhféichiúnaí tréimhse níos faide a fháil le haghaidh íocaíochta ná mar a bheadh aige nó aici dá ndeonófaí dó nó di dáta na híocaíochta a chur siar i gcomhréir le hAirteagal 110.

Féadfaidh na húdaráis chustaim an tréimhse sin a fhadú ar iarratas ón bhféichiúnaí I gcás ina gcinnfear méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha i gcúrsa an rialaithe iarscaoilte amhail dá dtagraítear in Airteagal 48. Gan dochar d'Airteagal 112(1), ní rachaidh síntí den sórt sin thar an tréimhse is gá don fhéichiúnaí chun na bearta cuí a dhéanamh lena oibleagáid a chomhlíonadh.

2. Má tá an féichiúnaí i dteideal aon cheann de na háiseanna íocaíochta a leagtar síos in Airteagail 110 go 112, déanfar an íocaíocht laistigh den tréimhse nó laistigh de na tréimhsí a shonraítear i ndáil leis na háiseanna sin.

3. An teorainn ama le haghaidh íocaíochta mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn d'fhiach custaim, cuirfear ar fionraí í in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina ndéanfar iarratas ar loghadh dleachta i gcomhréir le hAirteagal 121;

(b) i gcás ina bhfuiltear chun earraí a choigistiú, a dhíothú nó a thréigean leis an Stát;

(c) i gcás inar tabhaíodh an fiach custaim de bhun Airteagal 79 agus ina mbeidh níos mó ná féichiúnaí amháin i gceist.

*Airteagal 109*

**Íocaíocht**

1. Déanfar an íocaíocht in airgead tirim nó ar aon slí eile lena mhacasamhail d'éifeacht comhlíonta, lena n-áirítear coigeartú comhardú creidmheasa, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

2. Féadfaidh tríú duine an íocaíocht a dhéanamh in ionad an fhéichiúnaí.

3. Féadfaidh an féichiúnaí ar aon chuma méid iomlán na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí nó páirt de a íoc gan fanacht go mbeidh an tréimhse a tugadh dó nó di le haghaidh íocaíochta caite.

*Airteagal 110*

**Iarchur íocaíochta**

Déanfaidh na húdaráis chustaim, ar iarratas ón duine lena mbaineann agus ar ráthaíocht a bheith curtha ar fáil dóibh, iarchur íocaíocht na dleachta is iníoctha a údarú ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) go leithleach i ndáil le gach méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a iontrálfar sna cuntais i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 105(1), nó le hAirteagal 105(4);

(b) ar dhóigh fhoriomlán i ndáil leis na méideanna dleachta uile ar allmhairí nó ar onnmhairí a iontrálfar sna cuntais i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 105(1) le linn tréimhse a shocróidh na húdaráis chustaim agus nach rachaidh thar 31 lá;

(c) ar dhóigh fhoriomlán i ndáil leis na méideanna dleachta uile ar allmhairí nó ar onnmhairí a ndéanfar iontráil amháin ina leith i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 93(1).

*Airteagal 111*

**Tréimhsí a bhfuil íocaíocht curtha siar dóibh**

1. Tríocha lá a bheidh sa tréimhse a gcuirtear íocaíocht siar ar a feadh faoi Airteagal 110.

2. I gcás ina gcuirfear íocaíocht siar i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 110, tosóidh an tréimhse ar an lá i ndiaidh an lae a dtabharfar fógra don fhéichiúnaí maidir leis an bhfiach custaim.

3. I gcás ina gcuirfear íocaíocht siar i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 110, tosóidh an tréimhse ar an lá i ndiaidh an lae a dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse chomhshuimithe. Laghdófar é líon na laethanta a chomhfhreagraíonn do leath líon na laethanta a fholaítear leis an tréimhse chomhshuimithe.

4. I gcás ina gcuirfear íocaíocht siar i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 110, tosóidh an tréimhse ar an lá i ndiaidh dheireadh na tréimhse a bheidh socraithe le haghaidh scaoileadh na n-earraí atá i gceist. Laghdófar é líon na laethanta a chomhfhreagraíonn do leath líon na laethanta a fholaítear leis an tréimhse atá i dtrácht.

5. I gcás inar corruimhir líon na laethanta sna tréimhsí dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4, beidh líon na laethanta a chaithfear a asbhaint ón tréimhse 30 lá de bhun na míreanna sin cothrom le leath na chéad ré-uimhreach eile is ísle.

6. I gcás inar seachtainí iad na tréimhsí dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go mbeidh méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí ar cuireadh siar an íocaíocht ina leith le híoc ar an Aoine den cheathrú seachtain i ndiaidh na seachtaine atá i gceist ar a dhéanaí.

Más míonna atá sna tréimhsí sin, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go mbeidh méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí ar cuireadh siar an íocaíocht ina leith le híoc ar an séú lá déag den mhí i ndiaidh na míosa atá i gceist.

*Airteagal 112*

**Saoráidí eile íocaíochta**

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim saoráidí íocaíochta seachas iarchur íocaíochta a dheonú don fhéichiúnaí ar choinníoll go gcuirfear ráthaíocht ar fáil.

2. I gcás ina ndeonófar saoráidí de bhun mhír 1, déanfar ús creidmheasa a mhuirearú ar mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí.

I gcás Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige, beidh an ráta creidmheasa úis comhionann leis an ráta úis arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sraith C, ar ráta úis é a chuir an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm ar na príomhoibríochtaí athairgeadaithe ar an gcéad lá den mhí ina raibh an dáta dlite, méadaithe faoi aon phointe céatadáin amháin.

I gcás Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, beidh an ráta úis chreidmheasa comhionann leis an ráta arna chur i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí a bheidh i gceist ag an mBanc Ceannais Náisiúnta i gcás a phríomhghníomhaíochtaí athairgeadaithe, méadaithe faoi aon phointe céatadáin, nó, maidir le Ballstát nach bhfuil fáil ar ráta an Bhainc Cheannais Náisiúnta ina chás, an ráta is coibhéisí arna chur i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i gceist ar mhargadh airgid an Bhallstáit, méadaithe faoi aon phointe céatadáin.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim staonadh ó ráthaíocht a éileamh nó ó ús creidmheasa a mhuirearú i gcás ina suífear ar bhonn measúnaithe dhoiciméadaithe ar staid an fhéichiúnaí, go gcothódh sé sin deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta.

4. Staonfaidh na húdaráis chustaim d'ús creidmheasa a ghearradh i gcásanna ina mbeidh an tsuim in aghaidh gach gníomhaíochta aisghabhála níos lú ná EUR 10.

*Airteagal 113*

**Forfheidhmiú íocaíochta**

I gcás nach n-íocfar méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha laistigh den tréimhse fhorordaithe, áiritheoidh na húdaráis chustaim ar gach uile bhealach a bheidh ar fáil dóibh faoi dhlí an Bhallstáit lena mbaineann go bhfaighfear íocaíocht ar an méid sin.

*Airteagal 114*

**Ús ar riaráistí**

1. Déanfar ús a mhuirearú ar mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí ón dáta a rachaidh an tréimhse fhorordaithe in éag go dtí an dáta a ndéanfar an íocaíocht.

I gcás Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige, beidh an ráta creidmheasa úis comhionann leis an ráta úis arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sraith C, ar ráta úis é a chuir an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm ar na príomhoibríochtaí athairgeadaithe ar an gcéad lá den mhí ina raibh an dáta dlite, méadaithe faoi dhá phointe céatadáin amháin.

I gcás Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, beidh an ráta úis ar riaráistí comhionann leis an ráta arna chur i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí a bheidh i gceist ag an mBanc Ceannais Náisiúnta i gcás a phríomhghníomhaíochtaí athairgeadaithe, méadaithe faoi dhá phointe céatadáin, nó, maidir le Ballstát nach bhfuil fáil ar ráta an Bhainc Cheannais Náisiúnta ina chás, an ráta is coibhéisí arna chur i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i gceist ar mhargadh airgid an Bhallstáit, méadaithe faoi dhá phointe céatadáin.

2. I gcás ina dtabhaítear an fiachas custaim ar bhonn Airteagal 79 nó Airteagal 82, nó i gcás ina bhfuil an fógra faoin bhfiachas custaim mar thoradh ar rialú iarscaoilte, déanfar ús a mhuirearú de bhreis ar mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí, ón dáta a dtabhófar an fiach custaim go dtí an dáta a dtabharfar an fógra faoi.

Leagfar síos an ráta úis ar riaráistí i gcomhréir le mír 1.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim staonadh ó ús a mhuirearú ar riaráistí i gcás ina suífear ar bhonn measúnaithe dhoiciméadaithe ar staid an fhéichiúnaí, go gcothófaí deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta dá ndéanfaí é a mhuirearú.

4. Staonfaidh na húdaráis chustaim d'ús a ghearradh ar riaráistí i gcásanna ina mbeidh an tsuim in aghaidh gach gníomhaíochta aisghabhála níos lú ná EUR 10.

*Airteagal 115*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun na rialacha a chinneadh maidir le fionraí na teorann ama d'íocaíocht an méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a chomhfhreagraíonn d'fhiach custaim dá dtagraítear in Airteagal 108(3) agus chun tréimhse na fionraí a chinneadh.

Roinn 3

**Aisíocaíocht agus loghadh**

*Airteagal 116*

**Forálacha ginearálta**

1. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Roinn seo, déanfar méideanna dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a aisíoc nó a loghadh, ar aon cheann de na forais seo a leanas:

(a) méideanna na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a rómhuirearaíodh;

(b) earraí lochtacha nó earraí nach gcomhlíonann téarmaí an chonartha;

(c) earráid a rinne na húdaráis inniúla;

(d) cothromas.

I gcás inar íocadh méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí agus ina ndearnadh an dearbhú comhfhreagrach custaim a chur ó bhail, i gcomhréir le hAirteagal 174, déanfar an méid sin a aisíoc.

2. Déanfaidh na húdaráis chustaim méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí dá dtagraítear i mír 1 a aisíoc nó a loghadh i gcás inar fiú EUR 10 nó níos mó é, ach amháin i gcás ina n-iarrann an duine lena mbaineann go n-íocfaí nó go loghfaí méid níos lú ná sin.

3. I gcás ina measfaidh an t-údarás custaim gur cheart an aisíocaíocht nó an loghadh a dheonú ar bhonn Airteagal 119 nó Airteagal 120, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an comhad ar aghaidh chuig an gCoimisiún i gcomhair cinnidh in aon cheann de na cásanna seo:

(a) i gcás ina measann an t-údarás custaim go bhfuil na cúinsí speisialta mar thoradh ar mhainneachtain an Choimisiúin a oibleagáidí a chomhlíonadh;

(b) i gcás ina measann an t-údarás custaim go ndearna an Coimisiún earráid de réir bhrí Airteagal 119;

(c) i gcás ina mbaineann cúinsí an cháis leis an méid a aimsíodh le linn imscrúdú de chuid an Aontais a rinneadh faoi Rialachán (CE) Uimh 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart [1], nó faoi aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais nó aon chomhaontú a thug an tAontas chun críche le tíortha nó le grúpa tíortha ina ndéantar foráil chun imscrúduithe Aontais mar sin a dhéanamh;

(d) i gcás ina mbeidh an tsuim a bhféadfadh an duine lena mbaineann a bheith faoi dhliteanas i leith oibríochta allmhairithe nó onnmhairithe amháin nó níos mó ná sin ach gurb ionann é agus EUR 500 000 nó go bhfuil sé os cionn EUR 500 000 mar thoradh ar earráid nó ar chúinsí speisialta.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, ní tharchuirfear na comhaid i gceachtar ceann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil cinneadh glactha ag an gCoimisiún cheana maidir le cás a bhaineann le saincheisteanna inchomparáideacha faoi fhíorais agus dlí;

(b) i gcás ina bhfuil cás á mheas ag an gCoimisiún cheana a bhaineann le saincheisteanna inchomparáideacha faoi fhíorais agus dlí.

4. Faoi réir na rialacha um inniúlacht i leith cinnidh, i gcás ina bhfaighidh na húdaráis chustaim féin amach laistigh de na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 121(1) go bhfuil méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí in-aisíoctha nó in-loghtha de bhun Airteagail 117, 119 nó 120, déanfaidh siad é a aisíoc nó a loghadh as a stuaim féin.

5. Ní dheonófar aon aisíoc ná aon loghadh nuair is de bharr go ndearna an féichiúnaí calaois a d'eascair an staid arbh é an fógra faoin bhfiach custaim an deireadh a bhí léi.

6. Ní eascróidh íocaíocht úis ag na húdaráis lena mbaineann as aisíoc.

Íocfar ús, áfach, i gcás nach ndéanfar cinneadh lena ndeonaítear aisíoc a chur chun feidhme laistigh de thrí mhí ón dáta a ndearnadh an cinneadh sin, mura taobh amuigh de rialú na n-údarás custaim a tharla an teip cloí leis an spriocdháta.

I gcásanna den sórt sin, íocfar an t-ús ón dáta a rachaidh an tréimhse trí mhí in éag go dtí an dáta a ndéanfar an t-aisíoc. Socrófar an ráta úis i gcomhréir le hAirteagal 112.

7. I gcás inar trí earráid a dheonóidh na húdaráis chustaim an t-aisíoc nó an loghadh, déanfar an fiach custaim bunaidh a athshuíomh sa mhéid nach bhfuil cosc ama air sin faoi Airteagal 103.

[1] IO L 82, 22.3.1997, lch. 1.

I gcásanna den sórt sin, déanfar aon ús a íocadh faoin dara fomhír de mhír 5 a aisíoc.

*Airteagal 117*

**Méideanna dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a ró-mhuirearaíodh**

1. Déanfar méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a aisíoc nó a loghadh a mhéid a rachaidh an méid a fhreagraíonn don bhunfhiach custaim thar an méid is iníoctha, nó a mhéid gur tugadh fógra don fhéichiúnaí maidir leis an bhfiach custaim ar mhodh a bhí contrártha do phointe (c) nó do phointe (d) d'Airteagal 102(1).

2. I gcás ina mbunaítear an t-iarratas ar aisíocaíocht nó loghadh, tráth ar glacadh an dearbhú maidir le scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, ar ráta laghdaithe nó nialasach dleachta ar allmhairí a bheith ann i ndáil leis na hearraí faoi thairif-chuóta, uasteorainn taraife nó bearta fabhracha taraife eile, deonófar aisíocaíocht nó loghadh ar choinníoll go gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas, tráth a dtaiscfear an t-iarratas agus na doiciméid riachtanacha ag gabháil leis:

(a) i gcás taraif-chuóta, nach mbeidh an méid ídithe;

(b) i gcásanna eile, nár athbhunaíodh an ráta dleachta a bhíonn dlite de ghnáth.

*Airteagal 118*

**Earraí lochtacha nó earraí nach gcomhlíonann téarmaí an chonartha**

1. Déanfar méid dleachta ar allmhairí a aisíoc nó a loghadh má bhaineann an fógra maidir leis an bhfiach custaim le hearraí a dhiúltaigh an t-allmhaireoir de bhrí go raibh siad lochtach, tráth ar scaoileadh iad, nó nár chomhlíon siad téarmaí an chonartha ar ar a bhonn a allmhairíodh iad.

Measfar go bhfolaíonn earraí lochtacha earraí a ndearnadh damáiste dóibh sular scaoileadh iad.

2. D'ainneoin mhír 3, deonófar aisíocaíocht nó loghadh ar choinníoll nár baineadh úsáid as na hearraí, ach amháin cibé úsáid a baineadh astu i dtosach agus a bhféadfadh sé go raibh gá léi chun a dheimhniú go raibh siad lochtach nó nár chomhlíon siad téarmaí an chonartha agus ar choinníoll go dtabharfar amach as críoch chustaim an Aontais iad.

3. Ní dheonófar aisíocaíocht nó loghadh sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás gur cuireadh na hearraí, sular scaoileadh iad le haghaidh saorchúrsaíochta, faoi nós imeachta speisialta i gcomhair tástála, mura suitear nach bhféadfaí a bhrath de ghnáth le linn na dtástálacha sin go raibh na hearraí lochtach nó nár comhlíonadh leo téarmaí an chonartha;

(b) i gcás inar cuireadh cineál lochtach na n-earraí san áireamh agus téarmaí an chonartha á ndréachtú, go háirithe an praghas, sular cuireadh na hearraí faoi nós imeachta custaim ina dtabhaítear fiach custaim; nó

(c) i gcás ina ndíolfaidh an t-iarratasóir na hearraí nuair a fhionntar go bhfuil siad lochtach nó nach gcomhlíontar téarmaí an chonartha leo.

4. Ar iarratas ón duine lena mbaineann, údaróidh na húdaráis chustaim go gcuirfear na hearraí faoin nós imeachta próiseála isteach, lena n-áirítear chun iad a dhíothú, nó faoin nós imeachta um idirthuras seachtrach, faoin nós imeachta um stórasú custaim nó faoin nós imeachta saorchreasa, seachas iad a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais.

*Airteagal 119*

**Earráid a rinne na húdaráis inniúla**

1. I gcásanna seachas na cinn dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 116(1) agus in Airteagal 117, Airteagal 118, agus Airteagal 120, agus i gcás ina raibh an méid a fhreagraíonn don fhiach custaim a fógraíodh i dtús níos ísle ná an méid a bhí iníoctha, mar gheall ar earráid a rinne na húdaráis inniúla, aisíocfar nó loghfar suim dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí, ar choinníoll go sásófar na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach bhféadfadh an féichiúnaí go réasúnach an earráid a bhrath; agus

(b) go raibh an féichiúnaí ag gníomhú de mheon macánta.

2. I gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 117(2), deonófar aisíocaíocht nó loghadh i gcás ina mbeidh an mhainneachtain ráta laghdaithe nó nialasach dleachta a fheidhmiú mar thoradh ar earráid a rinne na húdaráis chustaim agus i gcás ina raibh na sonraí uile sa dearbhú custaim maidir le scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta agus ina raibh na doiciméid uile is gá le hiarratas a dhéanamh ar an ráta laghdaithe nó nialasach ag gabháil leis.

3. I gcás inarb ar bhonn córais comhoibrithe riaracháin a bhfuil baint ag údaráis tíre nó críche atá taobh amuigh de chríoch chustaim an Aontais rannpháirteach leis a dheonaítear cóireáil fhabhrach na n-earraí, beidh eisiúint deimhnithe ag na húdaráis sin, má tharlaíonn sé go raibh sé mícheart, ina earráid nach bhféadfaí a bhrath go réasúnach de réir bhrí phointe (a) de mhír 1.

Ní earráid a bheidh in eisiúint deimhnithe mhíchirt áfach, i gcás ina mbeidh an deimhniú bunaithe ar chuntas mícheart ar na fíricí a chuir an t-onnmhaireoir ar fáil, ach amháin i gcás inar léir gurbh eol do na húdaráis eisiúna nó gur cheart gurbh eol dóibh nár chomhlíon na hearraí na coinníollacha a leagadh síos le haghaidh teidil chuig an gcóireáil fhabhrach.

Measfar gur ghníomhaigh an féichiúnaí de mheon macánta, más féidir leis nó léi a thaispeáint gur ghníomhaigh sé nó sí, le linn thréimhse na n-oibríochtaí trádála lena mbaineann, le dúthracht chuí lena áirithiú gur comhlíonadh na coinníollacha uile maidir le cóireáil fhabhrach.

Ní fhéadfaidh an féichiúnaí a bheith ag brath ar phléadáil gur ghníomhaigh sé de mheon macánta má d'fhoilsigh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, inar sonraíodh go raibh forais amhrais ann maidir le feidhmiú cuí na socruithe fabhracha ag an tír thairbhíoch nó ag an gcríoch thairbhíoch.

*Airteagal 120*

**Cothromas**

1. I gcásanna seachas na cinn dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 116(1) agus in Airteagal 117, Airteagal 118 agus Airteagal 119, déanfar méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a aisíoc nó a loghadh ar mhaithe le cothromas, nuair is i gcúinsí speisialta a tabhaíodh an fiach custaim agus nach féidir a chur i leith an fhéichiúnaí gur meabhlaireacht nó faillí shoiléir a bhí i gceist aige.

2. Suitear go bhfuil cúinsí speisialta ann dá dtagraítear i mír 1 i gcás inar léir ó chúinsí an cháis go mbaineann cás eisceachtúil leis an bhféichiúnaí i gcomparáid le hoibreoirí eile atá ag gabháil don ghnó céanna, agus in éagmais cúinsí mar sin, nach mbeadh sé nó sí faoin míbhuntáiste céanna atá mar thoradh ar bhailiú mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí is iníoctha.

*Airteagal 121*

**Nós imeachta um aisíoc agus loghadh**

1. Cuirfear iarratais ar aisíoc nó ar loghadh i gcomhréir le hAirteagal 116 chuig na húdaráis chustaim chuí laistigh de na tréimhsí seo a leanas:

(a) i gcás méideanna dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a ró-mhuirearaíodh, i gcás earráide a rinne na húdaráis inniúla, nó i gcás cothromais, laistigh de thrí bliana ón dáta a dtabharfar fógra faoin bhfiach custaim;

(b) i gcás earraí lochtacha nó earraí nach gcomhlíonann téarmaí an chonartha, laistigh d'aon bhliain amháin ón dáta a dtabharfar fógra faoin bhfiach custaim;

(c) i gcás ina gcuirfear dearbhú custaim ó bhail, laistigh den tréimhse a shonraítear sna rialacha is infheidhme maidir le neamhbhailíochtú.

Cuirfear fadú leis an tréimhse a shonraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír i gcás ina gcuirfidh an t-iarratasóir fianaise ar fáil gur cuireadh bac air a iarratas a chur isteach laistigh den tréimhse a forordaíodh de bharr cúinsí neamh-intuartha nó de bharr *force majeure*.

2. I gcás nach bhfuil na húdaráis chustaim in ann, ar bhonn na bhforas a tugadh ar aird, aisíocaíocht nó loghadh a dheonú i ndáil le méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí, éileofar go ndéanfaidh siad scrúdú ar fhiúntas iarratais ar aisíocaíocht nó ar loghadh i bhfianaise na bhforas eile d'aisíocaíocht nó loghadh dá dtagraítear in Airteagal 116.

3. I gcás inar taisceadh achomharc faoi Airteagal 44 in aghaidh fhógra an fhéich custaim, cuirfear an tréimhse ábhartha a shonraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 ar fionraí, ón dáta a thaiscfear an t-achomharc, ar feadh ré na n-imeachtaí achomhairc.

4. I gcás ina ndeonóidh údarás custaim aisíocaíocht nó loghadh i gcomhréir le hAirteagal 119 agus le hAirteagal 120, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an méid sin in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 122*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 284, lena leagtar síos na rialacha a chaithfidh sé a chomhlíonadh agus cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 116(3) á dhéanamh aige agus go háirithe na nithe seo a leanas:

(a) na coinníollacha faoina nglacfar leis an gcomhad;

(b) an teorainn ama chun cinneadh a ghlacadh agus fionraí na teorann ama sin;

(c) an teachtaireacht a bheidh mar bhunús ag an gcinneadh a ghlacfaidh an Coimisiún, sula nglacfar cinneadh a dhéanfadh dochar don duine lena mbaineann;

(d) an fógra faoin gcinneadh;

(e) na hiarmhairtí maidir le mainneachtain cinneadh a dhéanamh nó mainneachtain fógra a thabhairt ina leith.

*Airteagal 123*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

1. Sonróidh an Coimisiún na rialacha nós imeachta, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) maidir leis an íocaíocht agus an loghadh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 116;

(b) maidir le fógra a thabhairt don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 121(4) agus maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le cur ar fáil.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

2. Glacfaidh an Coimisiún na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 116(3), trí bhíthin ghníomhartha cur chun feidhme.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 285(2).

I gcás ina mbeidh tuairim an choiste dá dtagraítear in Airteagal 285(1) le fáil trí nós imeachta scríofa, beidh feidhm ag Airteagal 285(6).

*CAIBIDIL 4*

***Fiach custaim a mhúchadh***

*Airteagal 124*

**Múchadh**

1. Gan dochar do na forálacha atá i bhfeidhm maidir le neamh-aisghabháil mhéid na dleachta a fhreagraíonn d'fhiach custaim i gcás dhócmhainneacht an fhéichiúnaí a deimhníodh go breithiúnach, déanfar fiach custaim maidir le hallmhairiú nó le honnmhairiú a mhúchadh ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) i gcás nach bhféadfar fógra a thabhairt a thuilleadh don fhéichiúnaí i dtaobh an fhéich custaim, i gcomhréir le hAirteagal 103;

(b) trí mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a íoc;

(c) faoi réir mhír 5, trí mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a loghadh;

(d) i gcás, maidir le hearraí atá dearbhaithe le haghaidh nós imeachta custaim a bhéarfaidh oibleagáid dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí a íoc, ina gcuirfear an dearbhú custaim ó bhail;

(e) i gcás ina gcoigistítear earraí atá inchurtha faoi dhleachtanna ar allmhairí nó ar onnmhairí agus i gcás ina nglactar seilbh orthu agus ina gcoigistítear ag an am céanna iad nó ina dhiaidh sin;

(f) i gcás ina ndéanfar earraí ar a ndlitear dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí a dhíothú faoi mhaoirseacht custaim nó ina dtréigfear leis an Stát iad;

(g) i gcás ina n-imeoidh na hearraí as amharc nó nach gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn ón reachtaíocht chustaim de bharr dhíothú iomlán na n-earraí sin nó de bharr iad a bheith imithe ó mhaith ar fad mar gheall ar chineál iarbhír na n-earraí, nó ar chúinsí neamh-intuartha nó force majeure, nó de thoradh ar theagasc ó na húdaráis chustaim; chun críocha an phointe seo, measfar go bhfuil earraí caillte ar fad nuair a bheidh siad curtha ó mhaith ag aon duine;

(h) i gcás inar tabhaíodh an fiach custaim de bhun Airteagal 79 nó Airteagal 82 agus inar comhlíonadh na coinníollacha seo a leanas:

(i) nach raibh éifeacht shuntasach ag an mainneachtain as ar eascair tabhú an fhéich custaim ar oibriú ceart an nós imeachta custaim lena mbaineann agus nach iarracht ar mheabhlaireacht a bhí inti;

(ii) go ndearnadh ina dhiaidh sin na foirmiúlachtaí uile ba ghá chun staid na n-earraí a chur ina ceart;

(i) i gcás inar onnmhairíodh, le cead ó na húdaráis chustaim, earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht saor ó dhleacht, nó ar ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí, de bhua a n-úsáide deiridh;

(j) i gcás inar de bhun Airteagal 78 a tabhaíodh é agus i gcás ina gcuirtear ar ceal na foirmiúlachtaí a cuireadh i gcrích chun go bhféadfaí an chóireáil fhabhrach taraife dá dtagraítear san Airteagal sin a dheonú;

(k) i gcás, faoi réir mhír 6, gur de bhun Airteagal 79 a tabhaíodh an fiach custaim agus i gcás ina gcuirtear fianaise ar fáil chun sástacht na n-údarás custaim nár úsáideadh na hearraí ná nár caitheadh iad agus gur tugadh amach as críoch chustaim an Aontais iad.

2. Sna cásanna amhail dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1, measfar mar sin féin, chun críocha na bpionós is infheidhme maidir le cionta custaim, nach mbeidh an fiach custaim múchta i gcás inarb é dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí nó fiach custaim an bunús, faoi dhlí Ballstáit, ar a gcinntear pionóis.

3. I gcás ina múchfar fiach custaim i gcomhréir le pointe (g) de mhír 1, i ndáil le hearraí a urscaoiltear i saorchúrsaíocht saor ó dhleacht nó a scaoiltear ag ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí mar gheall ar an úsáid deiridh atá beartaithe dóibh, measfar gur earraí nach earraí de chuid an Aontais iad aon fhuíoll nó aon dramhaíl a bheidh mar thoradh ar a ndíothú.

4. Na forálacha atá i bhfeidhm a bhaineann le rátaí caighdeánacha i gcás ina n-imeoidh earraí ó mhaith ar fad de dheasca a gcineáil, beidh feidhm acu i gcás ina mainneoidh ar an duine i dtrácht a léiriú go bhfuil an fíorchaillteanas níos mó ná an caillteanas arna ríomh tríd an ráta caighdeánach a chur i bhfeidhm maidir leis na hearraí i gceist.

5. I gcás ina ndlífidh líon daoine méid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a fhreagraíonn don fhiach custaim a íoc agus go ndeonaítear loghadh, ní mhúchfar an fiach custaim ach amháin i ndáil leis an duine nó leis na daoine a ndeonaítear an loghadh dóibh.

6. Sa chás dá dtagraítear i bpointe (k) de mhír 1, ní mhúchfar an fiach custaim i ndáil le duine nó le daoine a rinne iarracht ar mheabhlaireacht.

7. I gcás inar de bhun Airteagal 79 a tabhaíodh an fiach custaim, múchfar é i ndáil leis an duine nár bhain aon iarracht ar mheabhlaireacht lena iompar agus a chuidigh leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise.

*Airteagal 125*

**Cur i bhfeidhm pionós**

I gcás ina múchfar an fiach custaim ar bhonn phointe (h) d'Airteagal 124(1), ní chuirfear bac ar Bhallstáit pionóis a chur i bhfeidhm mar gheall ar mhainneachtain an reachtaíocht chustaim a chomhlíonadh.

*Airteagal 126*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun liosta na dteipeanna nach raibh éifeacht shuntasach acu ar dhea-oibriú an nós imeachta custaim lena mbaineann agus chun pointe (i) de phointe (h) d'Airteagal 124(1) a fhorlíonadh a chinneadh.

TEIDEAL IV

**EARRAÍ A THUGTAR ISTEACH I gCRÍOCH CHUSTAIM AN AONTAIS**

CAIBIDIL 1

***Dearbhú iontrála achomair***

*Airteagal 127*

**Dearbhú iontrála achomair a thaisceadh**

1. Earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais, beidh siad faoi réir dearbhaithe iontrála achomair.

2. Tarscaoilfear an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1:

(a) i gcás meán iompair agus na hearraí a iompraítear leo nach mbeidh ach ag imeacht trí uiscí teorann nó trí aerspás chríoch chustaim an Aontais gan stopadh laistigh den chríoch sin; agus

(b) i gcásanna eile ina mbeidh call cuí leis de bharr an chineáil earraí nó tráchta nó ina mbeidh sé ceangailte i gcomhaontuithe idirnáisiúnta.

3. Ní mór an dearbhú iontrála achomair a thaisceadh ag oifig custaim na céadiontrála laistigh de theorainn ama shonrach, sula dtabharfar na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

Féadfaidh na húdaráis chustaim taisceadh dearbhú iontrála achomair a cheadú ag oifig custaim eile, ar an gcoinníoll go gcuireann an oifig sin na sonraí is gá in iúl nó go gcuireann sí ar fáil iad láithreach bonn go leictreonach d'oifig chustaim na céadiontrála.

4. Taiscfidh a t-iompróir an dearbhú iontrála achomair.

D'ainneoin oibleagáidí an iompróra, féadfaidh duine de na daoine seo a leanas an dearbhú iontrála achomair a thaisceadh ina ionad:

(a) an t-allmhaireoir nó an coinsíní nó duine eile a ngníomhóidh an t-iompróir ina ainm nó thar a cheann;

(b) duine ar bith atá in ann na hearraí atá i gceist a thíolacadh nó atá in ann iad a chur á dtíolacadh don oifig custaim iontrála.

5. Beidh sa dearbhú iontrála achomair na sonraí is gá chun anailís riosca a dhéanamh ar mhaithe le slándáil agus le sábháilteacht.

6. I gcásanna sonracha, murar féidir na sonraí go léir dá dtagraítear i mír 5 a fháil ó na daoine dá dtagraítear i mír 4, d'fhéadfaí a éileamh ar dhaoine eile a bhfuil na sonraí sin ina seilbh acu agus a bhfuil na cearta iomchuí acu iad a sholáthar na sonraí sin a sholáthar.

7. Féadfaidh údaráis chustaim glacadh leis go mbaintear úsáid as córais faisnéise tráchtála, poirt nó iompair chun dearbhú iontrála achomair a thaisceadh, ar an gcoinníoll go bhfuil na sonraí is gá iontu do dhearbhú dá leithéid agus go bhfuil na sonraí sin ar fáil laistigh de theorainn ama shonrach, sula dtabharfar na hearraí amach as críoch chustaim an Aontais.

8. In ionad thaisceadh an dearbhaithe iontrála achomair, féadfaidh údaráis chustaim glacadh le taisceadh fógra agus rochtain a bheith acu ar shonraí an dearbhaithe iontrála achomair i gcóras ríomhaire an oibreora eacnamaíoch.

*Airteagal 128*

**Anailís riosca**

Déanfaidh an oifig chustaim dá dtagraítear in Airteagal 127(3), laistigh de theorainn ama shonrach, a áirithiú go ndéanfar anailís riosca, chun críocha slándála agus sábháilteachta go príomha, ar bhonn an dearbhaithe iontrála achomair dá dtagraítear in Airteagal 127(1) nó ar bhonn na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 127(8) agus déanfaidh sé na bearta is gá bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca sin.

*Airteagal 129*

**Dearbhú iontrála achomair a leasú agus a chur ó bhail**

1. Féadfaidh an dearbhóir, ar iarratas uaidh, cead a fháil le ceann nó níos mó de shonraí an dearbhaithe iontrála achomair a leasú tar éis dó a bheith taiscthe.

Ní fhéadfar leasú ar bith a dhéanamh i ndiaidh aon cheann de na teagmhais a leanas:

(a) gur chuir na húdaráis chustaim in iúl don duine a thaisc an dearbhú achomair iontrála go bhfuil sé de rún acu na hearraí a scrúdú;

(b) gur dheimhnigh na húdaráis chustaim go bhfuil sonraí an dearbhaithe iontrála achomair mícheart;

(c) gur cuireadh na hearraí i láthair na n-údarás custaim cheana.

2. I gcás nach dtabharfar na hearraí ar taisceadh dearbhú iontrála achomair ina leith amach as críoch chustaim an Aontais, cuirfidh na húdaráis chustaim an dearbhú sin ó bhail in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) arna iarraidh sin don dearbhóir; nó

(b) laistigh de 200 lá tar éis an dearbhú a thaisceadh.

*Airteagal 130*

**Dearbhuithe a thaisctear in ionad dearbhú iontrála achomair**

1. Féadfaidh an oifig custaim dá dtagraítear in Airteagal 127(3) an dearbhú iontrála achomair a tharscaoileadh i ndáil le hearraí a dtaiscfear dearbhú custaim ina leith roimh dháta éaga na teorann ama chun an dearbhú sin a thaisceadh. Sa chás sin, ní mór go mbeadh, ar a laghad, na sonraí is gá don dearbhú iontrála achomair sa dearbhú. Go dtí go nglacfar leis an dearbhú custaim i gcomhréir le hAirteagal 172, beidh stádas dearbhaithe iontrála achomair aige.

2. Féadfaidh an oifig custaim dá dtagraítear in Airteagal 127(3) taisceadh an dearbhaithe iontrála achomair a tharscaoileadh i ndáil le hearraí a dtaiscfear dearbhú stórála sealadaí ina leith roimh dháta éaga na teorann ama chun an dearbhú sin a thaisceadh. Ní mór go mbeadh, ar a laghad, na sonraí is gá don dearbhú iontrála achomair sa dearbhú. Go dtí go dtíolacfar na hearraí a dhearbhófar do chustam i gcomhréir le hAirteagal 139, beidh stádas dearbhaithe achomair iontrála ag an dearbhú ar stóráil shealadach.

*Airteagal 131*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na cásanna sonracha eile ina dtarscaoilfear an oibleagáid dearbhú iontrála achomair a thaisceadh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 127(2);

(b) an teorainn ama shonrach dá dtagraítear in Airteagal 127(3) agus (7), ina dtaiscfear an dearbhú iontrála achomair sula dtugtar na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, agus an cineál earraí nó tráchta á chur san áireamh;

(c) na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 127(6) agus na daoine eile a bhféadfaí a éileamh orthu sonraí an dearbhaithe iontrála achomair a sholáthar sna cásanna sin.

*Airteagal 132*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a shonrú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú iontrála achomair dá dtagraítear in Airteagal 127 a thaisceadh;

(b) na rialacha nós imeachta agus sonraí an dearbhaithe iontrála achomair bheith á soláthar ag na daoine eile dá dtagraítear in Airteagal 127(6);

(c) an teorainn ama ina ndéanfar anailís riosca agus na bearta riachtanach, i gcomhréir le hAirteagal 128;

(d) na rialacha nós imeachta maidir leis an dearbhú iontrála achomair a leasú i gcomhréir le hAirteagal 129(1);

(e) na rialacha nós imeachta maidir le dearbhú iontrála achomair a chur ó bhail i gcomhréir le hAirteagal 129(2), agus dea-bhainistiú iontráil na n-earraí á chur san áireamh.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*CAIBIDIL 2*

***Teacht earraí***

R o i n n 1

**E a r r a í a t h e a c h t i s t e a c h i g c r í o c h c h u s t a i m a n A o n t a i s**

*Airteagal 133*

**Fógra a thabhairt maidir le teacht árthaigh farraige nó aerárthaigh**

1. Déanfaidh oibreoir árthaigh farraige nó aerárthaigh a thiocfaidh isteach i gcríoch chustaim an Aontais fógra a thabhairt d'oifig chustaim na chéad iontrála maidir le teacht an árthaigh nó an aerárthaigh tráth a thiocfaidh an meán iompair isteach.

I gcás ina mbeidh faisnéis faoi theacht árthaigh farraige nó aerárthaigh ar fáil do na húdaráis chustaim féadfaidh siad an fógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír a tharscaoileadh.

2. Féadfaidh údaráis chustaim glacadh leis go mbaintear úsáid as córais chalafoirt nó aerfoirt nó modhanna eile faisnéise a bhfuil fáil orthu chun fógra thabhairt maidir le teacht an mheáin iompair.

*Airteagal 134*

**Maoirseacht chustaim**

1. I gcás inarb infheidhme, beidh siad faoi réir na dtoirmeasc agus na srianta sin a bhfuil bonn cirt leo ar mhaithe, inter alia, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí; chun sláinte agus saol daoine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint; chun an comhshaol a chosaint; chun seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint agus chun maoin tionscail agus tráchtála a chosaint, lena n-áirítear rialú ar réamhtheachtaithe drugaí, earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla áirithe agus airgead tirim, agus chun bearta bainistíochta agus caomhnaithe iascaigh agus bearta beartais tráchtála a chur chun feidhme.

Fanfaidh siad faoi mhaoirseacht custaim fad is gá lena stádas custaim a chinneadh agus ní bhainfear iad ón maoirseacht sin gan cead na n-údarás custaim.

Gan dochar d'Airteagal 254, ní bheidh earraí Aontais faoi réir maoirseachta custaim nuair a bheidh a stádas custaim deimhnithe.

Fanfaidh earraí nach earraí de chuid an Aontais iad faoi mhaoirseacht custaim go dtí go dtiocfaidh athrú ar a stádas nó go dtógfar amach as críoch chustaim an Aontais iad nó go dtí go ndíothófar iad.

2. Le cead ó na húdaráis chustaim, féadfaidh sealbhóir na n-earraí atá faoi mhaoirseacht custaim na hearraí a iniúchadh nó samplaí díobh a glacadh tráth ar bith, go háirithe chun a rangú taraife, a luach custaim nó a stádas custaim a chinneadh.

*Airteagal 135*

**Iompar go dtí an t-ionad cuí**

1. An duine a thabharfaidh earraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais, iompróidh sé iad gan mhoill, ar an gconair a shonróidh na húdaráis chustaim agus i gcomhréir lena dtreoracha, más ann, go dtí oifig custaim a ainmneoidh a húdaráis chustaim, nó go dtí aon ionad eile a ainmneoidh nó a cheadóidh na húdaráis sin, nó isteach i saorchrios.

2. Earraí a thabharfar isteach i saorchrios, tabharfar isteach go díreach sa saorchrios sin iad, ar muir nó san aer nó, más ar tír, gan dul trí aon chuid eile de chríoch chustaim an Aontais, i gcás ina bhfuil an saorchrios ag síneadh leis an teorainn talún idir Ballstát agus tríú tír.

3. Aon duine a ghlacfaidh freagracht as earraí a iompar tar éis dóibh a bheith tugtha isteach i gcríoch chustaim an Aontais, beidh sé freagrach as comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos i mír 1 agus i mír 2.

4. Fiú má tá siad lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, earraí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir rialuithe custaim Ballstáit de bharr comhaontaithe a rinneadh leis an tír nó leis an gcríoch ábhartha lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, caithfear leo ar an mbealach céanna agus a chaithfí le hearraí a thabharfaí isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

5. Ní chuirfidh mír 1 ná mír 2 bac ar rialacha speisialta i ndáil le hearraí a iompraítear laistigh de chriosanna teorann nó i bpíblínte nó sreanga nó le haon trácht eile ar beag a thábhacht eacnamúil amhail litreacha, cártaí poist agus ábhar clóite nó a gcoibhéisí leictreonacha a choinnítear ar mheáin eile nó i ndáil le hearraí atá á n-iompar ag taistealaithe, ar choinníoll nach ndéanfar féidearthachtaí maidir le maoirseacht chustaim agus maidir le rialú custaim a chur i mbaol dá bharr sin.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le meán iompair agus maidir le hearraí a iompraítear leo nach mbeidh ach ag imeacht trí uiscí teorann nó trí aerspás chríoch chustaim an Aontais gan stopadh laistigh den chríoch sin.

*Airteagal 136*

**Aersheirbhísí agus seirbhísí ar muir laistigh den Aontas**

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 127 go Airteagal 130 agus Airteagal 133, Airteagal 135(1), Airteagal 137, Airteagal 139 go Airteagal 141 agus Airteagal 144 go Airteagal 149 i ndáil leis na hearraí sin nach earraí de chuid an Aontais iad ná na hearraí dá dtagraítear in Airteagal 155, a d'fhág go sealadach críoch chustaim an Aontais le linn dóibh a bheith ag gluaiseacht idir dhá phointe sa chríoch sin ar muir nó san aer, ar choinníoll gur ar chonair dhíreach gan stopadh lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais a rinneadh an t-iompar.

*Airteagal 137*

**Iompar faoi imthosca speisialta**

1. I gcás nach féidir an oibleagáid atá leagtha síos in Airteagal 135(1) a chomhlíonadh de bharr imthosca nárbh fhéidir a thuar nó force majeure, cuirfidh an duine a mbeidh an oibleagáid sin de cheangal air nó aon duine eile a bheidh ag gníomhú thar ceann an duine sin an fhaisnéis sin in iúl do na húdaráis chustaim gan mhoill. I gcás nach gcaillfear iomlán na n-earraí de bharr na n-imthosca nach féidir a thuar nó force majeure, cuirfear na húdaráis chustaim ar an eolas freisin maidir leis an suíomh beacht ina mbeidh siad.

2. I gcás ina mbeidh ar árthach nó ar aerárthach a thiocfaidh faoi réim Airteagal 135(6), de bharr cúinsí nárbh fhéidir a thuar nó force majeure, port a ghabháil nó dul i dtír i gcríoch chustaim an Aontais agus nuair nach féidir an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 135(1) a chomhlíonadh, déanfaidh an duine a thug an t-árthach nó an t-aerárthach isteach i gcríoch chustaim an Aontais, nó aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann an duine sin, an scéal a chur in iúl do na húdaráis chustaim gan mhoill.

3. Cinnfidh na húdaráis chustaim na bearta is gá a ghlacadh chun maoirseacht chustaim a cheadú maidir leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1, nó maidir leis an árthach nó leis an aerárthach agus le aon earraí a bheidh iontu sna cúinsí dá dtagraítear i mír 2, agus chun a áirithiú, más cuí, go dtabharfar iad ina dhiaidh sin chuig oifig custaim nó chuig áit eile a ainmneoidh nó a cheadóidh na húdaráis.

*Airteagal 138*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt faoin teacht dá dtagraítear in Airteagal 133;

(b) earraí a iompar, dá dtagraítear in Airteagal 135(5);

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 2

**Tíolacadh, díluchtú agus iniúchadh earraí**

*Airteagal 139*

**Earraí a thíolacadh do lucht custaim**

1. Earraí a thabharfar isteach i gcríoch chustaim an Aontais, tíolacfaidh aon duine de na daoine seo a leanas do lucht custaim iad, a luaithe a thiocfaidh siad go dtí an oifig custaim ainmnithe nó go dtí aon áit eile a ainmneoidh nó a cheadóidh na húdaráis chustaim nó isteach sa saorchrios:

(a) an duine a thug na hearraí isteach i gcríoch chustaim an Aontais;

(b) an duine a bhfuil an duine a thug na hearraí isteach sa chríoch sin ag gníomhú ina ainm nó thar a cheann;

(c) an duine a ghlac freagracht as na hearraí a iompar tar éis dóibh a bheith tugtha isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

2. Maidir le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais ar muir nó san aer agus ina bhfanfaidh siad ar bord an meán iompair céanna lena n-iompar, ní thíolacfar do chustam iad ach ag an gcalafort nó ag an aerfort ina ndíluchtófar nó ina n-aistreofar iad. Earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais, áfach, a dhíluchtaítear agus a athluchtaítear ar an meán iompair céanna le linn a n-aistear reatha chun go bhféadfaí earraí eile a dhíluchtú agus a athluchtú, ní thíolacfar do lucht custaim iad ag an gcalafort nó ag an aerfort sin.

3. D'ainneoin oibleagáidí an duine a luaitear i mír 1, féadfaidh duine de na daoine seo a leanas na hearraí a thíolacadh ina ionad:

(a) aon duine a chuireann na hearraí láithreach faoi nós imeachta custaim;

(b) duine a bhfuil údarú aige chun áiseanna stórála a fheidhmiú nó aon duine a bhíonn i mbun gníomhaíochta i saorchrios.

4. Déanfaidh an duine a thíolacfaidh na hearraí tagairt don dearbhú iontrála achomair nó, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 130, don dearbhú custaim nó don dearbhú stórála sealadaí a taisceadh i ndáil leis na hearraí, ach amháin i gcás gur tarscaoileadh an oibleagáid dearbhú iontrála achomair a thaisceadh.

5. I gcás nach mbeidh earraí a thíolacfar do lucht custaim, nach earraí de chuid an Aontais iad, cumhdaithe ag dearbhú iontrála achomair, agus cé is moite de chás inar tarscaoileadh an oibleagáid dearbhú den sórt sin a thaisceadh, taiscfidh duine de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 127(4), gan dochar d'Airteagal 127(6), an dearbhú sin nó dearbhú custaim nó dearbhú stórála sealadaí ina áit gan mhoill.

6. Ní chuirfidh mír 1 bac ar rialacha speisialta i ndáil le hearraí a iompraítear laistigh de chriosanna teorann nó i bpíblínte nó sreanga nó le haon trácht eile ar beag a thábhacht eacnamúil amhail litreacha, cártaí poist agus ábhar clóite nó a gcoibhéisí leictreonacha a choinnítear ar mheáin eile nó i ndáil le hearraí atá á n-iompar ag taistealaithe, ar choinníoll nach ndéanfar féidearthachtaí maidir le maoirseacht chustaim agus maidir le rialú custaim a chur i mbaol dá bharr sin.

7. Ní dhéanfar earraí a tíolacadh do lucht custaim a aistriú ón áit ar tíolacadh iad gan cead ó na húdaráis chustaim.

*Airteagal 140*

**Díluchtú agus iniúchadh earraí**

1. Is le húdarú ó na húdaráis chustaim amháin sna háiteanna a ainmneoidh nó a fhaomhfaidh na húdaráis sin a dhíluchtófar nó a aistreofar earraí ón meán iompair a bheidh á n-iompar.

Ní bheidh údarú den sórt sin de dhíth áfach i gcás garchontúirte ina gcaithfear iomlán nó cuid de na hearraí a dhíluchtú láithreach. Sa chás sin cuirfear an scéal in iúl dá réir do na húdaráis chustaim láithreach.

2. Féadfaidh na húdaráis chustaim a éileamh tráth ar bith go ndíluchtófaí nó go ndíphacálfaí na hearraí lena n-iniúchadh, chun samplaí díobh a thógáil nó chun scrúdú a dhéanamh ar an meán iompair a bheidh á n-iompar.

*Airteagal 141*

**Earraí a ghluaistear faoi nós imeachta idirthurais**

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 135(2) go (6) agus ag Airteagail 139, 140 ná 144 go 149 nuair a thabharfar earraí atá faoi nós imeachta idirthurais cheana féin isteach i gcríoch chustaim an Aontais.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 140 agus ag Airteagal 144 go dtí Airteagal 149 maidir le hearraí nach earraí de chuid an Aontais iad a ngluaisfear iad faoi nós imeachta idirthurais, nuair a bheidh siad tíolactha don oifig chustaim chinn scríbe i gcríoch chustaim an Aontais, i gcomhréir leis na rialacha a rialaíonn an nós imeachta idirthurais.

*Airteagal 142*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun na coinníollacha maidir leis na háiteanna dá dtagraítear in Airteagal 139(1) a fhormheas a chinneadh.

*Airteagal 143*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta a bhaineann le hearraí a thíolacadh do lucht custaim dá dtagraítear in Airteagal 139.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 3

**Earraí a stóráil go sealadach**

*Airteagal 144*

**Earraí á stóráil go sealadach**

Beidh earraí nach earraí de chuid an Aontais iad á stóráil go sealadach ón uair a thíolacfar iad do lucht custaim.

*Airteagal 145*

**Dearbhú le haghaidh stórála sealadaí**

1. Déanfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a thíolactar don chustam a chumhdach le dearbhú stórála sealadaí ina mbeidh na sonraí uile is gá chun na forálacha lean rialaítear stóráil shealadach a chur i bhfeidhm.

2. Tabharfar doiciméid a bhaineann le hearraí atá á stóráil go sealadach do na húdaráis chustaim i gcás ina mbeidh sin ina cheangal i reachtaíocht an Aontais nó i gcás ina mbeidh gá leis sin i gcomhair rialuithe custaim.

3. Déanfaidh duine de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 139(1) nó (2) an dearbhú stórála sealadaí a thaisceadh tráth thíolacadh na n-earraí do lucht custaim ar a dhéanaí.

4. Áireofar sa dearbhú stórála sealadaí tagairt d'aon dearbhú iontrála achomair a taisceadh i ndáil leis na hearraí a tíolacadh do lucht custaim, mura dtarscaoilfear an oibleagáid maidir le dearbhú iontrála achomhairc a thaisceadh, ach amháin i gcás go raibh siad á stóráil go sealadach cheana nó gur cuireadh faoi nós imeachta custaim iad agus nár fhág siad críoch chustaim an Aontais.

5. Féadfaidh na húdaráis chustaim glacadh leis go mbeadh an dearbhú stórála sealadaí i bhfoirm ceann díobh seo a leanas:

(a) tagairt d'aon dearbhú achomair a taisceadh i ndáil leis na hearraí lena mbaineann, agus forlíonta le sonraí dearbhaithe stórála sealadaí;

(b) fardal nó doiciméad iompair eile, ar choinníoll go bhfuil sonraí dearbhaithe stórála sealadaí ann, lena n-áirítear tagairt d'aon dearbhú iontrála achomair i ndáil leis na hearraí lena mbaineann.

6. Féadfaidh na húdaráis chustaim glacadh leis go bhféadfar córais faisnéise tráchtála, poirt nó iompair a úsáid chun dearbhú stórála sealadaí a thaisceadh, ar an gcoinníoll go bhfuil na sonraí is gá iontu do dhearbhú den sórt sin agus go bhfuil na sonraí sin ar fáil i gcomhréir le mír 3.

7. Beidh feidhm ag Airteagal 188 go hAirteagal 193 maidir leis an dearbhú stórála sealadaí.

8. Féadfar an dearbhú stórála sealadaí a úsáid freisin chun na gcríoch seo a leanas:

(a) an fógra a thabhairt maidir le teacht dá dtagraítear in Airteagal 133; nó

(b) na hearraí a thíolacadh do lucht custaim dá dtagraítear in Airteagal 139, a mhéid a chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos sna forálacha sin.

9. Ní bheidh gá le dearbhú stórála sealadaí má chinntear, ar a dhéanaí tráth a dtíolacfar na hearraí do lucht custaim, a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 153 go hAirteagal 156.

10. Coimeádfaidh na húdaráis chustaim an dearbhú stórála sealadaí, nó beidh teacht acu air, chun go gcuirfí na hearraí lena mbaineann faoi nós imeachta custaim ina dhiaidh sin nó chun go ndéanfaí iad a ath-onnmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 149.

11. Chun críocha mhír 1 go 10, i gcás ina dtíolactar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a ghluaistear faoi nós imeachta idirthurais do lucht custaim ag oifig chinn scríbe i gcríoch chustaim an Aontais, measfar gurb ionann na sonraí maidir leis an oibríocht idirthurais lena mbaineann agus dearbhú stórála sealadaí, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a éilítear chuige sin. Mar sin féin, féadfaidh sealbhóir na n-earraí dearbhú a thaisceadh maidir le stóráil shealadach tar éis dheireadh an nóis imeachta idirthurais.

*Airteagal 146*

**Dearbhú stórála sealadaí a leasú agus a chur ó bhail**

1. Beidh cead ag an dearbhóir, ar iarratas uaidh, ceann nó níos mó de shonraí an dearbhaithe stórála sealadaí a leasú tar éis dó a bheith taiscthe. Ní fhágfaidh an leasúchán go mbeidh an dearbhú custaim infheidhme maidir le hearraí seachas na hearraí a d'fholaigh sé ó thús.

Ní fhéadfar leasú ar bith a dhéanamh i ndiaidh aon cheann de na teagmhais a leanas:

(a) gur thug na húdaráis chustaim le fios don duine a thaisc an dearbhú go bhfuil rún acu na hearraí a scrúdú;

(b) gur dheimhnigh na húdaráis chustaim go bhfuil sonraí an dearbhaithe mícheart.

2. I gcás nach dtíolacfar na hearraí ar taisceadh dearbhú stórála sealadaí ina leith do chustam, cuirfidh na húdaráis chustaim an dearbhú sin ó bhail in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) arna iarraidh sin don dearbhóir, nó

(b) laistigh de 30 lá tar éis an dearbhú a thaisceadh.

*Airteagal 147*

**Coinníollacha agus freagrachtaí maidir le hearraí a stóráil go sealadach**

1. Déanfar earraí atá á stóráil go sealadach a stóráil in áiseanna stórála sealadaí agus ansin amháin i gcomhréir le hAirteagal 148 nó, nuair a bheidh údar leis, in áiteanna eile atá ainmnithe nó formheasta ag na húdaráis chustaim.

2. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 134(2), ní bheidh earraí atá á stóráil go sealadach ach faoi réir na bhfoirmeacha láimhseála sin a cheaptar chun a áirithiú go gcaomhnófaí i riocht neamhathraithe iad gan modhnú ar a gcuma ná ar a saintréithe teicniúla.

3. Sealbhóir an údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 148 nó an duine a mbeidh na hearraí á stóráil aige i gcás ina stóráiltear na hearraí in áiteanna eile a bheidh ainmnithe ag na húdaráis chustaim nó a bheidh formheasta acu, beidh sé freagrach as na nithe uile seo a leanas:

(a) a áirithiú nach dtógfar earraí atá á stóráil go sealadach amach as maoirsiú custaim;

(b) na hoibleagáidí a eascraíonn as earraí a stóráil go sealadach a chomhlíonadh.

4. I gcás nach féidir, ar aon chúis, earraí a choinneáil á stóráil go sealadach, glacfaidh na húdaráis chustaim gan mhoill na bearta uile is gá chun staid na n-earraí a thabhairt chun rialtachta i gcomhréir le hAirteagal 197, le hAirteagal 198 agus le hAirteagal 199.

*Airteagal 148*

**Údarú chun áiseanna stórála sealadaí a fheidhmiú**

1. Beidh gá le húdarú ó na húdaráis chustaim chun na háiseanna stórála sealadaí a fheidhmiú. Ní bheidh an t-údarú sin ag teastáil i gcás inarb é an t-údarás custaim féin oibreoir na háise stórála sealadaí.

Leagfar amach san údarú na coinníollacha faoina gceadófar feidhmiú na n-áiseanna stórála sealadaí.

2. Ní thabharfar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ach do dhaoine a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá siad bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;

(b) tugann siad an ráthaíocht is gá go ndéanfaidh siad na hoibríochtaí mar is ceart; measfar go gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe chustaim an coinníoll sin, a mhéid is gur cuireadh san áireamh feidhmiú na n-áiseanna stórála sealadaí san údarú dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(2).

(c) cuireann siad ráthaíocht ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 89.

I gcás ina mbeidh ráthaíocht chuimsitheach ar fáil, déanfar faireachán, trí iniúchadh iomchuí, ar an mbeidh na hoibleagáidí a ghabhann leis an ráthaíocht sin á gcomhlíonadh.

3. Ní dheonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ach amháin i gcás ina mbeidh na húdaráis chustaim in ann maoirseacht chustaim a fheidhmiú gan ghá le socruithe riaracháin a bheadh neamhchomhréireach leis na riachtanais eacnamúla lena mbaineann.

4. Coimeádfaidh sealbhóir an údaraithe taifid iomchuí i bhfoirm a fhormheasfaidh na húdaráis chustaim.

Sna taifid beidh faisnéis agus sonraí a chuireann ar chumas na n-údarás custaim maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na n-áiseanna stórála sealadaí, go háirithe i dtaca le sainaithint na n-earraí a dhéanfar a stóráil, a stádas custaim agus a ngluaiseachtaí.

Measfar go gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe chustaim an oibleagáid dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, a mhéid is atá a thaifid nó a taifid iomchuí chun an stóráil sealadach a fheidhmiú.

5. Féadfaidh na húdaráis chustaim sealbhóir an údaraithe a údarú earraí atá á stóráil go sealadach a bhogadh idir áiseanna stórála sealadaí éagsúla ar choinníoll nach méadófar baol na calaoise de bharr na ngluaiseachtaí sin, mar a leanas:

(a) go dtarlaíonn an ghluaiseacht sin faoi choimirce údaráis chustaim amháin,

(b) nach gcumhdaítear an ghluaiseacht sin ach leis an t-aon údarú amháin, arna eisiúint ag oibreoir eacnamaíoch atá údaraithe le haghaidh simplithe chustaim; nó

(c) i gcásanna eile gluaiseachta.

6. I gcás ina mbeidh riachtanas eacnamaíoch ann agus nach ndéanfar dochar do mhaoirseacht chustaim, féadfaidh na húdaráis chustaim a údarú go ndéanfaí earraí de chuid an Aontais a stóráil in áis stórála sealadaí. Ní mheasfar na hearraí sin mar earraí atá á stóráil go sealadach.

*Airteagal 149*

**Deireadh leis an stóráil sealadach**

Déanfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad agus atá á stóráil go sealadach a chur faoi nós imeachta custaim nó déanfar iad a ath-onnmhairiú laistigh de 90 lá.

*Airteagal 150*

**Rogha nós imeachta custaim**

Mura bhforálfar a mhalairt, beidh sé de shaoirse ag an dearbhóir an nós imeachta faoinar gcuirfear isteach na hearraí a roghnú, faoi choinníollacha an nós imeachta sin, is cuma faoina gcineál agus a méid, faoina dtír thionscnaimh, faoina gcoinsíneacht nó faoina gceann scríbe.

*Airteagal 151*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na coinníollacha maidir leis na háiteanna a fhormheas dá dtagraítear in Airteagal 147(1);

(b) na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú chun na saoráidí sealadacha stórála a oibriú, dá dtagraítear in Airteagal 148;

(c) na cásanna eile soghluaisteachta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 148(5).

*Airteagal 152*

**Bronnadh cumhachta cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an méid seo a leanas,:

(a) an dearbhú stórála sealadaí a chur isteach dá dtagraítear in Airteagal 145;

(b) an dearbhú stórála sealadaí a leasú, i gcomhréir le hAirteagal 146(1);

(c) an dearbhú stórála sealadaí a neamhbhailiú, i gcomhréir le hAirteagal 146(2);

(d) gluaiseacht earraí i stóráil shealadach dá dtagraítear in Airteagal 148(5).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 185(4).

TEIDEAL V

**RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE STÁDAS CUSTAIM, EARRAÍ A CHUR FAOI NÓS IMEACHTA CUSTAIM, FÍORÚ, SCAOILEADH AGUS DIÚSCAIRT EARRAÍ**

*CAIBIDIL 1*

***Stádas custaim earraí***

*Airteagal 153*

**Toimhde maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais**

1. Toimhdeofar go mbeidh stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag na hearraí uile i gcríoch chustaim an Aontais, mura ndeimhneofar nach earraí de chuid an Aontais iad.

2. I gcásanna sonracha, nuair nach bhfuil feidhm ag an toimhde atá leagtha síos i mír 1, ní mór stádas custaim na n-earraí de chuid an Aontais a chruthú.

3. I gcásanna sonracha, ní bheidh stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag earraí a fuarthas go huile i gcríoch chustaim an Aontais má fhaightear iad ó earraí atá i stóráil shealadach nó a cuireadh faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh, faoi nós imeachta stórála, faoin nós imeachta admhála sealadaí nó faoin nós imeachta próiseála isteach.

*Airteagal 154*

**Cailliúint stádais chustaim i leith earraí de chuid an Aontais**

Beidh earraí de chuid an Aontais ina n-earraí nach earraí de chuid an Aontais iad sna cásanna a leanas:

(a) i gcás ina dtabharfar amach as críoch chustaim an Aontais iad, sa mhéid is nach mbeidh feidhm ag na rialacha maidir le hidirthuras inmheánach;

(b) i gcás inar cuireadh faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh, nó faoi nós imeachta stórála nó faoin nós imeachta próiseála isteach iad, sa mhéid is a cheadaíonn an reachtaíocht chustaim amhlaidh;

(c) i gcás inar cuireadh faoin nós imeachta um úsáid deiridh iad agus ina dtréigfear ina dhiaidh sin iad leis an Stát, nó ina ndíothófar agus gur dramhaíl atá fágtha;

(d) i gcás ina neamhbhaileofar an dearbhú um scaoileadh i saorchúrsaíocht tar éis scaoileadh na n-earraí.

*Airteagal 155*

**Earraí de chuid an Aontais a fhágann críoch chustaim an Aontais ar bhonn sealadach**

1. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (b) go pointe (f) d'Airteagal 227(2), ní choinneoidh earraí a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais ach sa chás go ndeimhnítear an stádas sin faoi choinníollacha áirithe agus trí mhodhanna a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim.

2. I gcásanna sonracha, féadfaidh earraí de chuid an Aontais gluaiseacht gan a bheith faoi réir nós imeachta custaim, ó phointe go chéile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus amach as an gcríoch sin ar bhonn sealadach gan a stádas custaim a athrú.

*Airteagal 156*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na cásanna nach mbeidh feidhm ag an toimhde atá leagtha síos in Airteagal 153(1) iontu;

(b) na coinníollacha chun éascú a dheonú agus cruthúnas stádais chustaim earraí de chuid an Aontais á suí;

(c) na cásanna nach mbeidh stádas custaim earraí de chuid an Aontais ag na hearraí dá dtagraítear in Airteagal 153(3) iontu;

(d) na cásanna nach n-athrófar stádas custaim earraí dá dtagraítear in Airteagal 155(2) iontu.

*Airteagal 157*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le cruthúnas stádas custaim na n-earraí de chuid an Aontais a sholáthair agus a fhíorú.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 185(4).

CAIBIDIL 2

***Earraí a chur faoi nós imeachta custaim***

Roinn 1

**Forálacha Ginearálta**

*Airteagal 158*

**Dearbhú custaim maidir le hearraí agus maoirseacht chustaim ar earraí de chuid an Aontais**

1. Folófar na hearraí uile a bheartaítear a chur faoi nós imeachta custaim, seachas an nós imeachta saorchreasa, le dearbhú custaim a bheidh iomchuí don nós imeachta áirithe sin.

2. I gcásanna sonracha, seachas iad sin dá dtagraítear in Airteagal 6(2), féadfar dearbhú custaim a thaisceadh ag baint úsáide as modhanna nach teicnící próiseála sonraí leictreonacha iad.

3. Earraí de chuid an Aontais a dhearbhófar le haghaidh onnmhairithe, le haghaidh idirthurais inmheánaigh san Aontas nó le haghaidh próiseála amach, beidh siad faoi réir maoirseachta custaim ón am a nglacfar leis an dearbhú dá dtagraítear i mír 1 go dtí go dtabharfar amach as críoch chustaim an Aontais iad nó go dtí go dtréigfear leis an Stát iad nó go dtí go ndíothófar iad nó go dtí go neamhbhaileofar an dearbhú custaim.

*Airteagal 159*

**Oifigí inniúla custaim**

1. Mura bhforálfar a mhalairt i reachtaíocht an Aontais, cinnfidh na Ballstáit suímh agus inniúlacht na n-oifigí custaim éagsúla atá lonnaithe ina gcuid críoch.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go socrófar uaireanta oscailte oifigiúla do na hoifigí sin a bheidh réasúnach agus feiliúnach, agus cineál na tráchta agus na n-earraí agus na nósanna imeachta custaim faoina gcuirfear iad á gcur san áireamh, sa chaoi is nach gcuirfear bac nó saobhadh ar shreabhadh na tráchta idirnáisiúnta.

3. Seachas nuair a sholáthrófar a mhalairt, beidh an oifig inniúil custaim lena gcuirtear na hearraí faoi nós imeachta custaim freagrach as an áit ina dtíolactar na hearraí do lucht custaim.

*Airteagal 160*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun na cásanna inar féidir dearbhú custaim a thaisceadh trí mheán seachas teicnící próiseála leictreonaí sonraí i gcomhréir le hAirteagal 158 (2) a chinneadh.

*Airteagal 161*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta:

(a) chun oifigí inniúla custaim a chinneadh seachas an ceann dá dtagraítear in Airteagal 159(3), lena n-áirítear oifigí custaim iontrála agus fágála;

(b) chun an dearbhú custaim a thaisceadh sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 158(2).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 185(4).

### Roinn 2

### Dearbhuithe custaim caighdeánacha

*Airteagal 162*

**Inneachar dhearbhú custaim chaighdeánaigh**

Sna dearbhuithe custaim caighdeánacha beidh na sonraí uile is gá chun na forálacha a chur i bhfeidhm lena rialaítear an nós imeachta custaim a ndearbhaítear na hearraí ina leith.

*Airteagal 163*

**Doiciméid tacaíochta**

1. Na doiciméid tacaíochta is gá chun na forálacha a chur i bhfeidhm lena rialaítear an nós imeachta custaim dá ndearbhaítear na hearraí, beidh siad i seilbh an dearbhóra agus ar fáil do na húdaráis chustaim tráth a dtaiscfear an dearbhú custaim.

2. Tabharfar doiciméid tacaíochta do na húdaráis chustaim i gcás ina mbeidh sin ina cheangal i reachtaíocht an Aontais nó i gcás ina mbeidh gá leis sin i gcomhair rialuithe custaim.

3. I gcásanna sonracha, féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha na doiciméid tacaíochta a dhréachtú, ar choinníoll go bhfuil siad údaraithe ag na húdaráis chustaim sin a dhéanamh.

*Airteagal 164*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, lena leagtar síos na rialacha maidir leis an údarú a bhronnadh dá dtagraítear in Airteagal 163(3).

*Airteagal 165*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta:

(a) chun an dearbhú caighdeánach custaim a thaisceadh, dá dtagraítear in Airteagal 162;

(b) maidir le cur ar fáil na ndoiciméad tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 163(1).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 185(4).

### Roinn 3

### Dearbhuithe custaim simplithe

*Airteagal 166*

**Dearbhú simplithe**

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim a ghlacadh go gcuireann duine earraí faoi nós imeachta custaim ar bhonn dearbhaithe shimplithe a bhféadfadh cuid de na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 162 nó na doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 163 a bheith in easnamh air.

2. Beidh úsáid rialta an dearbhaithe shimplithe dá dtagraítear i mír 1 faoi réir údaraithe na n-údarás custaim.

*Airteagal 167*

**Dearbhú forlíontach**

1. I gcás dearbhaithe shimplithe de bhun Airteagal 166 nó i gcás iontrála i dtaifid an dearbhóra de bhun Airteagal 182, taiscfidh an dearbhóir dearbhú forlíontach ina mbeidh na sonraí a bheidh riachtanach don nós imeachta custaim lena mbaineann san oifig custaim inniúil laistigh de theorainn ama shonrach.

I gcás dearbhaithe shimplithe de bhun Airteagal 166, beidh na doiciméid tacaíochta is gá i seilbh an dearbhóra agus ar fáil do na húdaráis chustaim laistigh de theorainn ama shonrach.

Féadfaidh an dearbhú breise seo a bheith de chineál ginearálta, tréimhsiúil nó achoimreach.

2. Sna cásanna a leanas, tarscaoilfear an oibleagáid dearbhú forlíontach a thaisceadh.

(a) i gcás go gcuirfear na hearraí faoin nós imeachta stórála custaim;

(b) i gcásanna sonracha eile.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim an ceangal maidir le dearbhú forlíontach a thaisceadh a tharscaoileadh i gcás ina mbeadh feidhm ag na coinníollacha a leanas:

(a) baineann an dearbhú simplithe le hearraí a bhfuil a luach agus a méid níos lú ná an tairseach staitistiúil;

(b) tá an fhaisnéis uile is gá sa dearbhú simplithe cheana don nós imeachta custaim lena mbaineann; agus

(c) nach ndéantar an dearbhú simplithe trí iontráil i dtaifid an dearbhóra.

4. Measfar gur ionstraim dhoroinnte, aonair a rachaidh i bhfeidhm, faoi seach, ón dáta a nglacfar leis an dearbhú simplithe i gcomhréir le hAirteagal 172 iad an dearbhú simplithe dá dtagraítear in Airteagal 166 nó an iontráil i dtaifid an dearbhóra dá dtagraítear in Airteagal 182, agus an dearbhú forlíontach.

5. Chun críocha Airteagal 87, measfar gur san áit a taisceadh an dearbhú custaim a dhéanfar an dearbhú forlíontach a thaisceadh.

*Airteagal 168*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú dá dtagraítear in Airteagal 166(2);

(b) an teorainn ama shonrach dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 167(1) a bhfuil an dearbhú custaim le taisceadh laistigh di;

(c) an teorainn ama shonrach dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 167(1) faoinar ghá na doiciméid tacaíochta is gá i seilbh an dearbhóra;

(d) na cásanna sonracha eile ina dtarscaoilfear an oibleagáid dearbhú forlíontach a thaisceadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 167(2).

*Airteagal 169*

**Cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta chun na nithe seo a leanas a thaisceadh:

(a) an dearbhú simplithe dá dtagraítear in Airteagal 166;

(b) an dearbhú forlíontach dá dtagraítear in Airteagal 167.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

## Roinn 4

## Forálacha is infheidhme maidir le gach dearbhú custaim

*Airteagal 170*

**Dearbhú custaim a thaisceadh**

1. Gan dochar d'Airteagal 167(1), duine ar bith a bheidh in ann an fhaisnéis uile a sholáthar a theastaíonn chun na forálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim a ndearbhaítear na hearraí ina leith, féadfaidh sé dearbhú custaim a thaisceadh. Féadfaidh an duine sin na hearraí a bheidh i gceist a thíolacadh freisin don chustam nó iad a chur á dtíolacadh don chustam.

I gcás áfach ina gcuirfear oibleagáidí ar leith ar dhuine sonrach de bharr gur glacadh le dearbhú custaim, is é an duine sin nó a ionadaí nó a hionadaí a thaiscfidh an dearbhú sin.

2. Beidh an dearbhóir bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais.

3. De mhaolú ar mhír 2, ní bheidh ceanglas ar na dealbhóirí seo a leanas a bheith bunaithe laistigh de chríoch chustaim an Aontais:

(a) daoine a thaisceann dearbhú custaim maidir le hidirthuras nó maidir le cead isteach sealadach;

(b) daoine a thaisceann dearbhú custaim ó am go ham, lena n-áirítear d'úsáid deiridh nó do phróiseáil isteach, ar choinníoll go measann na húdaráis chustaim go bhfuil údar leis;

(c) daoine bunaithe i dtír a bhfuil a críoch tadhlach le críoch chustaim an Aontais, ag tíolacadh dóibh earraí dá dtagraítear sa dearbhú custaim in oifig chustaim teorann an Aontais atá tadhlach leis an tír sin ar choinníoll go gceadaíonn an tír ina bhfuil na daoine bunaithe sochar cómhalartach do dhaoine atá bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais.

4. Déanfar dearbhuithe custaim a fhíordheimhniú.

*Airteagal 171*

**Dearbhú custaim a thaisceadh roimh thíolacadh na n-earraí**

Féadfar dearbhú custaim a thaisceadh roimh thíolacadh ionchasach na n-earraí don chustam. Mura dtíolacfar na hearraí laistigh 30 lá ó thaisceadh an dearbhaithe custaim, measfar nár taisceadh an dearbhú custaim.

*Airteagal 172*

**Dearbhú custaim a ghlacadh**

1. Glacfaidh na húdaráis chustaim le dearbhuithe custaim a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo gan mhoill, ar choinníoll gur tíolacadh na hearraí dá dtagraíonn siad don chustam.

2. Mura bhforálfar a mhalairt, is é an dáta a nglacfaidh na húdaráis chustaim leis an dearbhú custaim an dáta a úsáidfear do chur i bhfeidhm na bhforálacha lena rialófar an nós imeachta custaim a ndearbhaítear na hearraí ina leith agus le haghaidh na bhfoirmiúlachtaí allmhairí nó onnmhairí eile uile.

*Airteagal 173*

**Dearbhú custaim a leasú**

1. Ceadófar don dearbhóir, ar iarratas a dhéanamh, le leasú a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de shonraí an dearbhaithe chustaim tar éis don dearbhú sin a bheith glactha ag an gcustam. Ní fhágfaidh an leasúchán go mbeidh an dearbhú custaim infheidhme maidir le hearraí seachas na hearraí a d'fholaigh sé ó thús.

2. Ní cheadófar leasúchán den sórt seo i gcás ina ndéanfar iarratas air tar éis aon cheann de na teagmhais seo a leanas:

(a) gur chuir na húdaráis chustaim in iúl don dearbhóir go bhfuil rún acu na hearraí a iniúchadh;

(b) gur shuigh na húdaráis chustaim go bhfuil sonraí an dearbhaithe chustaim mícheart;

(c) gur scaoil na húdaráis chustaim na hearraí.

3. Ar iarratas ón dearbhóir, laistigh de thrí bliana ón dáta a glacadh leis an dearbhú custaim, féadfar an leasú ar an dearbhú custaim a cheadú tar éis na hearraí a scaoileadh chun go gcomhlíonfaidh an dearbhóir a chuid nó a cuid oibleagáidí a bhaineann leis na hearraí a chur faoin nós imeachta custaim lena mbaineann.

*Airteagal 174*

**Dearbhú custaim a neamhbhailiú**

1. Neamhbhaileoidh na húdaráis chustaim, ar iarratas ón dearbhóir, dearbhú custaim ar glacadh leis cheana féin in aon cheann de na cásanna a leanas:

(a) i gcás ina gcreidfidh siad go mbeidh na hearraí á gcur faoi nós imeachta custaim eile láithreach;

(b) i gcás ina gcreidfidh siad nach bhfuil bonn cirt níos mó, de thoradh imthosca speisialta, leis na hearraí a chur faoin nós imeachta custaim dár dearbhaíodh iad.

I gcás inar chuir na húdaráis chustaim in iúl don dearbhóir, áfach, go bhfuil siad chun na hearraí a iniúchadh, ní ghlacfar le hiarratas chun an dearbhú custaim a neamhbhailiú go dtí go mbeidh an t-iniúchadh curtha i gcrích.

2. Ní neamhbhaileofar an dearbhú custaim tar éis do na hearraí a bheith scaoilte ach amháin i gcás ina bhforálfar a mhalairt.

*Airteagal 175*

**Cumhacht a tharmligean**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun na cásanna maidir lena bhfuil an dearbhú custaim ó bhail tar éis na hearraí a scaoileadh a chinneadh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 174(2).

*Airteagal 176*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún na rialacha nós imeachta, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an dearbhú custaim a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 171;

(b) dearbhú custaim a ghlacadh amhail dá dtagraítear in Airteagal 172, lena n-áirítear na rialacha sin a chur i bhfeidhm sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 179;

(c) an dearbhú custaim a leasú tar éis na hearraí a scaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 173(3).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 5

**Simplithe eile**

*Airteagal 177*

**Simpliú a dhéanamh ar dhréachtú dearbhuithe custaim i ndáil le hearraí a thagann faoi fho-cheannteidil taraife éagsúla**

1. I gcás coinsíneachta ina mbeidh earraí a thagann faoi fho-cheannteidil éagsúla taraife agus go mbeadh ualach oibre agus caiteachais díréireach ann i gcomparáid leis an dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí is inmhuirir dá ndéileálfaí le gach ceann de na hearraí sin i gcomhréir lena fho-cheannteideal taraife chun críche an dearbhú a tharraingt suas, féadfaidh na húdaráis chustaim a chomhaontú, ar iarratas ón dearbhóir, go n-éileofaí dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí ar an gcoinsíneacht iomlán ar bhonn fho-cheannteideal taraife na n-earraí atá faoi réir an ráta dleachta is airde ar allmhairí nó ar onnmhairí.

2. Diúltóidh na húdaráis chustaim úsáid an tsimplithe dá dtagraítear i mír 1 i gcás earraí atá faoi réir toirmeasc nó srianta nó dleachta máil nuair a theastaíonn an rangú ceart chun an beart a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 178*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, bearta chun an fo-cheannteideal taraife a chinneadh chun Airteagal 177(1) a chur chun feidhme.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 185(4).

*Airteagal 179*

**Imréiteach láraithe**

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin dóibh, duine a údarú chun dearbhú custaim le haghaidh earraí a thíolactar do chustam in oifig chustaim eile a thaisceadh san oifig chustaim atá freagrach as an áit a bhfuil duine den sórt sin lonnaithe.

Féadfar an ceanglas don údarú dá dtagraítear sa chéad fhomhír a tharscaoileadh áit a thaisctear an dearbhú custaim agus a thíolactar na hearraí do na hoifigí custaim atá faoi chúram údaráis chustaim amháin.

2. Oibreoir eacnamaíoch údaraithe i gcás simplithe custaim a bheidh san iarratasóir ar an údarú dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh an oifig chustaim inar taisceadh an dearbhú custaim an méid a leanas:

(a) maoirseacht a dhéanamh ar chur na n-earraí faoin nós imeachta custaim lena mbaineann;

(b) na rialuithe custaim i ndáil leis an dearbhú custaim a fhíorú, dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 188;

(c) i gcás go mbeidh údar leis, iarraidh ar an oifig chustaim inar tíolacadh na hearraí na rialuithe custaim a dhéanamh i ndáil leis an dearbhú custaim a fhíorú, dá dtagraítear i bpointe (c) agus pointe (d) d'Airteagal 188; agus

(d) na foirmiúlachtaí custaim a dhéanamh maidir le haisghabháil mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a bhaineann le haon fhiacha custaim a bheidh ann.

4. Déanfaidh an oifig chustaim ina dtaiscfear an dearbhú custaim agus an oifig chustaim ina dtíolacfar na hearraí an fhianaise is gá a roinnt maidir leis an dearbhú custaim a fhíorú agus maidir leis na hearraí a scaoileadh.

5. Déanfaidh an oifig chustaim inar tíolacadh na hearraí, gan dochar dá gcuid rialuithe féin a bhaineann leis na hearraí a tugadh isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó a tugadh amach as, na rialuithe custaim dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 3 a chur i gcrích agus soláthróidh sí don oifig chustaim inar taisceadh an dearbhú custaim torthaí na rialuithe sin.

6. Déanfaidh an oifig chustaim inar taisceadh an dearbhú custaim na hearraí a scaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 194 agus le hAirteagal 195, agus an méid a leanas á chur san áireamh:

(a) torthaí a rialuithe féin maidir leis an dearbhú custaim a fhíorú;

(b) torthaí na rialuithe a rinneadh an oifig chustaim inar tíolacadh na hearraí chun an dearbhú custaim a fhíorú agus torthaí na rialuithe a bhaineann leis na hearraí a tugadh isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó a tugadh amach as.

*Airteagal 180*

**Cumhacht a tharmligean**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun na coinníollacha chun an t-údarú a dheonú dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 179(1) a chinneadh.

*Airteagal 181*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a shonrú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme lena mbaineann:

(a) imréiteach láraithe, lena n-áirítear na foirmiúlachtaí agus na rialuithe ábhartha custaim, dá dtagraítear in airteagal 179;

(b) an tarscaoileadh ón oibleagáid maidir leis na hearraí a bheidh le tíolacadh dá dtagraítear in Airteagal 182(3) i ndáil le himréiteach láraithe.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*Airteagal 182*

**Iontráil i dtaifid an dearbhóra**

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin dóibh, duine a údarú chun dearbhú custaim a thaisceadh, lena n-áirítear dearbhú simplithe, i bhfoirm iontrála i dtaifid an dearbhóra, ar an gcoinníoll go bhfuil na mionsonraithe den dearbhú sin ar fáil do na húdaráis chustaim, i gcóras leictreonach an dearbhóra, tráth a thaisctear an dearbhú custaim i bhfoirm iontrála i dtaifid an dearbhóra.

2. Measfar gur glacadh leis an dearbhú custaim tráth a iontrálfar na hearraí sna taifid.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim, ar iarratas a dhéanamh chucu, an oibleagáid a tharscaoileadh na hearraí a thíolacadh. Sa chás sin, measfar go mbeidh na hearraí scaoilte tráth a n-iontrála i dtaifid an dearbhóra.

Féadfar an tarscaoileadh a dheonú má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) is oibreoir eacnamaíoch údaraithe é an dearbhóir i gcás simplithe chustaim;

(b) gur gá sin de bharr chineál agus shreabhadh na n-earraí lena mbaineann agus go bhfuil a fhios sin ag an údarás custaim;

(c) go bhfuil rochtain ag an oifig chustaim mhaoirseachta ar an bhfaisnéis uile a measann sí a bhfuil gá léi chun cur ar a chumas dí a ceart a fheidhmiú na hearraí a scrúdú más gá sin; agus

(d) ag tráth iontrála sna taifid, níl na hearraí faoi réir toirmeasc nó srianta a thuilleadh, seachas dá bhforáiltear san údarú.

Féadfaidh an oifig chustaim mhaoirseachta, i gcásanna sonracha, a iarraidh go dtíolacfaí na hearraí.

4. Déanfar na coinníollacha faoina gceadófar scaoileadh na n-earraí a leagan amach san údarú.

*Airteagal 183*

**Cumhacht a tharmligean**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284 chun na coinníollacha maidir le fianaise dá dtagraítear in Airteagal 182(1) a chinneadh.

*Airteagal 184*

**Bronnadh Cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir leis an nós imeachta i ndáil le hiontráil a dhéanamh i dtaifid an dearbhóra dá dtagraítear in Airteagal 182, lena n-áirítear na foirmiúlachtaí custaim agus na rialuithe ábhartha custaim.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*Airteagal 185*

**Féinmheasúnú**

1. Féadfaidh údaráis chustaim, ar iarratas a dhéanamh chucu, oibreoir eacnamaíoch a údarú le foirmiúlachtaí custaim áirithe a dhéanamh ar foirmiúlachtaí iad atá le déanamh ag na húdaráis chustaim, chun méid na dleachta ar allmhairí agus ar onnmhairiú is iníoctha a chinneadh, agus chun rialuithe áirithe a dhéanamh faoi mhaoirseacht custaim.

2. Oibreoir eacnamaíoch údaraithe i gcás simplithe custaim a bheidh san iarratasóir ar an údarú dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 186*

**Cumhacht a tharmligean**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú dá dtagraítear in Airteagal 185(1);

(b) na foirmiúlachtaí custaim agus na rialuithe atá le déanamh ag sealbhóir an údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 185(1).

*Airteagal 187*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis na foirmiúlachtaí custaim agus na rialuithe atá le déanamh ag sealbhóir an údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 185(1).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*CAIBIDIL 3*

***Fíorú agus scaoileadh earraí***

Roinn 1

**Fíorú**

*Airteagal 188*

**Dearbhú custaim a fhíorú**

Chun cruinneas na sonraí atá i ndearbhú ar glacadh leis a fhíorú, féadfaidh na húdaráis chustaim:

(a) scrúdú a dhéanamh ar an dearbhú agus ar na doiciméid tacaíochta uile;

(b) éileamh a dhéanamh go gcuirfidh an dearbhóir doiciméid eile ar fáil;

(c) scrúdú a dhéanamh ar na hearraí;

(d) samplaí a thógáil le haghaidh anailíse nó le haghaidh mionscrúdú a dhéanamh ar na hearraí.

*Airteagal 189*

**Earraí a scrúdú agus a shampláil**

1. Is é an dearbhóir a chuirfidh i gcrích iompar na n-earraí go dtí na háiteanna ina ndéanfar scrúdú orthu agus ina dtógfar samplaí díobh nó a bheidh freagrach as an iompar sin, agus is é a dhéanfaidh an láimhseáil uile is gá don scrúdú sin nó don tógáil samplaí sin nó a bheidh freagrach as an láimhseáil sin. Íocfaidh an dearbhóir na costais a thabhaítear.

2. Beidh sé de cheart ag an dearbhóir a bheith i láthair nó ionadaí a bheith i láthair thar a cheann nuair a dhéanfar scrúdú ar na hearraí agus nuair a thógfar samplaí. I gcás ina mbeidh forais réasúnacha ag na húdaráis chustaim chuige, féadfaidh siad a éileamh go mbeidh an dearbhóir i láthair nó go mbeidh ionadaí i láthair thar a cheann nuair a dhéanfar scrúdú ar na hearraí nó nuair a thógfar samplaí nó go dtabharfaidh sé an cúnamh is gá dóibh chun an scrúdú sin nó an tógáil samplaí sin a éascú.

3. Ar choinníoll go dtógfar na samplaí i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm, ní bheidh na húdaráis chustaim faoi dhliteanas aon chúiteamh a íoc ina leith ach iompróidh siad costais na hanailíse nó an scrúdaithe a rinneadh ar na samplaí.

*Airteagal 190*

**Earraí a scrúdú go páirteach agus a shampláil**

1. I gcás nach ndéanfar scrúdú ach ar chuid de na hearraí a chumhdaítear le dearbhú custaim nó i gcás ina ndéanfar samplaí a thógáil, measfar go mbainfidh torthaí an pháirtscrúdaithe, nó torthaí anailíse nó scrúdú na samplaí, leis na hearraí uile a fholaítear leis an dearbhú céanna.

Féadfaidh an dearbhóir a iarraidh go ndéanfaí tuilleadh scrúdaithe nó samplála ar na hearraí, áfach, má mheasann sé nó sí nach bhfuil torthaí an pháirtscrúdaithe, nó torthaí na hanailíse nó torthaí an scrúdaithe ar na samplaí a tógadh bailí maidir leis an gcuid eile de na hearraí a dearbhaíodh. Géillfear don iarratas ar choinníoll nár scaoileadh na hearraí fós nó, má scaoileadh iad, ar choinníoll go gcruthóidh an dearbhóir nár athraíodh ar bhealach ar bith iad.

2. Chun críocha mhír 1, má chumhdaíonn dearbhú custaim earraí a thagann faoi dhá ítim nó níos mó, measfar gur dearbhú ar leithligh iad na sonraí a bhaineann le hearraí a thagann faoi gach ítim.

*Airteagal 191*

**Torthaí an fhíoraithe**

1. Déanfar na torthaí a thiocfaidh as fíorú an dearbhaithe custaim a úsáid d'fhonn na forálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim faoina gcuirtear na hearraí a chur i bhfeidhm.

2. I gcás nach bhfíorófar an dearbhú custaim, beidh feidhm ag mír 1 ar bhonn na sonraí a bheidh sa dearbhú sin.

3. Beidh ag torthaí an fhíoraithe a dhéanfaidh na húdaráis chustaim an fheidhm dhochloíte chéanna ar fud chríoch chustaim an Aontais.

*Airteagal 192*

**Bearta um aithint**

1. Déanfaidh na húdaráis chustaim, nó i gcás inarb iomchuí, oibreoirí eacnamaíocha a údaróidh na húdaráis chustaim chuige sin, na bearta is gá a ghlacadh chun na hearraí a aithint más gá iad a aithint chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim ar dearbhaíodh na hearraí sin ina leith.

Beidh an éifeacht chéanna ó thaobh dlí ag na bearta um aithint sin ar fud chríoch chustaim an Aontais.

2. Is iad na húdaráis chustaim amháin, nó oibreoirí eacnamaíocha, i gcás ina n-údaróidh na húdaráis chustaim iad chuige sin, a aistreoidh nó a dhíothóidh meáin aitheantais atá greamaithe d'earraí de phacáistiú nó de mheáin iompair, ach amháin nuair is den riachtanas an t-aistriú nó an díothú, de bharr cúinsí nárbh fhéidir a thuar nó de bharr force majeure, chun na hearraí nó na meáin iompair a chosaint.

*Airteagal 193*

**Bronnadh Cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta a ghlacadh maidir le fíorú an dearbhaithe custaim, scrúdú agus sampláil earraí agus torthaí an fhíoraithe.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 2

**Scaoileadh**

*Airteagal 194*

**Scaoileadh na n-earraí**

1. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha faoinar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta lena mbaineann agus ar choinníoll go mbeidh aon srian curtha i bhfeidhm agus nach mbeidh na hearraí faoi réir aon toirmisc, scaoilfidh na húdaráis chustaim na hearraí a luaithe a fhíorófar na sonraí sa dearbhú custaim nó a luaithe a ghlacfar leo gan fíorú.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír freisin i gcás nach féidir an fíorú amhail dá dtagraítear in Airteagal 188 a thabhairt chun críche laistigh d'achar réasúnta ama agus mura gceanglaítear níos mó na hearraí a bheith i láthair chun críocha fíoraithe.

2. Scaoilfear an tráth céanna na hearraí uile a chumhdaítear faoin dearbhú céanna.

Chun críocha na chéad fhomhíre, i gcás ina gcumhdóidh dearbhú custaim earraí atá faoi dhá ítim nó níos mó, measfar gur dearbhú custaim ar leithligh iad na sonraí a bhaineann le hearraí atá faoi gach ítim.

*Airteagal 195*

**Scaoileadh ag brath ar mhéid na dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí a íoc a thiocfaidh leis an bhfiach custaim nó ag brath ar ráthaíocht a sholáthar**

1. I gcás ina n-eascróidh fiach custaim as earraí a chur faoi nós imeachta custaim, scaoilfear na hearraí ar choinníoll go n-íocfar suim na dleachta ar allmhairí nó suim na dleachta ar onnmhairí a thiocfaidh leis an bhfiach custaim nó go gcuirfear ráthaíocht ar fáil chun an fiach sin a chumhdach.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír, áfach, gan dochar don tríú fomhír, maidir le cead isteach sealadach lena ngabhann páirtfhaoiseamh ó dhleacht ar allmhairí.

I gcás ina n-éileoidh na húdaráis chustaim, de bhun na bhforálacha lena rialaítear an nós imeachta custaim a ndearbhaítear na hearraí ina leith, go gcuirfear ráthaíocht ar fáil, ní scaoilfear na hearraí sin le haghaidh an nós imeachta lena mbaineann go dtí go gcuirfear an ráthaíocht sin ar fáil.

2. I gcásanna sonracha, ní bheidh sé ina choinníoll, maidir le scaoileadh na n-earraí, go gcuirfear ráthaíocht ar fáil maidir le hearraí atá faoi réir iarratais ar tharraingt i ndáil le cuóta taraife.

3. Má úsáidtear simpliú iontu amhail dá dtagraítear in Airteagal 166, in Airteagal 182 agus in Airteagal 185 agus a gcuirfear ráthaíocht chuimsitheach ar fáil leo, ní bheidh sé ina choinníoll, maidir le scaoileadh na n-earraí, go ndéanfaidh na húdaráis chustaim faireachán ar an ráthaíocht.

*Airteagal 196*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284 chun na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 195(2) a chinneadh.

CAIBIDIL 4

***Diúscairt earraí***

*Airteagal 197*

**Earraí a scriosadh**

I gcás ina mbeidh forais réasúnta ag na húdaráis chuige, féadfaidh siad a éileamh go ndéanfar earraí a tíolacadh do lucht custaim a scriosadh agus cuirfidh siad an méid sin in iúl do shealbhóir na n-earraí dá réir. Íocfaidh sealbhóir na n-earraí costais an scriosta.

*Airteagal 198*

**Bearta a ghlacfaidh na húdaráis chustaim**

1. Glacfaidh na húdaráis chustaim aon bhearta is gá, lena n-áirítear coigistiú agus díol, nó scriosadh, chun earraí a dhiúscairt sna cásanna a leanas:

(a) i gcás nár comhlíonadh ceann de na hoibleagáidí a leagadh síos sa reachtaíocht chustaim maidir le hearraí nach earraí de chuid an Aontais iad a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais nó i gcás inar coinníodh na hearraí siar ó mhaoirseacht chustaim;

(b) i gcás nach féidir na hearraí a scaoileadh ar cheann de na cúiseanna a leanas:

(i) i gcás nárbh fhéidir, ar chúiseanna atá inchurtha i leith an dearbhóra, tabhairt faoi na hearraí a scrúdú nó faoi leanúint lena scrúdú laistigh den tréimhse a leag na húdaráis chustaim síos;

(ii) i gcás nár soláthraíodh na doiciméid a chaithfear a sholáthar sular féidir na hearraí a chur faoin nós imeachta a iarradh nó iad a scaoileadh le haghaidh an nós imeachta sin;

(iii) i gcás nár cuireadh ar fáil laistigh den tréimhse a leagtar síos íocaíochtaí nó ráthaíocht ba cheart a bheith déanta nó curtha ar fáil maidir le dleacht ar allmhairí nó ar onnmhairí;

(iv) i gcás ina bhfuil na hearraí faoi réir toirmeasc nó srianta;

(c) i gcás nach n-aistreofar na hearraí laistigh de thréimhse réasúnta i ndiaidh a scaoilte;

(d) i gcás go bhfaightear amach i ndiaidh a scaoilte nár chomhlíon na hearraí na coinníollacha le haghaidh an scaoilte sin, nó;

(e) i gcás ina dtréigfear earraí leis an Stát i gcomhréir le hAirteagal 199.

2. Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad agus a tréigeadh leis an Stát, a urghabhadh nó a coigistíodh, measfar gur cuireadh faoin nós imeachta stórála custaim iad. Déanfar iad a iontráil i dtaifid an oibreora stórála custaim, nó, i gcás go mbeidh siad á gcoinníoll ag na húdaráis chustaim, i dtaifid na n-údarás sin.

I gcás ina mbeidh earraí atá le díothú, le tréigean leis an Stát, le hurghabháil nó le coigistiú faoi réir dearbhaithe custaim cheana, áireofar sna taifid tagairt don dearbhú custaim sin. Dearbhóidh na húdaráis chustaim nach bhfuil an dearbhú custaim sin bailí.

3. Beidh costais na mbeart dá dtagraítear i mír 1 ar na daoine a leanas:

(a) sa chás dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, aon duine a raibh sé de cheanglas air na hoibleagáidí lena mbaineann a chomhlíonadh nó i gcás inar coinníodh na hearraí siar ó mhaoirseacht chustaim;

(b) sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 1, an dearbhóir;

(c) sa chás dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1, a duine a bhfuil sé de cheanglas air an coinníollacha faoin rialaítear scaoileadh earraí a chomhlíonadh;

(d) sa chás dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1, an duine a thréigeann na hearraí leis an Stát.

*Airteagal 199*

**Tréigean**

Le réamhchead ó na húdaráis chustaim, féadfaidh sealbhóir an nós imeachta, nó, i gcás inarb infheidhme, sealbhóir na n-earraí, earraí nach earraí de chuid an Aontais iad agus earraí a cuireadh faoin nós imeachta úsáide deiridh a thréigean leis an Stát.

*Airteagal 200*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an méid seo leanas:

(a) earraí a scriosadh, dá dtagraítear in Airteagal 197;

(b) earraí a dhíol, dá dtagraítear in Airteagal 198(1);

(c) earraí a thréigean leis an Stát i gcomhréir le hAirteagal 199.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

TEIDEAL VI

## SCAOILEADH I SAORCHÚRSAÍOCHT AGUS FAOISEAMH Ó DHLEACHT AR ALLMHAIRÍ

*CAIBIDIL 1*

***Scaoileadh i saorchúrsaíocht***

*Airteagal 201*

**Raon feidhme agus éifeacht**

1. Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a bheartaítear a chur ar mhargadh an Aontais nó a bheartaítear d'úsáid phríobháideach nó do thomhailt phríobháideach laistigh de chríoch custaim an Aontais, scaoilfear i saorchúrsaíocht iad.

2. Béarfaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht an méid seo a leanas:

(a) aon dleacht ar allmhairí a bheidh dlite a bhailiú;

(b) muirir eile, amhail dá bhforáiltear faoi na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm maidir le bailiú na muirear sin a bhailiú, de réir mar is cuí;

(c) bearta beartais tráchtála agus toirmisc agus srianta a chur i bhfeidhm sa mhéid nach gá iad a chur i bhfeidhm ag céim níos luaithe, agus

(d) na foirmiúlachtaí eile a leagadh síos maidir le hallmhairiú na n-earraí a chur i gcrích.

3. Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a scaoilfear i saorchúrsaíocht, bronnfar stádas custaim earraí de chuid an Aontais orthu.

*Airteagal 202*

**Bearta beartais tráchtála**

1. I gcás go scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta táirgí próiseáilte a fhaightear faoi phróiseáil isteach agus go ndéantar ríomh mhéid an dleachta ar allmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 86(3), is iad na bearta beartais tráchtála a bheidh le cur i bhfeidhm iad siúd is infheidhme maidir le scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta na n-earraí a cuireadh faoi phróiseáil isteach.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le dramhaíl agus fuíoll.

3. I gcás go scaoiltear le haghaidh saorchúrsaíochta táirgí próiseáilte a fhaightear faoi phróiseáil isteach agus go ndéantar ríomh mhéid an dleachta ar allmhairiú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 85(1), ní chuirfear na bearta beartais tráchtála i bhfeidhm ach amháin sa chás go mbeidh na hearraí a cuireadh faoi phróiseáil isteach faoi réir bearta den sórt sin.

4. I gcás go mbunaítear, le reachtaíocht an Aontais, bearta beartais tráchtála maidir le scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, ní bheidh feidhm ag na beartais sin maidir le táirgí próiseáilte a scaoiltear le haghaidh a gcúrsaíochta tar éis proiseáil amach a bheith déanta orthu, i gceann ar bith de na cásanna seo a leanas:

(a) áit a gcoinníonn na táirgí próiseáilte a dtionscnamh Aontais de réir bhrí Airteagal 60;

(b) áit a mbaineann deisiú leis an bpróiseáil amach, agus áirítear leis an gcóras malartaithe caighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 261; nó

(c) áit a dtarlaíonn an phróiseáil amach tar éis tuilleadh oibríochtaí próiseála a bheith déanta i gcomhréir le hAirteagal 258.

*CAIBIDIL 2*

***Faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí***

Roinn 1

**Earraí a thugtar ar ais**

*Airteagal 203*

**Raon feidhme agus éifeacht**

1. Ar iarratas ón duine lena mbaineann, tabharfar faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí d'earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a onnmhairíodh i gcéaduair mar earraí de chuid an Aontais ó chríoch custaim an Aontais agus a tugadh ar ais go dtí an chríoch sin laistigh de thréimhse trí bliana agus ar dearbhaíodh go scaoilfí i saorchúrsaíocht iad.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír fiú mura bhfuil i gceist leis na hearraí arna dtabhairt ar ais ach cuid de na hearraí arna n-onnmhairiú roimhe sin ó chríoch custaim an Aontais.

2. Féadfar dul thar an tréimhse trí bliana dá dtagraítear i mír 1 chun imthosca speisialta a chur san áireamh.

3. Na hearraí a tugadh ar ais, i gcás inar scaoileadh i saorchúrsaíocht saor ó dhleacht iad, nó ag ráta laghdaithe dleachta ar allmhairí mar gheall ar úsáid deiridh shonrach, sular onnmhairíodh iad ó chríoch custaim an Aontais, ní thabharfar faoiseamh ó dhleacht faoi mhír 1 ach amháin más le haghaidh na húsáide deiridh céanna atá siad le scaoileadh i saorchúrsaíocht.

I gcás nach ionann níos mó an úsáid deiridh a bhfuil na hearraí le scaoileadh i saorchúrsaíocht di, laghdófar méid na dleachta ar allmhairí den mhéid a bailíodh ar na hearraí nuair a scaoileadh i saorchúrsaíocht iad den chéad uair. Más mó é an méid sin ná an méid a toibhíodh ar na hearraí a tugadh ar ais agus iad á scaoileadh i saorchúrsaíocht, ní dheonófar aon aisíocaíocht.

4. I gcás ina mbeidh a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais caillte ag earraí de chuid an Aontais de bhun Airteagal 154 agus ina scaoilfear i saorchúrsaíocht iad ina dhiaidh sin, beidh feidhm ag mír 1, ag mír 2 agus ag mír 3.

5. Ní dheonófar an faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí ach amháin má thugtar earraí ar ais sa riocht inar onnmhairíodh iad.

6. Beidh faisnéis ann lena suífear go bhfuil na coinníollacha i gcomhair an fhaoisimh á gcomhlíonadh chun tacú leis an bhfaoiseamh ó dhleacht ar allmhairí

*Airteagal 204*

**Earraí a thairbhíonn de na bearta a leagtar síos faoin gcomhbheartas talmhaíochta**

Ní dheonófar faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí dá dtagraítear in Airteagal 203 d'earraí a thairbhigh de bhearta atá leagtha síos faoin gcomhbheartas talmhaíochta lena mbaineann a n-onnmhairiú amach as críoch custaim an Aontais, ach amháin i gcás ina bhforálfar a mhalairt i gcásanna sonracha.

*Airteagal 205*

**Earraí a cuireadh faoin nós imeachta próiseála isteach cheana**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 203 maidir le táirgí próiseáilte a ath-onnmhairíodh i dtosach ó chríoch custaim an Aontais tar éis nós imeachta próiseála isteach.

2. Ar iarratas ón dearbhóir agus ar choinníoll go soláthraíonn an dearbhóir an fhaisnéis is gá, cinnfear méid na dleachta ar onnmhairí ar earraí a chumhdaítear faoi mhír 1 i gcomhréir le hAirteagal 86(3). Measfar gurb é an dáta ar a nglacfar leis an dearbhú ath-onnmhairithe an dáta a scaoilfear na hearraí i saorchúrsaíocht.

3. Ní dheonófar an faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí dá bhforáiltear in Airteagal 203 do tháirgí próiseáilte a onnmhairíodh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 223(2), mura n-áirithítear nach gcuirfear aon earraí faoin nós imeachta próiseála isteach.

*Airteagal 206*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na cásanna ina measfar gur tugadh earraí ar ais sa staid chéanna inar onnmhairíodh iad;

(b) na cásanna sonracha dá dtagraítear in Airteagal 204.

*Airteagal 207*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le faisnéis a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 203(6).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 2

**Iascaireacht mhara agus táirgí a thógtar ón bhfarraige**

*Airteagal 208*

**Táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a thógtar as an bhfarraige**

1. Gan dochar d'Airteagal 60(1), deonófar faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí do na táirgí a leanas nuair a scaoiltear i saorchúrsaíocht iad:

(a) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a thógtar as farraige theorann tíre nó críche lasmuigh de chríoch custaim an Aontais ag soithí atá cláraithe nó taifeadta go heisiatach i mBallstát agus a bhfuil bratach an Stáit sin ar foluain orthu;

(b) táirgí a fhaightear ó tháirgí dá dtagraítear i bpointe (a) ar bord long próiseála a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa phointe sin.

2. Beidh tacaíocht ó fhianaise ag teastáil i gcás faoisimh ó dhleachtanna ar allmhairí go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos sa mhír sin á gcomhlíonadh.

*Airteagal 209*

**Bronnadh Cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le faisnéis a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 208(2).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

TEIDEAL VII

**NÓSANNA IMEACHTA SPEISIALTA**

*CAIBIDIL 1*

***Forálacha ginearálta***

*Airteagal 210*

**Raon feidhme**

Féadfar earraí a chur faoi aon cheann de na catagóirí nósanna imeachta a leanas:

(a) idirthuras, lena gcuimseofar idirthuras seachtrach agus idirthuras inmheánach;

(b) stóráil, lena gcuimseofar stórasú ag custam agus saorchriosanna;

(c) úsáid shonrach, lena gcuimseofar cead isteach sealadach agus úsáid deiridh;

(d) próiseáil, lena gcuimseofar próiseáil isteach agus próiseáil amach.

*Airteagal 211*

**Údarú**

1. Ceanglófar údarú ó na húdaráis chustaim don mhéid seo a leanas:

(a) an nós imeachta próiseála isteach nó amach, an nós imeachta um chead isteach sealadach nó an nós imeachta úsáide deiridh a úsáid,

(b) áiseanna stórála a oibriú stórasú earraí ag custam, ach amháin i gcás inarb é an t-údarás custaim féin an t-oibreoir.

Leagfar amach san údarú na coinníollacha faoina gceadófar feidhm a bhaint as ceann nó níos mó de na nósanna imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír nó oibriú na n-áiseanna stórála.

2. Deonóidh na húdaráis chustaim údarú le héifeacht chúlghabhálach, i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) is ann do ghá eacnamaíoch atá cruthaithe;

(b) níl aon bhaint ag an iarratas le hiarracht ar mheabhlaireacht;

(c) tá an méid seo a leanas cruthaithe ag an iarratasóir ar bhonn cuntas nó taifead:

(i) comhlíontar ceanglais uile an nós imeachta;

(ii) i gcás inarb iomchuí, is féidir na hearraí a shainaithint don tréimhse lena mbaineann;

(iii) le cuntais nó taifid den sórt sin éascaítear rialú a dhéanamh ar an nós imeachta;

(d) is féidir na foirmiúlachtaí uile a dhéanamh ar gá iad chun staid na n-earraí a chur ina ceart agus áirítear leo, i gcás go mbeidh gá leis, an dearbhú custaim lena mbaineann a dhéanamh neamhbhailí;

(e) níor tugadh aon údarú le héifeacht chúlghabhálach don iarratasóir laistigh de thrí bliana ón dáta ar a glacadh an t-iarratas,

(f) ní cheanglaítear scrúdú a dhéanamh ar na cúinsí eacnamaíocha ach amháin i gcás go mbaineann iarratas le húdarú i ndáil leis na cineálacha céanna oibríochta agus earraí a athnuachan;

(g) ní bhaineann an t-iarratas le hoibriú áiseanna stórála i ndáil le stóráil earraí ag custam;

(h) i gcás go mbaineann iarratas le húdarú a athnuachan do na cineálacha céanna oibríochta agus earraí, cuirtear an t-iarratas isteach laistigh de thrí bliana tar éis dul in éag bhailíocht an údaraithe thionscnaimh.

Féadfaidh údaráis chustaim údarú le héifeacht chúlghabhálach a thabhairt freisin i gcás nach raibh na hearraí a cuireadh faoi nós imeachta custaim ar fáil a thuilleadh tráth a glacadh iarratas ar údarú den sórt sin.

3. Ach amháin i gcás ina bhforálfar a mhalairt ní dheonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ach do dhaoine a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá siad bunaithe i gcríoch chustaim an Aontais;

(b) tugann siad an ráthaíocht is gá go ndéanfaidh siad na hoibríochtaí mar is ceart.Measfar go gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim an coinníoll atá leagtha síos i bpointe (b), a mhéid is gur cuireadh san áireamh an ghníomhaíocht a bhaineann leis an nós imeachta speisialta lena mbaineann maidir leis an údarú dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(2);

(c) i gcás ina dtabhaítear fiachas custaim nó muirir eile mar gheall ar earraí a chuirtear faoi nós imeachta speisialta, tugann siad ráthaíocht i gcomhréir le hAirteagal 89;

(d) i gcás na nósanna imeachta cead isteach sealadaigh nó na nósanna imeachta próiseála isteach, baineann siad feidhm as na hearraí nó déanann siad socruithe maidir lena n-úsáid nó cuireann siad oibríochtaí próiseála i gcrích maidir leis na hearraí nó socraíonn siad go gcuirfear na hoibríochtaí sin i gcrích iad, faoi seach

4. Ach amháin i gcás ina ndéanfar foráil maidir lena mhalairt agus sa bhreis ar mhír 3, ní dheonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1, ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh na húdaráis chustaim in ann maoirseacht chustaim a fheidhmiú gan ghá le socruithe riaracháin a bheadh neamhchomhréireach leis na riachtanais eacnamúla lena mbaineann;

(b) i gcás nach ndéanfaidh údarú nós imeachta próiseála dochar do leas sár-riachtanach na dtáirgeoirí Aontais (coinníollacha eacnamaíocha).

5. Measfar nach ndéantar dochar do leas sár-riachtanach tháirgeoirí an Aontais amhail dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4, ach amháin i gcás ina mbeidh fianaise ar a mhalairt ann nó i gcás ina meastar na coinníollacha eacnamaíocha a bheith comhlíonta.

6. I gcás ina mbeidh fianaise ann gur dóigh go ndéanfar dochar do leas sár-riachtanach táirgeoirí Aontais, déanfar scrúdú ar na coinníollacha eacnamaíocha ar leibhéal an Aontais.

*Airteagal 212*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na coinníollacha maidir le húdarú na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 211(1);

(b) na heisceachtaí ó na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 211(3) agus (4);

(c) na cásanna ina meastar gur comhlíonadh na coinníollacha eacnamaíocha amhail dá dtagraítear in Airteagal 211(5).

*Airteagal 213*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 211(6).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*Airteagal 214*

**Taifid**

1. Seachas i gcás an nós imeachta idirthurais nó i gcás ina bhforálfar a mhalairt coinneoidh sealbhóir an údaraithe, sealbhóir an nós imeachta, agus na daoine uile atá i mbun gníomhaíochta a bhaineann le stóráil, le hoibriú nó le próiseáil earraí, nó le díol nó ceannach earraí i saorchriosanna, taifid iomchuí i bhfoirm a cheadóidh na húdaráis chustaim.

Sna taifid beidh faisnéis agus sonraí a chuireann ar chumas na n-údarás custaim maoirseacht a dhéanamh ar an nós imeachta lena mbaineann, go háirithe i dtaca le sainaithint na n-earraí a chuirfear faoin nós imeachta sin, a stádas custaim agus a ngluaiseachtaí.

2. Measfar go gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim an oibleagáid atá leagtha síos i mír 1 a mhéid is atá a thaifid nó a taifid iomchuí chun críche an nós imeachta speisialta lena mbaineann.

*Airteagal 215*

**Urscaoileadh nós imeachta speisialta**

1. I gcásanna seachas an nós imeachta idirthurais agus gan dochar d'Airteagal 254, urscaoilfear nós imeachta speisialta nuair a chuirfear na hearraí a cuireadh faoin nós imeachta, nó na táirgí próiseáilte, faoi nós imeachta custaim ina dhiaidh sin, nó nuair a bheidh siad tógtha amach as críoch custaim an Aontais, nó nuair a bheidh siad scriosta agus gan aon dramhaíl fágtha ina ndiaidh, nó nuair a thréigfear leis an Stát iad i gcomhréir le hAirteagal 199.

2. Urscaoilfidh na húdaráis chustaim an nós imeachta idirthurais nuair a bheidh siad in ann a dheimhniú, ar bhonn comparáide idir na sonraí atá ar fáil d'oifig custaim na háite fágála agus na sonraí atá ar fáil don oifig custaim chinn scríbe, go bhfuil críoch mar is ceart leis an nós imeachta.

3. Na hearraí nár urscaoileadh nós imeachta ina leith faoi na coinníollacha a leagtar amach, glacfaidh na húdaráis chustaim na bearta uile is gá chun a n-imthosca a thabhairt chun rialtachta.

4. Tarlóidh urscaoileadh an nós imeachta laistigh de theorainn ama áirithe, mura bhforáiltear a mhalairt.

*Airteagal 216*

**Cumhacht a tharmligean**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284 chun an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 215(4) a chinneadh.

*Airteagal 217*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le nós imeachta speisialta a urscaoileadh dá dtagraítear in Airteagal 185.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*Airteagal 218*

**Cearta agus oibleagáidí a aistriú**

Féadfar cearta agus oibleagáidí sealbhóra nós imeachta maidir le hearraí a cuireadh faoi nós imeachta speisialta seachas idirthuras a aistriú go hiomlán nó go páirteach, chuig duine eile a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos don nós imeachta lena mbaineann.

*Airteagal 219*

**Gluaiseacht earraí**

I gcásanna sonracha, féadfar earraí a cuireadh faoi nós imeachta speisialta seachas nós imeachta idirthurais nó nós imeachta i saorchrios a aistriú idir áiteanna éagsúla i gcríoch chustaim an Aontais.

*Airteagal 220*

**Na gnáthchineálacha láimhseála**

Féadfar earraí a cuireadh faoi nós imeachta stórasaithe custaim nó faoi nós imeachta próiseála nó i saorchrios a láimhseáil sna gnáthfhoirmeacha a cheapfar chun iad a chaomhnú, chun a gcuma nó a gcáilíocht margaíochta a fheabhsú nó chun iad a ullmhú le haghaidh a ndáilte nó a n-athdhíolta.

*Airteagal 221*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284:

(a) lena leagtar síos na cásanna agus na coinníollacha maidir le gluaiseacht earraí a cuireadh faoi nós imeachta speisialta seachas nós imeachta idirthurais nó i saorchrios i gcomhréir le hAirteagal 219;

(b) lena gcinnteofar na gnáthfhoirmeacha láimhseála d'earraí a cuireadh faoi nós imeachta stórasaithe custaim nó nós imeachta próiseála nó i saorchrios amhail dá dtagraítear in Airteagal 220.

*Airteagal 222*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún na rialacha nós imeachta, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) maidir le haistriú chearta agus oibleagáidí shealbhóir an nós imeachta maidir le hearraí a cuireadh faoi nós imeachta speisialta seachas nós imeachta idirthurais i gcomhréir le hAirteagal 218;

(b) maidir le gluaiseacht earraí a cuireadh faoi nós imeachta speisialta seachas nós imeachta idirthurais nó i saorchrios i gcomhréir le hAirteagal 219.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*Airteagal 223*

**Earraí coibhéiseacha**

1. Is éard is earraí coibhéiseacha ann earraí Aontais a stóráiltear, a úsáidtear nó a phróiseáiltear in ionad na n-earraí a cuireadh faoi nós imeachta speisialta.

Faoin nós imeachta próiseála amach, is éard is earraí coibhéiseacha ann earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a phróiseáiltear in ionad earraí Aontais atá faoin nós imeachta próiseála amach.

Ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt beidh an cód Ainmníochta Comhcheangailte ocht ndigit céanna, an cháilíocht tráchtála chéanna agus na saintréithe teicniúla céanna ag na hearraí agus atá ag na hearraí a ngabhfaidh siad a n-ionad.

2. Údaróidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin orthu an méid a liostaítear thíos, ar choinníoll go n-áiritheofar iompar ceart an nós imeachta, go háirithe maidir le maoirseacht chustaim:

(a) Úsáid earraí coibhéiseacha faoi nósanna imeachta stórasaithe custaim, saorchriosanna, úsáide deiridh agus próiseála;

(b) úsáid earraí coibhéiseacha faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, i gcásanna sonracha;

(c) i gcás an nós imeachta próiseála isteach, go n-onnmhaireofar táirgí próiseáilte a fhaightear ó earraí coibhéiseacha sula n-allmhairítear na hearraí a bhfuil a n-ionaid á ngabháil acu;

(d) i gcás an nós imeachta próiseála amach, go n-allmhaireofar táirgí próiseáilte a fhaightear ó earraí coibhéiseacha roimh onnmhairiú na n-earraí a bhfuil a n-ionaid á ngabháil acu.

Measfar go gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch údaraithe le haghaidh simplithe custaim an coinníoll go n-áirithítear stiúradh ceart an nós imeachta, a mhéid is gur cuireadh san áireamh an ghníomhaíocht a bhaineann le húsáid na n-earraí coibhéiseacha don nós imeachta lena mbaineann maidir leis an údarú dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(2).

3. Ní údarófar earraí coibhéiseacha a úsáid ina aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach ndéantar ach na gnáthfhoirmeacha láimhseála a shainmhínítear in Airteagal 220 a chur i gcrích faoin nós imeachta próiseála isteach;

(b) i gcás ina mbeidh feidhm ag toirmeasc ar aisíocaíocht dleachta ar allmhairí, nó ag díolúine ó dhleacht ar allmhairí maidir le hearraí neamhthionscnaimh a mbainfear úsáid astu i monarú táirgí, faoin nós imeachta próiseála isteach, a ndéanfar cruthúnas tionscnaimh a eisiúint nó a scríobh amach ina leith i gcreat socraithe fhabhraigh idir an tAontas agus tíortha áirithe nó críocha áirithe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais nó grúpaí tíortha den sórt sin nó grúpaí críoch den sórt sin;

(c) i gcás ina dtiocfadh buntáiste gan údar cuí maidir le dleacht ar allmhairí as nó ina bhforáiltear ina leith i reachtaíocht an Aontais

4. Sa chás dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2, agus i gcás ina mbeadh dleacht ar onnmhairí le híoc ar na táirgí próiseáilte mura n-onnmhaireofaí iad i gcomhthéacs an nós imeachta próiseála isteach, cuirfidh sealbhóir an údaraithe ráthaíocht ar fáil chun íocaíocht na dleachta ar onnmhairí a áirithiú mura n-allmhaireofar na hearraí nach earraí de chuid an Aontais iad laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear in Airteagal 257(3).

*Airteagal 224*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na heisceachtaí ón tríú fomhír d'Airteagal 223(1);

(b) na coinníollacha faoina n-úsáidtear earraí coibhéiseacha i gcomhréir le hAirteagal 223(2);

(c) na cásanna sonracha ina n-úsáidtear earraí coibhéiseacha faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 223(2);

(d) na cásanna nach n-údaraítear úsáid earraí coibhéiseacha iontu i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 223(3).

*Airteagal 225*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le hearraí coibhéiseacha a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 223(2).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

*CAIBIDIL 2*

***Idirthuras***

Roinn 1

**Idirthuras seachtrach agus idirthuras inmheánach**

*Airteagal 226*

**Idirthuras Seachtrach**

1. Faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh, féadfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a aistriú ó áit amháin go háit eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais gan iad a bheith faoi réir aon cheann díobh seo a leanas:

(a) dleacht ar allmhairí;

(b) muirir eile amhail dá bhforáiltear faoi fhorálacha ábhartha eile atá i bhfeidhm;

(c) bearta beartais tráchtála, a mhéid nach gcuireann siad bac ar earraí a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais nó ar iad a thabhairt amach aisti.

2. I gcásanna sonracha, cuirfear earraí Aontais faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh.

3. Déanfar an t-aistriú amhail dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais;

(b) i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR ar choinníoll:

(i) gur tosaíodh nó go gcríochnófar an t-aistriú lasmuigh de chríoch custaim an Aontais;

(ii) go ndéantar an t-aistriú sin idir dhá phointe laistigh de chríoch chustaim an Aontais trí chríoch tíre nó trí chríoch críche atá lasmuigh de chríoch custaim an Aontais;

(c) i gcomhréir le Coinbhinsiún ATA/Coinbhinsiún Iostanbúl i gcás ina dtarlóidh aistriú idirthurais;

(d) faoi chlúdach Fhardal na Réine (Airteagal 9 den Choinbhinsiún Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine);

(e) faoi chumhdach fhoirm 302 dá bhforáiltear sa Chomhaontas idir na Páirtithe i gConradh an Atlantaigh Thuaidh maidir le Stádas a gcuid Fórsaí, a síníodh i Londain an 19 Meitheamh 1951;

(f) faoin gcóras poist, i gcomhréir le hachtanna an Aontais Phoist Uilechoitinn, nuair a iompraíonn sealbhóirí ceart agus oibleagáidí faoi na hachtanna sin na hearraí nó nuair a iompraítear iad ar a son.

*Airteagal 227*

**Idirthuras Inmheánach**

1. Faoin nós imeachta idirthurais inmheánaigh agus faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 2, féadfar earraí Aontais a aistriú ó phointe amháin go pointe eile laistigh de chríoch chustaim an Aontais agus gabháil trí thír nó trí chríoch lasmuigh den chríoch chustaim sin, gan aon athrú a bheith ar a stádas custaim.

2. Tarlóidh an t-aistriú dá dtagraítear i mír 1 ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) faoi nós imeachta idirthurais inmheánaigh an Aontais, ar choinníoll go bhforáiltear d'fhéidearthacht den sórt sin i gcomhaontas idirnáisiúnta;

(b) i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR;

(c) i gcomhréir le Coinbhinsiún ATA/Coinbhinsiún Iostanbúl i gcás ina dtarlóidh aistriú idirthurais;

(d) faoi chlúdach Fhardal na Réine (Airteagal 9 den Choinbhinsiún Athbhreithnithe um Loingseoireacht na Réine);

(e) faoi fhoirm 302 amhail dá bhforáiltear sa Chomhaontas idir na Páirtithe i gConradh an Atlantaigh Thuaidh maidir le Stádas a gcuid Fórsaí, arna shíniú i Londain an 19 Meitheamh 1951;

(f) faoin gcóras poist, i gcomhréir le hachtanna an Aontais Phoist Uilechoitinn, nuair a iompraíonn sealbhóirí ceart agus oibleagáidí faoi na hachtanna sin na hearraí nó nuair a iompraítear iad ar a son.

*Airteagal 228*

**Críoch aonair chun críche idirthurais**

Sa chás ina mbogtar earraí ó phointe amháin i gcríoch chustaim an Aontais go pointe eile i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR, Coinbhinsiún ATA/ Coinbhinsiún Iostanbúl, faoi chumhdach fhoirm 302 nó faoin gcóras poist, measfar go mbeidh críoch chustaim an Aontais mar chríoch aonair, chun críocha iompair den sórt sin.

*Airteagal 229*

**Daoine a eisiamh ó oibríochtaí TIR**

1. Má chinneann na húdaráis chustaim de chuid Ballstáit duine a eisiamh ó oibríochtaí TIR faoi Airteagal 38 de Choinbhinsiún TIR, beidh feidhm ag an gcinneadh sin ar fud chríoch chustaim an Aontais agus ní ghlacfaidh aon oifig custaim carnet TIR arna dtaisceadh ag an duine sin.

2. Cuirfidh an Ballstát a chinneadh dá dtagraítear i mír 1 in iúl, le chéile leis an dáta a gcuirfear i bhfeidhm é, do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

*Airteagal 230*

**Coinsíní údaraithe chun críche TIR**

Féadfaidh na húdaráis chustaim, arna iarraidh sin orthu, duine, dá ngairfear coinsíní údaraithe air/uirthi, a údarú chun earraí a fháil a bhogtar i gcomhréir le Coinbhinsiún TIR ag áit údaraithe, i dtreo is go gcuirfear deireadh leis an nós imeachta i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 1 de Choinbhinsiún TIR.

*Airteagal 231*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) na cásanna sonracha ina bhfuil earraí Aontais le cur faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh i gcomhréir le hAirteagal 226(2);

(b) na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú dá dtagraítear in Airteagal 230;

*Airteagal 232*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme na rialacha nós imeachta chun pointe (b) go pointe (f) d'Airteagal 226(3), agusbpointe (b) go pointe (f) d'Airteagal 227(2) a chur i bhfeidhm, i gcríoch chustaim an Aontais, agus riachtanais an Aontais á gcur san áireamh.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 2

**Idirthuras Aontais**

*Airteagal 233*

**Oibleagáidí shealbhóir nós imeachta idirthurais an Aontais agus iompróir agus fhaighteoir na n-earraí a aistrítear faoi nós imeachta idirthurais an Aontais**

1. Beidh sealbhóir nós imeachta idirthurais an Aontais freagrach as gach ceann daoibhseo a leanas:

(a) na hearraí a thíolacadh slán mar aon leis an bhfaisnéis a cheanglaítear ag an oifig custaim chinn scríbe laistigh den teorainn ama forordaithe agus i gcomhréir leis na bearta a ghlac na húdaráis chustaim chun a sainaithint a áirithiú;

(b) na forálacha custaim maidir leis an nós imeachta a chomhlíonadh;

(c) ráthaíocht a sholáthar, mura bhforáiltear a mhalairt sa reachtaíocht chustaim, lena áirithiú go n-íocfar suim na dleachta ar allmhairí nó suim na dleachta ar onnmhairí a bheidh ar comhréir le haon fhiach custaim nó le haon mhuirir eile, dá bhforáiltear faoi fhorálacha ábhartha eile atá i bhfeidhm, a d'fhéadfaí a thabhú i ndáil leis na hearraí.

2. Comhlíonfar oibleagáid shealbhóir an nós imeachta agus cuirfear deireadh leis an nós imeachta idirthurais nuair a bheidh na hearraí a cuireadh faoi nós imeachta agus an fhaisnéis a éilítear ar fáil san oifig custaim chinn scríbe i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim.

3. Iompróir nó faighteoir earraí a ghlacann le hearraí arb eol dó iad a bheith á n-aistriú faoi nós imeachta idirthurais an Aontais, beidh sé freagrach freisin as na hearraí a thíolacadh slán ag oifig custaim chinn scríbe laistigh den teorainn ama forordaithe agus i gcomhréir leis na bearta a ghlac na húdaráis chustaim chun a sainaithint a áirithiú.

4. Má iarrtar sin orthu, féadfaidh na húdaráis chustaim aon cheann de na simpliúcháin seo a leanas a údarú maidir le hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais nó maidir le deireadh an nós imeachta sin:

(a) stádas coinsíneoir údaraithe, lena cheadaítear do shealbhóir an údaraithe na hearraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais gan iad a chur faoi bhráid custaim;

(b) stádas coinsíní údaraithe, lena cheadaítear do shealbhóir deireadh a chur leis an nós imeachta i gcomhréir le hAirteagal 233(2) arb é sealbhóir an údaraithe chun glacadh le hearraí ag áit údaraithe arb earraí iad a aistrítear faoi idirthurais sheachtraigh an Aontais;

(c) séalaí de chineál speisialta a úsáid, i gcás go gceanglaítear sealú chun sainaithint na n-earraí a chuirtear faoi nós imeachta idirthurais an Aontais a áirithiú;

(d) dearbhú custaim a úsáid chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais na hAontais, ar dhearbhú é lena laghdaítear na ceanglais maidir le sonraí;

(e) doiciméad leictreonach maidir le hiompair a úsáid mar dhearbhú custaim chun earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais an Aontais, ar choinníoll go mbeidh sonraí an dearbhaithe sin sa doiciméad agus go mbeidh na sonraí sin ar fáil d'údaráis chustaim na háite fágála agus an chinn scríbe d'fhonn ligean don chustam maoirseacht a dhéanamh ar na hearraí agus an nós imeachta a urscaoileadh.

*Airteagal 234*

**Earraí atá ag dul trí chríoch tíre nó chríoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais**

1. Beidh feidhm ag nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais maidir le hearraí atá ag taisteal trí thír nó chríoch lasmuigh de chríoch custaim an Aontais má chomhlíonfar ceann de na coinníollacha a leanas:

(a) go bhforáiltear dó sin faoi chomhaontú idirnáisiúnta;

(b) gur faoi chumhdach doiciméid aonair iompair arna dhréachtú i gcríoch custaim an Aontais a dhéantar iompar sa tír nó sa chríoch sin.

2. Sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, fionrófar oibriú nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Chomhphobail le linn do na hearraí a bheith lasmuigh de chríoch custaim an Chomhphobail.

*Airteagal 235*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú dá dtagraítear in Airteagal 233(4) a chinneadh.

*Airteagal 236*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir leis an méid a leanas:

(a) earraí a chur faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais agus deireadh an nós imeachta sin;

(b) ullmhú na simpliúchán dá dtagraítear in Airteagal 233(4);

(c) maoirseacht ag custam ar earraí atá ag dul trí chríoch tíre nó chríoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais faoi nós imeachta idirthurais sheachtraigh an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 234.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

CAIBIDIL 3

***Stóráil***

Roinn 1

**Forálacha Coiteanna**

*Airteagal 237*

**Raon Feidhme**

1. Faoi nós imeachta stórála, féadfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a stóráil i gcríoch chustaim an Aontais gan a bheith faoi réir aon cheann díobh seo a leanas:

(a) dleacht ar allmhairí;

(b) muirir eile dá bhforáiltear faoi fhorálacha ábhartha eile atá i bhfeidhm;

(c) bearta beartais tráchtála, a mhéid nach gcuireann siad bac ar earraí a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais nó ar iad a thabhairt amach aisti.

2. Féadfar earraí Aontais a chur faoin nós imeachta stórála custaim nó saorchreasa i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim nó le reachtaíocht an Aontais lena rialaítear réimsí sonracha, nó d'fhonn leas a bhaint as cinneadh lena cheadaítear aisíocaíocht nó dleacht ar allmhairí a mhaitheamh.

3. I gcás inar mbeidh riachtanas eacnamaíoch ann agus nach ndéanfar dochar do mhaoirseacht chustaim, féadfaidh na húdaráis chustaim a údarú go ndéanfaí earraí Aontais a stóráil in áiseanna stórála le haghaidh stóráil ag custam. Ní mheasfar na hearraí sin a bheith faoin nós imeachta stóráil ag custam.

*Airteagal 238*

**Ré nós imeachta stórála**

1. Ní bheidh teorainn leis an tréimhse ama ar féidir earraí a choinneáil faoi nós imeachta stórála.

2. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh na húdaráis chustaim teorainn ama a leagan síos faoina chaithfear nós imeachta stóráil ag custaim a leagan síos go háirithe i gcás ina bhféadfaidh cineál agus nádúr na n-earraí, i gcás stórála fadtéarmaí, sláinte an duine, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí nó an comhshaol a chur i mbaol.

*Airteagal 239*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta maidir le hearraí an Aontais a chur faoi nós imeachta um stórasú custaim nó faoin nós imeachta saorchreasa amhail dá dtagraítear in Airteagal 237(2).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

Roinn 2

**Stórasú custaim**

*Airteagal 240*

**Stóráil i stórais de chuid custaim**

1. Faoin nós imeachta stórasaithe custaim féadfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a stóráil in áitreabh nó in aon láthair eile atá údaraithe don nós imeachta sin ag na húdaráis chustaim agus faoi mhaoirseacht chustaim, ('stórais chustaim').

2. Féadfar stórais chustaim a chur ar fáil d'aon duine chun stórasú custaim a dhéanamh ar earraí ('stóras custaim poiblí'), nó do shealbhóir an údaraithe stórála custaim chun earraí a stóráil ('stóras custaim príobháideach').

3. Féadfar earraí a cuireadh faoin nós imeachta stórála custaim a aistriú ar bhonn sealadach ón stóras custaim. Beidh an t-aistriú sin údaraithe roimh ré ag na húdaráis chustaim, ach amháin i gcás force majeure.

*Airteagal 241*

**Próiseáil**

1. Féadfaidh na húdaráis chustaim, i gcás go mbeidh riachtanas eacnamaíoch ann agus nach ndéantar dochar do mhaoirseacht chustaim, údarú a thabhairt chun earraí a phróiseáil faoin nós imeachta próiseála isteach nó faoin nós imeachta úsáide deiridh i stóras chustaim faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear leis na nósanna imeachta sin.

2 Maidir leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1, ní mheasfar iad a bheith faoin nós imeachta stóráil ag custam.

*Airteagal 242*

**Freagrachtaí shealbhóir an údaraithe nó an nós imeachta**

1. Beidh sealbhóir an údaraithe agus sealbhóir an nós imeachta freagrach as an méid a leanas:

(a) a áirithiú nach dtógfar earraí atá faoin nós imeachta stóráil ag custaim amach as maoirsiú custaim; agus

(b) na hoibleagáidí a chomhlíonadh a eascraíonn as stóráil earraí a chumhdaítear leis an nós imeachta stóráil ag custam.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina mbainfidh an t-údarú le stóras custaim poiblí, féadfaidh sé a fhoráil go gcineachfar na freagrachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) de mhír 1 go heisiatach do shealbhóir an nós imeachta.

3. Beidh sé de fhreagracht ar shealbhóir an nós imeachta i gcónaí na hoibleagáidí a eascraíonn as na hearraí a chur faoin nós imeachta stórasaithe custaim a chomhlíonadh.

Roinn 3

**Saorchriosanna**

*Airteagal 243*

**Saorchriosanna a ainmniú**

1. Féadfaidh na Ballstáit codanna de chríoch custaim an Aontais a ainmniú mar shaorchriosanna.

Maidir le gach saorchrios, cinnfidh an Ballstát an limistéar a chumhdaítear agus tabharfaidh sé sainmhíniú ar na pointí iontrála agus fágála.

2. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis faoi na saorchriosanna atá ag oibriú i bhfios don Choimisiún.

3. Beidh saorchriosanna iata.

Beidh an imlíne agus na pointí isteach i limistéar na saorchriosanna agus na pointí amach as faoi réir maoirseachta custaim.

4. Féadfaidh daoine, earraí agus modhanna iompair a thagann isteach i saorchrios nó a théann amach as a bheith faoi réir rialuithe custaim.

*Airteagal 244*

**Foirgnimh agus gníomhaíochtaí i saorchriosanna**

1. Ní mór cead a fháil roimh ré ó na húdaráis chustaim chun aon fhoirgneamh a thógáil laistigh de shaorchrios.

2. Faoi réir na reachtaíochta custaim, ceadófar aon ghníomhaíocht thionsclaíoch, tráchtála nó seirbhíse laistigh de shaorchrios. Beidh cur i gcrích gníomhaíochtaí den sórt sin faoi réir fógra a thabhairt fúthu, roimh ré, do na húdaráis chustaim.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim toirmisc nó srianta a chur i bhfeidhm maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, ag féachaint do chineál na n-earraí lena mbaineann, nó do riachtanais maoirseachta custaim, nó do riachtanais slándála agus sábháilteachta.

4. Daoine nach gcuireann an deimhniú riachtanach go bhfuiltear ag comhlíonadh na bhforálacha custaim ar fáil, féadfaidh na húdaráis chustaim bac a chur orthu dul i mbun gníomhaíochta i saorchrios.

*Airteagal 245*

**Earraí a thíolacadh agus a chur faoin nós imeachta**

1. Earraí a thugtar isteach i saorchrios, tíolacfar do lucht custaim iad agus bainfidh na foirmiúlachtaí custaim a forordaíodh leo in aon cheann de na cásanna a leanas:

(a) i gcás ina dtugtar isteach go díreach sa saorchrios iad ó áit lasmuigh de chríoch custaim an Aontais;

(b) i gcás inar faoi nós imeachta custaim atá críochnaithe nó a urscaoileadh a bhíonn siad nuair a chuirtear faoi réir an nós imeachta saorchreasa iad;

(c) i gcás ina gcuirfear faoin nós imeachta saorchreasa iad d'fhonn leas a bhaint as cinneadh a dheonaíonn aisíocaíocht nó loghadh dleachta ar allmhairí;

(d) i gcás ina bhforálfar leis an reachtaíocht d'fhoirmiúlachtaí den sórt sin seachas sa reachtaíocht chustaim.

2. Earraí a thugtar isteach i saorchrios faoi chúinsí seachas na cúinsí a chumhdaítear le mír 1, ní dhéanfar iad a thíolacadh do lucht custaim.

3. Gan dochar d'Airteagal 246, measfar earraí a thugtar isteach i saorchrios a bheith faoin nós imeachta saorchreasa:

(a) tráth a dtiocfaidh siad isteach i saorchrios, ach amháin má cuireadh faoi réir nós imeachta custaim eile cheana iad; nó

(b) tráth a gcríochnóidh nós imeachta idirthurais, mura gcuirfear faoi réir nós imeachta custaim eile iad láithreach.

*Airteagal 246*

**Earraí Aontais i saorchriosanna**

1. Féadfar earraí Aontais a thabhairt isteach i saorchrios agus iad a stóráil, a aistriú, a úsáid, a phróiseáil nó a thomhailt laistigh de shaorchrios. I gcásanna den sórt sin ní mheasfar na hearraí a bheith faoin nós imeachta saorchreasa.

2. Ar iarratas ón duine lena mbaineann, deimhneoidh na húdaráis chustaim stádas custaim mar earraí Aontais i gcás aon cheann de na hearraí seo a leanas:

(a) earraí Aontais a thagann isteach i saorchrios;

(b) earraí Aontais a ndearnadh oibríochtaí próiseála orthu laistigh de shaorchrios;

(c) earraí a scaoiltear i saorchúrsaíocht laistigh de shaorchrios.

*Airteagal 247*

**Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad i saorchriosanna**

1 Fad a bheidh siad i saorchrios, féadfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht nó a chur faoin nós imeachta próiseála isteach, faoin nós imeachta um chead isteach sealadach nó faoin nós imeachta úsáide deiridh, faoi na coinníollacha a leagtar síos le haghaidh na nósanna sin.

I gcásanna den sórt sin ní mheasfar na hearraí a bheith faoin nós imeachta saorchreasa.

2. Gan dochar do na forálacha is infheidhme maidir le soláthairtí nó bia-earraí a stóráil, i gcás ina bhforálfar amhlaidh sa nós imeachta lena mbaineann, ní chuirfidh mír 1 bac ar úsáid ná ar thomhailt earraí nach ndéanfaí dleacht ar allmhairí ná bearta a leagtar síos faoi na comhbheartais talmhaíochta agus tráchtála a chur i bhfeidhm de thoradh a scaoilte i saorchúrsaíocht ná cead isteach sealadach a thabhairt dóibh.

I gcás úsáide nó tomhailte den sórt sin, ní éileofar aon dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht ná maidir leis an nós imeachta um chead isteach sealadach.

Éileofar dearbhú den sórt sin áfach, más rud é go bhfuil na hearraí sin faoi réir taraif-chuóta nó uasteorann.

*Airteagal 248*

**Earraí a thabhairt amach as saorchrios**

1. Gan dochar don reachtaíocht i réimsí seachas réimse an chustaim, féadfar earraí i saorchrios a onnmhairiú nó a ath-onnmhairiú amach as críoch custaim an Aontais, nó a thabhairt isteach i gcuid eile de chríoch custaim an Aontais.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 134 go 149 maidir le hearraí a thugtar amach ó shaorchrios go codanna eile de chríoch custaim an Aontais.

*Airteagal 249*

**Stádas Custaim**

I gcás ina dtabharfar earraí amach as saorchrios agus isteach i gcuid eile de chríoch custaim an Aontais nó má chuirtear faoi nós imeachta custaim iad, measfar iad a bheith ina n-earraí nach earraí de chuid an Aontais iad mura mbeidh a stádas custaim mar earraí Aontais á chruthú.

Ar a shon sin, d'fhonn dleacht ar onnmhairí agus ceadúnais onnmhairíochta nó bearta rialaithe onnmhairí a leagtar síos faoi chomhbheartais tráchtála nó talmhaíochta a chur i bhfeidhm, measfar gur earraí Aontais iad earraí den sórt sin mura suitear nach bhfuil stádas custaim earraí Aontais acu.

CAIBIDIL 4

***Úsáid shonrach***

Roinn 1

**Cead isteach sealadach**

*Airteagal 250*

**Raon Feidhme**

1. Faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, féadfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a bheartaítear a ath-onnmhairiú a bheith faoi réir úsáide sonraí laistigh de chríoch custaim an Aontais, agus faoiseamh páirteach nó faoiseamh iomlán acu ó dhleacht ar allmhairí, agus gan a bheith faoi réir aon cheann díobh seo a leanas:

(a) muirir eile dá bhforáiltear faoi fhorálacha ábhartha eile atá i bhfeidhm;

(b) bearta beartais tráchtála, a mhéid nach gcuireann siad bac ar earraí a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais nó ar iad a thabhairt amach aisti.

2. Ní fhéadfar an nós imeachta um chead isteach sealadach a úsáid ach amháin ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

(a) nach mbeartaítear aon athrú a dhéanamh ar na hearraí, seachas an gnáth-dhíluachadh de bharr na húsáide a bhaintear astu;

(b) gur féidir a áirithiú gur féidir na hearraí a cuireadh faoin nós imeachta a shainaithint, ach amháin i gcás nach dóigh, ag féachaint do chineál na n-earraí nó don úsáid a bheartaítear a bhaint astu, go n-eascróidh aon mhí-úsáid as an nós imeachta d'uireasa na mbeart sainaitheanta nó, sa chás dá dtagraítear in Airteagal 223, i gcás inar féidir a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha atá leagtha síos maidir le hearraí coibhéiseacha;

(c) go bhfuil sealbhóir an nós imeachta bunaithe lasmuigh de chríoch custaim an Aontais, ach amháin i gcás ina bhforálfar a mhalairt;

(d) go gcomhlíontar na ceanglais maidir le faoiseamh iomlán nó faoiseamh páirteach ó dhleacht a leagtar síos i reachtaíocht chustaim an Aontais.

*Airteagal 251*

**Tréimhse ina bhféadfaidh earraí fanacht faoin nós imeachta um chead isteach sealadach**

1. Cinnfidh na húdaráis chustaim an tréimhse ina gcaithfear earraí a cuireadh faoin nós imeachta um chead isteach sealadach a ath-onnmhairiú nó a chur faoi nós imeachta custaim eile. Ba cheart go mbeadh an tréimhse sin fada go leor chun go bhféadfaí an cuspóir maidir le húsáid údaraithe a bhaint amach.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt, is é 24 mhí an tréimhse uasta ina bhféadfaidh earraí fanacht faoin nós imeachta um chead isteach sealadach chun na críche céanna agus faoi fhreagracht an tsealbhóra chéanna, fiú má urscaoileadh an nós imeachta trí na hearraí a chur faoi nós imeachta speisialta eile agus trína gcur faoin nós imeachta um chead isteach sealadach arís ina dhiaidh sin.

3. I gcás, in imthosca eisceachtúla, nach féidir an úsáid údaraithe a bhaint amach laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, féadfaidh na húdaráis chustaim, síneadh a dheonú, de ré réasúnta ar an tréimhse sin ar iarratas a bhfuil call leis ó shealbhóir an údaraithe.

4. Tréimhse nach mó ná 10 mbliana a bheidh sa tréimhse fhoriomlán ina bhféadfaidh earraí fanacht faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, ach amháin i gcás nárbh fhéidir a thuar.

*Airteagal 252*

**Méid an dleachta ar allmhairí i gcás cead isteach sealadach atá faoi fhaoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí**

1. Socrófar méid na dleachta ar allmhairí maidir le hearraí a chuirfear faoin nós imeachta um chead isteach sealadach faoi fhaoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí ag 3 % de mhéid na dleachta ar allmhairí a bheadh iníoctha maidir leis na hearraí sin dá mba ar an dáta ar cuireadh faoin nós imeachta um chead isteach sealadach iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht iad.

Beidh an méid sin iníoctha i leith gach míosa nó gach codáin de mhí inar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta um chead isteach sealadach, le faoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí.

2. Ní rachaidh méid na dleachta ar allmhairí thar an méid a bheadh le híoc dá mba ar an dáta a cuireadh faoin nós imeachta um chead isteach sealadach iad a scaoileadh na hearraí atá i gceist i saorchúrsaíocht.

*Airteagal 253*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 243, chun a chinneadh:

(a) an úsáid shonrach dá dtagraítear in Airteagal 250(1);

(b) na ceanglais dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 250(2).

Roinn 2

**Úsáid deiridh**

*Airteagal 254*

**Nós imeachta úsáide deiridh**

1. Faoin nós imeachta úsáide deiridh, féadfar earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi dhíolúine ó dhleacht nó faoi ráta laghdaithe dleachta de bharr a n-úsáide sonraí.

2. I gcás ina bhfuil na hearraí ag céim táirgthe a fhágann nach bhféadfaí, ar bhonn eacnamaíoch, ach an úsáid deiridh fhorordaithe a bhaint astu, féadfaidh na húdaráis chustaim na coinníollacha a shuíomh faoina bhféadfar a mheas gur baineadh úsáid astu chun na gcríoch a leagtar síos maidir le feidhmiú na díolúine ó dhleacht nó an ráta laghdaithe dleachta.

3. I gcás ina bhfuil earraí oiriúnach le húsáid an athuair agus i gcás ina meastar do na húdaráis chustaim gur iomchuí é chun mí-úsáid a sheachaint, leanfaidh an mhaoirseacht custaim ar feadh tréimhse nach mó ná dhá bhliain tar éis an dáta a mbainfear úsáid astu den chéad uair chun na gcríoch a leagtar síos maidir le feidhmiú na díolúine ó dhleacht nó feidhmiú an ráta laghdaithe dleachta.

4. Tiocfaidh deireadh le maoirseacht chustaim faoin nós imeachta úsáide deiridh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inar baineadh úsáid as na hearraí chun na gcríoch a leagtar síos maidir le feidhmiú na díolúine ó dhleacht nó feidhmiú an ráta laghdaithe dleachta;

(b) i gcás ina dtugtar na hearraí amach as críoch custaim an Aontais, i gcás ina scriostar iad nó i gcás ina dtréigtear leis an Stát iad;

(c) i gcás inar baineadh úsáid as na hearraí chun críocha seachas na críocha a leagtar síos i leith fheidhmiú na díolúine ó dhleacht nó feidhmiú an ráta laghdaithe dleachta agus gur íocadh an dleacht ar allmhairí atá infheidhme.

5. I gcás ina dteastóidh ráta brabaigh, beidh feidhm ag Airteagal 255 mutatis mutandis maidir leis an nós imeachta úsáide deiridh.

6. Measfar fuíoll agus dramhaíl a thig as earraí a oibriú nó a phróiseáil i gcomhréir leis an úsáid deiridh fhorordaithe agus as caillteanais i ngeall ar dhiomailt nádúrtha, measfar iad mar earraí a shanntear don úsáid deiridh fhorordaithe.

7. Measfar fuíoll agus dramhaíl a thig as díothú earraí a chuirtear faoin nós imeachta úsáide deiridh, measfar iad mar earraí a chuirtear faoin nós imeachta stórasaithe custaim.

*CAIBIDIL 5*

## ***Próiseáil***

Roinn 1

### **Forálacha Ginearálta**

*Airteagal 255*

#### **Ráta brabaigh**

Seachas i gcás ina sonrófar ráta brabaigh sa reachtaíocht Aontais lena rialaítear réimsí sonracha, socróidh na húdaráis chustaim ráta brabaigh nó meánráta brabaigh na hoibríochta próiseála nó, más iomchuí, an modh trína gcinnfear an ráta sin.

Cinnfear an ráta brabaigh nó an meánráta brabaigh ar bhonn na gcúinsí iarbhír ina gcuirfear na hoibríochtaí próiseála i gcrích, nó, ina mbeidh siad le cur i gcrích. Féadfar coigeartú a dhéanamh ar an ráta sin, más iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 28.

Roinn 2

### **Próiseáil isteach**

*Airteagal 256*

#### **Raon Feidhme**

1. Gan dochar d'Airteagal 223, faoin nós imeachta próiseála isteach, féadfar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a úsáid i gcríoch custaim an Aontais in oibríocht próiseála amháin nó níos mó ná sin gan a bheith faoi réir aon cheann díobh seo a leanas:

(a) dleacht ar allmhairí;

(b) muirir eile dá bhforáiltear faoi fhorálacha ábhartha eile atá i bhfeidhm;

(c) bearta beartais tráchtála, a mhéid nach gcuireann siad bac ar earraí a thabhairt isteach i gcríoch custaim an Aontais nó ar iad a thabhairt amach aisti.

2. Féadfar úsáid a bhaint as an nós imeachta próiseála isteach i gcásanna seachas deisiúchán agus díothú ach amháin, gan dochar d'úsáid comhghabhálas táirgthe, i gcás inar féidir na hearraí a cuireadh faoin nós imeachta a aithint sna táirgí próiseáilte.

Sa chás dá dtagraítear in Airteagal 223, féadfar úsáid a bhaint as an nós imeachta i gcás inar féidir a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos maidir le hearraí coibhéiseacha.

3. De bhreis ar mhír 1 agus ar mhír 2, féadfar an nós imeachta próiseála isteach a úsáid le haghaidh aon cheann de na hearraí seo a leanas:

(a) earraí a mbeartaítear oibríochtaí a dhéanamh orthu chun a áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais theicniúla maidir lena scaoileadh i saorchúrsaíocht;

(b) earraí a ndéantar na gnáthchineálacha láimhseála orthu i gcomhréir le hAirteagal 220.

*Airteagal 257*

#### **Tréimhse don urscaoileadh**

1. Sonróidh na húdaráis chustaim an tréimhse inar gá an nós imeachta próiseála isteach a urscaoileadh, i gcomhréir le hAirteagal 216.

Rithfidh an tréimhse sin ón dáta a gcuirfear na hearraí nach earraí de chuid an Aontais iad faoin nós imeachta agus cuirfear san áireamh an méid ama is gá chun na hoibríochtaí próiseála a thabhairt chun críche agus an nós imeachta a urscaoileadh.

2. Féadfaidh na húdaráis chustaim síneadh a dheonú, ar feadh ré réasúnta, leis an tréimhse a shonraítear de bhun mhír 1 ach ar iarratas a bhfuil call leis a bheith taiscthe ag sealbhóir an údaraithe chuige sin.

Féadfar a shonrú san údarú go gcríochnóidh tréimhse a thosaíonn le linn míosa, ráithe nó seimeastair ar an lá deireanach de mhí, de ráithe nó de sheimeastar ina dhiaidh sin, faoi seach.

3. I gcás réamhonnmhairithe i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 223(2), sonróidh an t-údarú an tréimhse inar gá na hearraí nach earraí de chuid an Aontais iad a dhearbhú le haghaidh an nós imeachta próiseála isteach, agus an t-am is gá lena soláthar agus lena n-iompar go críoch custaim an Aontais á chur san áireamh.

Is i míonna a bheidh an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus ní rachaidh sé thar sé mhí. Mairfidh an tréimhse sin ón dáta ar glacadh leis an dearbhú onnmhairíochta a bhaineann leis na táirgí próiseáilte a fhaightear ó na hearraí coibhéiseacha comhfhreagracha.

4. Arna iarraidh sin do shealbhóir an údaraithe, féadfar an tréimhse sé mhí dá dtagraítear i mír 3 a fhadú, fiú amháin tar éis di dul in éag, ar choinníoll nach rachaidh an tréimhse iomlán thar 12 mhí.

*Airteagal 258*

**Ath-onnmhairiú sealadach le haghaidh próiseála breise**

Ar iarratas a fháil, féadfaidh na húdaráis chustaim, údarú a thabhairt go bhféadfar roinnt de na hearraí nó na hearraí ar fad a cuireadh faoin nós imeachta próiseála isteach, nó na táirgí próiseáilte, a ath-onnmhairiú chun críocha próiseála breise lasmuigh de chríoch custaim an Aontais, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos le haghaidh an nós imeachta próiseála amach.

## Roinn 3

## **Próiseáil amach**

*Airteagal 259*

**Raon feidhme**

1. Faoin nós imeachta próiseála amach, féadfar earraí Aontais a onnmhairiú ar bhonn sealadach ó chríoch custaim an Aontais chun go ndéanfaí oibríochtaí próiseála orthu. Féadfar na táirgí próiseáilte a dhéanfar as na hearraí sin a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi fhaoiseamh iomlán nó faoi fhaoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí ar iarratas ó shealbhóir an údaraithe nó ó aon duine eile atá bunaithe i gcríoch custaim an Aontais ar choinníoll go bhfuarthas toiliú shealbhóir an údaraithe agus go gcomhlíonfar coinníollacha an údaraithe.

2. Ní cheadófar próiseáil amach i ndáil le haon cheann de na hearraí Aontais a leanas:

(a) earraí a mbeadh aisíocaíocht nó loghadh dleachta ar allmhairí mar thoradh ar a n-onnmhairiú;

(b) earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht faoi dhíolúine ó dhleacht nó faoi ráta laghdaithe dleachta de bhua a n-úsáide deiridh, sular onnmhairíodh iad, fad nach mbeidh cuspóirí na húsáide deiridh sin comhlíonta, seachas má dhéantar oibríochtaí deisiúcháin ar na hearraí sin;

(c) earraí a mbeadh deonú aisíocaí ar onnmhairí mar thoradh ar a n-onnmhairiú;

(d) earraí a ndeonaítear buntáiste airgeadais seachas na haisíocaí dá dtagraítear i bpointe (c) ina leith faoin gcomhbheartas talmhaíochta de bhua onnmhairiú na n-earraí sin.

3. Sonróidh na húdaráis chustaim an tréimhse ar laistigh di is gá earraí a onnmhairítear ar bhonn sealadach a athallmhairiú i gcríoch custaim an Aontais i bhfoirm táirgí próiseáilte, agus a scaoileadh i saorchúrsaíocht, chun leas a bhaint as faoiseamh iomlán nó faoiseamh páirteach ó dhleacht ar allmhairí. Féadfaidh siad, síneadh a dheonú de ré réasúnta, den tréimhse sin, ar iarratas a bhfuil call leis ó shealbhóir an údaraithe.

*Airteagal 260*

**Earraí a deisíodh saor in aisce**

1. I gcás ina ndeimhneofar chun sástacht na n-údarás custaim gur deisíodh earraí saor in aisce, de bharr oibleagáide conarthaí nó de bharr oibleagáide reachtúla a d'eascair as ráthaíocht nó de bharr fabht déantúsaíochta nó fabht san ábhar, deonófar faoiseamh iomlán ina leith ó dhleacht ar allmhairí.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás inar cuireadh an fabht déantúsaíochta nó an fabht san ábhar san áireamh tráth ar scaoileadh na hearraí lena mbaineann i saorchúrsaíocht den chéad uair.

*Airteagal 261*

**Córas malartaithe caighdeánach**

1. Faoin gcóras malartaithe caighdeánach, féadfaidh táirge allmhairithe ('táirge athsholáthair') ionad táirge phróiseáilte a ghabháil i gcomhréir le mír 2 go mír 5.

2. Údaróidh na húdaráis chustaim, ar iarratas a fháil, an córas malartaithe caighdeánach a úsáidfear nuair a bhainfidh an oibríocht próiseála le deisiúchán earraí fabhtacha Aontais seachas na hearraí atá faoi réir beart a leagtar síos faoin gcomhbheartas talmhaíochta nó faoi réir na socruithe sonracha atá infheidhme maidir le hearraí áirithe a eascraíonn as próiseáil táirgí talmhaíochta.

3. Beidh an cód Ainmníochta Comhcheangailte ocht ndigit céanna, an cháilíocht tráchtála chéanna agus na tréithe teicniúla céanna ag na táirgí athsholáthair agus a bheadh ag na hearraí fabhtacha dá ndéanfaí deisiúchán orthu.

4. I gcás inar baineadh úsáid as na hearraí fabhtacha sular onnmhairíodh iad, ní mór úsáid a bheith bainte as na táirgí athsholáthair freisin.

Tarscaoilfidh na húdaráis chustaim an ceanglas a leagtar síos sa chéad fhomhír, áfach, más rud é gur cuireadh an táirge athsholáthair ar fáil saor in aisce, de bharr oibleagáide conarthaí nó de bharr oibleagáide reachtúla mar chuid de ráthaíocht nó de bharr fabht sa déantúsaíocht nó san ábhar.

5. Na forálacha a bheadh infheidhme maidir leis na táirgí próiseáilte, beidh feidhm acu freisin maidir leis na táirgí athsholáthair.

*Airteagal 262*

**Réamhallmhairiú táirgí athsholáthair**

1. Údaróidh na húdaráis chustaim, faoi na coinníollacha a leagann siad síos, ar iarratas ón duine lena mbaineann, táirgí athsholáthair a allmhairiú sula n-onnmhaireofar na hearraí fabhtacha.

I gcás ina ndéanfar réamhallmhairiú den sórt seo ar tháirge athsholáthair, cuirfear ráthaíocht ar fáil lena gcumhdófar méid na dleachta ar allmhairí a bheadh le híoc i gcás nach n-onnmhaireofaí na hearraí fabhtacha i gcomhréir le mír 2.

2. Onnmhaireofar na hearraí fabhtacha laistigh de thréimhse dhá mhí ón dáta a nglacfaidh na húdaráis chustaim leis an dearbhú chun na táirgí athsholáthair a scaoileadh i saorchúrsaíocht.

3. I gcás, in imthosca eisceachtúla, nach féidir an úsáid údaraithe a bhaint amach laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh na húdaráis chustaim, síneadh a bhronnadh, de ré réasúnta ar an tréimhse sin, ar iarratas a bhfuil call leis ó shealbhóir an údaraithe.

TEIDEAL VIII

**EARRAÍ A THUGTAR AMACH AS CRÍOCH CUSTAIM AN AONTAIS**

*CAIBIDIL 1*

***Foirmiúlachtaí sula dtugtar amach na hearraí***

*Airteagal 263*

**Dearbhú réamhimeachta a thaisceadh**

1. Na hearraí sin a bheidh le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais, cumhdófar iad le dearbhú réamhimeachta a bheidh le taisceadh leis an oifig custaim inniúil laistigh de theorainn ama shonrach sula dtabharfar na hearraí amach as críoch custaim an Aontais.

2. Tarscaoilfear an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1:

(a) i gcás meán iompair agus na hearraí a iompraítear leo nach mbeidh ach ag imeacht trí uiscí teorann nó trí aerspás chríoch custaim an Aontais gan stopadh laistigh den chríoch sin; nó

(b) i gcásanna sonracha eile ina mbeidh call cuí leis de bharr an chineáil earraí nó an chineáil tráchta nó ina mbeidh sé ceangailte i gcomhaontuithe idirnáisiúnta.

3. Beidh an dearbhú réamhimeachta i bhfoirm ceann díobh seo a leanas:

(a) dearbhú custaim, i gcás ina gcuirtear na hearraí a bheidh le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais faoi nós imeachta custaim lena n-éileofar an dearbhú sin;

(b) dearbhú ath-onnmhairíochta, i gcomhréir le hAirteagal 270;

(c) dearbhú imeachta achomhair, i gcomhréir le hAirteagal 271.

4. Beidh sa dearbhú réamhimeachta na sonraí is gá chun anailís riosca a dhéanamh ar mhaithe le sábháilteacht agus le slándáil.

*Airteagal 264*

**Anailís riosca**

Áiritheoidh an oifig custaim lena dtaiscfear an dearbhú réamhimeachta dá dtagraítear in Airteagal 263, go ndéanfar anailís riosca, laistigh de theorainn ama shonrach, chun críocha sábháilteachta agus slándála go príomha, ar bhonn an dearbhaithe sin agus déanfaidh sé na bearta is gá bunaithe ar thorthaí na hanailíse riosca sin.

*Airteagal 265*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun a chinneadh:

(a) an teorainn ama shonrach, dá dtagraítear in Airteagal 263(1), faoina gcaithfear an dearbhú réamhimeachta a thaisceadh sula dtabharfar na hearraí amach as críoch custaim an Aontais agus an cineál tráchta á chur san áireamh;

(b) na cásanna sonracha ina dtarscaoilfear an oibleagáid dearbhú réamhimeachta a thaisceadh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 263(2).

*Airteagal 266*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 264, ina mbeidh an anailís riosca le cur i gcrích agus an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 263(1) á cur san áireamh.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

CAIBIDIL 2

***Foirmiúlachtaí maidir le hearraí á dtabhairt amach***

*Airteagal 267*

**Maoirseacht chustaim agus foirmiúlachtaí imeachta**

1. Earraí a thabharfar amach as críoch custaim an Aontais, beidh siad faoi réir maoirseachta custaim agus rialuithe custaim. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na húdaráis chustaim, an bealach a bheidh le húsáid agus an teorainn ama a bheidh le hurramú a chinneadh nuair a bheidh earraí le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais.

2. Earraí a bheidh le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais, tíolacfaidh duine de na daoine seo a leanas iad do lucht custaim:

(a) an duine a thug na hearraí isteach i gcríoch custaim an Aontais;

(b) an duine ar ina ainm siúd nó ar thar a cheann a ghníomhaíonn an duine a thugann na hearraí amach as críoch custaim an Aontais;

(c) an duine a ghlac an fhreagracht air féin earraí a iompar sular dtugadh amach ó chríoch custaim an Aontais iad.

3. Earraí a bheidh le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais, beidh siad faoi réir na nithe a leanas, de réir mar is iomchuí:

(a) athíocaíocht nó loghadh dleachta;

(b) aisíocaí onnmhairíochta a íoc;

(c) dleacht ar onnmhairí a bhailiú;

(d) na foirmiúlachtaí a éilítear faoi na forálacha atá i bhfeidhm i ndáil le muirir eile;

(e) toirmisc agus srianta a chur i bhfeidhm a bhfuil bonn cirt leo ar mhaithe, inter alia, leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí; chun sláinte agus beatha an duine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint; chun seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint; chun bearta bainistíochta agus caomhnaithe iascaigh a chur chun feidhme, agus chun beartais tráchtála a chur chun feidhme, lena n-áirítear rialuithe ar réamhtheachtaithe drugaí, ar earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla áirithe agus ar airgead tirim.

4. Deonóidh na húdaráis chustaim scaoileadh chun imeachta ar an gcoinníoll go dtabharfar amach na hearraí lena mbaineann as críoch custaim an Aontais sa riocht céanna ina raibh siad nuair:

(a) a glacadh leis an dearbhú custaim nó leis an dearbhú athonnmhairithe; nó

(b) a taisceadh an dearbhú imeachta achomair.

*Airteagal 268*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta ar an imeacht dá dtagraítear in Airteagal 267.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

CAIBIDIL 3

***Onnmhairiú agus ath-onnmhairiú***

*Airteagal 269*

**Earraí Aontais a onnmhairiú**

1. Earraí Aontais a bheidh le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais, cuirfear iad faoin nós imeachta onnmhairithe.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le haon cheann de na hearraí Aontais seo a leanas:

(a) earraí a chuirtear faoin nós imeachta próiseála amach;

(b) earraí a thugtar amach as críoch custaim an Aontais tar dóibh a bheith faoin nós imeachta úsáide deiridh;

(c) earraí a sheachadtar, agus a dhíolmhaítear ó CBL nó ó dhleacht máil, mar sholáthairtí aerárthach nó long, beag beann ar cheann scríbe an aerárthaigh nó na loinge, agus a bhfuil cruthúnas ag teastáil maidir leis an soláthar sin;

(d) earraí a chuirtear faoin nós imeachta idirthurais inmheánaigh;

(e) earraí a aistrítear go sealadach amach as críoch custaim an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 155.

3. Beidh feidhm ag na foirmiúlachtaí a bhaineann le dearbhú custaim onnmhairithe a leagtar síos sa reachtaíocht chustaim sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (c) de mhír 2.

*Airteagal 270*

**Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a ath-onnmhairiú**

1. Earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a bheidh le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais, beidh siad faoi réir dearbhú ath-onnmhairithe a thaiscfear leis an oifig custaim inniúil.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 158 go hAirteagal 195 maidir leis an dearbhú ath-onnmhairithe.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le haon cheann de na hearraí seo a leanas:

(a) earraí a cuireadh faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh agus nach bhfuil ann ach go bhfuil siad ag dul trí chríoch custaim an Aontais;

(b) earraí a trasloingsíodh laistigh de shaorchrios nó a ath-onnmhairíodh go díreach ó shaorchrios;

(c) earraí i stóráil shealadach a onnmhairítear go díreach ó áis stórála sealadaí.

*CAIBIDIL 4*

***Dearbhú imeachta achomair***

*Airteagal 271*

**Dearbhú imeachta achomair a thaisceadh**

1. I gcás ina bhfuil earraí le tabhairt amach as críoch custaim an Aontais agus i gcás nach dtaiscfear dearbhú custaim ná dearbhú ath-onnmhairithe mar dhearbhú réamhimeachta, taiscfear dearbhú imeachta achomair leis an oifig custaim imeachta.

Féadfaidh na húdaráis chustaim taisceadh dearbhú imeachta achomair a cheadú ag oifig custaim eile, ar an gcoinníoll go gcuireann an oifig sin na sonraí is gá in iúl nó go gcuireann sí ar fáil iad láithreach bonn go leictreonach don oifig chustaim imeachta.

2. Taiscfidh a t-iompróir an dearbhú imeachta achomair:

D'ainneoin oibleagáidí an iompróra, féadfaidh duine de na daoine seo a leanas an dearbhú iontrála achomair a thaisceadh ina ionad:

(a) an t-onnmhaireoir nó an coinsíneoir nó duine eile a ngníomhóidh an t-iompróir ina ainm nó thar a cheann;

(b) duine ar bith atá in ann na hearraí atá i gceist a thíolacadh nó atá in ann iad a chur á dtíolacadh don oifig custaim imeachta.

3. Féadfaidh na húdaráis chustaim glacadh leis go bhféadfar córais faisnéise tráchtála, poirt nó iompair a úsáid chun dearbhú imeachta achomair a thaisceadh, ar an gcoinníoll go bhfuil na sonraí is gá iontu do dhearbhú dá leithéid agus go bhfuil na sonraí sin ar fáil laistigh de theorainn ama shonrach, sula dtabharfar na hearraí amach as críoch custaim an Aontais.

4. In ionad thaisceadh an dearbhaithe iontrála achomair, féadfaidh na húdaráis chustaim glacadh le taisceadh fógra agus rochtain a bheith acu ar shonraí dearbhaithe imeachta achomair i gcóras ríomhaire an oibreora eacnamaíoch.

*Airteagal 272*

**Leasú agus neamhbhailíochtú an dearbhaithe imeachta achomair**

1. Féadfar a údarú don dearbhóir, ar iarratas a dhéanamh, leasú a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de shonraí an dearbhaithe imeachta achomair sin i ndiaidh a thaiscthe.

Ní fhéadfar leasú ar bith a dhéanamh i ndiaidh aon cheann de na teagmhais a leanas:

(a) gur chuir na húdaráis chustaim in iúl don duine a thaisc an dearbhú imeachta achomair go bhfuil rún acu na hearraí a scrúdú;

(b) gur dheimhnigh na húdaráis chustaim go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na sonraí ar an dearbhú imeachta achomhairc míchruinn nó neamhiomlán;

(c) gur dheonaigh na húdaráis chustaim cheana féin scaoileadh na n-earraí chun imeachta.

2. I gcás nach dtabharfar na hearraí ar taisceadh dearbhú imeachta achomair ina leith amach as críoch custaim an Aontais, cuirfidh na húdaráis chustaim an dearbhú sin ó bhail, in aon cheann de na cásanna a leanas:

(a) arna iarraidh sin don dearbhóir;

(b) laistigh de 150 lá tar éis an dearbhú a thaisceadh.

*Airteagal 273*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún na rialacha nós imeachta, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme chun:

(a) an dearbhú imeachta achomair dá dtagraítear in Airteagal 271 a thaisceadh;

(b) an dearbhú imeachta achomair a leasú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 272(1);

(c) an dearbhú imeachta achomhairc a chur ó bhail, i gcomhréir le hAirteagal 272(2).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

CAIBIDIL 5

***Foláireamh ath-onnmhairithe***

*Airteagal 274*

**Fógra ath-onnmhairithe a thaisceadh**

1. I gcás ina ndéantar earraí nach earraí de chuid an Aontais iad, dá dtagraítear i bpointe (b) agus (c) d'Airteagal 270(3), a thabhairt amach as críoch custaim an Aontais agus i gcás ina dtarscaoiltear an oibleagáid dearbhú imeachta achomair a thaisceadh i leith na n-earraí sin, taiscfear fógra ath-onnmhairithe.

2. An duine atá freagrach as na hearraí a thíolacadh ar iad a thabhairt amach, taiscfidh sé an fógra ath-onnmhairithe le hoifig chustaim imeachta na n-earraí i gcomhréir le hAirteagal 267(2).

3. San fhógra ath-onnmhairithe, beidh na sonraí is gá chun an nós imeachta saorchreasa nó an nós imeachta stórála sealadaí a urscaoileadh.

Féadfaidh na húdaráis chustaim glacadh leis go bhféadfar córais faisnéise tráchtála, poirt nó iompair a úsáid chun fógra ath-onnmhairithe a thaisceadh, ar an gcoinníoll go bhfuil na sonraí is gá iontu d'fhógra den sórt sin agus go bhfuil na sonraí sin ar fáil sula dtabharfar na hearraí amach as críoch custaim an Aontais.

4. In ionad thaisceadh an fhógra ath-onnmhairithe, féadfaidh na húdaráis chustaim glacadh le taisceadh fógra agus rochtain a bheith acu ar shonraí an fhógra ath-onnmhairithe i gcóras ríomhaire an oibreora eacnamaíoch.

*Airteagal 275*

**Leasú agus neamhbhailí an fhoļáirimh ath-onnmhairithe**

1. Féadfar an dearbhóir, ar iarratas a dhéanamh, a cheadú chun sonra amháin nó níos mó an fholáirimh ath-onnmhairithe a leasú tar éis é a thaisceadh.

Ní fhéadfar leasú ar bith a dhéanamh i ndiaidh aon cheann de na teagmhais a leanas:

(a) gur thug na húdaráis chustaim le fios don duine a thaisc an foláireamh ath-onnmhairithe go bhfuil rún acu na hearraí a scrúdú;

(b) gur dheimhnigh na húdaráis chustaim go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na sonraí ar an bhfoláireamh achomhairc míchruinn nó neamhiomlán;

(c) gur dheonaigh na húdaráis chustaim cheana féin scaoileadh na n-earraí chun imeachta.

2. I gcás nach dtabharfar na hearraí ar taisceadh foláireamh ath-onnmhairithe ina leith amach as críoch custaim an Aontais, cuirfidh na húdaráis chustaim an foláireamh sin ó bhail in aon cheann de na cásanna a leanas:

(a) arna iarraidh sin don dearbhóir;

(b) laistigh de 150 lá tar éis an foláireamh a thaisceadh.

*Airteagal 276*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha nós imeachta:

(a) chun an foláireamh ath-onnmhairithe dá dtagraítear in Airteagal 274 a thaisceadh;

(b) chun an foláireamh ath-onnmhairithe a leasú, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 275(1);

(c) an foláireamh ath-onnmhairithe a chur ó bhail, i gcomhréir le hAirteagal 275(2).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

CAIBIDIL 6

***Faoiseamh ó dhleachtanna ar onnmhairí***

*Airteagal 277*

**Faoiseamh ó dhleacht onnmhairithe d'earraí Aontais arna n-onnmhairiú go sealadach**

Gan dochar d'Airteagal 259, tairbheoidh earraí Aontais arna n-onnmhairiú go sealadach ó chríoch chustaim an Aontais d'fhaoiseamh ó dhleacht ar onnmhairí, ar choinníoll a n-ath-allmhairithe.

TEIDEAL IX

**CÓRAIS LEICTREONACHA, SIMPLITHE, CUMHACHT A THARMLIGEAN, AN NÓS IMEACHTA COISTE AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

CAIBIDIL 1

***Córais leictreonacha a fhorbairt***

*Airteagal 278*

**Bearta idirthréimhseacha**

Féadfar leas a bhaint as bealaí le faisnéis a mhalartú agus a stóráil, seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 6(1), ar bhonn idirthréimhseach, go dtí an 31 Nollaig 2020 ar a dhéanaí, i gcás nach mbeidh na córais leictreonacha atá riachtanach chun forálacha an Chóid a chur i bhfeidhm ag feidhmiú go fóill.

*Airteagal 279*

**Tarmligean cumhachta**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284 lena sonraítear na rialacha maidir le sonraí a mhalartú agus a stóráil sa chás sin dá dtagraítear in Airteagal 278.

*Airteagal 280*

**Clár oibre**

1. Chun cuidiú leis na córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 278 a fhorbairt agus chun leagan amach na dtréimhsí idirthréimhseacha a rialú, dréachtóidh an Coimisiún, faoin 1 Bealtaine 2014, clár oibre a bhaineann le forbairt agus le húsáid na gcóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 16(1).

2. Beidh na tosaíochtaí a leanas ag baint leis an gclár oibre dá dtagraítear i mír 1:

(a) malartú comhchuibhithe faisnéise bunaithe ar shamhlacha sonraí agus formáidí teachtaireachtaí a ghlactar go hidirnáisiúnta;

(b) custaim agus próisis a bhaineann le cúrsaí custaim a athstruchtúrú, d'fhonn a n-éifeachtúlacht, a n-éifeachtacht agus a gcur i bhfeidhm aonfhoirmeach a fheabhsú agus chun costais chomhlíonta a laghdú; agus

(c) chun iad a chumasú idirghníomhú ar an mbealach céanna le húdaráis chustaim aon Bhallstáit réimse mór seirbhísí custaim leictreonacha a thairiscint d'oibreoirí eacnamaíocha.

3. Beidh an clár oibre dá dtagraítear i mír 1 á uasdátú go rialta.

*Airteagal 281*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an clár oibre dá dtagraítear in Airteagal 280.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

I gcás nach dtugann an coiste tuairim uaidh, ní ghlacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL 2

***Simplithe ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim***

*Airteagal 282*

**Tástálacha**

Féadfaidh an Coimisiún Ballstát amháin nó níos mó ná sin a údarú, arna iarraidh sin dóibh, le tástáil a dhéanamh ar feadh tréimhse teoranta ama ar shimplithe ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim, go háirithe nuair a bhaineann sé le cúrsaí TF. Ní bheidh éifeacht ag an tástáil ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim sna Ballstáit sin nach bhfuil páirteach i dtástáil den sórt sin agus déanfar iad a mheasúnú ó am go céile.

*Airteagal 283*

**Bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme**

Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 282.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 285(4).

CAIBIDIL 3

***Tarmligean cumhachta agus nós imeachta Coiste***

*Airteagal 284*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo

2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 2, 7, 10,20, 24, 31, 36, 40, 62, 65, 75, 88, 99, 106, 115, 122, 126, 131, 142, 151, 156, 160, 164, 168, 175, 180, 183, 186, 196, 206, 212, 213, 221, 224, 231, 235, 253, 265, agus 279 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 30 Deireadh Fómhair 2013.Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2, 7, 10, 20, 24, 31, 36, 40, 62, 65, 75, 88, 99, 106, 115, 122, 126, 131, 142, 151, 156, 160, 164, 168, 175, 180, 183, 186, 196, 206, 212, 213, 221, 224, 231, 235, 253, 265 and 279 a chúlghairm tráth ar bith. Trí chinneadh culghairmthe cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonraítear inti. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmlighte atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe is a ghlacann sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 2, 7, 10, 20, 24, 31, 36, 40, 62, 65, 75, 88, 99, 106, 115, 122, 126, 131, 142, 151, 156, 160, 164, 168, 175, 180, 183, 186, 196, 206, 212, 213, 221, 224, 231, 235, 253, 265 nó 279 i bhfeidhm ach amháin más rud é nár chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle ina choinne laistigh de dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear fadú dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 285*

**An nós imeachta Coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um an gCód Custaim cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 4 de.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

5. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 de.

6. I gcás ina bhfuil tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta scríofa agus ina ndéantar tagairt don mhír seo, ní chríochnófar an nós imeachta sin gan toradh ach amháin sa chás, laistigh den teorainn ama do sheachadadh na tuairime, ina gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh.

CAIBIDIL 4

***Forálacha críochnaitheacha***

*Airteagal 286*

**Reachtaíocht atá i bhfeidhm a aisghairm agus a leasú**

1. Aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 450/2008.

2. Déantar Rialachán (CEE) Uimh. 3925/91, Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Rialachán (CE) Uimh. 1207/2001 a aisghairm ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 288(2).

3. Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil a leagtar amach san Iarscríbhinn.

4. Sa séú fleasc d'Airteagal 3(1) de Rialachán (CEE) Uimh 2913/92, scriostar an frása 'agus Mayotte' amhail ón 1 Eanáir 2014.

5. Scriostar an chéad fhleasc de phointe (a) d'Airteagal 9(1) de Rialachán (CEE) Uimh 2658/87 ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 288(2).

*Airteagal 287*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 288*

**Cur i bhfeidhm**

1. Maidir le hAirteagail 2, 7, 8, 10, 11, 17, 20,21, 24, 25, 31, 32, 36, 37, 40, 41, 50, 52, 54, 58, 62, 63, 65, 66, 68, 75, 76, 88, 99, 100, 106, 107, 115, 122, 123, 126, 131, 132, 138, 142, 143, 151, 152, 156, 157, 160, 161, 164, 165, 168, 169, 175, 176, 178, 180, 181, 183, 184, 186, 187, 193, 196, 200, 206, 207, 209, 212, 213, 216, 217, 221, 222, 224, 225, 231, 232, 235, 236, 239, 253, 265, 266, 268, 273, 276, 279, 280, 281, 283, 284, 285 agus 286 beidh feidhm acu ón 30 Deireadh Fómhair 2013.

2. Beidh feidhm ag na hAirteagail, seachas na hAirteagail sin dá dtagraítear i mír 1, an chéad lá den chéad mhí tar éis 1 Meitheamh 2016.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 9 Deireadh Fómhair 2013.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
V. LEŠKEVIČIUS

*IARSCRÍBHINN*

**TÁBLAÍ COMHGHAOIL**

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 (1) agus (2) | Airteagal 1 (1) agus (2) |
| Airteagal 1(3), an chéad fhomhír | Airteagal 1(3) |
| Airteagal 1(3), an dara fomhír | Airteagal 2 |
| Airteagal 2 | Airteagal 3 |
| Airteagal 3 | Airteagal 4 |
| Airteagal 4, pointí (1) go (8) | Airteagal 5, pointí (1) go (8) |
| Airteagal 4, pointe 9 | Airteagal 5, pointí (9) go (10) |
| Airteagal 4, pointe 10 | Airteagal 5, pointe 12 |
| Airteagal 4, pointí (11) go (12) | Airteagal 5, pointí (15) go (16) |
| Airteagal 4, pointí (13) go (17) | Airteagal 5, pointí (18) go (22) |
| Airteagal 4, pointe 18(a), an chéad abairt | Airteagal 5, pointe 23(a) |
| Airteagal 4, pointe 18(a), an dara habairt | Airteagal 130(3) |
| Airteagal 4, pointe 18(b) agus (c) | Airteagal 5, pointe 23(b) agus (c) |
| Airteagal 4, pointí (19) go (26) | Airteagal 5, pointí (24) go (31) |
| Airteagal 4, pointí (27) go (32) | Airteagal 5, pointí (33) go (38) |
| Airteagal 4, pointe 33, | — |
| Airteagal 5(1), an chéad fhomhír | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 5(1), an dara fomhír agus an tríú fomhír | Airteagal 6(3) agus Airteagal 7(b) |
| Airteagal 5(2) | Airteagal 6(2), 7(a) agus 8(1)(a) |
| Airteagal 6 | Airteagal 12 |
| Airteagal 7 | Airteagal 13 |
| Airteagal 8 | Airteagal 14 |
| Airteagal 9 | Airteagal 15 |
| Airteagal 10(1) | Airteagal 9 agus Airteagal 16(1) |
| Airteagal 10(2) | Airteagal 10, 11 agus Airteagal 17 |
| Airteagal 11(1), an chéad fhomhír agus an dara fomhír | Airteagal 18 |
| Airteagal 11(1), an triú fomhír | Airteagal 18(2), an chéad fhomhír |
| Airteagal 11(2) | Airteagal 18(3) |
| Airteagal 11(3)(a) | Airteagal 18(2), an dara fomhír agus Airteagal 21 |
| Airteagal 11(3)(b) | Airteagal 21 |
| Airteagal 11(3)(c) | — |
| Airteagal 12(1) | Airteagal 19(1) |
| Airteagal 12(2), an chéad fhomhír | Airteagal 19(2), an chéad fhomhír |
| Airteagal 12(2), an dara fomhír | Airteagal 19(2), an dara fomhír agus Airteagal 20(b) |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 13(1) | Airteagal 38(1) |
| Airteagal 13(2) | Airteagal 38(2) agus (3) |
| Airteagal 13(3) | Airteagal 38(4) |
| Airteagal 13 (3) agus (4) | Airteagal 38(5), chéad abairt |
| Airteagal 13(5) | — |
| Airteagal 13(6) | Airteagal 23(2) |
| Airteagal 14 | Airteagal 39 |
| Airteagal 15(1)(a) | Airteagal 22, Airteagal 24(a) go (g) agus Airteagal 25(a) agus (b) |
| Airteagal 15(1)(b) | Airteagal 23(4)(b) agus 24(h) |
| Airteagal 15(1)(c) | — |
| Airteagal 15(1)(d) | Airteagal 22(1), triú fomhír agus 24(a) |
| Airteagal 15(1)(e) | Airteagal 40(b) |
| Airteagal 15(1)(f) | Airteagal 25(b) |
| Airteagal 15(1)(g) | Airteagal 23(4)(b), 24(h), 24(c), 28, 31(b) agus agus Airteagal 32 |
| Airteagal 15(1)(h) | — |
| Airteagal 15(2) | — |
| Airteagal 16(1) | Airteagal 22(1), an chéad fhomhír agus an dara fomhír |
| Airteagal 16(2) | Airteagal 22 (3),chéad agus dara fomhír |
| Airteagal 16(3) | Airteagal 22(2) |
| Airteagal 16(4), an chéad fhomhír | Airteagal 22(6), an chéad fhomhír, an chéad abairt |
| Airteagal 16(4), an chéad fhomhír | Airteagal 22(6), an chéad fhomhír, an dara habairt agus Airteagal 22(7) |
| Airteagal 16(5)(a) | Airteagal 22(6), an dara fomhír agus Airteagal 24(g) |
| Airteagal 16(5)(b) | Airteagal 24(f) |
| Airteagal 16(6) | Airteagal 23(3) |
| Airteagal 16(7) | Airteagal 29 |
| Airteagal 17 | Airteagal 26 |
| Airteagal 18(1) go (3) | Airteagal 27 |
| Airteagal 18(4) | Airteagal 32 |
| Airteagal 19(1) | Airteagal 28(1)(a) |
| Airteagal 19(2) agus (3) | Airteagal 28(2) agus (3) |
| Airteagal 19(4) | Airteagal 28(4), chéad agus dara fomhír, chéad abairt |
| Airteagal 19(5) | Airteagal 31(a) |
| Airteagal 20 (1) go (4) | Airteagal 33 |
| Airteagal 20(5) | Airteagal 34(4) |
| Airteagal 20(6) an chéad fomhír | Airteagal 34(5), chéad abairt |
| Airteagal 20(6), an dara fomhír | Airteagal 34(6) |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 20(7) | Airteagal 22, 23, 24, 25 agus 32 |
| Airteagal 20(8)(a) | Airteagal 34(1) go (3) |
| Airteagal 20(8)(b) | Airteagal 34(9) agus Airteagal 37(1)(a) |
| Airteagal 20(8)(c) | Airteagal 34(11) agus 37(2) |
| Airteagal 20(9) | Airteagal 36, 36(b) agus 37(1)(c) agus (d) |
| Airteagal 21 | Airteagal 42 |
| Airteagal 22 | Airteagal 43 |
| Airteagal 23 | Airteagal 44 |
| Airteagal 24 (1) agus (2) | Airteagal 45 (1) agus (2) |
| Airteagal 24(3), an chéad fhomhír | Airteagal 45(3) |
| Airteagal 24(3), an dara fomhír | — |
| Airteagal 25(1) | Airteagal 46(1) |
| Airteagal 25(2), an chéad fhomhír | Airteagal 46(2) |
| Airteagal 25(2), an dara agus an tríú fomhír | Airteagal 46(3) |
| Airteagal 25(3) | Airteagal 46(4) go (8) agus Airteagal 50 |
| Airteagal 26 | Airteagal 47 |
| Airteagal 27 | Airteagal 48 |
| Airteagal 28 (1) agus (2) | Airteagal 49 |
| Airteagal 28(3) | Airteagal 50(2) |
| Airteagal 29 | Airteagal 51 |
| Airteagal 30(1) | Airteagal 52 |
| Airteagal 30(2) | — |
| Airteagal 31(1) | Airteagal 53(1) |
| Airteagal 31(2) | Airteagal 53(3), |
| Airteagal 31(3) | Airteagal 54 |
| Airteagal 32 | Airteagal 55 |
| Airteagal 33(1) go (4) | Airteagal 56(1) go (4) |
| Airteagal 33(5) | Airteagal 56(5) agus 58(1) |
| Airteagal 34 | Airteagal 57 (1)(2) agus (3) |
| Airteagal 35 | Airteagal 59 |
| Airteagal 36 | Airteagal 60 |
| Airteagal 37 | Airteagal 61 |
| Airteagal 38 | Airteagal 62, 63, 67 agus 68 |
| Airteagal 39(1) agus (2) | Airteagal 64 (1) agus (2) |
| Airteagal 39(3) | Airteagal 64(3), an chéad fhomhír |
| Airteagal 39 (4) agus (5) | Airteagal 64 (4) agus (5) |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 39(6) | Airteagal 64(3), dara fomhír, Airteagal 64(6) agus Airteagil 63 go 68 |
| Airteagal 40 | Airteagal 69 |
| Airteagal 41 | Airteagal 70 |
| Airteagal 42(1) | Airteagal 74(1) |
| Airteagal 42(2) | Airteagal 74(2)(a) go (c)agus an chéad abairt i bpointe (d) |
| Airteagal 42(3) | Airteagal 74(3) |
| Airteagal 43(a) | Airteagal 71, 72 agus 76(a) |
| Airteagal 43(b) | Airteagal 74(2)(d), pointí (i), (ii) agus (iii) |
| Airteagal 43(c) | — |
| Airteagal 43(d) | Airteagal 73 agus 75 agus Airteagal 76(b) agus (c) |
| Airteagal 44 | Airteagal 77 |
| Airteagal 45 | Airteagal 78 |
| Airteagal 46 | Airteagal 79 |
| Airteagal 47 | Airteagal 80 |
| Airteagal 48 | Airteagal 81 |
| Airteagal 49 | Airteagal 82 |
| Airteagal 50 | Airteagal 83 |
| Airteagal 51 | Airteagal 84 |
| Airteagal 52 | Airteagal 85 |
| Airteagal 53(1) go (3) | Airteagal 86(1) go (3) |
| Airteagal 53(4) | Airteagal 86(6) |
| Airteagal 54(a) agus (b) | Airteagal 86(5) agus Airteagal 88(a) |
| Airteagal 54(c) | Airteagal 86(4), agus Airteagal 88(b) |
| Airteagal 55(1) | Airteagal 87(1) |
| Airteagal 55(2), an chéad fhomhír | Airteagal 87(2) |
| Airteagal 55(2), an dara fomhír | Airteagal 88(c) |
| Airteagal 55 (3) agus (4) | Airteagal 87(3) go (5) |
| Airteagal 56(1) go (5) | Airteagal 77(1) go (8) |
| Airteagal 56(6) | Airteagal 89(6) |
| Airteagal 56(7) | Airteagal 89(7) |
| Airteagal 56(8) | Airteagal 89(2), an dara fomhír |
| Airteagal 56(9), an chéad fleasc | Airteagal 100(1)(b) |
| Airteagal 56(9), an dara fleasc | Airteagal 89(8) agus 99(a) |
| Airteagal 56(9), an tríú fleasc | Airteagal 89(2), an dara fomhír |
| Airteagal 57 (1) agus (2) | Airteagal 90 |
| Airteagal 57(3) | Airteagal 100(a) |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 58, an chéad mhír | Airteagal 91 |
| Airteagal 58, an dara mír | — |
| Airteagal 59(1), an chéad fhomhír | Airteagal 100(1) |
| Airteagal 59(1), an dara fomhír | Airteagal 99(e) |
| Airteagal 59(2) | Airteagal 92(2) |
| Airteagal 60 | Airteagal 93 |
| Airteagal 61 | Airteagal 94 |
| Airteagal 62(1) agus (2) | Airteagal 95(1) agus (2) |
| Airteagal 62(3) | Airteagal 22, Airteagal 24(a) go (g), Airteagal 25(a) agus (b) agus Airteagal 99(c) |
| Airteagal 63 (1) agus (2) | — |
| Airteagal 63(3)(a) | — |
| Airteagal 63(3)(b) | Airteagal 96(1)(a), 96(2), 100(1)(c) agus 100(2) |
| Airteagal 63(3)(c) | Airteagal 96(1)(b), Airteagal 96(2), 100(1)(c)agus Airteagal 100 |
| Airteagal 64 | Airteagal 97 |
| Airteagal 65(1) agus (2) | Airteagal 98 |
| Airteagal 65(3) | Airteagal 99(d) agus 100(1)(b) |
| Airteagal 66 | Airteagal 101 (1) agus (2) |
| Airteagal 67(1), an chéad fhomhír agus an dara fomhír | Airteagal 102(1) |
| Airteagal 67(1), an tríú fomhír | Airteagal 106(b) |
| Airteagal 67(2) agus (3) | Airteagal 102(2) agus (3) an chéad fomhír |
| Airteagal 68(1) agus (2) | Airteagal 103(1) agus (2) |
| Airteagal 68(3) | Airteagal 103(3)(a) |
| Airteagal 68(4) | Airteagal 103(4) |
| Airteagal 69 | Airteagal 104 |
| Airteagal 70 | Airteagal 105(1) go (5) |
| Airteagal 71 | Airteagal 105(6) |
| Airteagal 72(1) agus (2) | Airteagal 108 (1) agus (2) |
| Airteagal 72(3) | Airteagal 108(3) agus Airteagal 115 |
| Airteagal 73 | Airteagal 109 |
| Airteagal 74 | Airteagal 110 |
| Airteagal 75 | Airteagal 111 |
| Airteagal 76 | — |
| Airteagal 77(1), an chéad fhomhír | Airteagal 112(1) |
| Airteagal 77(1), an dara agus an tríú fomhír | Airteagal 112(2) |
| Airteagal 77(2) | Airteagal 112(3) |
| Airteagal 77(3) | Airteagal 112(4) |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 78(1), an chéad fhomhír | Airteagal 113(1) |
| Airteagal 78(1), an dara fomhír | Airteagal 99(d) agus 100(1)(b) |
| Airteagal 78(2) go (4) | Airteagal 114(1) go (3) |
| Airteagal 78(5) | Airteagal 114 (4) |
| Airteagal 79(1) | Airteagal 116(1) |
| Airteagal 79(2) go (5) | Airteagal 116(4) go (7) |
| Airteagal 80 | Airteagal 117(1) |
| Airteagal 81(1) agus (2) | Airteagal 118(1) agus (2) |
| Airteagal 81(3) | Airteagal 118(4) |
| Airteagal 82(1) | Airteagal 119(1) |
| Airteagal 82(2) | Airteagal 119(3) |
| Airteagal 83 | Airteagal 120(1) |
| Airteagal 84(1) | Airteagal 121(3) |
| Airteagal 85, an chéad abairt | Airteagal 116(2), 117(2), 118(3), 119(2), 120(2), 121(1a) agus 123(1) |
| Airteagal 85, an dara habairt | Airteagal 106(3), Airteagal 122(b) agus Airteagal 123 |
| Airteagal 86(1) abairt tosaigh | Airteagal 124(1) abairt tosaigh agus pointe (a) |
| Airteagal 86(1)(a) go (c) | Airteagal 124(1)(b) go (d) |
| Airteagal 86(1)(d) agus (e) | Airteagal 124(1)(e) |
| Airteagal 86(1)(f) go (k) | Airteagal 124(1)(f) go (k) |
| Airteagal 86(2) agus (3) | Airteagal 124 (2) agus (3) |
| Airteagal 86(4) go (6) | Airteagal 124(5) go (7) |
| Airteagal 86(7) | Airteagal 126 |
| Airteagal 87(1) | Airteagal 127(1) agus 127(2)(b) |
| Airteagal 87(2), an chéad fhomhír | Airteagal 127(3), chéad fomhír |
| Airteagal 87(2), an dara fomhír | Airteagal 127(8) |
| Airteagal 87(3), an chéad fhomhír, pointe (a) | Airteagal 127(2)(b) agus Airteagal 131(a) |
| Airteagal 87(3), an chéad fhomhír, pointí (b) agus (c) | Airteagal 131(b) |
| Airteagal 87(3), an chéad fhomhír, pointe (d) | Airteagal 127(3) agus 161(a) |
| Airteagal 87(3), an dara fomhír | — |
| Airteagal 88(1), an chéad fhomhír, an chéad abairt | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 88(1), an chéad fhomhír, an dara habairt | Airteagal 127(7) |
| Airteagal 88(1), an dara fomhír | Airteagal 6(2) |
| Airteagal 88(2) | Airteagal 127(4), an chéad fomhír |
| Airteagal 88(3) | Airteagal 127(4), an chéad fomhír agus (6) |
| Airteagal 88(4), an chéad fhomhír | Airteagal 133(1), an chéad fhomhír |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 88(4), an dara agus an tríú fomhír | Airteagal 6(2) agus Airteagal 7(a) |
| Airteagal 89(1) | Airteagal 129(1) |
| Airteagal 89(2) | — |
| Airteagal 90 | Airteagal 130(1) |
| Airteagal 91 | Airteagal 134 |
| Airteagal 92(1), an chéad fhomhír | Airteagal 135(1) |
| Airteagal 92(1), an dara fomhír | Airteagal 135(2) |
| Airteagal 92(1), an tríú fomhír | — |
| Airteagal 92(2) go (5) | Airteagal 135(3) go (6) |
| Airteagal 93(1) | Airteagal 136 |
| Airteagal 93(2) | — |
| Airteagal 94 | Airteagal 137 |
| Airteagal 95(1) | Airteagal 139(1) |
| Airteagal 95(2) agus (3) | Airteagal 139(3) agus (4) |
| Airteagal 95(4) | Airteagal 139(6) |
| Airteagal 96(1) agus (2) | Airteagal 140 |
| Airteagal 96(3) | Airteagal 139(7) |
| Airteagal 97(1) | Airteagal 149 |
| Airteagal 97(2) | Airteagal 150 |
| Airteagal 98(1) | Airteagal 144 |
| Airteagal 98(2) | Airteagal 139(5) |
| Airteagal 99 | Airteagal 141 |
| Airteagal 100 | Airteagal 141 |
| Airteagal 101(1) | Airteagal 153(1) |
| Airteagal 101(2)(a) | Airteagal 153(2) agus Airteagal 156(a) |
| Airteagal 101(2)(b) | Airteagal 156(b) agus 157 |
| Airteagal 101(2)(c) | Airteagal 153(3) agus Airteagal 156(c) |
| Airteagal 102 | Airteagal 154 |
| Airteagal 103 | Airteagal 155(2) agus Airteagal 156(d) |
| Airteagal 104(1) | Airteagal 158(1) |
| Airteagal 104(2) | Airteagal 158(3) |
| Airteagal 105(1) | Airteagal 159(1) agus (2) |
| Airteagal 105(2)(a) agus (b) | Airteagail 159(3) agus 161(a) |
| Airteagal 105(2)(c) | Airteagal 22(1), triú fomhír, agus 25(c) |
| Airteagal 106(1), an chéad fomhír, an chéad abairt | Airteagal 179(1), na chéad fomhír |
| Airteagal 106(1), an chéad fomhír, dara habairt | — |
| Airteagal 106(2) | Airteagal 179(3) agus (6) |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 106(3) | Airteagal 179(5) |
| Airteagal 106(4), an chéad fhomhír, pointe (a) | Airteagal 22, Airteagal 24(a) go (g) agus Airteagal 25(a) agus (b) |
| Airteagal 106(4), an chéad fhomhír, pointe (b) | Airteagal 23(4)(a) agus 24(h) |
| Airteagal 106(4), an chéad fhomhír, pointe (c) | Airteagal 179(1), dara fomhír, Airteagal 179(2) agus Airteagal 180 |
| Airteagal 106(4), an chéad fhomhír, pointe (d) | Airteagal 22(1) triú fomhír agus 25(aa) |
| Airteagal 106(4), an chéad fhomhír, pointe (e) | Airteagal 25(b) |
| Airteagal 106(4), an chéad fhomhír, pointe (f) | Airteagal 23(4)(b), 24(h), 28, 31(b) agus 32 |
| Airteagal 106(4), an chéad fhomhír, pointí (g) agus (h) | Airteagal 181 |
| Airteagal 106(4), an dara fomhír | — |
| Airteagal 107(1) abairt tosaigh | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 107(1), an dara habairt | Airteagal 182(1) |
| Airteagal 107(2) | Airteagal 158(2) |
| Airteagal 107(3) | Airteagail 160, 161(b), 182(2) go (4), 183 agus 184 |
| Airteagal 108(1), an chéad fhomhír, chéad abairt | Airteagal 162 |
| Airteagal 108(1), an chéad fhomhír, dara agus triú abairt | |
| Airteagal 108(1), an dara fomhír | Airteagal 170(4) |
| Airteagal 108(2) | Airteagal 163(1) agus (2) |
| Airteagal 108(3), an chéad fhomhír | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 108(3), an dara fomhír | — |
| Airteagal 108(4) | Airteagal 163(3), 164 agus 165(b) |
| Airteagal 109(1) | Airteagal 166(1) |
| Airteagal 109(2) | Airteagal 166(2) agus 168(a) |
| Airteagal 109(3) | Airteagal 6(2), 7(a), 8(1)(a) agus Airteagal 165(a) |
| Airteagal 110(1), an chéad fhomhír | Airteagal 167(1), chéad fomhír |
| Airteagal 110(1), an dara fhomhír | Airteagal 167(1), triú fomhír |
| Airteagal 110(1), an tríú fomhír | Airteagal 167(2) agus (3) agus Airteagal 168(d) |
| Airteagal 110(2) agus (3) | Airteagal 167(4) agus (5) |
| Airteagal 111(1) | Airteagal 170(1) |
| Airteagal 111(2) abairt tosaigh | Airteagal 170(2) |
| Airteagal 111(2), an dara habairt | Airteagal 170(3)(a) agus (b) |
| Airteagal 111(3) | Airteagal 170(3)(c) |
| Airteagal 112(1), an chéad fhomhír | Airteagal 172(1) |
| Airteagal 112(1), an dara fomhír, an chéad abairt | Airteagal 182(2) |
| Airteagal 112(1), an dara fomhír, an dara habairt | Airteagal 182(c) |
| Airteagal 112(2) | — |
| Airteagal 112(3) | Airteagal 172(2) |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 112(4) | Airteagal 176(b) |
| Airteagal 113(1) agus (2) | Airteagal 173(1) agus (2) |
| Airteagal 113(3) | Airteagal 173(3) agus Airteagal 176(c) |
| Airteagal 114(1) | Airteagal 174(1) |
| Airteagal 114(2), chéad fomhír | Airteagal 174(2) |
| Airteagal 114(2), dara fomhír | Airteagal 175 |
| Airteagal 115, an chéad mhír | Airteagal 177(1) |
| Airteagal 115, an dara mír | Airteagal 177(2) agus 178 |
| Airteagal 116(1) | Airteagal 185(1) |
| Airteagal 116(2), an chéad fhomhír, pointe (a) | Airteagal 22, Airteagal 24(a) go (g) agus Airteagal 25(a) agus (b) |
| Airteagal 116(2), an chéad fhomhír, pointe (b) | Airteagal 23(4)(a), 23(5), 24(c) agus 25(c) |
| Airteagal 116(2), an chéad fhomhír, pointí (c) agus (d) | Airteagal 185(2) agus Airteagal 186(a) |
| Airteagal 116(2), an chéad fhomhír, pointe (e) | Airteagal 22(1), triú fomhír agus 24(a) |
| Airteagal 116(2), an chéad fhomhír, pointe (f) | Airteagal 25(b) |
| Airteagal 116(2), an chéad fhomhír, pointe (g) | Airteagal 23(4)(b), 24(h), 28, 31(b) agus Airteagal 32 |
| Airteagal 116(2), an chéad fhomhír, pointí (h) agus (i) | Airteagal 186(b) agus 187 |
| Airteagal 116(2), an dara fomhír | — |
| Airteagal 117 | Airteagal 188 |
| Airteagal 118 | Airteagal 189 |
| Airteagal 119(1) agus (2) | Airteagal 190 |
| Airteagal 119(3) | Airteagal 193 |
| Airteagal 120 | Airteagal 191 |
| Airteagal 121 | Airteagal 192 |
| Airteagal 122 | Airteagal 193 |
| Airteagal 123(1) agus (2) | Airteagal 194 |
| Airteagal 123(3) | Airteagal 179(4) |
| Airteagal 124(1) | Airteagal 195(1) |
| Airteagal 124(2) | Airteagal 195(2) agus (3) agus Airteagal 196 |
| Airteagal 125 | Airteagal 197 |
| Airteagal 126(1) | Airteagal 198(1) |
| Airteagal 126(2) | Airteagal 198(2), chéad fomhír, chéad abairt |
| Airteagal 127(1) | Airteagal 199 |
| Airteagal 127(2) | Airteagal 198(3)(d) |
| Airteagal 128 | Airteagal 198(2), chéad fomhír, dara habairt agus triú fomhír, Airteagal 198(3)(a) go (c) agus Airteagal 200 |
| Airteagal 129 | Airteagal 201 |
| Airteagal 130(1) | Airteagal 203(1), an chéad fhomhír |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 130(2) go (5) | Airteagal 203(2) go (5) |
| Airteagal 131(a) | — |
| Airteagal 131(b) | Airteagal 204 |
| Airteagal 132 | Airteagal 205 |
| Airteagal 133 | Airteagal 208(1) |
| Airteagal 134 | Airteagail 202, 203(1), dara fomhír, 203(6), 206, 207 agus 209 |
| Airteagal 135 | Airteagal 210 |
| Airteagal 136(1) | Airteagal 211(1) |
| Airteagal 136(2), an chéad fhomhír, pointe (a) | Airteagal 22, Airteagal 24(aa) go (g) agus Airteagal 25(a) agus (b) |
| Airteagal 136(2), an chéad fhomhír, pointe (b) | Airteagal 23(4)(a) agus 24(h) |
| Airteagal 136(2), an chéad fhomhír, pointe (c) | Airteagal 212(a) |
| Airteagal 136(2), an chéad fhomhír, pointe (d) | Airteagal 22(1) triú fomhír agus 24(a) |
| Airteagal 136(2), an chéad fhomhír, pointe (e) | Airteagal 25(b) |
| Airteagal 136(2), an chéad fhomhír, pointe (f) | Airteagal 23(4)(b), 24(h), 28, agus Airteagal 31(b) agus 32 |
| Airteagal 136(2), an chéad fhomhír, pointe (g) | — |
| Airteagal 136(2), an chéad fhomhír, pointe (h) | — |
| Airteagal 136(2) an dara fomhír | — |
| Airteagal 136(3), an chéad fhomhír, pointe (a) | Airteagal 211(3), an chéad fhomhír, pointe (a) |
| Airteagal 136(3), an chéad fhomhír, pointe (b) | Airteagal 211(3), an chéad fhomhír, pointe (b) agus (c) |
| Airteagal 136(3), an chéad fhomhír, pointe (c) | Airteagal 211(3), an chéad fhomhír, pointe (d) |
| Airteagal 136(3), an dara fomhír | Airteagal 212(b) |
| Airteagal 136(4), an chéad fhomhír | Airteagal 211(4) |
| Airteagal 136(4), an dara fomhír | Airteagal 211(5) |
| Airteagal 136(4), an tríú fomhír | Airteagal 211(6) |
| Airteagal 136(4), an ceathrú fomhír, pointí (a) agus (b) | Airteagal 213 |
| Airteagal 136(4), an ceathrú fhomhír, pointe (c) | Airteagal 212(c) |
| Airteagal 136(5) | Airteagal 23(2) |
| Airteagal 137(1) | Airteagal 214(1) |
| Airteagal 137(2) | Airteagal 214(2) agus Airteagal 7(c) |
| Airteagal 138 | Airteagal 215(1) go (3) |
| Airteagal 139 | Airteagal 218 |
| Airteagal 140(1) | Airteagal 219 |
| Airteagal 140(2) | Airteagal 221 (a) agus 222(b) |
| Airteagal 141 | Airteagal 220 |
| Airteagal 142(1), an chéad fhomhír, an dara fomhír agus an tríú fomhír | Airteagal 223(1) |
| Airteagal 142(1), an ceathrú fomhír | Airteagal 224(a) |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 142(2), an chéad fhomhír, pointe (a) | Airteagal 223(2), an chéad fhomhír, pointe (a) |
| Airteagal 142(2), an chéad fhomhír, pointí (b) agus (c) | Airteagal 223(2), an chéad fhomhír, pointí (c) agus (d) |
| Airteagal 142(2), an dara fomhír | Airteagal 223(2), an chéad fhomhír, pointe (b) agus Airteagal 224(c) |
| Airteagal 142(3), an chéad fhomhír | Airteagal 223(3) |
| Airteagal 142(3), an dara fomhír | Airteagal 224(d) |
| Airteagal 142(4) | Airteagal 223(4) |
| Airteagal 143 | Airteagail 211(2), 216, 217, 221(b), 222(b), 224(b), 225, 228, 229, 230, 231(b), 232, 233(4), 235, 236, 243(2), 251(4), 254(2), (3), (6) agus (7) agus 257(4) |
| Airteagal 144(1) | Airteagal 226(1) |
| Airteagal 144(2) | Airteagal 226(a) agus Airteagal 231(a) |
| Airteagal 144(3) | Airteagal 226(3) |
| Airteagal 144(4) | — |
| Airteagal 145(1) agus (2) | Airteagal 227 |
| Airteagal 145(3), an chéad fhomhír | Airteagal 155(1) |
| Airteagal 145(3), an dara fomhír | Airteagal 157 |
| Airteagal 146 | Airteagal 233(1) go (3) |
| Airteagal 147 | Airteagal 234 |
| Airteagal 148(1) | Airteagal 237(1) |
| Airteagal 148(2), an chéad fhomhír | Airteagal 237(2) |
| Airteagal 148(2), an dara fomhír | Airteagal 237(3) agus Airteagal 239 |
| Airteagal 149 | Airteagal 242 |
| Airteagal 150(1) | Airteagal 238(1) |
| Airteagal 150(2)(a) | — |
| Airteagal 150(2)(b) | Airteagal 238(2) |
| Airteagal 150(3) | — |
| Airteagal 151(1), an chéad fhomhír | Airteagal 144 |
| Airteagal 151(1), an dara fomhír | Airteagal 145(2) |
| Airteagal 151(2) | Airteagal 145(5) agus (11) |
| Airteagal 151(3) | — |
| Airteagal 151(4) | Airteagal 147(4) |
| Airteagal 151(5) | Airteagal 145(1), (2), (4) agus (6) to (10), Airteagal 146, Airteagal 147(3) agus (4) agus Airteagal 148 agus151 |
| Airteagal 152 | Airteagal 147(1) agus (2) |
| Airteagal 153 | Airteagal 240 |
| Airteagal 154(1)(a) | Airteagal 237(3), an chéad abairt |
| Airteagal 154(1)(b) | Airteagal 241(1) |
| Airteagal 154(2) | Airteagal 237(3), an dara habairt agus Airteagal 241(2) |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 155(1) | Airteagal 243(1) |
| Airteagal 155 (2) agus (3) | Airteagal 243 (3) agus (4) |
| Airteagal 156 | Airteagal 244 |
| Airteagal 157 | Airteagal 245 |
| Airteagal 158 | Airteagal 246 |
| Airteagal 159 | Airteagal 247 |
| Airteagal 160 | Airteagal 248 |
| Airteagal 161 | Airteagal 249 |
| Airteagal 162 | Airteagal 250(1) agus (2) |
| Airteagal 163 | Airteagal 251(1) go (3) |
| Airteagal 164, an chéad mhír | Airteagal 253 |
| Airteagal 164, an dara mír | — |
| Airteagal 165 | Airteagal 252 |
| Airteagal 166(2) agus (3) | Airteagal 254(4) agus (5) |
| Airteagal 167 | Airteagal 255 |
| Airteagal 168 | Airteagal 256 |
| Airteagal 169 | Airteagal 257(1) go (3) |
| Airteagal 170 | Airteagal 258 |
| Airteagal 171 (1) agus (2) | Airteagal 259 (1) agus (2) |
| Airteagal 171(3) | Airteagal 86(5) |
| Airteagal 171(4) | Airteagal 259(3) |
| Airteagal 172 | Airteagal 260 |
| Airteagal 173 | Airteagal 261 |
| Airteagal 174 | Airteagal 262 |
| Airteagal 175(1), an chéad fhomhír | Airteagal 263(1) |
| Airteagal 175(1), an dara fomhír | Airteagal 263(2)(a) |
| Airteagal 175(2) agus (3) | Airteagal 263(3) agus (4) |
| Airteagal 176(1)(a) agus (b) | Airteagal 263(2)(b) agus Airteagal 265(b) |
| Airteagal 176(1)(c) agus (d) | Airteagal 265(b) |
| Airteagal 176(1)(e) | Airteagal 161(a) |
| Airteagal 176(2) | — |
| Airteagal 177 (1) agus (2) | Airteagal 267(1) agus (3) |
| Airteagal 177(3) | Airteagal 267(2) |
| Airteagal 177(4) | Airteagal 267(2) |
| Airteagal 177(5) | Airteagal 268 |
| Airteagal 178(1) | Airteagal 269 (1) |
| Airteagal 178(2)(a) | Airteagal 269(2)(a) agus (b) |

| Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 178(2)(b) | Airteagal 269(2)(d) agus (e) |
| Airteagal 178(3) | Airteagal 269(3) |
| Airteagal 179 | Airteagal 270 |
| Airteagal 180(1) | Airteagal 271(1), chéad fomhír |
| Airteagal 180(2), an chéad abairt | Airteagal 6(1) |
| Airteagal 180(2), an dara habairt: | Airteagal 271(3) |
| Airteagal 180(3), an chéad fhomhír | Airteagal 6(2) |
| Airteagal 180(3), an dara fomhír | Airteagal 271(4) |
| Airteagal 180(4) | Airteagal 271(2) |
| Airteagal 181, an chéad mhír agus an dara mír | Airteagal 272(1) |
| Airteagal 181, an dara mír agus an tríú mír | — |
| Airteagal 182(1) | Airteagal 277 |
| Airteagal 182(2) | — |
| Airteagal 183(1) | Airteagal 16(1) agus Airteagal 17 |
| Airteagal 183(2)(a) agus (b) | — |
| Airteagal 183(2)(c) | Airteagal 280 agus 283 |
| Airteagal 184 | Airteagal 285 |
| Airteagal 185 | — |
| Airteagal 186 | Airteagal 286 (2) agus (3) |
| Airteagal 187 | Airteagal 287 |
| Airteagal 188(1) | Airteagal 288(1) |
| Airteagal 188(2) | Airteagal 288(2) |
| Airteagal 188(3) | Airteagal 288(1) |

Tairiscíonn EUR-Lex (http://new.eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA